

# Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Oileáin Árann

**Curtha le chéile ag Comharchumann Forbartha Árann, Comhar  
Caomhán Teo agus Comhlacht Forbartha Inis Meáin i gcomhar le  
Coiste Pleanála Teanga Oileáin Árann**

See Appendix V for the English Language Summary.



Comharchumann Forbartha Árann Teo.  
Baslaítear Giadarai Peabail ag Gaeltachtaí

Liosta na nGiorrúchan .....	12
Ráiteas ón gCoiste Stiúrtha Pleanála Teanga Oileáin Árann.....	13
1.    Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga.....	17
1.1 <i>An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa nGaeltacht.....</i>	17
1.2 <i>An Straitéis 20 Bliaín don Ghaeilge 2010-2030.....</i>	17
1.3 <i>Acht na Gaeltachta 2012 .....</i>	17
2.    Sonraí na Ceanneagraíochta .....	19
3.    Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga .....	21
3.1. <i>Topagrafaíocht.....</i>	21
3.2. <i>Bonneagar.....</i>	22
3.3. <i>Daonra .....</i>	22
3.4. <i>Buntáistí &amp; Mhíbhuntáistí an Limistéir .....</i>	24
3.5. <i>An Córas Oideachais .....</i>	26
3.5.1.    Naíonraí agus Bunscoileanna .....	26
3.5.2.    Scoileanna Iar-Bhunoideachas .....	27
3.5.3    An Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017-2022 .....	28
3.6. <i>Seirbhísí Cúraim Leanaí agus Tacaíochta Teanga.....</i>	29
3.7. <i>Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghráupaí eile: .....</i>	29
3.7.1.    An t-Aos Óg .....	29
3.7.2 CLG Oileáin Árann .....	29
3.7.3 Imeachtaí eile don Óige.....	30
3.7.4    Daoine Níos Sine/ Aosaigh.....	31
3.8 <i>Deiseanna Foghlama Taobh Amuigh den Chórás Oideachais.....</i>	32
3.9 <i>An Earnáil Ghnó agus Fostaíocht .....</i>	33
3.9.1 Tionscal na Turasóireachta.....	33
3.9.2 Tionscail na hlascaireachta.....	35
3.9.3 Ciantchomhlachaí de chuid ÚnaG .....	36
3.9.4.    Na Coláistí Gaeilge .....	37
3.10. <i>Eagraíochtaí Pobail agus na Comharchumainn .....</i>	38
3.11. <i>Na Meáin Chumarsáide.....</i>	41
3.12. <i>Seirbhísí Poiblí .....</i>	42
3.13. <i>Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach:.....</i>	44

<i>3.14. Seirbhísí Sóisialta agus Caithimh Aimsire .....</i>	46
<i>3.15. Staid na Gaeilge sa Limistéar.....</i>	48
3.14.1 Teaghlaigh sa LPT agus Scéim Labhairt na Gaeilge sa LPT .....	48
3.15.2. Cainteoirí Laethúla Gaeilge .....	48
3.15.3. CLGanna taobh amuigh den chóras oideachais .....	51
<i>4. Léargas ar Ullmhú an Phlean.....</i>	53
<i>4.1. Réamhrá.....</i>	53
<i>4.2. An Taighde .....</i>	54
4.2.1. An Taighde Tánaisteach .....	54
4.2.2. An Taighde Príomha.....	55
4.2.3. An Suirbhé ar an bPobal.....	56
4.2.4. An Suirbhé ar Dhéagóirí.....	57
4.2.5. An Suirbhé ar an Lucht Gnó. ....	58
4.2.6. Suirbhé ar na hEagraíochtaí Sóisialta / Caitheamh Aimsire.....	59
4.2.7. Suirbhé ar Thurasóirí.....	59
4.2.8 Cruinnithe Poiblí.....	59
<i>4.3. Taighde – Tátaí.</i> .....	60
<i>5. Torthaí an Taighde .....</i>	61
<i>5.1 Réamhrá.....</i>	61
<i>5.2. An Mhórshuirbhé ar an bPobal .....</i>	61
5.2.1. Cén áit ar tógadh muintir Oileáin Árann? .....	61
5.2.2. Cé as don phobal de réir oileáin?.....	62
5.2.3. Dearcadh i leith na Gaeilge .....	62
5.2.4 Cén cumas labhartha sa nGaeilge atá ag muintir Árann? .....	64
5.2.5 Cúlra Teanga na bhFreagróirí .....	65
5.2.6. An Teanga a Úsáidtear lena bPáirtí .....	66
5.2.7. Cumas i Léamh agus i Scríobh na Gaeilge sa LPT .....	68
5.2.8. Na Meáin Gaeilge .....	69
5.2.8 Úsáid na Gaeilge taobh amuigh den teaghlach .....	69
5.2.9. Sástacht leis an bhfreastal ón na Seirbhísí Poiblí.....	70
5.2.10. An Ghaeilge san Ionad Oibre.....	71
5.2.11. Foghlaim na Gaeilge .....	71
5.2.12. Forbairtí atá ag Teastáil in Oileáin Árann.....	72
5.2.14. An Taighde ar Thuismitheoirí .....	72

5.2.15. An Ghaeilge sa Teaghlaigh – Suimiú.....	74
5.2.16. An Suirbhé ar an bPobal - Na Príomhtháitil.....	75
<b>5.3 An Taighde ar na Déagóirí .....</b>	<b>76</b>
5.3.1. Ginearálta.....	76
5.3.2 Dearcadh na nDéagóirí i leith na Gaeilge .....	77
5.3.3 Cumas na nDéagóirí sa nGaeilge.....	81
5.3.4. Déagóirí agus Úsáid na Gaeilge .....	89
5.3.5. Déagóirí agus an Córas Oideachais .....	92
5.3.6. Déagóirí – na Príomhtháitil. ....	94
<b>5.4. An Taighde ar Lucht Ghnó / Seirbhísí (na príomhphoinntí).....</b>	<b>95</b>
5.4.1. Ginearálta.....	95
5.4.2. Lucht Ghnó - Tortháí an Taighde.....	95
5.4.1. Forbairtí atá ag teastáil ar na h-oileáin – Lucht Ghnó.....	99
5.4.3. Lucht Ghnó – Conclúidí agus Moltaí .....	100
<b>6. Bearta Árann .....</b>	<b>102</b>
<b>6.1 Réamhrá .....</b>	<b>102</b>
<b>6.2 Feidhmiú an Phlean Teanga ar Árainn .....</b>	<b>103</b>
6.2.1 Struchtúr Feidhmithe .....	103
6.2.2 Suíomh Idirlín .....	105
6.2.3 Stór Teagmhála .....	106
6.2.4 Monatóireacht.....	107
<b>6.3 An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais).....</b>	<b>109</b>
6.3.1 Scéim na gCúntóirí Teanga .....	109
6.3.2 Polasaí don Oideachas Gaeltachta .....	110
6.3.3 Cúrsa Gaeilge Riachtanach do Scoláirí chug an Oileán.....	111
6.3.4 Club Iarscoile .....	112
6.3.5 Lá Inseirbhise.....	113
6.3.6 Scoláireacht i réimse na Pleanála Teanga .....	114
6.3.7 Cúrsaí Gaeilge do scoláirí / cúrsaí gramadaí do ghasúir / daoine óga / aosta an oiléain.	115
6.3.8 Malartú Scoileanna .....	116
6.3.9 Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge .....	117
6.3.10 Ionad Oideachais Chonamara & Árann .....	118
<b>6.4 Seirbhísí Cúram Leanáí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga .....</b>	<b>119</b>

6.4.1 Scéim Chomhfhreagrais do Thuismitheoirí Nua.....	119
6.4.2 Nasc le Tuismitheoirí na Gaeltachta.....	120
6.4.3 Imeachtaí do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí.....	121
6.4.4 Ionad Tacaíochta Teanga.....	122
6.4.5 Áiseanna Spraoi.....	123
<i>6.5 Seirbhísí don Aos Óg agus Aoisghrápaí Eile .....</i>	<i>124</i>
6.5.1 An Ghaeilge mar theanga chumarsáide shóisialta .....	124
6.5.2 Clubanna Óige Árann.....	125
6.5.3 Oifigeach don Óige .....	126
6.5.4 Coiste Pleanála Teanga na nÓg .....	127
6.5.5 Imeachtaí a eagrú d'Aosaigh Árann .....	128
6.5.6 Cúrsaí leathan sna hEalaíona .....	129
<i>6.6 Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chórás Oideachais.....</i>	<i>130</i>
6.6.1 Ranganna Gaeilge.....	130
6.6.2 Saibhreas Teanga .....	131
6.6.3 Oíche na bhFoghlaimeoirí .....	132
<i>6.7 An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn .....</i>	<i>133</i>
6.7.1 Seirbhísí Tacaíochta Ghnó .....	133
6.7.2 Earnáil Ghnó .....	134
6.7.3 Pacáiste Comharthaí .....	135
<i>6.8 Na Meáin Chumarsáide.....</i>	<i>136</i>
6.8.1 Nuachtlitir a fhoilsíú .....	136
6.8.2 Cleachtas & Saibhreas Teanga an Oileáin .....	137
6.8.3 Nuatheicneolaíocht .....	138
<i>6.9 Seirbhísí Poiblí .....</i>	<i>139</i>
6.9.1 Seirbhísí Poiblí a fheabhsú ar an oileán .....	139
<i>6.10 Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil.....</i>	<i>140</i>
6.10.1 Polasaithe Pleanála .....	140
<i>6.11 Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire.....</i>	<i>141</i>
6.11.1 Féile Chultúir & Teanga (stíl Macnas do dhéagóirí) .....	141
6.11.2 Comhar na nAosach .....	142
<i>6.12 Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nóstmaireacht an phobail ina leith</i>	<i>143</i>
6.12.1 Forbairt na Pleanála Teanga in Árainn .....	143

6.12.2 Pacáiste curtha ar fáil do ghrúpaí deonacha & scoileanna chun tacú le costais agus iad ag dul ar thurais / freastal ar cheardlanna srl. ar an mórhír. ....	144
6.12.3 Bailiúchán Oidhreachta Árann.....	145
<i>6.13 Costais Bhearta Árann.....</i>	<i>146</i>
6.13.1 Nótá maidir le Beart 6.2.1 .....	146
6.13.2 Nótá maidir le Beart 6.5.3 .....	147
6.13.3 Clár Caiteachais do Phlean Teanga Árann.....	148
6.13.4 Buiséad Caipitil de réir bliana d'Árainn .....	150
7. Bearta Inis Meáin .....	151
<i>7.1 Réamhrá .....</i>	<i>151</i>
<i>7.2 Feidhmiú an Phlean Teanga ar Inis Meáin.....</i>	<i>152</i>
7.2.1 Struchtúr Feidhmithe .....	152
7.2.2 Láithreacht ar Líne.....	154
7.2.3 Bunachar Teagmhalaithe .....	155
7.2.4 Monatóireacht.....	156
<i>7.3 An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais).....</i>	<i>157</i>
7.3.1 Naíonra & Naíolann a fhorbairt.....	157
7.3.2 Tacú leis an bPolasaí Oideachas Gaeltachta 2017-2022 .....	158
7.3.3 Scéim na gCúntóirí Teanga .....	159
7.3.4 Cúrsa Gaeilge Riachtanach do Scoláireachtaí chuig Inis Meáin. ....	160
7.3.5 Feasacht Teanga i measc Óige Inis Meáin.....	161
<i>7.4 Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga .....</i>	<i>162</i>
7.4.1 Scéim Chomhfhreagrais do Thuismitheoirí Nua.....	162
7.4.2 Grúpa Thuismitheoirí/Chaomhnóirí .....	163
7.4.3 Acmhainní do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí.....	164
7.4.4 Áiseanna Spraoi .....	165
7.4.5 Feighlithe Linbh .....	166
<i>7.5 Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile .....</i>	<i>167</i>
7.5.1 Coiste Pleanála Teanga na nÓg .....	167
7.5.2 Spásanna Sóisialta .....	168
7.5.3 Club Óige & Club Iarscoile .....	169
7.5.4 Féiniúlacht Ghaeltachta agus féin-mhuinín a chothú .....	170
<i>7.6 Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chórás Oideachais.....</i>	<i>171</i>

7.6.1 Ranganna Gaeilge.....	171
7.6.2. Ranganna Saibhris Teanga .....	172
7.6.3 Scéim ‘Gaelchara’ .....	173
7.6.4 Oíche na bhFoghlaimeoirí .....	174
<b>7.7 An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn .....</b>	<b>175</b>
7.7.1 An Ghaeilge a chur chun cinn sa réimse gnó ar an oileán.....	175
7.7.2 Halla Pobail Inis Meáin .....	176
7.7.3 Fostaíocht trí Ghaeilge .....	177
7.7.4 Turasóireacht Chultúrtha Ghaelach a fhorbairt .....	178
<b>7.8 Na Meáin Chumarsáide.....</b>	<b>179</b>
7.8.1 Nuachtlitir ‘Plean Teanga Inis Meáin’ .....	179
7.8.2 Na Meáin Chumarsáide .....	180
7.8.3 Béaloideas Inis Meáin.....	181
7.8.4 An Nuatheicneolaíocht.....	182
<b>7.9 Seirbhísí Poiblí .....</b>	<b>183</b>
7.9.1 Seirbhísí Fheidhmeannacht na Seirbhise Sláinte .....	183
7.9.2 Seirbhísí Reiligiúnacha.....	184
<b>7.10 Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil.....</b>	<b>185</b>
7.10.1 Tacaíocht Pleanála.....	185
7.10.2 Leathanbhanda.....	186
7.10.3 Ionad Pobail.....	187
7.10.4 Ionad Spóirt faoi dhíon.....	188
7.10.5 Comharthaíocht .....	189
<b>7.11 Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire.....</b>	<b>190</b>
7.11.1 Imeachtaí Sóisialta do Dhaoine Óga.....	190
7.11.2 Imeachtaí Scoil-bhunaithe.....	191
7.11.3 Oiliúint agus Tacaíocht do Thraenálaithe/Theagascóirí.....	192
7.11.4 Caitheamh Aimsire trí Ghaeilge .....	193
7.11.5 Club Leabhar.....	194
7.11.6 Cumann Drámaíochta .....	195
7.11.7 Cumann Scannánaíochta.....	196
<b>7.12 Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nóstmaireacht an phobail ina leith</b>	<b>197</b>
7.12.1 Forbairt na Pleanála Teanga sa LPT.....	197
7.12.2 Cainteanna Poiblí .....	198

7.12.3 Scoláireachtaí do chúrsa Pleanála Teanga .....	199
<b>7.13 Costais agus Maoiniú Bhearta Inis Meáin.....</b>	<b>200</b>
7.13.1 Nóta maidir le Beart 7.2.1 .....	200
7.13.2 Clár Caiteachais do Phlean Teanga Inis Meáin.....	201
7.13.3 Buiséad Caipitil de réir bliana Inis Meáin .....	203
<b>8. Bearta Inis Oírr .....</b>	<b>204</b>
<b>8.1 Réamhrá.....</b>	<b>204</b>
<b>8.2 Feidhmiú an Phlean Teanga ar Inis Oírr.....</b>	<b>205</b>
<b>8.2.1 Struchtúr Feidhmithe Inis Oírr .....</b>	<b>205</b>
8.2.2 Láithreacht ar Líne.....	207
8.2.3 Bunachar Teagmhálaithe .....	208
8.2.4 Córás Tacaíochta agus Monatóireachta.....	209
8.2.5 Scileanna sa bPleanáil Teanga a Fhorbairt.....	211
<b>8.3 An Córás Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais).....</b>	<b>212</b>
8.3.1 Scoláireacht i réimse na Gaeilge ag leibhéal larchéime de .....	212
8.3.2 Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 .....	213
8.3.3 Scéim Meantóireachta do Mhúinteoirí gan Gaeilge .....	214
8.3.4 Painéal Múinteoirí.....	215
<b>8.4 Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh .....</b>	<b>216</b>
8.4.1 Naíolann le bunú ar Inis Oírr .....	216
8.4.2 Saibhreas Teanga Óige an oiléáin .....	217
8.4.3 Nasc le Tuismitheoirí na Gaeltachta .....	218
8.4.4 Sealbhú agus saibhriú teanga an Teaghlaigh .....	219
8.4.5 Grúpa do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí.....	220
8.4.6 Acmhainní do Thuismitheoirí/Caomhnóirí.....	221
8.4.7 Scéim Comhfhereagrais do Thuismitheoirí Nua .....	222
<b>8.5 Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrápaí Eile .....</b>	<b>223</b>
8.5.1 Coiste Pleanála Teanga na nÓg .....	223
8.5.2 Féiniúlacht Ghaeltachta agus féin-mhuinín mar chainteoirí Gaeilge a chothú i measc pobal Inis Oírr. 224	
8.5.3 Cinnírí Áitiúla sna Coláistí Samhraídh .....	225
8.5.4 An Club Óige a Láidriú agus a chumasú ar Inis Oírr.....	226
<b>8.6 Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais .....</b>	<b>227</b>
8.6.1 Ranganna Gaeilge .....	227

8.6.2	Club Leabhar .....	229
8.6.3	Scéim ‘Gaelchara’ .....	230
8.7	<i>An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn</i> .....	231
8.7.1	Seirbhís Tacaíochta Gnó.....	231
8.7.2	An Turasóireacht Chultúrtha & Féiniúlacht Ghaeltachta .....	232
8.8	<i>Na Meáin Chumarsáide</i> .....	233
8.8.1.	Úsáid na Gaeilge ar na Méain Shóisialta a Láidriú i Measc an Aos óg .....	233
8.8.2	Íomhá Inis Oírr a fhorbairt mar cheantar láidir Gaeltachta sna Meáin.....	234
8.8.3	Raidió Pobail Inis Oírr a bhunú .....	235
8.8.4	Nuachtlitir ‘Pleanáil Teanga Inis Oírr’ .....	236
8.9	<i>Seirbhísí Poiblí</i> .....	237
8.9.1	Seirbhísí Stáit .....	237
8.10	<i>An Phleanáil agus Forbairt Fhisiceach</i> .....	238
8.10.1	Polasaithe Pleanála a bheith ag freastal ar riachtanais oiléánaigh .....	238
8.10.2	Polasaí Tithíochta & Forbartha.....	239
8.10.3.	Leathanbhanda. ....	240
8.11	<i>Seirbhísí Sóisialta &amp; Caitheamh Aimsire</i> .....	241
8.11.1.	Caitheamh Aimsire trí Ghaeilge .....	241
8.12	<i>Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith</i> .....	242
8.12.1	Comharthaíocht i nGaeilge.....	242
8.12.2	Forbairt na Pleanála Teanga ar Inis Oírr .....	243
8.12.3	Cainteanna Poiblí .....	244
8.13	<i>Costais agus Maoiniú Bhearta Inis Oírr</i> .....	245
8.13.1	Costais .....	245
8.13.2	Nóta maidir le Beart 8.2.1 .....	245
8.13.3	Clár Caiteachais do Phlean Teanga Inis Oírr .....	246
8.13.4	Buiséad Caipítil de réir bliana d’Inis Oírr.....	248
9.	Costais agus Maoiniú Iomlán Phlean Teanga Oileáin Árann .....	249
9.1	<i>Costais</i> .....	249
9.2	<i>Maoiniú</i> .....	249
10.	Forbairt Feasachta agus Poiblíochta .....	251
10.1	<i>Réamhrá</i> .....	251
10.2	<i>An Chéad Chéim</i> .....	251
10.3	<i>An Dara Chéim</i> .....	251

<i>10.4 Dul chun cinn .....</i>	252
11. Feidhmiú agus Monatóireacht .....	253
<i>11.1. Cur i bhFeidhm an Phlean Teanga.....</i>	253
<i>11.2 Monatóireacht .....</i>	254
Aguisín I: An Suirbhé ar an bPobal .....	255
Aguisín II: An Suirbhé ar an Lucht Ghnó .....	262
Aguisín III: An Suirbhé ar na hEagraíochtaí Sóisialta/Caitheamh Aimsire.....	266
Aguisín IV: An Suirbhé ar Thurasóirí .....	268
Aguisín V: English-language Summary .....	270
<i>Language Planning Committee's Statement.....</i>	270
<i>Aim .....</i>	271
<i>Context.....</i>	271
<i>Background .....</i>	271
<i>The Language Planning Area of Oileáin Árann .....</i>	272
Topography .....	272
Population .....	272
The Education System .....	273
Youth Services and other age groups.....	273
Leisure .....	273
Local Services .....	273
Other Irish language Services.....	273
The Business and Employment Sector .....	274
The Irish Language.....	274
<i>Preperation of the Language Plan.....</i>	274
<i>Research Results.....</i>	274
<i>Summary of the Recommendations for Árann included in the Language Plan .....</i>	275
<i>Summary of the Recommendations for Inis Meáin included in the Language Plan.....</i>	284
<i>Summary of the Recommendations for Inis Oírr included in the Language Plan.....</i>	293
<i>Costs and Funding .....</i>	300
<i>Awareness and Publicity .....</i>	300
<i>Implmentation and Monotoring .....</i>	300

## Ár nOileáin<sup>1</sup>

Nuair a bhreathnaím siar, 's mé ag filleadh abhaile  
Tagann gliondar ar mo chroí,  
Mar feicim romham i mbéal an chuain  
Trí oileán álainn mara.

Iad ina suí ansin lena nglaschoch aoil,  
Ag brú na spéire in áirde  
Smaoiním siar ar na laetheanta a bhí  
's ar m-óige i measc mo chairde.

Bhíodh damhsa, ceol, spraoi 's spóirt  
Gan ímní orainn faoi thada  
Ach mo léan faraor, bhí an imirce tréan  
Mar ní raibh maireachtáil ag baile.

Stracadh síoraí le eagrais rialtais  
Gan muid ag fáil aon aire,  
Ach le feachtas mhóra, is troid go leor  
Tá súil a'm go bhfuil an taoille ag casadh.

Beidh sean is óg ag seasamh an fhóid  
Gaeilge i mbéal gach éinne,  
Ní ghoidfear uainn ár dteanga féin  
Is cinnte ní dhéanfar faillí.

---

<sup>1</sup> Cumtha ag Mícheál Ó Cúlán – ball de Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Oileain Árann

---

*Liosta na nGiorrúchan*

---

OÁ	Oileáin Árann (LPT)
<b>CFÁ<sup>2</sup></b>	Comharchumann Forbartha Árann Teo.
<b>CFIM</b>	Comhlacht Forbartha Inis Meáin
<b>CCTeo</b>	Comhar Caomhán Teo
<b>CSPTOÁ</b>	Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Oileáin Árann
<b>CLG</b>	Cainteoirí Laethúla Gaeilge – <i>Daily Speakers of Irish</i>
<b>CPTÁ</b>	Coiste Pleanála Teanga Árann
<b>CPTIM</b>	Coiste Pleanála Teanga Inis Meáin
<b>CPTIO</b>	Coiste Pleanála Teanga Inis Oírr
<b>OPTÁ</b>	Oifigeach Pleanála Teanga Árann - <i>Language Planning Officer Árainn</i>
<b>OOÁ</b>	Oifigeach Óige Árann – <i>Árainn Youth Officer</i>
<b>OPTIM</b>	Oifigeach Pleanála Teanga Inis Meáin - <i>Language Planning Officer Inis Meáin</i>
<b>OPTION</b>	Oifigeach Pleanála Teanga Inis Oírr - <i>Language Planning Officer Inis Oírr</i>
<b>POS</b>	An Phríomh-Oifig Staidrimh – <i>Central Statistics Office:CSO</i>
<b>RTCEGSM</b>	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin – <i>Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media</i>
<b>SCT</b>	An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht <i>Comprehensive Study of the Use of Irish within the Gaeltacht</i>
<b>SLG</b>	Scéim Labhairt na Gaeilge <i>Grant paid to Gaeltacht parents who raise their children through Irish (discontinued in 2012).</i>
<b>ÚnaG</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>COGG</b>	An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

---

<sup>2</sup> Tugtar Árainn ar oiléan Inis Mór síos tríd an bplean seo.

---

## *Ráiteas ón gCoiste Stiúrtha Pleanála Teanga Oileán Árann*

---

Nuair a bunaíodh an coiste seo le Plean Teanga a leagan amach do Limistéar Pleanála Teanga Oileán Árann thuig muid nach bóthar éasca a bhí amach romhaínn. Chaithfeadh muid an pobal a spreagadh agus é a chur ar a súile dóibh gur gníomhartha seachas ‘caint san aer’ a bhí i gceist leis an bPleanáil Teanga, agus go mbunófaí Plean Teanga Oileán Árann ar riachtanais, ar mholtáí agus ar dhearcadh phobal na n-oileán féin.

Ar nós go leor ceantair tuaithe eile tá muintir Oileán Árann dírithe ó lá go lá ar a gcaighdeán maireachtála a fheabhsú, na seirbhísí éagsúla atá dlite dóibh a fháil agus an chuid atá acu cheana féin a choinneáil. Is é seo an t-aon bhealach gur féidir leo a chinntíú go mbeidh iad féin agus an dream a thiocfaidh ina ndiaidh in ann maireachtáil, gan an iomarca cruatain, ar na hoileán. Is furasta, mar sin, a thuiscint nár ghá go mbeadh ceist na Gaeilge ar bharr a liosta ag pobal na n-oileán ó thaobh tábhachta de. Bhí sé de chúram orainne a chur ina luí orthu go bhféadfaí caomhnú agus neartú na teanga a fhí isteach go nádúrtha leis na gníomhaíochta forbartha eile atá ar bun go seasta agus nach raibh aon choimhlint i gceist.

Ba mhór í an dúshlán a cuireadh ós ár gcomhair Plean Teanga do thrí Oileán Árann a réiteach. Sin plean do thrí oiléán, a bhfuil trí eagraíocht néamhspléach i mbun forbartha phobail agus riarrachána iontu agus nach bhfuil aon chóras taistil éifeachtach, rialta á gceangal go díreach le chéile. Ba é seo an chéad uair riamh ar iarradh go dtiocfad CFÁ, CFIM agus CCTeo teacht le chéile agus é mar sprioc plean a leagan amach, amhail is dá mba aon aonad amháin seachas trí oiléán neamhspleách a bhí iontu.

Nuair a tugadh le fios gur Plean amháin a chaithfeadh a bheith ann, socraíodh gur in Oifigí ÚnaG (ÚnaG) sna Forbacha a d'eagrófaí cruinnithe An Choiste Stiúrtha. Le costas lóistíne a sheachaint agus lena chinntíú nach mbeadh baill an Choiste as baile thar oíche aontaíodh gur i rith an lae a bheadh na cruinnithe ar siúl. Chiallaigh an cinne seo, ar an droch uair, nach raibh an oiread ionadaíochta agus ba cheart againn ó na réimsí éagúla. Ní raibh aon bhall den Choiste Stiúrtha fostaithe sna Naónraí, sna Bunscoileanna ná san earnáil ghnó, mar shampla. Le go mbeadh an coiste níos ionadaíoch aontaíodh ar thrí choiste áitiúil a bhunú sa mbreis ar an gCoiste Stiúrtha, ceann in Árainn, ceann in Inis Meáin agus ceann in Inis Oírr. Ar mhaithe le comhoibriú agus tréadhearcacht cinntíodh go raibh baill den choiste stiúrtha gníomhach ar na coistí áitiúla. Chomh maith leis sin cuireadh miontuairiscí An Choiste Stiúrtha ar fáil do na coistí áitiúla. Ní mar a chéile a d'oibrigh an trí choiste áitiúil, ach caithfear a rá go raibh siad gníomhach, díograsach ó thús. D'eagraigh siad cruinnithe poiblí ar na hoileán, chuidigh siad le suirbhéanna a leagan amach, dháiligh agus bhaligh siad ceistneoirí agus ghlac siad páirt sna ceardlainne ag ar scríobhadh Na Bearta.

Is léir ón taighde agus ós na cruinnithe poiblí go bhfuil muintir Oileán Árann an-bhródúil as an nGaeilge - iadsan a tháinig ó thír isteach le cónaí inár measc chomh maith leis an dream a raibh an

Ghaeilge ón gcliabhán acu féin agus ag a muintir. Tuigeann siad gur oidhreacht luachmhar ón ár sinsear í An Ghaeilge ach go bhfuil práinnanois len í a neartú mar theanga pobail, más uainn í thabhairt mar oidhreacht do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh.

Tá sé curtha romhainn againne, Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Oileáin Árann tacaíocht an phobail a fháil:

- lena chinntiú go mbeidh An Ghaeilge fite fuaite go nádúrtha i chuile ghné de shaol na n-oileán.
- le go nglacfaidh an pobal cinne eolasach, dearfach agus go ngníomhóidh siad leis An nGaeilge a chaomhnú agus a dhaingniú mar theanga shaibhir teaghlaigh agus mar theanga bheo pobal.
- le cumas Gaeilge an phobail ar fad a ardú: idir labhairt, léamh, agus scríobh.

### **Fís don Phlean Teanga**

Tá sé mar aidhm againn go mbeadh ar a laghad dhá thrian den phobal ar chaon cheann de thrí oiléain Árann ina gCainteoírí Laethúla Gaeilge, sé sin le rá eile go mbeadh chuile oiléán, neamhspleách ar na hoileán eile, istigh i gCatagóir A. Tá Bearta an Phlean leagtha amach de réir oiléán agus glacann An Coiste Stiúrtha leis go mbeidh chuile oiléán freagrach as a bhuiséad féin agus as cur i bhfeidhm a Bhearta féin.

### **Nótaí Buíochais**

Tá muid an- bhúioch de Cholm Ó Cinseala a bhí fostaithe againn mar Chomhairleoir Pleanála Teanga. Fuair muid an-chúnamh chomh maith ó Bhríd Ní Chualáin agus ó Ghráinne Ní Choisdealbha, UnaG. Ní bheadh Plean Teanga Oileáin Árann ar an bhfód gan a dtacaíocht agus a saineolas.

Ba mhaith leis an gCoiste buíochas a ghlacadh freisin leis na daoine seo a leanas as a n-ionchur agus a dtacaíocht le linn dúinn a bheith ag obair ar an bplean teanga:

- Pobal Oileáin Árann ar fad a tháinig ag cruinnithe, a líon ceistneoirí, a ghlac páirt i ngrúpaí fócais agus a thug a dtuairimí agus moltaí ar an ábhar.
- Baill na gCoistí Áitiúla Pleanála Teanga ar na trí oiléán. Thug siad seo a gcuid ama go fial, flaithiúil ag réiteach, ag dáileadh agus ag bailíú ceistneoirí agus ag teacht suas le Bearta a chuir siad in oiriúint do chuinsí agus d'achmhainní a bpobail féin. Ní fhéadfaí an obair seo a chur i gcrích dá bhfuireasa.
- CCTeo a bhí ag feidhmiú mar cheanneagraíocht sa Limistéar Pleanála Teanga agus CFIM agus CFÁ a bhí ag tacú leo.
- Baill uileag Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Oileáin Árann a d'oibrigh go díograiseach ar bhonn deonach le beagnach dhá bhliain, a d'fhreastail ar bhreis agus scór cruinní coiste, agus a rinne comhordú ar an togra ó thíos go deireadh.
- Meas Media a rinne an taighde ar lucht gnó na n-oileán.

Go maire muid beo ar scáth a chéile agus go bhfeice muid an Plean Teanga seo á chur i bhfeidhm go coinsiasach agus go torthúil ar thrí Oileán Árann.

### **Coiste Stiúrtha LPT Oileán Árann**

**Cathaoirleach:** Maggie Seoighe, Árann

**Rúnaí:** Ciara Ní Fhátharta, Inis Meáin

**Cisteoir:** Máire Uí Mhaoláin, Inis Oírr

Cathy Ní Ghóill, Árann

Geraldine Ní Ghóill, Árann

Micheál Ó Cualáin, Árann

Ciarán Ó Ceallaigh, Inis Meáin

Mairéad Ní Fhátharta, Inis Meáin

Paddy Crowe, Inis Oírr

Bríd Ní Dhonncha, Inis Oírr

Máire Uí Dhufaigh, Inis Oírr

### **Baill na gCoistí Áitiúla Pleanála Teanga**

#### **Árainn**

Maggie Seoighe (Cathaoirleach), Cathy Ní Ghoill, Geraldine Ní Ghoill, Micheál Ó Cualáin, Mary Anne Connolly, Bairbre Ní Iarnáin, Beachláí Ó hlarnáin, Micheál Ó Goill, Micheál Ó Ceallaigh, Aonghus Ó hlarnáin, Seán Ó Flaithearta, Aisling Ní Dhioráin.

#### **Inis Meáin**

Ciara Ní Fhátharta, Mairéad Ní Fhátharta, Ciarán Ó Ceallaigh, Adrian Ó Coincheanainn, Geraldine Uí Fhátharta, Pádraig Ó Fátharta, Tarlach de Blacam, Áine Ní Mhaonaigh, Pádraig Ó Coincheanainn.

#### **Inis Oírr**

Máire Uí Dhufaigh (Cathaoirleach) Ciarán Ó Conghaile (iar-Chathaoirleach) Máire Uí Mhaoláin, Cathleen Ní Chonghaile, Áine Seoighe, Áine Uí Almhain, Alissa Donoghue, Sinead Ní Chonchra, Una Mhic Dhonnchadha, Bríd Ní Dhonncha, Fionnán Ó Conaola, Maryann Ní Chonghaile, Dara McGee, Máire Coyne, Olive Ní Fhlatharta.

**Go maire muid beo ar scáth a chéile nó go gcuirfear an Plean  
Teanga seo i bhfeidhm agus go bhfeicfidh muid a thoradh ar thrí  
Oileán Árann.**

---

## 1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

---

### 1.1 An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa nGaeltacht

Sa mbliain 2007, foilsíodh an mórstaidéar **An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht** (SCT) (Ó Giollagáin et al.). Foilsíodh leagan uasdáitithe den staidéar (*Nuashonrú*) i 2015. Léirítéar sa staidéar seo agus i dtaighde eile a foilsíodh roimhe agus ina dhiadh sin go bhfuil an Ghaeilge go mór i mbaol agus í i gcontúirt mar phríomhtheanga pobail agus nach mairfidh sí thar an gcéad ghlúin eile mar ghnáth-theanga pobail sa nGaeltacht. Moladh sa staidéar go ndéanfaí catagóiriú ar na pobail Gaeltachta ar bhonn úsáidte na Gaeilge seachas ar bhonn tíreolaíochtúil amháin, mar a bhí go dtí seo. Tugtar míniú ar na catagóir sa tábla thíos.

Catagóir <sup>3</sup>	% Laethúla Cainteoiri Gaeilge (CLG)	Míniú de réir an SCT
A	67% +	An tairseach le pobal bisiúil teanga a bheith ann. ‘Léirítéar san anailís seo go dtagann laghdú tobann ar úsáid na Gaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail nuair a thiteann líon na gcainteoiri laethúla i gceantar faoi bhun na teorann seo.’ (2007: 146).
B	44% - 66.9%	‘Tá staid na teanga sna ceantair seo fíorleochaileach.’ (ibid., 147)
C	Faoi bhun 44%	‘Tugann an fhaisnéis le fios go n-úsáidtear an Ghaeilge mar nós mionlaigh.’ (ibid., 148)

Tábla 1. Na Catagóirí Gaeltachta.

### 1.2 An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

I 2010 d'fhoilsigh an Rialtas cáipéis – an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* - inar sonraíodh gurbh í aidhm pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge go méadófaí úsáid agus eolas ar an nGaeilge mar theanga pobail ar bhonn céimníúil. Sonraíodh sa *Straitéis* chomh maith go ndéanfaí forbairt ar chóras cuimsitheach pleanála teanga ag leibhéal an phobail sa nGaeltacht chun a chinntíú go mairfeadh an Ghaeilge mar theanga pobail sa nGaeltacht.

### 1.3 Acht na Gaeltachta 2012

Le struchtúr feidhmithe a thabhairt don Straitéis, achtaíodh Acht na Gaeltachta i 2012. Tugann an Acht feidhm reachtúil don Phróiseas Pleanála Teanga faoina mbeidh pleananna teanga á n-ullmhú ag leibhéal an phobail i gceantair a bhfuil aitheantas tugtha dóibh faoin Acht mar Limistéir Phleanála

---

<sup>3</sup> Cé nár glacadh leis na catagóirí seo mar rangaithe oifigiúla, meastar gur modh úsáideach anailíse atá iontu don phlean teanga seo.

Teanga Gaeltachta (LPT). Chuige sin tá an Ghaeltacht roinnte i 26 LPTanna agus déanfar plean teanga a réiteach i ngach limistéar in am trátha. Faoin Acht beidh an Ghaeltacht bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar limistéar thíreolaíoch faoi mar a bhí go dtí seo.

Tugadh deis d'eagraíochtaí iarratas a chur faoi bhráid ÚnaG le plean teanga comhtháite seacht mbliana a ullmhú do na LPTanna, Oileáin Árann ina measc. Is é ÚnaG atá freagrach as eagraíocht (Ceanneagraíocht) pleanála teanga a roghnú le plean teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm agus é mar chúram ar an Údarás roghnú a dhéanamh ar an eagraíocht is fearr a léirigh cumas chun úsáid na Gaeilge a mhéadú sa teaghlaigh, sa bpobal, sa gcóras oideachais agus i gcúrsaí gnó (an t-ionad oibre san áireamh).

Is é CCTeo., Inis Oírr a roghnaíodh mar cheanneagraíocht agus cuireadh de chúram ar an eagraíocht an próiseas pleanála teanga a bhainistiú sa limistéar.

---

## *2. Sonraí na Ceanneagraíochta*

---

Faoi Acht na Gaeltachta 2012 foilsíodh fógra i Meán Fómhair 2015 i leith LPTOÁ. Ba mhór an dúshlán é Plean Teanga a réiteach a chuimseoidh trí oiléán mar aon aonad amháin. Tar éis go leor cur agus cúitimh socráodh go ndéanfadh CCTeo an t-iarratas ar a bheith mar Cheanneagraíocht i bpáirt le CFÁ agus CFIM agus go mbunófaí Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga a bheadh comhdhéanta d'ionadaithe as na trí oiléán. Ba chúis díomá é do CCTeo. nár glacadh le comh-iarratas agus nach raibh an dara rogha ag an gComharchumann ach glacadh leis an gceapachán mar Cheanneagraíocht do LPTOÁ.

Is Comharchumann Gaeltachta é CCTeo a bunaíodh agus a cláraíodh faoi Chumann Comhar-Eagraíochta na hÉireann Teoranta i 1971. Feidhmíonn comharchumainn agus comhlachtaí forbartha mar eagrais forbartha do na pobail áitiúla. Tá a gcláir oibre bunaithe ar riachtanais aitheanta agus ar fhéidearthachtaí forbartha an cheantair agus bíonn ionchur bhaill na gcoistí stiúrtha lárnach san obair. Bunaíodh CCTeo ar dtús le bunseirbhísí riachtanacha ar nós scéim leictreachais agus scéim uisce reatha a chur ar fáil. Tá An Comharchumann gníomhach i bhforbairt tionscadail agus seirbhísí m.sh soláthar áiseanna pobail, seirbhísí riarrachána agus tacaíochta. Trí dhíriú isteach ar fhorbairt acmhainní áitiúla, an timpeallacht nádúrtha, an turasóireacht, an fharraige agus an cultúr, tá sé mar aidhm ag CCTeo forbairt a dhéanamh ar shaol eacnamaíochta agus sóisialta phobal an oiléain. Cuireann UnaG tacaíocht láidir airgid agus comhairle ar fáil don chomharchumann agus chuile ráithe íofcar deontas i leith na gcostas reáchtála laethúla. Tá, agus bhí ó thús, cur chun cinn agus caomhnú na Gaeilge sa bpobal lárnach i chuile ghné d'obair CCTeo.

Bunaíodh Coiste Stiúrtha LPT Oileáin Árann i mí Bealtaine 2017. Reáchtáladh an chéad chruinniú in oifigí Údarás na Gaeltachta agus cuireadh le chéile an coiste ar an lá sin.

### **Coiste Stiúrtha LPT Oileáin Árann**

**Cathaoirleach:** Maggie Seoighe, Árann

**Rúnaí:** Ciara Ní Fhátharta, Inis Meáin

**Cisteoir:** Máire Uí Mhaoláin, Inis Oírr

Cathy Ní Ghoill, Árann

Geraldine Ní Ghoill, Árann

Micheál Ó Cualáin, Árann

Ciarán Ó Ceallaigh, Inis Meáin

Mairéad Ní Fhátharta, Inis Meáin

Paddy Crowe, Inis Oírr

Bríd Ní Dhonncha, Inis Oírr

Máire Uí Dhufaigh, Inis Oírr


### 3. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

#### 3.1. Topagrafaíocht

Amach ó chósta thiar na hÉireann, i mbéal chuan na Gaillimhe, atá trí Oileáin Árann: Árann, Inis Meáin agus Inis Oírr. Is é Árann an ceann is mó (31km<sup>2</sup>) agus is faide siar de na hoileáin agus is é Inis Oírr (8km<sup>2</sup>) an ceann is lú agus is faide soir. 9 km<sup>2</sup> atá in Inis Meáin, atá suite sa lár, Sunda Ghregory idir é agus Árann agus an Súnda Salach ar an taobh eile. Cé gur cloch eibhir í bun-chloch na mórhíre trasna an chuain i gConamara is aolchloch agus scealla ina sraitheanna atá in Oileáin Árann mar atá i gContae an Chláir. Tagann 75% de thalamh na n-oileán faoi cheantar ainmnithe LSC de bharr an mheascáin shaibhir gnáthóga agus féaraigh atá iontu.

Is toghroinn amháin atá i gceist leis na hoileáin agus cuimsítear 6 ‘cheantar beag’ ann de réir bhriseadh síos staitisticíúil an Phríomhoifig Staidreamh (an CSO). Is iad na ceantair beaga na ceantair is lú bunaithe ar an daonáireamh agus is ceantar ar bheagán daonra é Oileáin Árann.

Tá LPT Oileáin Árann briste síos ina 6 cheantar beag mar seo a leanas:



Figiúr 3-1. Na ceantair beaga - Toghroinn Árainn

Is iad na ceantair, ag tosú thiar, ná: Eoghanacht/Cill Mhuirbhígh, Eochaill, Cill Rónáin, Cill Éanna, Inis Meáin agus Inis Oírr.

Is iad seo a leanas na bailte fearainn atá in Oileáin Árann:

Árann	Inis Meáin	Inis Oírr
Bungabhlá	Cinn an Bhaile	An Baile Thiar
Creig a' Chéirín	Baile na Seoigheach	Baile an Lurgain
Eoghanacht	Baile an Dúna	Baile an tSéipéil,
Sruthán	Baile na Craige	Baile an Chaisleáin,
Cill Mhuirbhí	Baile an Teampaill	Baile an Ghleanna,

Gort na gCapall	Baile an Leisín	Baile an Fhormna
Fearann an Choirce	Móinín na Ruaige	
Baile na Creige	Baile an Mhothair	
Cabhrúch		
Eochaill		
Mainistir		
Cill Rónáin		
Cill Éinne		
Íar Áirne		

Tábla 3-2 Na bailte fearainn in Árainn

### 3.2. Bonneagar

De bharr na hoileán a bheith suite i gcuán na Gaillimhe agus scoite amach ón mhórthír, tá fíor thábhacht ag baint le córais taistil iontaofa, rialta a bheith chuig agus ó na hoileán. Faigheann chomhlacht farantóireachta *Island Ferries* fóirdheontas rialtais le seirbhís laethúil báid do phaisnéirí a chur ar fáil i rith na bliana ar fad idir Ros a' Mhíl, i gCo na Gaillimhe agus trí Oileán Árann. Chomh maith leis sin bíonn seirbhís lastais, fóirdheonaithe ag RTCEGSM, ar fáil trí huaire sa tseachtain ó Chathair na Gaillimhe go dtí trí Oileán Árann. Tugtar fóirdheontas rialtais freisin chun seirbhís laethúil aeir a sholáthar do na hoileán ó Aerfort na Mine in Indreabhán. I mí na Nollag 2019, cheannaigh RTCEGSM Aerfort na Mine ó Phádraig Ó Céidigh. Cheannaigh an píolóta Jarlath Conneely an comhlacht aeir i mí Eanáir 2020. Is tuar dóchais é go bhfuil sé dearbhaithe ag An Roinn gur polasaí de chuid an Rialtais é go mbeadh seirbhís rialta agus leanúnach eitleáin á chur ar fáil go dtí trí Oileán Árann agus go bhfuil siad ag obair chuige sin. Tá na seirbhísí taistil fóirdheonaithe seo riachtanach le go mbeidh pobal na n-oileán in ann caighdeán maireachtála a bheith acu atá ar aon chéim le caighdeán na móirthíre. Is comhlacht príobháideach a thugann turasóirí idir Doolin agus na trí oileáin Árann.

### 3.3. Daonra<sup>4</sup>

Mar atá lúaite cheana is toghroinn amháin atá i gceist le Limistéar Pleanála Oileán Árann, i.e. is ionann an toghroinn agus an Limistéar Pleanála Teanga. Féach thíos daonra na toghroinne idir 1981 agus 2016.

---

<sup>4</sup> Gach eolas sa gcaibidil seo faigthe ó <http://census.cso.ie/sapmap/>

Toghoirinn Oileáin Árann	Daonra 2011	Daonra 2016	+ - '11 – '16
	1251	1226	-2%

Tábla 3-3. Daonra Árann 2011 - 2016.


Agus na figiúirí briste síos de réir oiléain i ndaonáireamh 2016:

Briseadh síos daonra de réir oiléán 2016			
	Fir	Mná	Iomlán
Árann	380	382	762
Inis Meáin	102	81	183
Inis Oírr	146	135	281
<b>Iomlán</b>	<b>628</b>	<b>598</b>	<b>1226</b>

Tábla 3-4. Daonra 2016 de réir oiléán

Tithíocht in Árainn 2016			
Na 'Ceantair Bheaga (SAA)'	Tithe	Folmha (Gan tithe saoire san áireamh)	Tithe le cónaí iontu
Eoghanacht / Cill Mhuirbhígh	135	19	116
Eochaill	86	25	61
Cill Rónáin	114	25	89
Cill Éanna	97	18	79
<b>Iomlán - Árann</b>	<b>432</b>	<b>87 (20%)</b>	<b>345</b>
Inis Meáin	135	38 (28%)	97
Inis Oírr	186	48 (25.8%)	138
Co. na Gaillimhe ina iomlán	78,207	9,646 (12.3%)	
<b>Iomlán (345 + 97 + 138 )</b>			<b>580</b>

Tábla 3-5. Tithe in Oileáin Árainn 2016.




Tábla 3-6. Próifíl Aoise

### 3.4. Buntáistí & Mhíbhuntáistí an Limistéir

Tá buntáistí ar dheacair iad a shárú ag baint le bheith ag maireachtál i Limistéar Pleanála Teanga Oileáin Árann, ina measc dúlra agus an tírdhreach fhíor speisialta, pobal atá láidir, gnaíúil, misniúil, timpeallacht atá glan, sábháilte, agus Gaeltacht atá fós beo bríomhar, gan ach a laghad a lua.

Is léir mar sin féin, de réir na dtomhaiseanna a húsáidtear go náisiúnta, atá bunaithe i measc rudaí eile ar leibhéal oideachais an phobail, an codán den daonra atá fostaithe agus aois an daonra, go bhfuil an limistéar faoi bhun an mheáin náisiúnta. Léirítear é seo sa mapa thíos. Tosaíonn an scála ag pointe 0 (an meán) agus téann sé as sin go dtí -40 (ceantar atá go mór faoi mhí-bhuntáiste) agus go dtí +40 (ceantar atá an-saibhir).



Figiúr 3-1. Léibhéal mínbhuntáiste

Léiríonn an dath donn i bhFigíúr 3-1 na ceantair atá faoin meán náisiúnta. De réir mar a éiríonn an dath buí níos dorcha is ea is mó atá an ceantar faoin meán náisiúnta míbhuntáiste. Is é an leibhéal míbhuntáiste do Chontae na Gaillimhe mar aonad ná + 1.81. Is mar seo a leanas na leibhéis de mhíbhuntáiste de réir na ‘ceantair beaga:

Leibhéal míbhuntáiste - <i>Eolas ábhartha ó Pobal Maps</i> <sup>5</sup>						
'Ceantair Beaga (SA)'	Daonra 2016	Leibhéal míbhuntáiste	Cur Síos	Cóimheas Aoise is Cleithiúnais	Oideachas bunscoile amháin	Oideachas 3ú leibhéal
Eoghanacht / Cill Mhuirbhigh	202	-13.97%	Faoi míbhuntáiste	42.08%	31%	25.47%
Eochaill	143	-17.06	Faoi míbhuntáiste	36.36%	26%	12.12%
Cill Rónáin	247	-4.38	Beagán faoin meán	32.79%	15%	32.97%
Cill Éanna	170	-3.17	Beagán faoin meán	32.35%	26%	28.16%
Inis Meáin	183	-8.13	Beagán faoin meán	34.97%	33%	22.13%
Inis Oírr	281	-4.58	Beagán faoin meán	37.01%	24%	36.63%
Co. na Gaillimhe		+1.81	Beagán ós cionn an mheáin	34.22%	13.37%	38.71%

Tábla 3-7. Leibhéal Míbhuntáiste Oileáin Árann

<sup>5</sup> <https://maps.pobal.ie/WebApps/DeprivationIndices/index.html>

### 3.5. An Córás Oideachais

Is iad seo na hinstiúidí oideachais atá ag feidhmiú sa LPT faoi láthair:

#### Árann:

Leibhéal	Ainm na Scoile	Líon daltaí ag freastail	Líon Múinteoirí
Réamhscoil	Naónra Inis Móir	8	2 <sup>6</sup>
Bunscoil	Scoil Rónain (Cill Rónáin)	39	3
	Scoil Náisiúnta Eoin Pól II	24	3 <sup>7</sup>
Meánscoil	Coláiste Naomh Éinne	55	10

#### Inis Meáin<sup>8</sup>:

Leibhéal	Ainm na Scoile	Líon daltaí ag freastail	Líon Múinteoirí
Bunscoil	Bunscoil Inis Meáin	14	3
Meánscoil	Coláiste Naomh Eoin	40	9.4 (FTE)

#### Inis Oírr:

Leibhéal	Ainm na Scoile	Líon daltaí ag freastail	Líon Múinteoirí
Réamhscoil	Naónra Inis Oírr	7	2
Bunscoil	Scoil Náisiúnta Naomh Caomhán	29	4
Meánscoil	Coláiste Ghobnait	23	4

Tábla 3-8. Institiúidí Oideachais LPT Oileáin Árann don Scoilbhliain 2019/2020

#### 3.5.1. Naónraí agus Bunscoileanna

Feidhmíonn Naónra Inis Oírr faoi scáth Chomhar Naónraí na Gaeltachta. Is iad Comharchumann Forbartha Árainn a reachálann Naónra Árann ach ó thaobh polasaithe agus eile de tagann An Naónra faoi scáth Chomhar Naónraí na Gaeltachta. Cé go bhfuil éileamh ar Naónra in Inis Meáin faoi láthair tá deacracht ann a theacht ar ionad feiliúnach a mbeadh clós spraoi ag dul leis. Tá athcóiriú á dhéanamh ar fhoirgneamh ag Carcair na Leacht le haghaidh Oifigí don Chomhlacht Forbartha ach níl clós spraoi sa bplean faoin togra mar atá sé.

Dhá bhunscoil atá in Árainn ó dúnadh Scoil an Cheathrar Álainn, Fearann a Choirce. Nascadh an scoil seo le Scoil Eoghnacha in 2005 faoin ainm *Scoil Eoin Pól 2*. Tá beirt mhúinteoir ranga agus múinteoir

<sup>6</sup> Beirt ag roinnt post lánaimseartha amháin.

<sup>7</sup> Múinteoir amháin i réimse an Oideachais Spisialta agus Teanga.

<sup>8</sup> Níl aon naónra ar Inis Meáin.

tacaíochta foghlama fostaithe sa dá bhunscoil in Árainn. Is é an líon foirne ceanna seo atá fostaithe i mBunscoil Inis Meáin agus i Scoil Chaomháin, Inis Oírr.

Tá Cuntóirí Teanga fostaithe faoi scéim Mhuintearas i chuile cheann de bhunscoileanna Oileáin Árann don scoil-bhliain 2019-2020. Anuas air sin tá uaireanta breise teagaisc (10.5 uair a chloig in aghaidh na seachtaine) faigte ag na bunscoileanna ar fad don scoilbhliain 2019-2020 de bharr an aitheantais atá faigte acu mar scoileanna Gaeltachta. Múinteoirí cáilithe atá ag teagasc na n-uaireanta breise seo i chuile chás.

Dar leis na múinteoirí bunscoile féin teastaíonn tuilleadh oiliúna uathu, go háirithe ó thaobh chur i bhfeidhm An Pholasáí don Oideachas Gaeltachta. Tá siad ag éileamh go mbeadh na deiseanna céanna acu freastal ar sheisiúin oiliúna iarscoile agus a bhíonn ag a gcomhleacaithe ar an mórhír. Bíonn ar mhúinteoirí atá lonnaithe ar na hoileáin oíche a chaitheamh as baile más áil leo freastal ar ranganna oíche a bhaineann lena bhforbairt ghairmiúil. Ní hamhán sin ach i gcás Inis Meáin agus Inis Oírr ní bheadh na múinteoirí céanna seo ar ais in am d'oscailt na scoile an mhaidin dar gcionn.

### 3.5.2. Scoileanna Iar-Bhunoideachas

Tá scoileanna dara leibhéal ar thrí Oileán Árann sa lá atá inniu ann agus ní gá do scoláirí atá in aois meanscoile taisteach go dtí an mórhír le hoideachas a fháil, mar a rinne a muintir rompu. Gné spéisiúil agus dúshlánach a bhaineann le cúrsaí iarbhunscolaíochta in Oileán Árann ná go bhfuil na scoileanna dara leibhéal seo ag brath ar dhaltaí a thagann ón mórhír, a bhformhór ar scoláireachtaí, leis na huimhreacha a choinneáil chomh hard is go mbeadh na scoileanna inmharthanna. Dúshlán mór eile is ea a dheacra agus atá sé ag na scoileanna múinteoirí cáilithe a bhfuil Gaeilge acu a earcú le dul ag obair ar na hoileán. Dúradh go rí mhinic agus muid i mbun taighde go bhfuil inbhuanaitheacht na scoileanna riachtanach le go mbeadh muinín ag tuismitheoirí a bhfuil gasúir óga acu as todhchaí na n-oileáin.

Tá cuntóirí teanga fostaithe, faoi scáth Muintearas, ag an 3 meánscoil don scoilbhliain 2020-2021. Chomh maith leis sin, de bharr aitheantas a bheith faigte acu mar Scoileanna Gaeltachta, tá uaireanta breise do theagasc na Gaeilge faigte acu i mbliana.

### Coláiste Naomh Éinne, Árann

Soláthraíonn Coláiste Naomh Éinne, a d'oscail a doirse den chéad uair i 1953, oideachas iomlán dara leibhéal trí mheán na Gaeilge. Ba chlochmhílte suntasacha i stair na scoile na blianta 1966 agus 1977 nuair a reachtáileadh an chéad scrudú Meanteistiméireachta agus Ardteistiméireachta faoi seach, den chéad uair. I 1963 leathnaíodh foirgneamh na Gairmscoile nuair a cuireadh seomra Adhmaidóireachta ar fáil do scoláirí. Ag dul ó neart go neart a bhí an scoil in imeacht na mblianta agus leathnaíodh an scoil in athuair i 1981. Ar an ócáid seo cuireadh halla, seomra Eolaíochta, dhá sheomra ranga breise, staitse, oifigí agus seomra fairne leis an scoil. Ó cuireadh túis le cúrsa na hArdteistiméireachta tá Clár Gairme na hArdteistiméireachta á leanacht ó shin.

55 scoláire atá ar an rolla don scoilbhliain 2019/2020. Tá 10 acu seo ar scoláireachtaí faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge. 10 múinteoir atá fostaithe sa scoil faoi láthair.

### **Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin**

Bunaíodh Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin i 2001 mar fhreagra ar ghlaoch láidir ó thuismitheoirí an oiléain ag an am, deis oideachais dara leibhéal a bheith ar fáil dá gcuid gasúir ar Inis Meáin. Roimhe seo bhí ar ghasúir an baile a fhágáil ag dhá bliain déag má theastaigh oideachas dara leibhéal uathu. Bhris an cleachtadh seo an ceangal leis an mbaile agus leis an oiléan ag aois óg, gníomh a d'fhág go raibh easpa meánscoil lárnoch i mbánú daonra an oiléain.

Ghlac iar Choiste Gairmoideachais Co. na Gaillimhe an scoil ar lámh i 2002, faoi scáth Choláiste Cholmcille, Indreabhán, socrú sealadach a mhair sé bliana déag. Níor leor bun phobal an oiléain ón túis chun timpeallacht folláin scoile a chothú mar sin tugadh scoláirí isteach ón mórhír ar scéim scoláireachta. Íocann RTCEGSM 10 Scoláireacht do scoláirí chun freastal ar Choláiste Naomh Eoin. Tagann scoláirí chuig Inis Meáin as gach áit ar fud na tíre ar scéimeanna éagsúla chomh maith lena muintir chuid acu a bhogann isteach ar an oiléan.

Bhí an-tionchar ag fás agus forbairt na meánscoile seo ar tharrtháil pobal ar Inis Meáin. Tá clainne óga de bhunú an oiléain ar Inis Meáin arís agus tá uimhreacha sa mbunscoil feabhsaithe go mór ó leibhéal géarchéimeach de thriúr i 2014. Bhronn an Taoiseach Leo Varadkar a hUimhir Rolla féin ar an scoil ar an 05/09/2018.

Tá 40 dalta cláraithe don scoilbhliain 2019/2020. Tá 9.4 múinteoir chomh maith le rúnaí, cúnntóir teanga, glantóir agus cúnntóir riachtanais speisialta fostaithe don scoilbhliain 2019/2020.

### **Coláiste Ghobnait, Inis Oírr**

Bunaíodh Meánscoil Ghobnait (Coláiste Ghobnait ina dhiadh sin) scoil iar-bhunoideachais, in Inis Oírr sa mbliain 1985 faoi bhainistíocht an choiste áitiúil agus faoi phríomhoideacht Dhara Uí Chonaola. Roimhe sin théadhl daoine óga an oiléain ar mheánscoil go dtí an mhórthír. Ba chlochmhíle suntasach i saol an oiléain bunú Mheánscoil Ghobnait, forbairt a chuir túis le le soláthar an iar-bhunoideachais do phobal Inis Oírr ar a bhfód dúchais féin. Bhí an túis láidir: chláraigh 12 scoláire i Meán Fómhair 1985 agus rinne beirt an Mheánteistiméireacht i mí Meitheamh 1986. B'shin clochmhíle shuntasach eile bainte amach!

I 1993 tháinig Coláiste Ghobnait faoi phátrúnacht Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe agus tá an scoil faoi chúram Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin ó lúil 2013. 23 scoláire atá ar rolla na scoile don scoilbhliain 2019/2020 agus tá 10 acu seo ar scoláireachtaí faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge. Tá 10 múinteoir chomh maith le rúnaí agus glantóir fostaithe ag Coláiste Ghobnait don scoilbhliain 2019/2020.

### **3.5.3 An Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017-2022**

I mí Dheireadh Fómhair 2016, seoladh an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017-2022*. Tugtar aitheantas sa bpolasaí nua seo, den chéad uair ó bunaíodh an stát, do riachtanais éagsúla na ndaltaí scoile, iad sin atá á dtógail le Gaeilge, iad sin atá á dtógáil le Gaeilge agus le teanga eile, agus iad siúd nach bhfuil ag sealbhú na Gaeilge ón mbaile. ‘Faoin bPolasaí, tabharfar cuireadh do scoileanna aitheantas a lorg mar scoil Ghaeilteachta. Chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeilteachta, beidh ar scoileanna feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge, (seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile), i gcomhréir leis na critéir theanga-bhunaithe a leagtar amach’ (*An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, 2016: 8*) faoin bPolasaí seo. Tá chuile scoil, idir bhunscoil agus iarbunscoil, sa LPT tar éis cuir isteach ar an aitheantas seo mar scoil Ghaeilteachta.

Tá Bearta sa bPlean a bhaineann go sonrach leis na scoileanna agus beidh dlúthcheangail idir cur i bhfeidhm an phlean teanga agus an Polasaí don Oideachas Gaeltachta.

### 3.6. Seirbhís Cúram Leanaí agus Tacaíochta Teanga

Níl aon seirbhís cúram leanaí, ar bhonn struchtúrtha, ar fáil sa LPT. Tá foirgneamh a tógadh mar Ionad Chúram Leanaí in Árainn ach faoi láthair tá an Naónra lonnaithe san ionad seo. Ba léir ón aiseolas a fritheadh mar chuid den taighde go bhfuil éileamh áirithe ar sheirbhísí cúram leanaí ach dar ndóigh athraíonn an t-éileamh seo ó bliain go bliain.

Léiríonn an taighde go bhfuil géar ghá in Inis Oírr le Naíolann. Ag na cruinnithe poiblí labhair tuismitheoirí óga faoi chomh deacair agus atá sé daoine a fháil le breathnú amach dá gcuid gasúir agus iad féin ag obair.

Tá Bearta sa bPlean a dhíríonn go sonrach ar an gceist seo.

### 3.7. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile:

#### 3.7.1. An t-Aos Óg

Tá Club Óige (don aosighrúpa iarbunscoile) ag feidhmiú sa LPT i gCill Rónáin agus in Inis Oírr. Tugann Óige na Gaeltachta tacaíocht ó thaobh grúp-scéim árachais, traenáil, agus imeachtaí agus ócáidí a reáchtáil. Tá polasaí Gaeilge ag na Clubanna Óige cé go dtuairiscíonn na Cinnírí go bhfuil an Béarla chun cinn mar rogha theanga sóisialta i gcás Árann.

Tá sé i gceist teagmháil a dhéanamh le Tuismitheoirí na Gaeltachta<sup>9</sup> agus imeachtaí a chur ar bun do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge. Tugann imeachtaí Tuismitheoirí na Gaeltachta deis do pháistí le Gaeilge líofa freastal ar imeachtaí a heagraítear trí Ghaeilge amháin.

Oibreoidh na hoifigigh agus na coistí Pleanála Teanga go dlúth leis na Clubanna Óige ar na hoileáin agus tacófar leo ar chuile bhealach atá praiticiúil lena gcuid polasaithe Gaeilge a leagan amach agus a chur i bhfeidhm.

#### 3.7.2 CLG Oileáin Árann

Is foireann Ghaeltachta í CLG Oileáin Árann a oibríonn go díograsach agus go leanúnach le Polasaí Gaeilge an chumainn a chur i bhfeidhm. Déantar chuile iarracht a chinntíú gur Gaeilge amháin a bhíonn le cloisteáil ar an bpáirc agus ar an taobh líne le linn na gcluichí. Is obair dhúshláinach í sin gan dabht. Tugann CLG Oileáin Árann deis iontach d'imreoirí agus do lucht tacaíochta An Chumainn aithne a chur ar a chéile agus sóisialú le chéile trí mheán na Gaeilge. Sa mbliain 1996 a bunaíodh CLG Oileáin Árann,

---

<sup>9</sup> <https://www.facebook.com/tuismitheoirina.gaeltachtaconamara/>

cumann in ar cláraíodh na trí oileán le chéile ann. I dtús ama ní raibh ann ach an fhoireann daoine fásta ach níorbh fada go raibh foirne faoi aois ag imirt chomh maith agus traenáil ar siúl sna scoileanna.

Sa mbliaín 2014 d'éisigh le foireann Sóisir A CLG Oileán Árann ardú céime a fháil go leibhéal Idirmhéanach agus sa mbliaín céanna, bhuaigh Oileán Árann Corn Sóisir Chomórtas Peile na Gaeltachta. Fuair an Cumann an ceann is fearr ar Acaill i gluiche ceannais Chonnacht agus in 2017 d'éisigh le CLG Oileán Árann Corn Sinsear Pheile na Gaeltachta a thabhairt ar ais as Tír Chonaill. Tá roinnt imreoirí Contae ag CLG Oileán Árann agus cúpla bliain ó shin bhí duine d'imreoirí an Chumainn ina chaptáen ar fhoireann mhiniúir na Gaillimhe. Chomh maith leis sin d'imir roinnt eile acu do Ghaillimh faoi aois.

Tá páirceanna peile ar na trí oileán cé nach bhfuil an ceann ar Inis Meáin ar chaighdeán sách ard le haghaidh cluichí idir-chumainn. Is fíor a rá nach mbíonn aon chluiche baile ag Oileán Árann mar go gcaithfidh dhá oileán taisteal i gcónaí, fiú más ar Árainn nó ar Inis Oírr a bhíonn an cluiche nó an traenáil ar siúl.

Cothaíonn daonra íseal na n-oileán deacrachaí ar chúpla leibhéal. Fadhb amháin is ea ganntanas imreoirí agus le blianta beaga anuas tá na foirne sóisir nascaithe le foireann an Spidéil. Chomh maith leis sin tá sé an-chostasach an Cumann a rith: teastaíonn timpeall €6,000 ag túis chuile shéasúr. Bíonn cúnamh airgid nó urraíocht á iarraidh ag CLG Oileán Árann i gcónaí ar an gcúpla céad duine céanna. Bíonn costas an-ard ag baint go háirithe le taisteal na n-imreoirí go dtí cluichí agus seisiún traenála. Cuid acu seo is costaisí iad nach mbeadh i gceist i gcás foirne peile a bheadh lonnaithe ar an mórhír. Ath-bunaíodh foireann Peil na mBan Oileán Árann i 2019. Bhí foireann ann roimhe sin ach thit an foireann ó chéile i 2007 mar ní raibh i ndóthain imreoirí againn chun leanacht ar aghaidh ag iomaíocht leis na foirne eile i gCo. na Gaillimhe.

Tá imreoirí ón dtrí oileán cláraithe leis an bhfoireann agus glacann muid páirt i Sraith Roinn 6 agus Craobh Sóisear C i gCo. na Gaillimhe. Faoi láthair tá 36 imreoir cláraithe le n-imirt leis an bhfoireann agus tá súil againn go mbeidh imreoirí nua ag clárú arís i mblíana. Bíonn traenáil ag an h-imreoirí ar na hoileán agus chomh maith leis sin i nGaillimh. Baineann a chuid deacrachaí fhéin leis ó thaobh traenáil in éineacht mar foireann iomlán mar go bhfuil imreoirí scapthe ar thrí oileán agus a lán imreoirí eile ag fáil oideachais nó ag obair ar an mórhír. Bíonn costais breise ar an gClub agus ar an h-imreoirí ó thaobh taisteal idir oileán agus isteach agus amach go dtí an mórhír le h-aghaidh traenáil agus cluichí. Is éacht ann fhéin go bhfuil foireann ann agus an fáth go bhfuil sé indéanta ná de bharr an tiomantas, díograis agus an méid ama deonach a thugann imreoirí agus an foireann bainistíochta suas, ionas go mbeidh foireann ann. Ní obair chrua ar fad atá i gceist - is deis iontach é do dhaoine as an dtrí oileán a theacht le chéile agus is iontach go bhfuil foireann annanois agus súil againn go mbeidh leis an blianta amach romhainn don aos óg atá ag teacht aníos.

### 3.7.3 Imeachtaí eile don Óige

Eagraítear ranganna ceoil traidisiúnta agus amhránaíochta seannóis trí Ghaeilge ar an trí oileán tríd na scoileanna agus bíonn Feis bhliantúil idir-oileán ar siúl. Tá craobh de Chomholtas Ceoltóirí Éireann gníomhach in Árainn. Bíonn ranganna damhsa Gaelach trí Ghaeilge ar siúl ar an Satharn in Árainn chomh maith.

Tá club seoltóireachta a reáchtáiltear trí Ghaeilge i gCill Rónáin, Árann. Tá coiste de sheisear ag plé leis an seoltóireacht agus reachtáltear cursa chuile shamhradh. Tugtar treoir do na teagascóirí an teagasc a dhéanamh trí mheán na Gaeilge chomh fada agus is féidir.

Tá club liathróid láimhe a reáchtáiltear trí Ghaeilge an-ghníomhach in Árainn. Tá os cionn ceathracha ball sóisir sa gclub agus deichniúr daoine fásta. Glacann an fhoireann sóisir páirt i gcomórtais ar fud na tíre agus téann cuid acu ar aghaidh go dtí craobhacha an domhain. Gach aoisghrúpa – Árann agus Inis Oírr

Sa samhradh eagraítear campái peile Ghaelaigh a reáchtáiltear trí Ghaeilge ar pháirceanna peile na n-oileán. Is faoi scéim agus faoi choinníolacha Champaí Samhraidh Mhuintearais a eagraítear iad seo agus, dá bharr sin, bíonn polasaí Gaeilge ag baint leo. Tuairiscíodh go raibh sé deacair in amannta cloí leis an bpolasáí teanga de bharr go gláraíonn tuismitheoirí de bhunú Árann, chomh maith le cuairteoirí eile, a gcuid gasúir ar na campái. Is minic nach mbíonn an Ghaeilge ar a dtoil ag na gasúir ar cuaiteoirí iad. Is léir go bhfuil daoine míshásta leis an líon na gcuaiteoirí nach bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu mar gur moladh sa suirbhé ar an bpobal gur i nGaeilge ar fad a bheadh imeachtaí na gClubanna/na gCampaí Samhraidh éagsúla á reachtáil.

Oibreoidh na hOifigigh agus na Coistí Pleanála Teanga go dlúth leis na clubanna agus na heagraíochtaí ar fad a bhíonn ag obair leis an óige ar na hoileáin agus tacófar leo ar chuile bhealach atá praiticiúil lena gcuid polasaithe Gaeilge a leagan amach agus a chur i bhfeidhm. Samhlaítear go mbeidh ról lárnach ag na hOifigigh Pleanála Teanga ó thaobh áisitheoreachta agus comhairliúcháin de.

Tugtar suntas anseo chomh maith do Straitéis Óige na Gaeltachta (Fómhar, 2017) agus dá bhfuil molta ann. Tá 'géarghá le struchtúr níos láidre agus níos comhorduithe d'obair óige' (3) a deirtear sa Straitéis.

### 3.7.4 Daoine Níos Sine/ Aosaigh

#### Áras Rónáin, Árann

Tá áras cónaithe amháin ar na h-oileáin do dhaoine atá imithe in aois – Áras Rónáin in Árainn. Rinne an Comharchumann agus Coiste Áras Rónáin an-obair i dtús ama idir phleanáil agus stocaireacht leis an togra seo a chur chun cinn. Bhí an Comharchumann ag feidhmiú mar fhostóir ar feadh blianta fada chun a chinntíú go mbeadh an tlonad in ann oscailt. Tá sé anois faoi chúram an Bhoird Sláinte.

Faoi láthair, seisear atá ag cur futhú in Áras Rónáin. Cé go bhfreastalaíonn an tÁras ar dhaoine as na trí oileán is iondúil gur chuig árais chónaithe ar an mórhír a théann muintir Inis Oírr agus Inis Meáin. De bharr a dheacra agus atá sé taisteal idir na hoileáin tá sé níos éasca do mhuintir na ndaoine cuairt a thabhairt orthu má bhíonn siad lonnaithe ar an mórhír. Bíonn cúram faoishimh ar fáil in Áras Rónáin do dhaoine atá tinn go fad téarmach agus tá seomra cúram maolaítheach ann do dhaoine atá ag teacht go deireadh a saoil. Cuirtear freastal lae ar fáil in Áras Rónáin freisin agus bíonn an-tóir ar an seirbhís seo, go háirithe sa nGeimhreadh. Tá 22 duine fostaithe in Áras Rónáin faoi láthair.

Tugann gasúir bunscoile Árann cuairt ar Áras Rónáin go rialta ag casadh ceoil agus ag damhsa. Tá an caidreamh seo idir an óige agus an dream atá amach sna blianta an-tábhachtach go háirithe ó thaobh na Gaeilge, an chultúir agus na Staire de.

### Inis Meáin

Bíonn maidineacha caife eagraithe ó am go chéile. Bíonn oíche chartaí chuile Dhéardaoin sa nGeimhreadh agus san Earrach. Cuirtear drámaí ar siúl sa halla ó am go chéile agus bíonn freastal mhaith orthu, idir óg agus aosta.

### Inis Oírr

#### Comhrá na nAosach

Bunaíodh an grúpa seo i 2004 faoi scáth CCTeo. Tá sé gníomhach ó shin agus tagann idir 6-12 le chéile uair sa tseachtain, ag brath ar na himeachtaí a bhíonn leagtha amach.

Seo cuid de na himeachtaí a nglacann siad páirt iontu: Ealaín, scéalaíocht, ranganna acláiochta, turais eagraithe, fuáil, cróise agus culteáil, biongó agus damhsa agus ceol le páistí na bunscoile. Sa samhradh bíonn club lóin acu tráth a dtugann siad cuairt ar chuile chaifé ar an oileán agus eagraíonn siad cónsair faoi Nollaig freisin. Eagraítear cónsair do na haosaigh in Áras Éanna, Inis Oírr roimh na Nollag chomh maith le cúpla seisiún ceoil i rith na bliana.

Seo iad na buntáistí le bheith i do bhall de Chomhrá na nAosach, dar leis na baill féin;

- *Misneach le n-éirí amach ar maidin agus iarracht a dhéanamh caoi a chur ort fhéin 's tú fhéin a réiteach le dul amach.*
- *Rudaí nua a fhoghlaím.*
- *Comhluadar dhaoine eile, ag caint is ag comhrá leo.*
- *Ag imirt bingo agus ag caint, coinníonn sé beocht ionainn.*
- *An cupán tae!*

Agus an PLean Teanga á chur i bhfeidhm éagrófar níos mó deiseanna caidrimh idir na gasúir atá in aois bunscoile /meánscoile agus an dream níos sine sa bpobal, go háirithe an dream a bhfuil saibhreas na Gaeilge acu. Rachaidh an caidreamh seo chun tairbhe d'óg agus d'aosta araon.

### 3.8 Deiseanna Foghlama Taobh Amuigh den Chórás Oideachais

Eagraíonn CFÁ ranganna Gaeilge do dhaoine fásta in Árainn ag bunleibhéal agus meánleibhéal. Bíonn na ranganna ar siúl ar feadh na scoilbhliana agus bíonn éileamh mhaith orthu. Chomh maith leis sin bíonn 'Club Gaeilge' (ie ranganna neamh-fhoirmeáilte) ar bun i nGairmscoil Rónáin, Árann. Tá éileamh ar chineálacha eile cúrsaí Gaeilge agus tá an comharchumann ag obair i gcomhar leis an gCoiste Áitiúil Pleanála Teanga ar sceideal do chúrsaí breise d'foghlaím na Gaeilge.

In Inis Meáin tagann na ranganna Gaeilge faoi scáth an Chomhlacht Forbartha. Eagraítear na ranganna seo chuile bhliain le cabhair ó ÚnaG. Tá ranganna ag dhá leibhéal (bunleibhéal agus meánleibhéal) ar bun i mbliana agus freastal mhaith orthu. Fostaíonn Cniotáil Inis Meáin múinteoir le Gaeilge a mhúineadh.

Le breis agus scór bliain tá ranganna Gaeilge ag chuile leibhéal (bunleibhéal – ardleibhéal) á dtairiscint in Inis Oírr. Bíonn siad ar siúl go leanúnach ar feadh na bliana agus iad eagraithe ag CCTeo. Léiríonn na suirbhéanna go bhfuil dea thoradh ar na ranganna seo. Dar le codán maith díobh siúd a tógadh taobh amuigh den Ghaeltacht tá Gaeilge ‘líofa’ nó ‘réasúnta líofa’ acu faoin am seo.

Bíonn cúrsaí eile taobh amuigh den chóras Oideachais ar siúl in Árainn agus in Inis Oírr de réir élimhe, ina measc: Láimhsíú Shábhálte, Gar Chabhair agus cúrsaí mara éagsúla de réir mar a bhíonn gá leo. Eagraíonn Áras Éanna in Inis Oírr ranganna ealaíona i rith na bliana. Le blianta beaga anuas, thug Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin tacáiocht do chúrsaí éagsúla ar Inis Oírr. Tugtar deontas beag traenála don Ghrúpa ‘Mná le Chéile’ chuile bhliain, rud a chuireann ar a gcumas ceardlainne a reachtáil.

Bíonn CFIM ag obair le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, Muintearas, ÚnaG agus grúpaí eile chun cursaí a chur ar fáil taobh amuigh den chorás oideachais. Bhí cúrsaí Pas Sábhálte, garchabhair chomh maith le ranganna Gaeilge ar siúl i bhFómhar 2018.

Tá éileamh ar bhrefis deiseanna foghlama ar Árainn agus tá sé mar sprioc ag an gComharchumann Forbartha cur leis na deiseanna foghlama atá ar fáil taobh amuigh den chóras Oideachais.

Tá rún ag CCTeo, Inis Oírr a fháil amach céard iad na riachtanais breis-oideachais atá ag pobal an oiléain agus díriú ar fhreastal a dhéanamh ar na riachtanais seo sna blianta beaga amach romhainn. Oibreoidh siad i bpáirt le Coláiste Ghobnait/ GRETB le cúrsaí éagsúla, ina measc cúrsaí a mbeidh cálíocht mar thoradh orthu, a chur ar fáil.

Bhíodh deontais ón gClár Leader ar fáil do na comharchumainn agus do ghrúpaí áitiúla nuair a bhí cistí an chláir LEADER ar fáil do Chomhar na nOileán. Athraíodh structúr an chláir áfach in 2014-2020 agus is comhlacht atá lonnaithe ar an mórhír, Forum Chonamara atá i mbun an chláiranois. Níl buiséad faoi leith do na hoileáin ag Forum Chonamara.

### 3.9 *An Earnáil Ghnó agus Fostaíocht*

#### 3.9.1 Tionscal na Turasóireachta

Tá slí mhaireachtála mhaith ag eascairt as an turasóireacht ar Oileáin Árann agus tá an séasúranois i bhffad níos faide ná mar a bhíodh, sé sin 6-7 mí den bhliain. Tugann earnáil na turasóireachta festaíocht do mhuintir na n-oileán agus do na scórtha eile a thagann anseo ar thóir oibre sa samhradh. Is iomaí cineál turasóir a thugann aghaidh ar na hoileáin ina measc cuairteoirí aon lae, daoine a thógann tithe ar cíos ar feadh tréimhse, iad siúd a fhanann i dtithe lóistíne, turasóirí chúltúrtha, foghlaimeoírí Gaeilge agus an dream a dhéanann freastal ar na féilte a eagraítear ar na hoileáin. De bharr na héagsúlachta seo, tá seirbhísí nua á gcur ar fáil agus gnóanna nua á mbunú chuile bhliain ag pobal na n-oileán féin agus iad ag baint buntáistí eacnamúla as an árdú atá ag teacht go bliantiúil ar líon na gcuairteoirí. Féach thíos liosta de na lóistíní, tithe tábhairne agus bialanna a fhreastalaíonn ar thurasóirí an trí oileán Árann go séasúrach:

Árann	Inis Meáin	Inis Oírr
<b>Lóistíní</b>		
Ótán Árann	Inis Meáin Restaurant & Suites	Óstáin Inis Oírr
Tigh Fitz	Tigh Chonghaile	An Creagán B&B
Radharc na Céibhe	An Dún	Tigh Ruairí
Teach Ard Éinne	Cois Cuain	Radharc na Mara
Seacrest B&B		South Aran House
Kilmurvey House		An Móníear
Pier House Guesthouse		The Mermaids Garden
Ard Mhuiris B&B		Sailings B&B
Aran Island Camping and Glamping		Cliffs of Moher View Guesthouse
Kilronan Self Catering Holiday Homes		Ionad Campála Inis Oírr
Clai Bán B&B		
An Crúgán B&B		
An Réalóg		
<b>Tithe Tabhairne</b>		
Óstán Árann	Teach Ósta Inis Meáin	Tigh Ned
Tigh Joe Mac		Tigh Ruairí
The Bar		Óstán Inis Oírr
Tigh Joe Watty		
<b>Bialanna</b>		
Óstán Árann	An Dún	Óstán Inis Oírr
Teach Nan Phaidí	Inis Meáin Restaurant & Suites	Tigh Ruairí
Tigh Joe Watty	Tigh Chonghaile	Tigh Ned
Bayview Restaurant		Caiféanna
The Bar		

Ní buntáistí ar fad a eascraíonn as an turasóireacht, dar ndóigh. Bíonn an-bhrú ar sheirbhísí ar nós soláthar uisce agus bailiúcháin bruscair. Ar feadh codán den bhlian is gá uisce a thabhairt isteach ón mórhír go hInis Oírr. Déanadh tagairtí i suirbhé na dturasoirí don mhéid bruscair a bhí le feiceáil, go háirithe in Inis Oírr. Is gá breathnú le réiteach a fháil ar na fadhbanna seo.

Bunaíodh Cósta Gaelach Chonamara agus Árainn in 2018 chun an earnáil turasóireachta i gConamara agus Árainn a phorbairt. Is é an aidhm atá leis ná ‘tuarasóirí agus soláthróirí seirbhísí turasóireachta á mhealladh chuig conamara.ie’ (Údarás na Gaeltachta, 2019: 11).

Teastaíonn ó phobal Inis Meáin go mbeadh leibhéal réasúnta turasóireachta i gceist ar an oileán, gan teacht salach ar áilleacht an oileáin, ar an bhfeirmeoireacht ná ar an dúlra.

### 3.9.2 Tionscail na hlascaireachta

Bhí agus tá i gcónaí, an t-iascaireacht i measc na n-achmainní is luachmhaire atá ag pobal Oileáin Árann. Tá sí ar cheann de na gnéithe is spéisiúla agus is suntasaí a bhaineann le saol na n-oileáin. Tá saibhreas teanga ag baint leis an gceird nach féidir a ligean le sruth. Go stairiúil, bhí a shéasúr féin ag baint le chuile cineál iascaigh i rith na bliana. Tá sé sin imithe anois de bharr an chaoi a leagtar amach cearta iascaigh faoi stiúir an CFP (*Common Fisheries Policy*).

Faoi láthair tá 22 iascaire ag iascach in Árainn. As báid bheaga atá a bhformhór seo ag obair agus díolann siad gliomaigh agus mangacha le bialanna an oileáin.


Is le portáin agus gliomaigh is mó atá iascairí Inis Oírr ag plé anois. Ingeall ar an easpa infrastruchtúir i.e. céibh agus sleamhnáin, bíonn orthu cloai lena mbáid bheaga le slí bheatha a bhaint amach. Tá iascairí Inis Oírr ag co-oibriú le BIM, Foras na Mara, GMIT agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste ar staidéar cuimsitheach faoi shaol an ghliomaigh thart ar an oileán lena chinntiú go mbeidh bainistíocht chuí ar an iascaireachteach amach anseo.

In Inis Meáin bíonn thart ar dheichniúr ag iascaireacht go páirtaimseartha sa samhradh as báid bheaga agus curracháí ach níl slí mhaireáchtala le bhaint as an iascaireacht, fiú le linn an tséasúir féin. Teastaíonn obair a dhéanamh ar an slip ag an tseanchéibh le go bhféadfaidh na hiascairí í a úsáid beag beann ar na taoidí. Tá slip nua pleanáilte mar chuid den fhorbairt ag Céim III den Chaladh Mór, rud a chabhróidh leis na hiascairí áitiúla.


Tá ballraíocht ag iascairí as Inis Oírr agus Árann ar eagraíocht atá ionadaíoch ar iascairí oileáin na hÉireann, IIMRO. Déanann IIMRO stocaireacht ar son na n-iascairí beaga atá lonnaithe ar na hoileáin sa gcaoi go mbeidh fáil acu amach anseo ar a gcionn den iasc atá sna farraigí thart ar na hoileáin. Tá dóchas ann go n-éireoidh le feachtas bille a chur tríd an Dáil a chinnteodh cead iascaireachta ar bhonn séasúrach, agus cead diriú ar iasc eile seachas gliomaigh agus portáin de réir phatrún séasúrach inmharanaithe. Tá dóchas ann freisin go n-éireodh leis an eagras cearta iascaireachta do iascairí bháid bheaga na nOileán a chur ar bhonn inmharanaithe agus cearta atá molta i reachtaíocht na hEorpa agus ag tuairisc uile pháirtí Dála a chur i gcrích.

### 3.9.3 Ciantchomhlachtaí de chuid ÚnaG

Léiríonn figiúir 3.2 agus 3.3 líon na ndaoine atá fostaithe i gcliantchomhlachtaí de chuid ÚnaG sa LPT (2019). Tá an Coiste buíoch d'ÚnaG as ucht na figiúirí seo a chur ar fáil.



Figiúr 3-2. Fostaíocht i LPT Oileán Árann i gcliantchomhlachtaí de chuid ÚnaG, 2019.



Figiúr 3-3. Fostaíocht i LPT Oileán Árann i gcliantchomhlachtaí de chuid ÚnaG, 2019 de réir earnáil.

### 3.9.4. Na Coláistí Gaeilge

#### Coláistí Gaeilge

Chuile bhliaín tagann na céadta foghlaimeoirí Gaeilge ó fud fad na tíre chuig na **Coláistí Gaeilge** a bhíonn á reachtáil sa LPT. Is iad sin:

Oileán	Coláiste Gaeilge	Líon Freastail 2018	Líon Freastail 2019
Árann	Coláiste Ó Direáin	120	120
Inis Meáin	Gaeilge Inis Meáin	28	53 <sup>10</sup>
Inis Oírr	Coláiste Laichtín Naofa	278	290

Tábla 3-9. Colaisti Gaeilge LPT Oileán Árainn

Is ‘tionscal’ iontu féin iad na Coláistí Gaeilge agus iad fíor-thabhabitach d’eacnamaíocht an cheantair. I 2019 tháinig breis agus 400 scoláire iarbunscoile chuig an trí choláiste Gaeilge atá ag feidhmiú sa LPT gceantar. Athbhunaíodh Coláiste Gaeilge in Inis Meáin in 2018 agus tá ag éirí go maith leis. Idir tháillí na scoláirí, deontais ó RTCEGSM, airgead póca agus cuairteanna ó thuismitheoirí, measann CSPTOÁ gur fiú suim suntasach airgid – suas le €1 milliún in aghaidh na bliana – na coláistí samhraidh do gheilleagar LPTOÁ. Seo ioncam a théann díreach isteach in eacnamaíocht na h-áite. Tá breislúach chultúrtha ag baint leis na coláistí mar gur turasóireacht í atá bunaithe ar an nGaeilge mar acmhainn. Dá bhrí sin dá dtiocfaidh aon laghdú ar úsáid na Gaeilge mar theanga pobail, bheadh droch thionchar aige ar an eacnamaíocht áitiúil. Níor reáchtáil na Coláistí Gaeilge aon chúrsaí ar an trí oileáin Árann in 2020 de bharr COVID-19.

Tá cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta, gné thábhabitach den turasóireacht chultúrtha, á réachtail sa samhradh in Inis Oírr le blianta. Le dhá bhliaín anuas tá tús curtha le cúrsaí samhraidh do dhaoine fásta in Inis Meáin. Bíonn siad seo eagraithe faoi scáth CFIM agus tá ag éirí go geal leo. Eagraíonn Coláiste Ó Direáin cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta in Árainn.

Tagann scoileanna, Gaelscoileanna den chuid is mó, ó áiteanna eile ar fud na tíre, go hInis Oírr chuile bhliaín lena gcuid múinteoirí. Caitheann siad seachtain nó coicís ag fanacht i dtithe áitiúla, iad ag feabhsú a gcuid Gaeilge agus ag foghlaim faoi shaol an oileáin. Is earnáil dá chuid féin é seo a chuireann go mór le heacnamaíocht na háite, go háirithe le teacht isteach na mná tí. Dála an scéil, tá ceann de na scoileanna seo, Scoil Neasáin, ag tabhairt suas le 30 dalta go hInis Oírr chuile Bhealtaine le breis agus 35 bliain.

---

<sup>10</sup> Tháinig ardú suntasach ar líon na ndaltaí a fhreastail ar Ghaeilge Inis Meáin de bharr breis mná tí a bheith ar fáil agus breis phoiblíochta.

### 3.10. Eagraíochtaí Pobail agus na Comharchumainn

Is iad seo a leanas na heagraíochtaí pobail agus comharchumann atá ag feidhmiú sa LPT

CFÁ Árann

CFIM CTR. Inis Meáin

CCTeo Inis Oírr

#### CFÁ

Is Comharchumann Forbartha Pobail é CFÁ a bunaíodh sa m bliain 1991 le fostáiocht a thabhairt agus scéimeanna S.F.P agus S.S.T a riarradh ar an oileán i gcomhar le hÚnaG. Tugann ÚnaG comhairle agus tacaíocht chomh maith le maoiniú i bhfoirm Deontas Reachtála don chomharchumann. Bíonn An Comharchumann ag saothrú agus ag stocaireacht ar chuile ghné de shaol an phobail. Aithnítear go bhfuil go leor le déanamh le pobal an oileáin a bhuanú don todhchaí agus le go mbeidh caighdeán maireachtála na mórhíre ag muintir an oileáin. Tá an Ghaeilge fite fuaite le Stair, Oidhreacht agus saol laethúil phobal Árann. Oibríonn fochoistí de chuid an chomharchumainn ar thionscadail éagsúla mar shampla An Fóram Turasóireachta. Tá an comharchumann freagrach as Naíolann Árann, Athchúrsáil Árann, an togra REACT, bunú Gréasán Gnó Árann, gTeic Árann, Bia Farraige Árann, Breosla agus as Ionad Fiontair Árann, áit a bhfuil oifigí an Comharchumainn lonnaithe. Cuirtear Oifig agus agus tacaíocht gnó ar fáil agus cabhraíonn An Comharchumann le grúpaí deonacha agus le daoine aonair deontais a aimsiú freisin. Tá CFÁ ag forbairt spás ar an oileán chomh maith le Garraí na Dóibe.

#### CFIM

Bunaíodh CFIM Teoranta in 2016 le go mbeadh struchtúr aitheanta ar an oileán chun seirbhísí a chosaint is a fheabhsú, chun maoiniú a mhealladh, chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an oileáin, chun an t-oileán a chur chun cinn ar chaon bhealach. Tá CFIM lárnach sa bpróiséas Pleanála Teanga agus é mar chuspóir ag an gComhlacht an teanga a thabhairt slán is a bheith lárnach in aon rud a dhéanann An Comhlacht. I measc na gcúraimí atá ar an gComhlacht Forbartha tá:

- Gníomhaíochtaí pobail agus forbartha pobail a spreagadh agus a chothú trí Ghaeilge;
- Tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí forbartha agus cultúrtha a bhíonn dá bpleanáil nó dá reachtáil ag coistí agus eagraíochtaí pobail;
- Ceannródaíocht a ghlacadh i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus náisiúnta chuí i bhforbairt agus dul chun cinn an cheantair.
- Oideachas agus oiliúnt a chur ar an bpobal maidir le leas eacnamaíoch agus cultúrtha an phobail.
- Tús áite a chinntíú don teanga i ngach gné de shaol an phobail agus i ndéileáil le hEagrais sheachtracha agus stáit.
- Oibriú i gcompháirtíocht le gníomhaireachtaí stáit agus forbartha le seirbhísí ar an oileán a chaoimhniú agus a fhorbairt agus iarrataisí ar mhaoiniú a chur isteach chun áiseanna an oileáin a fheabhsú nó chun imeachtaí a eagrú.
- Guth a chur ar fáil d'Inis Meáin, agus eolas cuí a chur ar fáil do chuairteoirí agus aon eagraíocht a bhfuil suim acu san oileán ar mhaithe leis an oileán.

- Tograí straitéiseacha nua a chur ar bun a dhéanfaidh na seirbhísí agus na gnéithe seo de shaol an oileáin a chaomhnú agus a neartú:
  - Cúrsaí Sláinte
  - Cúrsaí Oideachais: Luath, Bun, Meán & Fásta
  - Cúrsaí Spóirt agus Áiseanna do Phobal uile an Oileáin
  - Cúrsaí Taistil & Lasta
  - Cúrsaí Teanga, Cultúra & Oidhreachta
  - Cúrsaí Áiseanna & Imeachtaí Pobail
  - Fostaíocht & caomhnú pobail
- Cuireadh tús le Coláiste Samhraidh do ghasúir agus Cúrsaí Gaeilge do Daoine Fásta ón mbun aníos agus táthar á bhfeabhsú ó bhliain go bliain.
- Eagraíonn An Comhlacht félte lángaelacha (Éigse Dara Beag i mí Dheireadh Fómhair) taobh amuigh den séasúr turasóireachta chun cur le geilleagar an oileáin, chun an cultúr áitiúil a chur ar ardán náisiúnta is idirnáisiúnta.
- Eagraítear cúrsaí Gaeilge do dhaoine a bhfuil cónaí orthu ar an oileán chomh maith le pas sábháilteachta, cúrsaí garchabhair, láimhseáil láimhe srl i dtreo is nach mbeidh ar dhaoine áitiúla taisteal chun freastal ar a leithéid de chúrsaí.

### **CCTeo, Inis Oírr (ceanneagraíocht an phróiseas pleannála teanga).**

Is Comharchumann Gaeltachta é CCTeo a bunaíodh agus a cláraíodh faoi Chumann Comhar-Eagraíochta na hÉireann Teoranta i 1971. Feidhmíonn comharchumainn agus comhlacthaí forbartha mar eagrais forbartha do na pobail áitiúla. Tá a gcláir oibre bunaithe ar riachtanais aitheanta agus ar fhéidearthachtaí forbartha an cheantair agus bíonn ionchur bhaill na gcoistí stiúrtha lárnach san obair. Bunaíodh CCTeo ar dtús le bunseirbhísí riachtanacha ar nós scéim leictreachais agus scéim uisce reatha a chur ar fáil. Tá An Comharchumann gníomhach i bhforbairt tionscadail agus seirbhísí m.sh soláthar áiseanna pobail, seirbhísí riarrachána agus tacaíochta. Trí dhíriú isteach ar fhorbairt acmhainní áitiúla, an timpeallacht nádúrtha, an turasóireacht, an pharraige agus an cultúr, tá sé mar aidhm ag CCTeo forbairt a dhéanamh ar shaol eacnamaíochta agus sóisialta phobal an oileáin. Cuireann ÚnaG tacaíocht láidir airgid agus comhairle ar fáil don chomharchumann agus chuile ráithe íoctar deontas i leith na gcostas reáchtála laethúla. Tá, agus bhí ó thús, cur chun cinn agus caomhnú na Ghaeilge sa bpobal lárnach i chuile ghné d'obair CCTeo.

### **Athchúrsáil Árann Teoranta (ráiteas ó CFÁ)**

Tá Athchúrsáil Árann Teoranta (ATT) ag soláthar seirbhís Athchúrsála ar thrí oileán Árann le os cionn 12 bliain. Fostaíonn ATT 8 ar an trí oileán Árann (cúigear ar Árainn, duine amháin in Inis Meáin agus beirt in Inis Oírr). Tá an comhlacht déanta suas de Chomharchumainn Forbartha Thrí Oileáin Árann agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tá an comhlacht maoinithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Faigheann an comhlacht tacaíocht agus maoiniú ó POBAL agus tá ochtar fostaithe idir na trí oileán. D'oscail siad na geataí den chéad uair sa mbliain 2001 ach thosaigh an tionscadal sa mbliain 1996. Theastaigh ó CFÁ ar Árainn aghaidh a thabhairt ar an mbealach a rabhadar ag déileáil

le bruscar ar an oiléán a athrú. B'íad Comhairle Chontae na Gaillimhe a bhí freagrach as an dramhaíl a bhailiú agus thugaidís é chuig suíomh dumpála nach raibh feiliúnach ar chor ar bith.

Tá tacáiocht agus maoiniú ó POBAL ag Athchúrsáil Árann agus cuirtear réimse leathan seirbhísí ar ard chaighdeán ar fáil ar phragas réasúnta. Bhí an tionscadal seo nua-aimseartha agus fadradharcach nuair a thosaigh sé amach mar nach raibh mórán comhlachaí i mbun athchúrsála ag an am. Go dtí an lá atá inniu ann bíonn na hoileáin mar dhea-shampla do grúpaí pobail i gceantair eile agus iad ag teacht chomh fada leis na hoileáin le scrúdú a dhéanamh ar an gcóras atá in úsáid ag Athchúrsáil Árann Teoranta.

Ar an 24 Deireadh Fómhair 2019, bhí Athchúrsáil Árann i láthair ag searmanas *Pakman Environmental Awards*. Ba é Athchúrsáil Árann ceann de na trí chomhlacht a bhí ar an gearr liosta do Thionscnamh Athchúrsála Pobail na bliana, atá urraithe ag *Enviroguide Consulting*. Bhí an-áthas orainn a fhogairt gur bhain Athchúrsáil Árann amach an chéad duais sa gcatagóir Tionscaimh Athchúrsála Pobail na bliana. Chomh maith leis sin, mar bhuaiteoirí inár gcatagóir, cuireadh ar aghaidh muid sa gcomórtas don phríomh duais. Ba mhór an onóir dúinn a fhogairt go raibh an bua againn sa bpríomh duais freisin do 2019. Tá muid fíor-bhródúil as ucht an phríomh duais seo a bhaint amach, a thugann aitheantas don sár-obair atá á dhéanamh ag an comhlacht agus ag Pobal Thrí oiléain Árann.

#### **REACT:**

Is tionscadal taighde ceithre bliana é REACT atá maoinithe faoi Chlár Horizon 2020 an Aontas Eorpaigh. Tá CFÁ páirteach sa togra seo ina mbailítear eolas ón oiléán/foirgnimh poiblí maidir lena n-úsaid fuinnimh. Tá sé mar aidhm go mbeidh oiléain ar fud na hEorpa níos éifeachtaí ó thaobh úsáid fuinnimh de agus go gcuirfear fuinneamh in-athnuaithe ar fáil do phobail féin-inbhuanaithe na n-oileán. Is é an cuspóir atá leis ná neamhspleáchas fuinnimh oiléain a bhaint amach trí shaothrú ar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaithe, an úsáid is fearr is féidir a bhaint as, trí úsáid fuinnimh agus sócmhainní stórála atá ar fáil a chur i bhfeidhm agus dul i ngleic le húsáideoirí deiridh mar phríomhpháirtithe i bpobal áitiúil.

#### **Bia Farraige Árann**

Is comhlacht nua é Bia Farraige Árann a bhunaigh CFÁ i bpáirtnéireacht le saineolaí feamainne ón Iodáil. Bunaíodh an comhlacht le táirgí orgánacha agus nádúrtha a dhéanamh ag baint úsáid as ceann de na hacmhainní nádúrtha – feamainn.

Bunaíodh an comhlacht Bia Farraige Árann trí chomhrá idir an comharchumann agus saineolaí feamainne darbh ainm Rosaria Piseri a bhí ina cónaí ar an oiléán roinnt blianta ó shin agus a bhí ag iaraidh bogadh ar ais. Chas sí le Cathaoirleach an chomharchumainn le roinnt plé a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as acmhainní nádúrtha an oiléán agus is seo a d'eascair Bia Farraige Árann.

#### **Comhar na nOileán**

Bunaíodh Comhar na nOileán le cláracha stáit a sheachadadh chuig oiléain na hÉireann. Tá Comhar na nOileán lonnaithe in Inis Oírr agus tá cúigear fostaithe san oifig ann. Cé go bhfuil sciar d'oileán

Galltachta i gceist leis na cláracha atá á seachadadh is í an Ghaeilge príomh theanga na hoifige agus tugtar tús áite don Ghaeilge i gcónaí. Tá triúr eile fostaithe ag an gcuideachta taobh amuigh d'Inis Oírr agus tá Gaeilge ag beirt acu seo.

### Cleas ctr

Bíonn meascán seirbhísí i nGaeilge á gcur ar fáil in Inis Oírr ag Cleas ar feadh na bliana, ina measc Heaicní Inis Oírr, Ionad Eolais do Chuaireoirí, siopa agus ceardlann ceardaíochta, siúlóidí faoi threoir, Seirbhís Aistriúcháin agus imeachtaí le dream óg. Chomh maith leis sin múnláionn agus díolann Cleas táirgí ceardaíochta traidisiúnta agus nua-aimseartha agus táirgí feamainne an oileáin. Caitheann Cleas aon tríu dá n-ioncam a ghiniúint as trádáil, agus táthar ag brath ar an turasóireacht lena dhéanamh.

Is í an Ghaeilge teanga cumarsáide na cuideachta mar sin, má bhíonn baill foirne ag Cleas nach bhfuil Gaeilge ar a dtuileadh acu, tugtar deis dóibh freastal ar ranganna Gaeilge le linn uaireanta oibre. Tuigeann cuairteoirí láithreach ó léarscáil mór logainmneacha Inis Oírr atá in oifig Chleas gur áit speisialta ó thaobh teanga is timpeallachta í an t-oileán Ghaeltachta seo.

### 3.11. Na Meáin Chumarsáide

Is iad na meáin áitiúla chomh maith le na meáin Bhéarla a úsáideann an phobal sa gceantar faoi láthair ná:

**Raidió:** Raidió na Gaeltachta (Gaeilge), ClareFM (beagán Gaeilge) & Galway Bay FM (beagán Gaeilge), raidió RTÉ, 2FM, Spin SW, iRadio, MidWest Radio srl.

#### Foilsíúcháin áitiúla:

Tá Nuachtlitir ag CFÁ atá dhátheangach. Tagann An Nuachtlitir amach uair sa mí agus cuitear amach nuachtlitir níos faide faoi Nollaig. Bíonn an nuacht litir ar leathanach facebook chomh maith. Tá 954 leantóir ag leathanach Facebook an chomharchumainn. Tá suíomh idirlón [www.cfarann.ie](http://www.cfarann.ie) ag an gComharchumann atá i nGaeilge freisin. Chomh maith leis sin tá 90 ball ag grúpa Whatsapp CFÁ.

Tá nuachtlitir i nGaeilge ag CFIM a thagann amach uair sa ráithe. Tá 243 leantóir ag leathanach facebook CFIM agus 15 ball den ghrúpa Whatsapp. Idir an dá rud coinníonn siad an pobal ar an eolas faoi céard atá ar bun acu.

Foilsíonn CCTeo nuachtlitir mhíosúil i nGaeilge a dháiltear ar chuile theach in Inis Oírr. Bíonn eolas anseo ar fhorbairtí sa phobal agus aon seirbhísí a bhíonn ar fáil i rith na míosa. Cuitear suas é ar an suíomh idirlín [www.discoverinisoirr.com](http://www.discoverinisoirr.com). Tá 959 leantóir ag leathanach Facebook ag CCTeo agus 84 leantóir ag leathanach Instagram CCTeo. Tá grúpa Whatsapp ag CCTeo chomh le 103 ball.

**Foilsíúcháin Seachtainiúla:** An Curadh Connachtach / *Connacht Tribune*, Galway Independent (Béarla), Galway Advertiser (colún amháin Gaeilge nach bhfuil thírithe ar na hOileáin). Foilsítear bileog Aifrinn i nGaeilge go seachtainiúil ina bhfuil fógraí pobail.

## **Idirlín.**

Árann: CFA

[www.cfarann.ie](http://www.cfarann.ie)

Inis Meáin: CFIM

<https://www.facebook.com/comhlachtforbarthainismeainlnis>

Inis Oírr: CCTeo

[www.discoverinisoirr.com](http://www.discoverinisoirr.com)

Sa suirbhé ar an bpobal (daoine 19+ bliana<sup>11</sup>), thuairiscigh siad mar seo a leanas:

Na Meáin Chumarsáide in LPT OÁ	%
Ag breathnú ar TG4 go minic	75%
Ag éisteacht le RnaG go minic	65.5%
Ag léamh ábhar i nGaeilge go minic	44.7%

Tábla 3-10. Daoine Fásta agus na Meáin Chumarsáide

## **3.12. Seirbhísí Poiblí**

Tá dlúthcheangal idir na seirbhísí poiblí ar fad atá á gcur ar fáil ar na hoileáin. Ní féidir a rá go bhfuil níos mó tábhachta ag baint le seirbhís amháin thar cheann eile, an dochtúir thar an mbanaltra nó an múinteoir, mar shampla, de bharr nach féidir leis an bpobal feidhmiú á bhfuireasa. Ag an am céanna tá seirbhísí poiblí ar nós iad seo ag brath ar sheirbhísí rochtaine cosúil le seirbhís rialta farantóireachta agus aeir (féach 3.1). Thar aon áit eile sa tír, tá gnéithe de shaol na n-oileán fite fuaite ina chéile, rud amháin ag brath ar cé chomh héifeachtach agus atá an rud eile ag feidhmiú.

### **An Garda Síochána**

Tá stáisiún ag na Gardaí Síochána i gCill Rónáin agus bíonn gardaí lonnaithe ann an chuid is mo den am. Sa nGeimhreadh bíonn an tseirbhís laghdaithe. Tugann garda as Stáisiún Chill Rónáin cuairt ar Inis Meáin agus Inis Oírr ó am go chéile. Bíonn ar chumas na ngardaí seirbhís i nGaeilge chur ar fáil do phobal na n-oileán.

### **Seirbhísí Sláinte**

Sa suirbhé ar an bpobal léiríodh díomá gur i mbÉarla ar fad beagnach a bhíonn an tseirbhís leighis a chuirtear ar fáil do na hoileánaigh ach dúradh ag an am céanna gurbh fhearr an tseirbhís a bheith ann i mbÉarla ná gan í a bheith ar fáil ar chor ar bith.

Tá dochtúir lonnaithe ar Árainn agus bíonn clinic aici Dé Máirt agus Dé hAoine. Roinntear dochtúir idir Inis Meáin agus Inis Oírr. Is in Inis Oírr a bhíonn an dochtúir seo lonnaithe agus bíonn clinic aige in Inis Meáin trí huaire sa tseachtaí. Tá éiginnteacht le fada i dtaobh an tseirbhís dochtúireachta d' Inis Oírr

<sup>11</sup> Socraíodh daoine os cionn 19 don suirbhé in áit 18 mbliana d'aois de bharr go mbíonn daoine 18 mbliana d'aois fós sa gcóras meánscolaíochta.

agus d'Inis Meáin. Faoi láthair tá dochtúir ar chonradh sealadach ag obair idir an dá oileán. Táthar ag súil go dtabharfar aghaidh air seo le linn saolré an phlean le cinntíú go mbeidh seirbhís lánaimseartha a chur ar fáil don dá oileán.. Dar ndóigh, is minic go mbíonn deacracht i gceantracha tuaithe dochtúir a fháil agus a choinneáil, ach tá na hoileáin amach ón gcósta níos leochaillaigh fós. D'fhoilsigh an FSS 'Athbhreithniú ar Sheirbhís Cúram Phríomhúil na nOileán' i mí Aibreán 2017. Tá sé mar aidhm go dtóigfar 'seirbhís éifeachtúil, inmharthana agus chothrom cúram phríomhúil sláinte [...] ar ardchaighdeán' (FSS, 2017: 11) ar oileáin na hÉireann chun 'seirbhís ionlánáioch a chur ar fáil, chomh gar don bhaile agus is féidir, do phobail oileánda' (ibid). Táthar ag súil go gcuirfear na moltaí atá sa tuarascáil maidir leis na hOileán Árann i bhfeidhm agus an plean seo á fheidhmiú.

Tá ionaid Sláinte de chuid an FSS ar chuile oileán. Tá altra fostaithe go lán-aimseartha san Ionad Sláinte in Árainn. In Inis Meáin bíonn altra ar fáil 24/7. Tá Seirbhís 'Banaltra Poiblí' ar fáil in Inis Oírr trí lá in aghaidh na seachtaine. Tugann an t-altra cuairt ina gcuid tithe orthu siúd atá ag dul in aois agus cuireann sí comhairle i dtaobh cursaí sláinte ar Chomhar na nAosach agus ar an bpobal i gcoitinne.

Tagann cleachtóirí leighis eile chuig na hoileáin ó am go chéile le seirbhísí a chur ar fáil, mar shampla coslia agus fisiteiripecoir, ach níl aon socrú seasmhach i gceist i bhformhór na gcásanna. Braitheann sé ar cé méid glaoch a bhíonn ar sheirbhís áirithe ag an am. Is minic nach mbíonn an oiread éilimh ann don chleachtóir lá a chaitheamh ar na hoileáin.

### **Seirbhísí Leasa Pobail**

Bíonn clinic ag Oifigeach Leasa Pobail in oifig an Chomharchumainn in Árainn uair sa tseachtain. Ní chuirtear aon seirbhís Leasa Pobail ar fáil in Inis Meáin ná in Inis Oírr agus glactar leis go rachaidh daoine as an dá oileán sin go hÁrann má theastaíonn uathu labhairt go pearsanta leis an Oifigeach Leasa Pobail nó go dtí an mhórthír mar aon le seirbhísí eile m.sh. seirbhísí tacaíochta fostáiochta. Is seirbhís thábhachtach é seo agus is léir go dteastaíonn sé go géar ar an trí oileán Árann.

### **Leabharlainn**

Tá Brainsí de Leabharlanna Chontae na Gaillimhe i gCill Rónáin, in Inis Oírr agus in Inis Meáin. Bíonn siad oscailte don phobal trí lá sa tseachtain i gcás Inis Oírr agus in Inis Meáin agus ceithre lá i gcás Chill Rónáin. Tá seirbhís i nGaeilge ar fáil sna leabharlanna. Agus an Plean Teanga á chur i bhfeidhm tá sé i gceist breathnú ar bhealaí le tuilleadh úsáide a bhaint as na leabharlanna ar na hoileáin go háirthe le léamh agus scríobh na Gaeilge a spreagadh agus caighdeán litearthachta sa nGaeilge a ardú i measc an phobail. Sa Suirbhé a déanadh ar an bpobal léiríodh spéis i mbunú Club Leabhar agus i gcúrsaí i scríobh na Gaeilge do chainteoír líofa. D'fhéadfá íad seo a eagrú i bpáirt leis an Leabharlann in éineacht le himeachtaí eile, do chuile aois-ghrúpa, a chuideodh le spéis a spreagadh i léamh agus scríobh na Gaeilge.

### **Seirbhísí bus**

#### **Árann**

Tháinig deireadh le seirbhís an bhus i Mí Feabhra 2016. Bhí caillteanas mór i gceist leis agus thit líon na bpaisnéirí sna blianta deiridh, rud a chur leis an gcaillteanas. Mar sin féin is léir go bhfuil an tseirbhís bus riachtanach dóibh siúd nach bhfuil bealach taistil dá gcuid féin acu, go mór mhór daoine atá suas sna blianta. Tá CFÁ sásta an tseirbhís a thosú arís. Tá fógra curtha amach ag iarraidh

teacht ar dhuine / ar chomhlacht a bheadh toilteanach Seirbhís Bus Poiblí a chur ar fáil faoi fho-chonradh.

### Inis Meáin

Cuireann comhalchtaí próbháideach seirbhís tascaí ar fáil ar an oileán.

### Inis Oírr

Chuir Cleas teo túis le *Síob an Phobail*, seirbhís iompair 7 lá na seachtaine ar feadh na bliana in 2007. In 2015, le tacaíocht na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (mar a bhí air ag an am), fritheadh mionbhus le cathaoir rotha. Idir an triúr tiománaí coinnítear an tseirbhís ar an mbóthar ó 7.30 r.n go dtí 8.30 i.n.

### 3.13. Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach:

Gné amháin den phleanáil teanga sa nGaeltacht is ea an phleanáil fhisiciúil. Faoi Chomhairle Chontae na Gaillimhe (CoConaG) atá sé polasaí a shocrú agus a chur i bhfeidhm maidir leis an bpleanáil fhisiciúil i gceantar Oileáin Árann. Chuige sin tá Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta<sup>12</sup> (PCÁG), a tháinig i bhfeidhm sa mbliaín 2008, á úsáid ag CoConaG mar threoir don chaoi a ndéileáiltear le pleanáil fhisiciúil i LPT Oileáin Árann. Tá an LPT mar cheantar amháin (Ceantar E: sa bPlean) agus deir an Comhairle Chontae ar leathanach 51;

**'GO DTABHARFAR DEIS DO PHOBAIL ÁRANN, INIS MEÁIN AGUS INIS OÍRR FANACHT INA GCÓNAÍ AR NA HOILEÁIN AGUS A MBEATHA A SHAOTHRÚ AR CHOMHCHÉIM LE SAORÁNAIGH EILE NA HÉIREANN, ACH CAOMHNÚ A DHÉANAMH AG AN AM CÉANNA AR OIDHREACHT SHAIBHIR NA N-ACMHAINNÍ NÁSIÚNTA AR LEITH ATÁ ACU – AN GHAEILGE, AN CEOL, AN BÉALOIDEAS, AN CHEARDAÍOCHT, AN TÍMPEALLAHTH THÓGTHA, AN BHITHÉAGSÚLACHT AGUS AN TÍRDHREACH NÁDÚRTHA'.**

### Céibheanna

Tá céibheanna nua-aimseartha atá fairsing agus sábhálite ar Árainn agus ar Inis Meáin. Níl céibh Inis Oírr feiliúnach ná sábhálite, go mór mór le farraigí arda sa nGeimhreadh. Anuas ar sin ní bhíonn ord ná eager ann le linn an tsamhraíd nuair a thagann na sluaite turasóirí (as Dúblainn, go háirithe) ar bháid go dtí an oileán. Is measa fós an chás nuair a bhíonn an bád lastais ag cur lastas i dtír ar an gcéibh agus báid farantóireachta ag teacht agus ag imeacht ag an am céanna. Táthar ag súil, agus é seo á scríobh, nach fada go mbeidh réiteach ar na fadhbanna seo agus go mbeidh céibh nua, chomh maith le tonnchosc, tógtha in Inis Oírr.

---

<sup>12</sup>

<http://www.galway.ie/ga/seirbhisi/pleanail/polasaiforbatha/pleannaceantairaitiula/pleanceantairaitiuielnagaeltachta2008-2018/>

Tá CFIM ag obair ar Chéim 111 den Chaladh Mór a chríochnú amach go gairid le go mbeidh sé sábháilte in aon aimsir, agus chun slip a chur ann chomh maith le leithreas poiblí. Teastaíonn obair a dhéanamh ar an slip ag Ceibh an Cór le go bhféadfaidh na hiascairí í a úsáid beag beann ar na taoidí.

Chaith muintir Árann roinnt blianta ag tabhairt aghaidh ar an ngeimhreadh agus neamhchinnteacht ann maidir leis an seirbhís farantóireachta. Rinne CFÁ stocaireacht le go mbeadh conradh farantóireachta Árann i bhfeidhm, le go gcuirfí praghasrialú sna conarthaí agus go ndéanfaí caidhpeáil ar chostas na dticéad. Cuireadh an scéal ina cheart ar deireadh nuair a tháinig conradh farantóireachta cúig bliana i bhfeidhm ó Eanáir 2017 ar aghaidh le Island Ferries Teo.

Mar atá luaite cheana cuireann an stáit tacaíocht ar fáil don seirbhís farantóireachta paisnéara as Ros a' Mhíl agus an tseirbhís lastais as duga na Gaillimhe chomh maith leis an seirbhís aeir ó Indreabhán i gConamara. Mar atá luaite cheana tá fíorthábhacht ag baint leis na seirbhísí seo le saol na n-oileánach a dhéanamh níos éasca agus níos sábháilte. Tugtar lacáiste d'oileánaigh agus iad ag taistéal ar an eitleán agus ar na báid farantóireachta. Tháinig sé chun cinn go bhfuil costas ard ag baint le costas lastais (féach mír 5.2.12), rud a mbíonn tionchar nach beag aige ar an gcostas **maireachtála**.

### **Togra Feirme Comhshaoil – AranLIFE**

Ba tionscadal taispeána é AranLIFE a bhí á fheidhmiú ar thrí Oileán Árainn ar feadh tréimhse 4 bliana ó 2014-2018 agus tá sé á chómhaoiniú faoin gclár AE ‘LIFE Nature’. Dhírig an tionscadal ar ghníomhaíochtaí feirmeoireachta ar na hoileáin taobh istigh de shuímh ainmnithe na Limistéar Speisialta Caomhantais (LSC), nascadh taithí agus eolas na bhfeirmeoirí áitiúla le saineolas eolaíoch ó pháirtithe eile an togra le theacht timpeall ar chuid de na dúshláin a bhaineann le feirmeoireacht ar oiléán agus le stádas caomhnaithe na suíomh ainmnithe a fheabhsú.

Bhí RTCEGSM ina tairbhí comhordaithe ar an tionscadal agus déanadh an tionscadal á riarradh ag foireann a bhí lonnaithe in oifig i dTeach Ceann Tuí 2, Inis Oírr, Oileán Árann. Bhí foireann an tionscadail mar ghrúpa in ann seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.

### **Caomhnú Árann**

D'éirigh le AranLIFE, ag obair i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, maoiniú a fháil do thionscnamh nua faoi Chlár Fhorbairt Tuaithe 2014-2020. Cuireadh túis leis an tionscadal ‘Caomhnú Árann’ in 2019 nuair a críochnaíodh an tionscadal AranLIFE.

Cuirfidh Caomhnú Árann le hobair AranLIFE ach úsáidfear teicneolaíocht nuálach le costas riarracháin a laghdú, le go mbeidh níos mó feilméaraí páirteach agus le scrúdú a dhéanamh ar bhealaí le hioncam feirme a fheabhsú gan fóirdheontais, ionas go mbeidh cosaint gnáthóg níos inmharthana d'fheilméaraí. Is maoiniú ionmlán €1.4 milliún atá ar fáil do Chaomhnú Árann ón gCompháirtíocht Nuálaíochta Eorpach do scéim 3 bliana. Timpeall 100 feilméara ón trí oiléain Árann a bheidh páirteach sa scéim. Rud atá éagsúil ó AranLIFE ná go bpiocfar talamh taobh amuigh den LCS le cur san áireamh sa tionscadal ach beidh próiseas roghnúcháin i gceist faoina roghnófar an talamh is feiliúnaí le haidhmeanna agus spriocanna an tionscadail a bhaint amach.

### **3.14. Seirbhísí Sóisialta agus Caithimh Aimsire**

Tá pobal beo bríomhar, agus earnáil deonach láidir, ag feidhmiú sa LPT. Léiríonn Comórtas Livcom 2013 é seo. I mí na Nollag 2013 bronnadh dhá phríomh dhuais ar Inis Oírr ag searmanas bronnta i Xiamen na Síne. 60 thír ar fad a ghlac páirt i gComórtas Livcom 2013. I measc na ngnéithe ar díriodh aird speisialta orthu sa gcur i láthair a déanadh ar son phobal Inis Oírr agus a raibh tionchar acu ar na breithimh bhí: Ionad Ealaíne Áras Éanna, imeachtaí ceardaíochta atá ar bun san oileán, tógáil claitheacha cloch, dealbhadoireacht cloiche agus An Ghaeilge.

Is iad seo a leanas na heagraíochtaí deonacha, de réir oileán, atá ag feidhmiú sa LPT:

Árann	Inis Meáin	Inis Oírr
<b>Grúpaí Pobail agus Deonach</b>		
Pátrún Inis Mór	Coiste Spóirt (iolamad imeachtaí)	Comhar na nAosach
Coiste na bpáistí	Club Cniotála	Mná le Chéile
Coiste Halla Rónáin	Rásáí i mí Lúnasa	Club Óige
Coiste Liathróid Láimhe	Éigse Dara Beag	Cumann Dúlra Inis Oírr
Coiste Peil Oileáin Árann	Grúpa Tuismitheoirí agus gasúir	Grúpa Ealaíontóirí Inis Oírr
Coiste 50/50	Grúpacampaí Samhraidh	Cumann Griangrafadóireachta I Oírr
CPTÁ	Grúpa campaí snámh	Grúpa Réal + Eolaíochta
Coiste Naónra	Grúpa siúil	Grúpa Siúil
Coiste Áras Ronáin	Karate	Cumann Liathróid Láimhe
Coiste Páirc Peile Chill Éinne	Coiste an Chalaidh Mhóir	Coiste na Rásáí
Coiste Pobail ar Aire	Coiste an aersheirbhís	Karaté
Coiste Damhsa	Grúpa Damhsa /Rince Seir	CPTIO
Mná Fiontaireacha	Grúpa acláiochta	
Comhaltas Oileáin Árainn	Coiste an Halla	
Coiste Drámaíochta Árainn	Coiste CFIM	
Coiste CFÁ	CPTIM	
Coiste Fearann an Choirce		
Coiste IFA		
Coiste SOS		
Coiste Eaglais		
Coiste Tusimitheoirí & Leanaí		
Club na nÓg		
Coiste Calafort		
Coiste Ceol & Damhsa		
Comhaltas Árann		
Coiste Club Óige don óige (7 – 12 bliain)		
<b>Comhlacthaí Pobal Bhunaithe agus eile</b>		
Comharchumann Forbartha Árann	CFIM	Áras Éanna
Comhar Creidmheasa	Comhar creidmheasa	CCTeo
Coiste Fuinneamh		Aran Life
Comhar Aonghusa		Comhar na nOileán CTR
Coiste Bád Tarrthála		Comhar Creidmheasa

Tábla 3-11. Eagraíochtaí Dheonacha agus Shóisialta.

### 3.15. Staid na Gaeilge sa Limistéar

#### 3.14.1 Teaghlaigh sa LPT agus Scéim Labhairt na Gaeilge sa LPT

Is éard a bhí i Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG), ar cuireadh deireadh leis in 2011, ná deontas a íocadh le teaghlaigh a chruthaigh, trí chigireacht ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RTCEGSM, as seo amach), go raibh an Ghaeilge á húsáid mar theanga baile leis na bpáistí a bhí faoi bhun 19 bliana d'aois. Is iad na tuismitheoirí iad féin a chuir isteach ar an scéim agus ní gach uile thuismitheoir a chur isteach air. Agus an méid sin ráite, tugann na figiúirí léargas dúinn ar úsáid na Gaeilge i measc na dteaghlach a raibh páistí óga iontu sa LPT ag an am. (SCT - nuashonraithe 2011: 49).

Torthaí SLG	SLG 2005/6	SLG% 2005/6 <sup>13</sup>	SLG 2010/11	SLG% 2010/11	Athrú % Pt. 2006-2010	Catagóir
53. Árainn	104	<b>95.4</b>	81	<b>78.6</b>	-16.8	<b>A</b>

Toghroinn: Torthaí SLG	SLG 2010/11	SLG% 2010/11	SLG 2005/6	SLG% 2005/6	Athrú% Pt. 2006- 2010	Cata góir
53. Árainn	81	<b>78.6</b>	104	<b>95.4</b>	-16.8	<b>A</b>

Tábla 3-12. SLG. Co. na Gaillimhe.2006-2011.

Tá sé le feiceáil i dtábla 3-12 go raibh titim ginearálta i lón na dteaghlach in Oileán Árainn a chuir isteach ar an scéim ó 104 sa scoilbhliain 2005/06 go dtí 81 sa scoilbhliain 2010/11. Níl sé éasca brí a bhaint as na figiúirí ach, ag cur san áireamh go raibh titim de bheagnach 17% i lón na ndeontas, SLG, a bronndadh in Oileán Árann, ní táscaire dearfach é ó thaobh bisiúlachta na teanga mar rogha theanga an teaghlaigh de. Is é an tuiscint atá léirithe ag cuid de na múinteoirí ná gur stop roinnt tuismitheoirí ag cur isteach ar an scéim cé gurbh í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh.

#### 3.15.2. Cainteoirí Laethúla Gaeilge

(Taobh istigh AGUS taobh amuigh den chóras oideachais)

Foilsíodh an ‘Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011’<sup>14</sup>) i 2007 agus rinneadh ‘nuashonrú’ air i 2015. Tá údar an staidéir le tuiscint go soiléir ón teideal. An rud is suntasaí faoin staidéar ná go ndearnadh rangú ar na ceantair Ghaeltachta (de réir toghroinne) i dtrí chatagóir, A, B agus C. Is é an bhrí a bhí le ‘Catagóir A’ ná toghroinn ina raibh **66.6%** den phobal ina ‘CLG’anna. Úsáideadh lón na ndaoine a labhair Gaeilge taobh istigh **AGUS** taobh amuigh den

<sup>13</sup> Céadadán na dteaghlach SLG de lón na dteaghlach iomlán sa toghroinn sa bhliain 2005/6 agus 2010/11.

<sup>14</sup> [http://www.udaras.ie/media/pdf/002910\\_Udaras\\_Nuashon%C3%BA\\_FULL\\_report\\_A4\\_FA.pdf](http://www.udaras.ie/media/pdf/002910_Udaras_Nuashon%C3%BA_FULL_report_A4_FA.pdf)

chóras oideachais le teacht ar<sup>15</sup> thoradh. Seo í an fhigiúr a léiríonn, i dtuairim na saineolaithe, an t-íosráta le go mbeadh beocht agus inmharthanacht ag mionteanga.

Sonraítear sa tábla thíos fainsnéis na dtoghrann a chuimsíonn Catagóir A de réir Dhaonáirimh 2011.

(Ag tógail gach Cainteoir Laethúil Gaeilge (CLG as seo amach) **san áireamh**).

Toghroinn: Daonáireamh 2011	Daonra 3+	# CLG	% CLG	Contae	Cat.
<b>53. Árainn</b>	<b>1189</b>	<b>918</b>	<b>75.7</b>	<b>Gaillimh</b>	<b>A</b>

Tábla 3-13. Cainteoirí Laethúla Gaeilge de réir an SCT 2011.

Feictear dúinn go bhfuil toghroinn Árainn sa 13ú áit (as 20) des na toghranna a bhí i gcatagóir 'A', ó thaobh labhairt na Gaeilge de.

Ag úsáid modheolaíocht den chineál céanna (i.e. Cainteoirí Laethúla Gaeilge taobh istigh **AGUS** taobh amuigh den chóras oideachais) sa daonáireamh idir 2006 agus 2016, is mar seo ata cúrsaí.

Bliain	CLG %	Foinse
2006	78.6%	SCT
2011	75.7%	(SCT + POS <sup>16</sup> )
2016	76%	POS

Tábla 3-14. % CLG de réir an daonáireamh 2006-2016.

<sup>15</sup> Tá an figiúir seo déanta seo de: Lón na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh den chóras oideachais amháin, lón na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais agus lón na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais amháin.

<sup>16</sup> An Phríomh-oifig Staidrimh nó an CSO (*Central Statistics Office*).

Briste síos de réir na gceantair beaga is mar seo ata an scéal idir 2011 agus 2016.

<b>2011<sup>17</sup></b>	<b>Eoghnacht/Cill Mhuirbhígh</b>	<b>Eochaill</b>	<b>Cill Rónáin</b>	<b>Cill Éinne</b>	<b>Árann Iomlán</b>	<b>Inis Meáin</b>	<b>Inis Oírr</b>	<b>Iomlán</b>
<b>Daonra</b>	227	158	301	159	845	157	249	<b>1251</b>
<b>os cionn 3</b>	218	153	295	154	820	154	238	<b>1212</b>
<b>CLG</b>	173	119	159	115	566	129	223	<b>918</b>
<b>% CLG</b>	<b>79.4%</b>	<b>77.8%</b>	<b>53.9%</b>	<b>74.7%</b>	<b>68.7%</b>	<b>83.8%</b>	<b>93.7%</b>	<b>75.7%</b>
<b>2016</b>	<b>Eoghnacht/Cill Mhuirbhígh</b>	<b>Eochaill</b>	<b>Cill Rónáin</b>	<b>Cill Éinne</b>	<b>Árann</b>	<b>Inis Meáin</b>	<b>Inis Oírr</b>	<b>Iomlán</b>
<b>Daonra</b>	202	143	247	170	762	183	281	<b>1226</b>
<b>os cionn 3</b>	197	138	241	163	739	179	269	<b>1187</b>
<b>CLG</b>	160	112	139	120	531	144	229	<b>904</b>
<b>% CLG</b>	<b>81.2%</b>	<b>81.2%</b>	<b>57.7%</b>	<b>73.6%</b>	<b>71.9%</b>	<b>80.4%</b>	<b>85.1%</b>	<b>76.2%</b>

Tábla 3-15. CLG de réir na ceantair beaga.



<sup>17</sup> <http://census.cso.ie/sapmap/>

### 3.15.3. CLGanna taobh amuigh den chóras oideachais (gan na cainteoirí laethúla sa chóras oideachais amháin a bheith cuimsithe).

Tá suíomh idirlín ‘An Amharcóir Pleanála Teanga’<sup>18</sup> curtha ar fáil ag RTCEGSM (RTCEGSM, as seo amach) a thugann eolas ábharthach faoin nGaeilge sna Limistéir Pleanála Teanga (LPT) sa Ghaeltacht. Ní mhór a thuisint go n-úsáideann an córas seo modheolaíocht dhifriúil ó an SCT mar ní áirítear na daoine a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil istigh sa chóras oideachais amháin sna figiúirí.

Limistéir Pleanála Teanga		
Limistéar	Oileán Árann	
Contae	Contae	na Gaillimhe
Cainteoirí Laethúla	2016	2011
Cainteoirí Laethúla Gaeilge <b>taobh amuigh den chóras oideachais</b> mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn	57.37%	63.45%
Daonra	2016	2011
Daonra lomlán	1,226	1,251
Daonra lomlán 3 bliana d'aois agus os a chionn	1,187	1,212
Líon na ndaoine le cumas labhartha Gaeilge	996	1,012
Líon na ndaoine gan cumas labhartha Gaeilge	172	177
Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais	681	769
Athrú ar líon na gCainteoirí Laethúla taobh amuigh den chóras oideachais 2011-2016 i bhfoirm %	-11.44%	

Tábla 3-16. CLG taobh amuigh den chóras oideachais.

Léiríonn tábla 3-16 líon na ndaoine a thuairiscíonn sa daonáireamh go labhraíonn siad Gaeilge **taobh amuigh** den chóras oideachais. Léirítear titim de 11.44% ó 2011 go 2016. Is ábhar buartha an titim seo dóibh siúd ar cás leo an teanga.

<sup>18</sup> <https://dahg.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=7090794ee2ca4b53bb785b84c2bd9ad8>

CLGanna taobh amuigh den chóras oideachais de réir na gceantair beaga (POS 2016);

<b>2011</b>	Eoghnacht/Cill Mhuirbhígh	Eochaill	Cill Rónáin	Cill Éinne	Árann Iomlán	Inis Meáin	Inis Oírr	Iomlán
<b>Daonra</b>	227	158	301	159	845	157	249	<b>1,251</b>
<b>os cionn 3</b>	218	153	295	154	820	154	238	<b>1,212</b>
<b>Cumas Gaeilge</b>	194	127	194	131	646	133	233	<b>1,012</b>
<b>CLG Ø chóras Oid.</b>	154	96	127	96	473	100	197	<b>770</b>
<b>% CLG Ø chóras Oid.</b>	70.6%	62.7%	43.1%	62.3%	57.7%	64.9%	82.8%	<b>63.5%</b>
<b>2016</b>	Eoghnacht/Cill Mhuirbhígh	Eochaill	Cill Rónáin	Cill Éinne	Árann	Inis Meáin	Inis Oírr	Iomlán
<b>Daonra</b>	202	143	247	170	762	183	281	<b>1,226</b>
<b>os cionn 3</b>	197	138	241	163	739	179	269	<b>1,187</b>
<b>Cumas Gaeilge</b>	177	118	175	131	601	151	244	<b>996</b>
<b>CLG Ø chóras Oid.</b>	129	82	103	77	391	94	196	<b>681</b>
<b>% CLG Ø chóras Oid.</b>	65.5%	59.4%	42.7%	47.2%	52.9%	52.5%	72.9%	<b>57.4%</b>

Tábla 3-17. Úsáid na Gaeilge de réir na gceantar beaga (taobh amuigh den chóras oideachais).

Tá sé le tabhairt faoi deara gur thit líon na ndaoine a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais ó 63.5% i 2011 go dtí 57.4% i 2016. Is é an dúshlán is mó don phlean teanga ná an taoide seo a chasadha.

---

## *4. Léargas ar Ullmhú an Phlean*

---

### **4.1. Réamhrá**

Tar éis do CCTeo a bheith ceaptha ina Cheanneagraíocht i mí Aibreán 2017 ar Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Oileán Árann cuireadh tús le feachtas feasachta le daoine a chur ar an eolas faoina raibh i gceist leis an bPleanáil Teanga. Déanadh fógraíocht fhorleathan ar na hoileán maidir leis an bpróiseas. Scaipeadh bileoga eolais ar na tithe, cuireadh eolais ar shuíomhanna idirlín na gComharchumann/ na gComhlachtaí Forbartha, i nuachtlitreacha agus ar Raidió na Gaeltachta, chomh maith leis an scéal a scaipeadh ó bhéal. Eagraíodh cruinnithe eolais ag a ndearna Bríd Ní Chualáin ó ÚnaG cur i láthair ar Phróiséas na Pleanála Teanga agus ar stáid reatha na Gaeilge sna hoileáin de réir an daonáirimh is déanaí. Bhí freastal an-mhaith ar na cruinnithe agus ba léir go raibh an-fhonn ar an dream a bhí i láthair tuilleadh a fhoghlaim faoina raibh i gceist agus gur theastaigh uathu a bheith páirteach sa bpróiséas. Glacadh le hainmniúcháin do na Coistí Áitiúla ag na cruinnithe seo.

De bharr a thábhachtaí is atá tionscal na turasóireachta d’Oileán Árann, agus a thionchar ar chuile ghné de shaol na n-oileán bheartaigh an coiste ar shuirbhé a dhéanamh i measc na dturasóirí sula mbeadh séasúr turasóireachta na bliana 2017 thart. Le cabhair na gcoistí áitiúla leagadh amach na ceistiúcháin agus bhí siad réidh le dáileadh faoi mhí Lúnasa 2017. Bhí sé mar chuspóir, go príomha, a fháil amach cén tionchar a bhí ag ár stádas Gaeltachta ar chinneadh na dturasóirí cuairt a thabhairt ar na hoileán agus cé chomh folasach nó ‘feiceáalach’ agus a bhí an Ghaeilge le linn a gcuairte. Bailíodh eolais uathu freisin i dtaobh ghnéithe eile dá saoire ar na hoileán agus tugadh deis dóibh tuairimí a nochtadh agus moltaí a chur chun cinn.

Dháiligh baill na gcoistí áitiúla na suirbhéanna ar bhialainn, ar shiopaí, ostáin, tithe líóstíne etc. Mhínigh siad do na húinéirí agus na fostaithe céard a bhí i gceist leis an tsuirbé. Chomh maith leis sin chuaigh baill an choiste go dtí áiteanna ar na hoileán a mbíonn turasóirí ag tarraingt orthu agus d’iarr siad ar dhaoine na suirbhéanna a lónadh. Tugadh rogha dóibh an ceistiúchán a lónadh isteach ar phár ag an am, nó é a dhéanamh ar líne níos déanaí. Tar éis roinnt seachtainí bailíodh na suirbhéanna ó na hionaid éagsúla agus déanadh an t-eolas ar fad a inchur ar survey monkey. Faoi mhí Dheireadh Fómhair 2017 bhí na suirbhéanna ar fad bailithe agus an t-ionchur fáisnéise déanta.

I mí Meán Fómhair 2017 tugadh cuireadh don Dochtúir Cormac Ó Brocháin, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach léachtanna poiblí a thabhairt sna trí oiléán ar impleachtaí An Pholasaí Oideachas Gaeltachta agus ar chosaint mionteangacha. Léiríodh an-spéis sna léachtanna agus lean díospóireachtaí bríomhara a chuid cainte i chuile chás. De bharr chomh gníomhach agus chomh díograsach agus a bhí na gcoistí áitiúla déanadh iarracht eile ag an staid seo cuid acu a mhealladh le bheith ina mbaill den Choiste Stiúrtha. Theip ar an iarracht, áfach. De bharr cuinsí pearsanta nó cúrsaí oibre, níor fheil sé do dhaoine a bheith as baile ó mhoch maidin go dtí deireanach tráthnóna le freastal ar chrúnnithe.

Socraíodh go ndéanfaí ceistneoirí a dheardh ag díriú ar na réimsí seo a leanas: An Mhórshuirbhé ar an bPobal, ar dhéagóirí, lucht gnó, ar eagraíochtaí dheonacha/shóisialta agus ar thurasóirí a bhí ag

cur fúthú sna hoileáin. Le comhairle ó Bhríd Ní Chualáin agus le rannpháirtíocht na gcoistí áitiúla cuireadh túis le dearadh na gceistneoirí.

Faoi túis mhí na Nollag, áfach, ba léir nach raibh mórán dul chun cinn á dhéanamh. B'éigean roinnt cruinnithe Coiste Stiúrtha a chur ar ceal de bharr cúrsaí aimsire agus níor éirigh le hiarrachtaí ar an nua-teicneolaíochta a úsáid le freastal ar dhaoine nár fhéad a bheith i láthair go pearsanta. Cuireadh ar ceal, de bharr drochaimsire chomh maith, an lá oiliúna a bhí á eagrú ar an gCeathrú Rua do bhaill an Choiste Stiúrtha agus na gCoistí Áitiúla. De bharr na gconstaicí seo chinn An Coiste Stiúrtha ar Chomhairleoir Pleanála Teanga a cheapadh leis an bpróiséas a bhrú chun cinn. Fógraíodh iarratas ar thairiscintí. Tar éis próiseas iomaíoch roghnaíodh Colm Ó Cinnseala mar chomhairleoir sa bpleanáil teanga agus síníodh conradh leis i Mí Eanáir 2018. Tá MA sa bPleanáil Teanga ag Colm agus taithí leathan aige sa réimse oibre seo.

## 4.2. An Taighde

### 4.2.1. An Taighde Tánaisteach

Mar chuid den taighde, rinne an comhairleoir analís ar an taighde a bhí déanta cheana féin ar an Limistéir Pleanála Teanga seo;

- Figiúirí na daonáirimhe (2011 agus 2016) de chuid an Phríomh-Oifig Staidrimh (An CSO). Ar fáil ag [cso.ie](http://cso.ie)
- An Córás Faisnéise Geografaí atá curtha ar fáil ar shuíomh na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tugann an suíomh seo eolas faoin nGaeilge sa LPT. Ar fáil ag <https://dahg.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=7090794ee2ca4b53bb785b84c2bd9ad8>
- An Córás Faisnéise Geografaí atá curtha ar fáil ag Pobal. Tugann an suíomh seo eolas faoi chúrsaí socheacnamaíochta agus eile an LPT. Ar fáil ag [maps.pobal.ie](http://maps.pobal.ie)
- Comhairle Contae na Gaillimhe, 2008. **Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018:** Gaillimh. Comhairle Condæ na Gaillimhe. Ar fáil ag galwaycoco.ie.
- Muintearas, 2017. **Straitéis Óige don Ghaeltacht.** Leitir Móir: Muintearas.
- Ní Ghliosáin, Órla. 2000. **Céard Fúinne? Riachtanais Dhaoine Óga Inis Oírr.** Inis Oírr: CCTeo
- Ó Briain, Daithí. 2014. **Aersheirbhís go hÁrainn a Neartóidh an Pobal go Sóisialta agus go hEacnamaíoch.** Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh.
- Ó Direáin, Séamas. 2015. **Linguistic Variation in the Aran Islands.** [aranirish.nuigalway.ie/media/DIASsurvey-2015-11-23.pdf](http://aranirish.nuigalway.ie/media/DIASsurvey-2015-11-23.pdf) (Léite 7/8/2018/).
- ② Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdhá, A. & O'Brien, M., 2007. **Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chriochnaitheach.** Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- ② Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdhá, A. & O'Brien, M., 2007. **Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhtháital agus Moltaí.** Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Giollagáin, C. & Charlton, M., 2015. **Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011.** Na Forbacha: ÚnaG.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017. **Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.** Ar fáil ag [www.education.ie](http://www.education.ie)

- Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C. & Sheahan, J., 2014. *Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ní Dhoimhín, H., 2018. *Plean Teanga Ghaeilge na Mí*. Ráth Chairn: Comharchumann Ráth Chairn. Ar fáil ag: [https://docs.wixstatic.com/ugd/aac749\\_293e4488302d4f5596795406907bd15d.pdf](https://docs.wixstatic.com/ugd/aac749_293e4488302d4f5596795406907bd15d.pdf)
- Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte, 2017. *Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cúraim Phríomhúil na nOileán*. Baile Átha Cliath: Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte. <https://www.hse.ie/eng/services/publications/primary/ar-sheirbhisi-curaim-phriomhuil-na-noilean-aibrean-2017.pdf>
- Údarás na Gaeltachta, 2019. *Ráiteas Deireadh Blíana 2019*. Gaillimh: Údarás na Gaeltachta. Ar fáil ag: <https://udaras.ie/assets/uploads/3030/04/Uidaraìs-Athbhreithniù-2019.pdf>

#### 4.2.2. An Taighde Príomha.

Mar chuid den anailís shochtheangeolaíoch ar aon phobal níor mhór breathnú ar na gnéithe seo a leanas; an teaghlach, an óige, saol sóisialta, saol na hoibre, seirbhísí (idir stáit agus áitiúil).

Roghnaíodh meascán de mhodhanna taighde, idir suirbhéanna, agallaimh agus grúpaí fócais. Tá breislúach ag baint le suirbhéanna mar tarraingítear áird ar cheist na teanga i measc an phobail. Seo a leanas an obair thaighde a déanadh;

- **Suirbhéanna**
  - An Suirbhé ar an bPobal
  - An Suirbhé ar Dhéagóirí
  - An Suirbhé ar an Lucht Ghnó
  - An Suirbhé ar na hEagraíochtaí Sóisialta/Caitheamh Aimsire
  - An Suirbhé ar Thurasóirí
- **Agallaimh le**
  - Bainisteoirí na gComhlachtaí Forbartha (CCTeo – Inis Oírr agus CFIM) agus le CFÁ .
  - Príomhoidí na mbunscoileanna
  - Príomhoidí na scoileanna iarbhunoideachais
  - Stiúrthóir Naónra Inis Móir
  - Stiúrthóir Naónra Inis Oírr
- **Grúpaí Fócais**
  - Eagraíochtaí Dheonacha / Shóisialta an trí oileáin Árann (ceannaire an club óige san áireamh)
  - Baill agus ceannaire Chlub Óige Inis Oírr

#### 4.2.3. An Suirbhé ar an bPobal

Socraíodh go ndáileofaí ceistneoir, i bhfoirm cruachóip, ar chuile theach a raibh cónaí ann ar na trí oiléan agus go mbeadh an deis ag chuile áitritheoir 19+ bliana agus ós a chionn é a lionadh isteach. Dearadh agus prioritáladh ceistneoirí tar dóibh a bheith deartha, pléite agus aontaithe ag cruinnithe den choiste stiúrtha. Bhí moltaí faigthe chomh maith ós an coistí áitiúla agus cuireadh na moltaí seo san áireamh. Bhí 12 leathanach agus 29 ceist ann agus rannóg ar leith do thuismitheoirí. Is ar bhonn na rúndachta a déanadh an suirbhé. D'fhéadfadh suas le triúr as aon teaghach amháin an ceistneoir a fhreagairt.

De bharr go bhfuil an oiread sin oiléanaigh atá ina gcónaí taobh amuigh den LPT, ach go mbreathnófaí orthu mar chuid den phobal a bhfuil tábhacht lena dtuairimí, socraíodh go mbeadh leagan arlíne den suirbhé ar fáil chomh maith féach - [www.surveymonkey.com/r/PT\\_Arainn<sup>19</sup>](https://www.surveymonkey.com/r/PT_Arainn) Déanadh an t-ionchur fáisnéise ó na cruachóipeanna sa mbunachar sonraí Surveymonkey céanna. Ní fhéadfaí aon duine ná teaghach a ghlac páirt sa suirbhé a aithint agus níor iarradh aon eolas pearsanta. Tá teacht ar an gceistneoir mar aguisín 1.

Eagraíodh feachtas feasacha faoin suirbhé. Scaipeadh bileoga eolais trí nuachtltreacha na gComharchumann agus trí fhógraí sna siopaí, oifigí poist agus séipéil. Cuireadh mír nuachta amach ar Raidió na Gaeltachta agus rinneadh agallamh faoin ábhar ar an stáisiún céanna.

Socraíodh go mbeadh an cheistneoir dhátheangach mar go raibh tábhacht le tuairimí na n-oileánach nach raibh Gaeilge ar a dtoil acu. Dháileadh an cheistneoir ar chuile theach a raibh cónaí ann.

Tugadh coicís don phobal leis an gceistneoir a líonadh isteach ach cuireadh síneadh seachtaire leis ina dhiadh sin. As 498 ceistneoir a dáileadh fuarthas 361 ceistneoir líonta isteach ar ais, sin ráta freagartha de 72.5%. Idir chrua-chóipeanna agus leaganacha leictreonacha bhí breis agus 700 freagróir i gceist. Nuair a déanadh scagadh ar na foirmeacha leictreonacha bhí cuid mhaith acu neamhchríochnaithe, rud a d'fhág 633 bailí.

Chomh maith le ceisteanna taighde tugadh deiseanna do na freagróirí a gcuid tuairimí a thabhairt maidir le réimse leathan ábhar. Sna 'ceisteanna oscailte' seo tugadh deis don phobal a chuid tuairimí a thabhairt faoi thábhacht na Gaeilge agus na Gaeltachta, na forbairtí atá ag teastáil le go mbeadh caighdeán maireachtála níos fearr ag an bpobal amach anseo, an freastal a dhéanann na seirbhísí poiblí ar mhuintir na n-oileán, úsáid na Gaeilge & rl. Bhí 7 mír ar fad ann ina bhféadfadh daoine a dtuairimí a thabhairt. Glacadh go fonnmar leis an deis agus scríobhadh na céadta moltaí agus tuairimí. Bhí na tuairimí agus na moltaí seo an-úsáideach agus tá go leor acu anois mar bhearta sa bplean.

Tá an-bhuíochas ag dul do bhaill na gcoistí áitiúla a scaip agus a bhaileigh na ceistneoirí. Ba mhór an chuidí an t-eolas áitiúil a bhí acu eg maidir leis na tithe a raibh cónaí iontu. Thart ar 500 teach a bhí i gceist. Líon 599 freagróir (a bhfuil cónaí orthu sa LPT) an suirbhé isteach. Is é sin 61.5% den phobal in aois 19+ mbliana agus ós a chionn (974 duine). Chomh maith leis sin, líon 34 duine eile, nach bhfuil

---

<sup>19</sup> Chuaigh timirí thimpeall an oiléain ó theach go teach le na ceistneoirí agus bhaileigh siad arís iad. Bhí an rogha ag daoine freisin na ceistneoirí a fhágáil ar ais isteach sa gcomharchumann cuí.

cónaí orthu in Oileán Árainn faoi láthair an cheistneoir. Ar an iomlán mar sin, is é 633 líon na bhfreagróirí bailí. Bhí idir 310 (50.8%) bean agus 300 (49.2%) fear a ghlac páirt sa suirbhé.

Scaipeadh na gCeistneoirí (cruachóipeanna)			
Oileán	Ceistneoirí scapaithe	Faighe ar ais	% ar ais
Árann	305	267	87%
Inis Meáin	70	29	41%
Inis Oírr	123	65	53%
<b>Iomlán</b>	<b>498</b>	<b>361</b>	<b>72.5%</b>

Tábla 4-1. Scapadh na gCeistneoirí.

Cé go bhfuil roinnt difríochtaí idir an fhreagairt ar an suirbhé (an ráta freagartha níos airde in Árainn, cuir i gcás) agus na céatadáin difriúil sa mhórphobal, is é ár dtuairim, ag cur chuile rud san áireamh, nach gcuirtear bailíocht an tsuirbhé as rocht. Tá muid thar a bheith sásta leis an ráta freagartha de 599 as an spriocghrúpa de 974 (daoine ina gcónaí in Oileán Árainn - 19+ bliana), is é sin 61.5%.

#### 4.2.4. An Suirbhé ar Dhéagóirí.

Scaipeadh an suirbhé ar dhéagóirí trí na scoileanna, an múnlá ceánna agus a húsáideadh don mhórshaothar taighde –SCT (Ó Giollagáin, Mac Donncha, et al, 2017). Tá muid buíoch de Dhónall Ó Braonáin (Príomhfheidhmeannach – Acadamh na hOllscolaíochta, Ollscoil na hÉireann Gaillimh) – as ucht cead a thabhairt don Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga múnlá an Acadaimh a úsáid mar theimpléad don suirbhé ar an óige i scoileanna iar-bhunoideachais LPT Oileán Árann.

Nuair shocraigh CPTOÁ suirbhé a dhéanamh ar óige an cheantair, chuaigh An Comhairleoir Pleanála Teanga agus príomhoidí an trí scoil iar-bhunoideachais i gcomhairle le chéile leis an gceistneoir a leasú agus a chur in oiriúint do LPT Oileán Árann.

Dearadh an suirbhé leictreonach ag baint úsáid as an gcóras ar SurveyMonkey agus líon na scoláirí isteach é ag deireadh mhí an Mhárta 2018.

Ghlac scoláirí i chuile scoilbhliain páirt sa suirbhé, ó aois 12 go dtí 18. Tá an-bhuíochas ag dul do na príomhoidí agus na múinteoirí as ucht a gcomhoibriú. Tá buíochas speisialta tuillte ag na scoláirí a ghlac páirt sa suirbhé.

Seo mar a bhí líon na ndaltaí ar rollaí na n-iarbunscoileanna sa LPT (Márta 2018);

Scoil	Scoláirí
Coláiste Naomh Éinne (Árann)	56
Coláiste Naomh Eoin (Inis Meáin)	40
Coláiste Ghobnait (Inis Oírr)	27
<b>Iomlán</b>	<b>123</b>

Tábla 4-2. Líon ar Rolla na h-Iarbunscoileanna

Maidir leis na figiúirí thuas, ní mór a chur san áireamh nach oiléánaigh iad leath de na scoláirí ach go dtagann siad isteach ón mórhí ar scoláireachtaí.

An Ráta Freagartha		
Scoláirí	Freagróirí	Ráta Freagartha
123	97	78.8%

Tábla 4-3. An Ráta Freagartha.

Scoláireachtaí vs. Muintir na nOileán			
Scoláireachtaí	Oileánaigh	Gan fhreagra	lomlán
47	47	3	97

Tábla 4-4. Scoláireachtaí vrs Oileánaigh.

#### 4.2.5. An Suirbhé ar an Lucht Gnó.

Beartaíodh ar fhochonradh a bhronnadh ar an gcomhlacht – Measmedia – leis an bpíosa taighde seo a dhéanamh. Bhí taithí acu ar obair den chineál seo a dhéanamh in LPTanna eile. Siad na haidhmeanna a leagadh amach do Measmedia don suirbhé seo ar lucht gnó agus seirbhísé na n-oileán ná:

- léargas a fháil ar na deiseanna atá ag an bpobal an Ghaeilge a labhairt agus iad ag úsáid seirbhísí go háitiúil
- léargas a fháil ar na deiseanna atá ag fostaithe an Ghaeilge a labhairt ina n-ionaid oibre
- An tuiscant agus cleachtas atá ag lucht gnó (úinéirí nó bainisteoirí) ina gcuid gnónna maidir leis an nGaeilge.

Sa suirbhé ardaíodh na ceisteanna seo a leanas:

1. Dearcadh an ghnó i leith na Gaeilge
2. Cumas an ghnó seirbhís chuimsitheach trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal
3. Toillteanas an ghnó feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge
4. Toillteanas an ghnó páirt a ghlacadh i scéim a chinnteodh go mbeadh seirbhís trí Ghaeilge ar fáil agus é feiceálach ag an bpobal
5. Cumas na ngnólachtaí a gcuid riarracháin a dhéanamh trí mheán na Gaeilge & an tacaíocht atá ar fáil dóibh
6. Bealaí le feabhas a chur ar an gcaighdeán maireachtála do mhuintir na n-oileán.

As an liosta de 192 gnólacht a chuir an Coiste Stiúrtha ar fáil do Measmedia, d'éisigh leo teagmháil a dhéanamh (ar an bhfón) agus suirbhé a chur i gcrích le 73 acu siúd. Arís is é SurveyMonkey a h-úsáideadh mar bhonachar sonraí. Ní raibh fáil ar chuid de na gnólachtaí nó ní raibh siad sásta a bheith páirteach. Ina ainneoin sin, cuireann an méid gnólachtaí a bhí sásta páirt a ghlacadh, torthaí sásúla ar fáil agus is sampláil mhaith iad ar an réimse gnólachtaí atá ag feidhmiú ar na hoileáin. Ar Árainn (57.75% den 73) agus ar Inis Oírr (45.07% den 73) atá an chuid is mó de na gnólachtaí a chuir an suirbhé i gcrích, rud a luíonn le réasún toisc a laghad gnónna atá lonnaithe ar Inis Meáin. Ar an mórchuid, is le húinéirí nó bainisteoirí gnó a labhraíodh agus bainisteoirí margáiochta, cuntasaíochta nó riarracháin a bhí sa gcuid eile de na rannpháirtithe.

#### 4.2.6. Suirbhé ar na hEagraíochtaí Sóisialta / Caitheamh Aimsire.

Tá tábhacht leis an earnáil seo (Eagraíochtaí Dheonacha agus Pobalbhunaithe) sa bpleanáil teanga, de bharr de bharr an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge taobh amuigh den teaghlach agus den seomra rangáin.

Tá ról lárnach ag eagraíochtaí atá ag plé leis an óige i bhforbairt imeachtaí sóisialta agus caithimh aimsire trí Ghaeilge. Cinnteoidh sé seo go bhfuil cosaint á thabhairt don cheart atá ag gasúir atá á dtógáil le Gaeilge caidreamh shóisialta a dhéanamh le Gaeilgóirí óga eile agus ag an am céanna go spreagtar an dream atá á dtógáil le teangacha eile leis an nGaeilge a labhairt.

San aiseolas a tháinig ón suirbhé ar an bpobal, dúradh gur ghá forbairt a dhéanamh ar shaol sóisialta na n-oileán leis an gcaighdeán maireachtála a fheabhsú, go háirithe sa nGeimhreadh. Chomh maith le sin is deis é an saol sóisialta do dhaoine nua isteach, nach bhfuil Gaeilge líofa acu, páirt a ghlacadh i saol an phobail agus ag an am céanna feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge ar bhealach taitneamhach. Bailíodh eolas ó na coistí pleanála teanga áitiúla maidir leis na coistí atá ag feidhmiú sa LPT agus aithníodh níos mó ná daichead eagraíocht. Dearadh ceistneoir dhátheangach simplí mar seo a leanas (féach Aguisín II) le haghaidh na n-eagraíochtaí do dhaoine fásta agus ceann eile d'eagraíochtaí atá dírithe ar an óige.

#### 4.2.7. Suirbhé ar Thurasóirí

Mar atá mínithe cheana leag an Coiste Stiúrtha, i bpáirt leis na coistí áitiúla, ceistneoir amach le dáileadh ar thurasóirí a thabharfadh cuairt ar Oileáin Árann le linn shéasúr turasóireachta na bliana 2017. Bhí sé mar chuspóir ag an gCoiste a fháil amach an raibh tábhacht ag baint le stádas Gaeltachta na n-oileán ó thaobh an turasóra de agus cé chomh ‘feiceálach’ agus a bhí An Ghaeilge dóibh le linn a gcuairte. Nuair a bhí an leagan críochnaithe, a bhí dhá theangach, réidh socraíodh gurb iad baill na gcoiste áitiúla ar an trí oileán, ag obair go deonach, a scaipfeadh iad.

Idir 18 Lúnasa agus 18 Meán Fómhair 2017 chuaigh baill na gcoistí chuig bialanna, céibheanna, óstáin, siopaí etc. Labhair siad go pearsanta le turasóirí agus d’iarr orthu an suirbhé a líonadh isteach. Bhí fáil ar an gceistneoir ar líne (i bhfoirm SurveyMonkey) chomh maith agus tugadh an córas sin mar rogha do na turasóirí freisin. Bailíodh na ceistneoirí ar pháipéar chomh luath agus a bhí siad líonta isteach. Dáileadh ceistneoirí freisin ar lucht gnó na noileán a bhíonn ag déileáil go díreach le turasóirí m.sh. lucht óstáin, tithe a leaba agus bricfeasta agus tithe tabhairne agus míniódh dóibh céard a bhí i gceist leis an suirbhé. Bailíodh na ceistneoirí ó na hionaid seo i lár mhí Mheán Fómhair. Ina dhiaidh sin rinne na coistí áitiúla an t-eolas a tháinig ó na ceistneoirí ar fad a ionchur agus déanadh anailís orthu.

#### 4.2.8 Cruinnithe Poiblí

Nuir a bhí anailís déanta ar thorthaí an taighde (Aibreán 2018) cuireadh achoimre de na torthaí ós comhair an phobail ag trí chruinniú poiblí i lár Bealtaine 2018 (ceann ar gach oileán). Ag na cruinnithe chomh maith tugadh deis don lucht freastail moltaí a thabhairt maidir le beartanna an phlean faoi na Réimsí Pleanála teanga mar atá leagaithe síos ag ÚnaG ina lámhleabhair – Treoirlínte Pleanála Teanga Eagrán 4 – Eanáir 2018. Tá an lámhleabhair ar fáil ag; [www.udaras.ie/wp-content/uploads/2018/02/Treoirl%C3%ADnte-Plean%C3%A1la-Teanga-Eagr%C3%A1n-4.pdf](http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2018/02/Treoirl%C3%ADnte-Plean%C3%A1la-Teanga-Eagr%C3%A1n-4.pdf)

Bailíodh moltaí ón bpobal ag na cruinnithe seo.

#### 4.3. Taighde – Tábal.

Tá an Coiste Stiúrtha sásta le réimse leathan an taighde chomh maith leis an ráta freagartha a bhain le suirbhé an phobail. Léiríonn an ráta freagartha i.e 61.5% den phobail in aois 19+ gur theastaigh ón bpobal a bheith a bheith páirteach sa phróiseas pleannála teanga.

Is ábhar sásaimh dúinn chomh maith an méid blúiríní eolais agus moltaí úsáideacha, a fuair muid mar ‘saor-théacs’ ón mórshuirbhé agus ó na cruinnithe poiblí.

Agus an dréachtphealán réitithe eagrófar sraith cruinnithe poiblí ag a dtabharfar deis eile don phobal a dtuairimí a thabhairt faoin bplean.

---

## 5. Torthaí an Taighde

---

### 5.1 Réamhrá

Tá cur síos déanta i Mír a 4 ar an taighde a déanadh sa LPT. Chomh maith le taighde i bhfoirm agallaimh, cruinnithe agus fócasghrúpaí, déanadh 5 phíosa taighde i bhfoirm suirbhéanna. Ba iad sin;

- An Mhórshuirbhé ar an bPobal
- Suirbhé ar Dhéagóirí
- Suirbhé ar Lucht Ghnó
- Suirbhé ar Eagraíochtaí Dheonacha / Shóisialta
- Suirbhé ar Thurasóirí

Agus muid i mbun taighde shochtheangeolaíoch, tá suim againn i dtrí réimse go h-airithe. Is iad sin:

1. **Dearcadh** na rannpháirtithe i leith na Gaeilge;
2. **Cumas** na rannpháirtithe sa nGaeilge; agus
3. Cén úsáid a bhaineann siad as an teanga?

Tá sé tábhachtach a thuisceint **gur ar bhonn féintuarascála a líonadh isteach na ceistneoirí**.

### 5.2. An Mhórshuirbhé ar an bPobal

#### 5.2.1. Cén áit ar tógadh muintir Oileáin Árainn?

Cén áit ar tógadh thú?			
Oileáin Árann. Aran Islands.	76.37%	475	
Gaeltacht Eile. Another Gaeltacht	3.54%	22	
Éire (Taobh amuigh den Ghaeltacht). Ireland (Outside the Gaeltacht).	12.70%	79	
Taobh amuigh d'Éirinn. Outside Ireland.	7.40%	46	
	Freagraí	622	
	Gan fhreagra	11	

Tábla 5-1. Cén áit ar tógadh na freagróirí?

Tá sé le feiceáil gur de bhunú Oileáin Árann 76.37% de na freagróirí agus gur as an nGaeltacht (Oileáin Árann san áireamh) 80% acu. Cé nach ionann a bheith tóghtha sa nGaeltacht agus a bheith tóghtha le Gaeilge, fós is bunchloch láidir don phleanáil teanga, gur féidir tógáil air, an lín ard seo de mhuintir Oileáin Árann gurb as an nGaeltacht dóibh.

### 5.2.2. Cé as as don phobail de réir oiléán?

Cé as Muintir Árann de réir oiléán (iad siúd a bhfuil cónaí orthu ar Oileáin Árann) ?					
	Oileáin Árann	Gaeltacht Eile	Éire (Ní Gaeltacht)	Thar Lear	Iomlán
<b>Árann</b>	304 (77%)	14 (3.5%)	43 (11%)	35 (9%)	<b>396</b>
<b>Inis Meáin</b>	54 (77%)	4 (5.7%)	10 (14.3%)	2 (2.8%)	<b>70</b>
<b>Inis Oírr</b>	95 (75.5%)	3 (2.4%)	22 (17.5%)	6 (4.76%)	<b>126</b>
					<b>592</b>

Tábla 5-2. Cárb as don phobal de réir oiléán (Ceist 3).

Bhí cónaí ar na freagróirí sna hoileáin, agus in áiteacha eile mar seo a leanas:

Áit Cónaithe	Daonra 19+ (Daonáireamh 2016)	Líon Freagróirí	% freagróirí 19+ de réir oiléán
<b>Árann</b>	612	402	66%
<b>Inis Meáin</b>	143	70	49%
<b>Inis Oírr</b>	219	127	58%
<b>Iomlán ón LPT</b>	974	599	61.5%
<b>Contae nó Cathair na Gaillimhe</b>		33	
<b>Éire (ní Gaillimh)</b>		9	
<b>Thar Lear</b>		7	
<b>Iomlán</b>		<b>648</b>	

Tábla 5-3. Áit cónaithe na bhfreagróirí..

Feictear dúinn go raibh ráta freagartha níos airde ar Árainn ná mar a bhí sa dá oiléán eile.

Tá áit chónaithe na bhfreagróirí (648) níos airde ná líon na bhfreagróirí (633) de bharr go bhfuil teach ar an mórhír ag roinnt daoine chomh maith le teach in Oileáin Árann ach go bhfuil cónaí rialta orthu sa dá áit.

Aoisghráupa	Líon na na bhfreagróirí	% na bhfreagróirí	Líon agus % na n-aoisghráupaí 19+ bliana de réir daonáirimh 2016	
19-30	74	12%	128	13% (19-29)
31-50	192	31%	280	29% (30-49)
51-65	203	32%	308	32% (50-64)
65+	156	25%	258	26% (65 +)
<b>Iomlán</b>	<b>625</b>	<b>100%</b>	<b>974</b>	<b>100%</b>
Gan fhreagra	8			

Tábla 5-1. % na bhFreagróirí de réir aoisghráupaí.

### 5.2.3. Dearcadh i leith na Gaeilge

Aimsíodh dearcadh an phobail i leith na Gaeilge trí cheisteanna a chur orthu faoin ábhar seo sna suirbhéanna a déanadh ar an bpobal agus ar na déagóirí.

## An bhfuil an Ghaeilge Tábhachtach?


Tugadh ceithre rogha sa gceistneoir.

An bhfuil an Ghaeilge tábhachtach?	Tá	Níl
Mar theanga pobail	570 (98%)	12 (2%)
Don chéad ghlúin eile	491 (97.61%)	12 (2.39%)
Ar chúiseanna oideachais	488 (96.25%)	19 (3.75%)
Mar gur fiú airgead í	201 (72.56%)	76 (27.44%)

Tábla 5-4. Tábhacht na Gaeilge (Ceist 22).

## Todhchaí na Gaeltachta

“Táthar ag rá go mb’fhéidir nach mairfidh an Ghaeltacht ach glúin eile. Cé chomh tábhachtach is atá sé duitse go mbeidh an ceantar seo ina Ghaeltacht amach anseo?”



Figiúr 5-1. Tábhacht na Gaeltachta (Ceist 23).

Léiríodh an-tacaíocht don tuairim go bhfuil tábhacht ag baint le todhchaí Árann mar Ghaeltacht. Is dearcadh dearfach é seo i gcomhthéacs na pleanála teanga.

Seo mar a freagraíodh an cheist a cuireadh ar na déagóirí: ‘Maidir leat féin an bhfuil tú i bhfábhar na Gaeilge?’


Maidir leat féin an bhfuil tú i bhfábhar na Gaeilge?	
Táim go láidir i bhfabhar na Gaeilge	26 (59%)
Táim fabhrach go leor	15 (34%)
Is cuma liom fúithi	3 (6.8%)

Tábla 5-5. bhfabhar na Gaeilge. Déagóirí. Ceist 23.

Is dearcadh dearfach é seo.

## 5.2.4 Cén cumas labhartha sa nGaeilge atá ag muintir Árann?

Cén cumas labhartha sa nGaeilge atá agaibh?



*Figiúr 5-2. Cumas labhartha sa nGaeilge (Ceist 5).*

Tuairiscíonn 81% de na freagróirí go bhfuil Gaeilge líofa acu. Tagann an toradh seo le figiúirí an daonáirimh. Ní mór a chur san áireamh go bhfuil an cheist in ár suirbhé teoranta do dhaoine 19+ bliana (i.e. níl páistí scoile i gceist) agus go n-úsáidtear na téarmaí ‘líofa’ agus ‘cainteoir dúchais’. Cé go ndearnadh chuile iarracht eachtrannaigh, a bhfuil cónaí orthu in Oileáin Árainn, a chuimsiú sa suirbhé, tá seans ann gur mó suime a bhí ag daoine a bhí bául don Ghaeilge an suirbhé a lónadh ná mar a bhí an dream gan aon Ghaeilge.

Ní mór a chur san áireamh chomh maith, nach mar a chéile ráta cumais agus ráta úsáide na Gaeilge

Cumas Gaeilge Mhuintir Árann de réir oileán						
	Cainteoir Dúchais	Cainteoir Líofa	Cainteoir Réasúnta	Beagán Gaeilge	Gan Ghaeilge	Iomlán
<b>Árann</b>	286 (73%)	24 (6%)	21 (5.4%)	49 (12.5%)	19 (5%)	392
<b>Inis Meáin</b>	56 (81%)	4 (5.8%)	6 (8.7%)	2 (3%)	1 (1.5%)	69
<b>Inis Oírr</b>	95 (75.5%)	12 (9.5%)	10 (8%)	9 (7%)	0	126

*Tábla 5-6. Cumas labhartha sa nGaeilge (Ceist 5).*


Chomh maith leis an nGaeilge, tugadh an t-eolas seo faoi chumas i dteangacha eile:

Cainteoirí teangacha eile	
Teanga	Lón Cainteoirí
Slóvaicis	3
Polainnis	2
Portaingéilis	2
Rúisis	2
Spáinnis	2
Ioruais	2
Eile	7
<b>Ionlán</b>	<b>21</b>

Tábla 5-7. Cainteoirí teangacha eile (Ceist 5).


#### 5.2.5 Cúlra Teanga na bhFreagróirí

##### Cén teanga a labhair d'athair leat agus tú i do pháiste?



Figiúr 5-3. An teanga lenár tógadh thú, d'athair (Ceist 6).

##### Cén teanga a labhair do mháthair leat agus tú i do pháiste?



Figiúr 5-4. An teanga lenár tógadh thú, do mháthair (Ceist 6).

Cén teanga a labhair tuismitheoirí na bhfreagróirí leo agus iad ag fás aníos? - de réir oileán.						
	Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Béarla den chuid is mó	Béarla amháin	Teanga eile	lomlán
<b>Árann</b>						
D'Athair.	218 (58%)	43 (11%)	30 (8%)	62 (16%)	25 (6.7%)	378
Do Mháthair.	214 (56%)	39 (10%)	41 (11%)	64 (17%)	24 (7%)	382
<b>Inis Meáin</b>						
D'Athair.	53 (78%)	4 (6%)	4 (6%)	5 (7.3%)	2 (3%)	68
Do Mháthair.	48 (72%)	3 (4.5)	8 (12%)	5 (7.5%)	2 (3%)	66
<b>Inis Oírr</b>						
D'Athair.	92 (73.6%)	6 (4.8)	3 (2.4%)	24 (19.2%)	0	125
Do Mháthair.	83 (69%)	5 (4%)	12 (10%)	20 (67.7%)	0	120


Tábla 5-8. An teanga lenár tógadh na bhFreagróirí, de réir oileán (Ceist 6).

Thuairisc 391 as 623 (**62%**) freagróir gur Gaeilge amháin a labhair **a mbeirt** thuismitheoir leo agus iad ag fás aníos. Is iad seo na cainteoirí Gaeilge a shealbhaigh an Ghaeilge óna mbeirt thuismitheoir. Is é seo an gnáth-nós in aon phobal teanga nach bhfuil faoi bhrú ó theanga eile. Sa LPT ina ionnláine thuairiscigh dhá thrian de na freagróirí, i chuile aoisghrúpa, gur **Gaeilge amháin a labhair a mbeirt tuistí** leo.

Is léir uaidh seo go ndeachaigh an córas scolaíochta agus an mórfobal Gaeilge i bhfeidhm ar chodán áirithe. Má tá Gaeilge líofa ag 81% ach nár labhair ach 66% dá dtuismitheoirí Gaeilge leo is ón scoil agus ón bpobal a d'fhoghlaim ar a laghad 10% acu an teanga. Taispeáineann sé seo tábhacht na scoileanna agus an lín cainteoirí dúchais atá sa bpobal, dhá rud a chuidíonn leis an bhfoghlaimeoir dul chun cinn a dhéanamh.

## 5.2.6. An Teanga a Úsáidtear lena bpáirtí

(má tá an freagróir i gcleamhnas)



Figíür 5-5. Má tá tú i gcleamhnas, cén teanga a labhraíonn tú le do pháirtí go hiondúil (Ceist 7)?

An teanga a úsáidtear le páirtithe (dóibh siúd lena mbaineann). Gach aoisgrúpa. Ceist 7		
	Líon	%
Gaeilge amháin	173	40
Gaeilge den chuid is mó	66	15
Béarla den chuid is mó	114	26
Béarla amháin	82	19
<b>lomlán</b>	<b>435</b>	<b>100</b>

Tábla 5-9. An teanga a labhraítear lena bpáirtí - gach freagróir (má bhaineann). Ceist 7

An teanga a úsáidtear le pártithe (dóibh siúd lena mbaineann). Aois <31. Ceist 7		
	Líon	%
Gaeilge amháin	11	24
Gaeilge den chuid is mó	7	15
Béarla den chuid is mó	19	41.3
Béarla amháin	9	19.5
<b>lomlán</b>	<b>46</b>	<b>99.8</b>

Tábla 5-10. Teanga i gCleamhna < 31 bliana (Ceist 7).

Teanga i gCleamhna. Iad siúd a bhfuil cónaí orthu in Oileáin Árann, de réir oiléán.						
	Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Béarla den chuid is mó	Béarla amháin	Níl i gceist	lomlán
<b>Árann</b>	108 (32%)	42 (12.5%)	69 (20.6%)	67 (20%)	49 (14.6%)	335
<b>Inis Meáin</b>	21 (39%)	7 (13%)	9 (16.7%)	7 (13%)	10 (18.5%)	54
<b>Inis Oírr</b>	37 (35.5%)	13 (12.5%)	27 (26%)	7 (6.7%)	20 (19%)	104

Tábla 5-11. Teanga i gCleamhna iad siúd a bhfuil cónaí orthu sna hOileáin Árann de réir oiléán (Ceist 7).


Teanga i gCleamhna. Iad siúd a bhfuil cónaí orthu in Oileáin Árann le páistí 19+						
	Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Béarla den chuid is mó	Béarla amháin	Níl i gceist	lomlán
<b>Árann</b>	8 (23.5%)	5 (15.7%)	5 (14.71%)	14 (41.2%)	2 (6%)	34
<b>Inis Meáin</b>	2 (40%)	2 (40%)	1 (20%)			5
<b>Inis Oírr</b>	3 (25%)	2 (16.7%)	7 (58.3%)	0	0	12

Tábla 5-12. Teanga i gCleamhna iad siúd a bhfuil cónaí orthu sna hOileáin Árann le paistí 19+ (Ceist 7).


Sna táblaí thusa níor cuireadh iad siúd nach bhfuil i gcleamhna san áireamh. Is é an rud is suntasaí anseo ná go dtuairiscíonn 81% den phobal gur cainteoirí líofa Gaeilge iad ach titeann sé go dtí 55% (mar a léirítear thusa), ó thaobh na Gaeilge mar theanga labhartha de (Gaeilge agus Gaeilge den chuid is mó) i gcás na ndaoine sin atá i gcleamhna le duine eile. Is patrún é aitheanta é seo go forleathan ar fud an domhain suntasach go bhfuil titim in úsáid na Gaeilge i measc na lánún is óige (féach táblaí 5.7, 5.8 agus 5.10). Léiríonn sé seo dúshláin don Ghaeilge mar theanga phobail sa todhchaí. Bheadh tionchar cinnte ag an eisimirce agus an inimirce ar an bhfigiúr seo. Más Béarla atá á labhairt ag tuismitheoirí le chéile sa teaghlach, tá impleachtaí aige seo do sheachadadh na Gaeilge chuig na páistí.

Dóibh siúd lena mbaineann, agus ar labhair a mbeirt thuismitheoirí Gaeilge nó Gaeilge den chuid is mó leo, tá 74% acu i gcleamhnais ina labhraíonn siad Gaeilge nó Gaeilge den chuid is mó lena bpáirtí.

#### 5.2.7. Cumas i Léamh agus i Scríobh na Gaeilge sa LPT



Figiúr 5-6. Cumas i léamh na Gaeilge (Ceist 8a).




Figiúr 5-7. Cumas i scríobh na Gaeilge (Ceist 8c).

Tá sé le tabhairt faoi deara go bhfuil an cumas i léamh na Gaeilge (cumas an-maith 50%) agus i scríobh na Gaeilge (cumas an-maith 40%) níos ísele ná cumas labhartha na Gaeilge (an-mhaith 50%). Ins an aiseolas a fritheadh bhí daoine, cainteoirí dúchasacha ina measc, ag iarraidh go mbeadh deiseanna foghlamtha curtha ar fáil dóibh le feabhas a cur ar a gcuid scileanna litearthachta sa nGaeilge.

## 5.2.8. Na Meáin Gaeilge

Q15 Cé chomh minic 's a léann tú / a mbreathnaíonn tú ar / a n-éisteann tú le hábhar ar na meáin Ghaeilge? How frequently do you read, watch or listen to Irish language media?




*Figiúr 5-8. Na Meáin Gaeilge (Ceist 10).*

Feictear dúinn gur ar TG4 atá an tarraingt is mó.

## 5.2.8 Úsáid na Gaeilge taobh amuigh den teaghlaigh

Q16 Cén teanga a úsáideann tú, de ghnáth, sna cásanna seo a leanas go háitiúil. Fág bán muna mbaineann an réimse leat. What language do you usually use in each of the following situations in this locality. Please leave blank if the activity does not apply to you.



*Figiúr 5-9. Úsáid na Gaeilge sa saol poiblí (Ceist 11).*

Feictear dúinn i bhfigír 5-9 go bhfuil ráta úsáide na Gaeilge níos ísle ag an bpobal agus iad ag plé leis an státhóras agus go háirithe le Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte. Is léir go labhraítar i bhfad

níos lú Gaeilge nuair atá daoine ag baint úsáide as na Seirbhísí Poiblí ná mar a labhraítear i réimsí eile dá saol. Léiríodh an-mhíshástacht san aiseolas maidir leis an soláthar de sheirbhís trí Ghaeilge atá á chur ar fáil sna hoileáin ag eagraíochtaí stáit chomh maith. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an gceist seo sa bPlean Teanga.

#### 5.2.9. Sástacht leis an bhfreastal ón na Seirbhísí Poiblí.

An bhfuil tú sásta leis an bhfreastal ón na Seirbhísí Poiblí sa cheantar -		
e.g. Sláinte, Slándáil, etc.?	Tá	Níl
<b>Árann</b>		
(a) leibhéal na seirbhísí féin	247 (77%)	75 (23%)
(b) leis an bhfreastal óna seirbhísí trí Ghaeilge?	190 (70%)	83 (30%)
<b>Inis Meáin</b>		
(a) leibhéal na seirbhísí féin	45 (65%)	24 (35%)
(b) leis an bhfreastal óna seirbhísí trí Ghaeilge?	26 (43%)	35 (57%)
<b>Inis Oírr</b>		
(a) leibhéal na seirbhísí féin	74 (70%)	32 (30%)
(b) leis an bhfreastal óna seirbhísí trí Ghaeilge?	38 (46%)	44 (54%)
<b>Suirbhé iomlán</b>		
(a) leibhéal na seirbhísí féin	378 (73%)	143 (27%)
(b) leis an bhfreastal óna seirbhísí trí Ghaeilge?	261 (59%)	180 (41%)

Figiúr 5-10. Sástacht - Seirbhísí Stáit (Ceist 16).

Thug 63 duine a dtuairim. Léiríodh an t-uafás míshástacht faoi nach raibh Gaeilge ag lucht leighis ach ag an am céanna roinnt daoine ag rá gur chuma leo faoin teanga ach seirbhís mhaith a fháil.


Samplaí de na tuairimí a tugadh:

- gur cheart go mbeadh seirbhís leighis .i. dochtúirí, banaltraí srl. le Gaeilge i nGaeilge ar fáil sa LPT
- seirbhísí leighis a leathnú amach chomh maith le seirbhísí breise a chur ar fáil
- Seirbhísí poiblí a leathnú amach m.sh. seirbhís bhus a chur ar fáil chomh maith le háiseanna a leathnú amach .i. bealach isteach do chathaoireacha rothaí sna leithris phoiblí agus ar na báid farantóireachta

Beidh sé mar chúram ar an gCPT, aitheantas a thabhairt do na riachtanais seo agus na bearta á leagan amach.

### 5.2.10. An Ghaeilge san Ionad Oibre

#### Cén teanga a labhraítear i do ionad oibre? What language is normally spoken in your workplace?



Figiúr 5-11. An Teanga san Ionad Oibre (Ceist 14).

Feictear dúinn go bhfuil ráta úsáide na Gaeilge ag 66% san ionad oibre (Gaeilge amháin ag 36% agus Gaeilge den chuid is mó ag 30%) sláintiúil go maith ach fós níos ísle ná an leibhéal cumais de 81%. Moltar go mbreathnófar sa bplean teanga ar bhealaí chun úsáid na Gaeilge a láidriú sna hionaid oibre.

### 5.2.11. Foghlaim na Gaeilge

Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?	Árann	Inis Meáin	Inis Oírr	lomlán
Ba mhaith.	145	24	23	195
Gaeilge labhartha	27	4	17	48
Gaeilge scríofa	17	2	23	50
Léamh na Gaeilge	8	1	4	13

Tábla 5-13. Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge? (Ceist 9).

Léiríonn an taighde go bhfuil an-éileamh ar fhoghlaim na Gaeilge agus **thug 134 duine tuairim** faoin gceist seo. Níor tógadh sa nGaeltacht (Oileáin Árann san áireamh) 20% den phobail (19+ bliana). Maidir leis dream níos óige sa phobal, tá a fhios againn ón taighde ar na scoláirí nach as an nGaeltacht ach thart ar 55% dá dtuismitheoirí. Dá bharr sin, tá sé fíor thábhacht go mbeadh fáil ar dheiseanna foghlama éifeachtacha Gaeilge. Bhí an-éileamh ar ranganna Gaeilge agus go leor daoine in Inis Oírr a raibh spéis acu feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge scríofa. I measc na dtuairimí a tugadh bhí:

- go mbeannófaí i nGaeilge do fhoghlaimeoirí
- Ranganna struchtúrtha agus trí Ghaeilge a chur ar fáil go rialta agus go leanúnach chomh maith le na háiseanna cuí
- Imeachtaí éagsúla trí Ghaeilge a chur ar fáil go rialta
- Fógraíocht a dhéanamh ar ranganna, imeachtaí srl.
- An Ghaeilge a chur chun cinn ar fud an trí oileán Árann trí fheachtais a reáchtáil
- Clubanna/cumainn m.sh. leabhair, scríbhneoireachta, drámaíochta a chur ar fáil

### 5.2.12. Forbairtí atá ag Teastáil in Oileáin Árann

Céard iad na rudaí/forbairtí a theastaíonn in Oileáin Árann chun go mbeadh caighdeán maireachtála níos fearr ag muintir Árann?

Bhí an-fhonn ar dhaoine an cheist seo a fhreagairt agus thug 166 (26.69%) duine a gcuid tuairimí. I measc na dtuairimí a nochtadh bhí:

- Imeachtaí agus áiseanna a chur ar fáil do ghasúir óga, do dhaoine óga agus do sheandaoine
- Feabhas a chur ar na seirbhísí taistil .i. farantóireachta agus aeir
- Feabhas a chur ar infreastreachtúr an trí oileáin Árann .i. na bóithre, na céibheanna, cúrsaí leathanbhanda, áiseanna leighis, fuinnimh ghlas, tithe shóisialta, pontúin, costais lastais a laghdú srl.
- Cur leis an lón bhfostaíocht ar an trí oileáin Árann
- Cúrsaí Turasóireachta a fheabhsú
- Féiniúlacht Gaeltachta a chur chun cinn
- Táirgí an trí oileáin a chur chun cinn
- Cead pleanála a eascú don aos óg agus daoine eile le Gaeilge


## Áitritheoirí nua isteach agus Foghlaim na Gaeilge

An chonclúid atá le baint as a bhfuil ráite ná go bhfuil an toil ag sciar mór de na daoine nua isteach an Ghaeilge a foghlaim agus a úsáid ach deiseanna foghlama éifeachtacha agus rialta (idir ranganna agus chaitheamh aimsire) a bheith curtha ar fáil dóibh chomh maith le tuiscint agus tacaíocht a fháil ó na cainteoirí líofa.

### 5.2.14. An Taighde ar Thuismitheoirí

Is cur síos é seo ar thorthaí ó rannóg faoi leith den suirbhé a bhain le tuismitheoirí

Iarradh orthu siúd a raibh páistí acu a bhí 19+ mbliana d'aois nó faoina bhun an chuid seo den suirbhé a fhreagairt. Bhí 90 freagróir (i.e. teaghach) bailí.



Figiúr 5-12. Cén teanga a labhraíonn tuismitheoirí lena bpáistí? (Ceist 21).

Cén teanga a labhraíonn sibh le bhur bpáistí (faoi 19)? LPT OÁ. (Ceist 21)						
	Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Béarla den chuid is mó	Béarla amháin	Teanga eile.	lomlán
Athair	24 (45%)	12 (23%)	12 (23%)	4 (7.5%)	1 (2%)	53
Máthair	17 (35%)	17 (35%)	11 (22%)	0	4 (8%)	49
lomlán	41 (40%)	29 (28.4%)	23 (12.7%)	4 (3.9%)	5 (4.9%)	102

Tábla 5-14. An teanga a labhraíonn tuismitheoirí lena bpáistí (Ceist 21).

Cén teanga a labhraíonn sibh le bhur bpáistí (faoi 19)? De réir oileán - Árann (Ceist 21)						
Árann	Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Béarla den chuid is mó	Béarla amháin	Teanga eile.	lomlán
Athair	12 (36%)	7 (21%)	10 (30%)	3 (9%)	1 (3%)	33
Máthair	7 (24%)	12 (41.4%)	6 (20.7%)	0	4 (13.8%)	29
lomlán	19 (30%)	19 (30%)	16 (26%)	3 (5%)	5 (8%)	62
Inis Meáin						
Athair	4 (80%)	1 (20%)	0	0	0	5
Máthair	3 (60%)	1 (20%)	1 (20%)	0	0	5
lomlán	7 (70%)	2 (20%)	1 (10%)			10
Inis Oírr						
Athair	6 (50%)	4 (33.3%)	1 (8.3%)	1 (8.3%)	0	12
Máthair	7 (58%)	3 (25%)	2 (16.7%)	0	0	12
lomlán	13 (54%)	7 (29%)	2 (8%)	0	0	24

Tábla 5-15. An teanga a labhraíonn tuismitheoirí lena bpáistí, de réir oileán.

Cén teanga a labhraíonn bhur bpáistí (faoi 19) eatarthu féin? (Ceist 23)						
Oileán	Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Béarla den chuid is mó	Béarla amháin	Teanga eile.	Iomlán
Árann	3 (10%)	11 (36.7%)	7 (23.3%)	9 (30%)	0	30
Inis Meáin	2 (50%)	2 (50%)	0	0	0	4
Inis Oírr	2 (20%)	4 (40%)	4 (40%)	0	0	10
<b>Iomlán</b>	<b>7 (15%)</b>	<b>18 (38%)</b>	<b>13 (27.6%)</b>	<b>9 (19%)</b>		<b>47</b>

Tábla 5-16. Cén teanga a labhraíonn bhur bpáistí eatarthu féin? (Ceist 23).

An ndearna tú/sibh cinneadh d'aon turas maidir le cén teanga/acha a labhródh tú/sibh le do/bhur bpáiste/í?		
	Rinne	Ní dhearna
Athair	54 (54.22%)	38 (45.78%)
Máthair	42 (48.84%)	44 (51.66)
<b>Iomlán</b>	<b>96 (54%)</b>	<b>82 (46%)</b>

Tábla 5-17. Cinneadh Maidir le Teanga (Ceist 24).

Moltar mar chuid den Phlean Teanga go spreagfaí tuilleadh tuismitheoirí le go mbeadh cinneadh déanta acu a bpáistí a thógáil le Gaeilge fiú sula mbíonn páiste ar bith acu.

### 5.2.15. An Ghaeilge sa Teaghlaigh – Suimiú.

An Ghaeilge sa teaghlaigh - Suimiú	
% de fhreagróirí a ndeir go bhfuil Gaeilge líofa acu	81%
% de thuismitheoirí le páistí 19+ a deir go bhfuil Gaeilge líofa acu	75.4%
Tuismitheoirí i gcleamhnais ina labhraíonn siad Gaeilge lena bpáirtí. <b>Gaeilge amháin (32%)</b> Gaeilge den chuid is mó (16%)	48%
Tuismitheoirí i gcleamhnais le páistí 19+ ina labhraíonn siad Gaeilge lena bpáirtí. <b>Gaeilge amháin (26%)</b> Gaeilge den chuid is mó (16.7)	42.7%
Tuismitheoirí a labhraíonn Gaeilge lena bpáistí. <b>Gaeilge amháin (44.5%)</b> Gaeilge den chuid is mó (24.7%)	69%
Tuismitheoirí a labhraíonn Gaeilge lena bpáistí atá < 19 bliain. <b>Gaeilge amháin (40%)</b> Gaeilge den chuid is mó (28.4%)	68.4%
Gasúir (<19) a labhraíonn Gaeilge lena dtuismitheoirí <b>Gaeilge amháin (34%)</b> Gaeilge den chuid is mó (24%)	58%
An teanga a labhraíonn gasúir (<19) eatarthu féin <b>Gaeilge amháin (20.5%)</b> Gaeilge den chuid is mó (31%)	51.5%

Tábla 5-18. Suimiú ar an nGaeilge sa Teaghlaigh.

Cé go ndeir **80%** de na tuismitheoirí gur cainteoirí líofa iad níl ach **48%** acu anois i gcleamhnais ina labhraíonn siad "Gaeilge/Gaeilge is mó" lena bpáirtí. D'fhéadfadh an ráta creimthe seo dúshláin amháin a chothú d'inmharthanacht na Gaeilge ar na hoileáin.

Le bheith dearfach, tá cuid acu seo (daoine le Gaeilge atá i gcleamhna nach labhraíonn Gaeilge lena bpáirtí) ag labhairt Gaeilge lena bpáistí mar atá léirithe san fhigiúr de **69%**. Tá titim leanúnach ansin maidir le líon na ngasúir a labhraíonn Gaeilge lena dtuistí, **54%** síos go **51.5%** (páistí – Gaeilge + Gaeilge den chuid is mó eatarthu féin). I roinnt teaghlaigh, tá tuismitheoirí ag labhairt Gaeilge lena bpáistí ach tá na páistí ag labhairt i mBéarla eatarthu féin. Is léiriú é seo ar an bpróiseas iompairthe teanga ó ghlúin go glúin.

#### 5.2.16. An Suirbhé ar an bPobal - Na Príomhtháitail.

- **Dáileadh na bhFreagróirí**
  - Bhí dáileadh cothrom idir inscne agus aoisghrúpaí. Bhí ráta freagartha níos airde in Árainn ná mar a bhí ar na hoileáin eile.
- **Dearcadh**
  - Tá dea-thoil le braith i leith na Gaeltachta agus 95% ag rá go bhfuil sé tábhachtach dóibh go mairfeadh an ceantar mar cheantar Gaeltachta amach anseo.
- **Cumas**
  - Is cainteoirí dúchais iad 74.3% agus cainteoirí líofa eile iad 7% de na freagróirí.
  - Tuairiscíonn 50% go bhfuil léitheoireacht ‘an-mhaith’ acu i nGaeilge.
- Tuairiscíonn 40% go bhfuil scríbhneoireacht ‘an-mhaith’ acu i nGaeilge. Tuairiscíonn 62% gur Gaeilge amháin a labhair a mbeirt thuistí leo agus iad ag fás aníos. 9% eile a thuairisc gur Gaeilge den chuid is mó a labhair a mbeirt thuismitheoirí leo.
- **Cé as do Mhuintir Árann?**
  - Tógadh 81% in Árainn agus 4% i nGaeltacht eile.
- **An tIonad Oibre**
  - Tá ráta úsáide na Gaeilge níos ísle san ionad oibre ná mar atá an céadán den phobail a bhfuil líofacht acu i nGaeilge.
- **An Ghaeilge sa Teaghlach**
  - Tuairiscíonn 75.4% de thuismitheoirí, le páistí <19, gur cainteoirí líofa Gaeilge iad.
  - Tuairiscíonn 48% de na daoine atá i gcleamhna, go bhfuil siad i gcleamhna ina labhraíonn siad Gaeilge amháin nó den chuid is mó lena bpáirtí, 15% eile go labhraíonn siad Gaeilge den chuid is mó.
  - Dóibh siúd ar labhair **a mbeirt** thuismitheoirí Gaeilge nó Gaeilge amháin leo, tá 74% acu i gcleamhna ina labhraíonn siad Gaeilge nó Gaeilge den chuid is mó lena bpáirtí.
  - Tuairiscíonn 40% de thuismitheoirí, le páistí <19, gur Gaeilge amháin a labhraíonn siad lena bpáistí, 28.4% eile go labhraíonn siad Gaeilge den chuid is mó.
  - Tuairiscíonn 15% de thuismitheoirí, le páistí 19+ gur Gaeilge amháin a labhraíonn a bpáistí le chéile, 38% eile go labhraíonn siad Gaeilge den chuid is mó.
- **Foghlaim na Gaeilge**
  - Tá éileamh ar ranganna struchtúrtha agus rialta Gaeilge go mór mhór sa gcaint ach sa nGaeilge scríofa chomh maith.
  - Tá éileamh ar imeachtaí taitneamhacha eile trí Ghaeilge mar bhealach leis an teanga a fhoghlaim agus a chleachtadh.

## 5.3 An Taighde ar na Déagóirí

### 5.3.1. Ginearálta

Nuair a bhí sé socraithe ag an gCPTOÁ suirbhé a dhéanamh ar óige an cheantair, chuaigh an taighdeoir agus príomhoidí an trí scoil iar-bhunoideachais i gcomhairle le chéile leis an gceistneoir a leasú agus a chur in oriúint do LPT Oileán Árann.

Dearadh an suirbhé leictreonach ag baint úsáid as an gcóras ar SurveyMonkey agus líon na scoláirí isteach é ag deireadh mhí an Mhárta 2018.

Tá sé tábhachtach a thuiscint ***gur ar bhonn féintuarascála a líonadh isteach na ceistneoirí***, i.e. léiríonn na torthaí dearcadh na bhfreagróirí féin. Is míniú é seo chomh maith ar an gcaoi nach mar a chéile líon na bhfreagróirí i chuile rannóg mar nár freagraíodh chuile cheist ar chuile cheistneoir. Tá gá leis na fíricí agus na fadhbanna a aithint sula ndéantar iarracht dul i ngleic leis na dúshláin agus réiteach a fháil ar na fadhbanna sochtheangeolaíochta a bhfuil tionchar acu ar úsáid na Gaeilge mar theanga scoile agus, níos tábhachtaí fós, mar theanga shóisialta i measc déagóirí an LPT.

Cuimsítear sa mhír seo daltaí atá ar ‘scoláireachtaí’ agus daltaí de bhunadh Árann. Rud suntasach a bhaineann leis an gcóras iar-bhunscolaíochta in LPT Árainn ná nach de bhunadh Árann iad thart ar leath de na scoláirí a bhíonn cláraithe sa scoil. Tagann cuid acu isteach ar scoláireachtaí (ón RTCEGSM, nó An Roinn Oideachais agus Scileanna), i gcásanna áirithe íocann tuismitheoirí ón mórhír as oideachas a gcuid páistí i scoil an oiléain. I roinnt cásanna eile is de bhunú an oiléain tuismitheoirí na scoláirí agus fanann siad ag a ngaoalta le linn na scolbhiana. Cuireann freastal na ndaltaí breise seo go mór le hinbhuanaitheacht na scoileanna agus cuidíonn siad chomh maith le heacnamaíocht na n-oileán.

An Ráta Freagartha		
Scoláirí	Freagróirí	Ráta Freagartha
123	97	78.8%

Tábla 5-19. An Ráta Freagartha - Déagóirí.

Scoláireachtaí vs. Muintir na nOileán		
Scoláireachtaí	Oileánaigh	Gan fhreagra
47	47	3

Tábla 5-20. Scoláireachtaí vs. Oileánaigh - Déagóirí.

Inscne na rannpháirtithe		
Buachaillí	Cailíní	Iomlán
57 (58.7%)	40 (41.3%)	97

Tábla 5-21. Inscne na Rannpháirtithe - Déagóirí.

Bliaín Scoile	1	2	3	Idirbhliain	Réamh- Ardteist	Ardteist	lomlán
	12 (12.4%)	13 (13.4%)	12 (12.37%)	23 (23.71%)	23 (23.71%)	14 (14.43%)	97

Tábla 5-22. Bliaín Scoile na bhFreagróirí.

Cén t-Oileán ar a bhFuil Cónaí ar na bhFreagróirí		
Árann	Inis Meáin	Inis Oírr
45 (46.4%)	34 (35%)	18 (18.6%)

Tábla 5-23. Cén t-Oileán?


Ón bpointe seo ar aghaidh socraíodh síriú isteach ar na scoláirí gur oiléánaigh iad, d'fhoinn teacht ar na fíricí maidir leis na gasúir áitiúla agus a ndearcadh faoi, a gcumas i, agus an úsáid a bhaineann siad as, an nGaeilge, a thuairisc.

Leagtar amach torthaí an taighde i gceithre mhír. Is iad sin;

- Dearcadh
- Cumas
- Úsáid
- An Córás Oideachais


### 5.3.2 Dearcadh na nDéagóirí i leith na Gaeilge

Q33 Maidir leat féin an bhfuil tú i bhfabhar na Gaeilge?




Figíúr 5-13. Dearcadh i leith na Gaeilge 1 - Déagóirí.

Mura mbeadh aon pháistí á dtógáil le Gaeilge in Oileán Árann a thuilleadh?




Figiúr 5-14. Dearcadh i leith na Gaeilge 2 - Déagóirí.




Figiúr 5-15. Dearcadh i leith na Gaeilge 3 - Déagóirí.

## Mura mbeadh oideachas trí Ghaeilge ar fáil in Árainn




Figiúr 5-16. Dearcadh i leith na Gaeilge 4 - Déagóirí.

## I gceann fiche bliain eile, an mbeidh an t-oileán ina bhfuil tú i do chónaí níos láidre nó níos laige ó thaobh na Gaeilge dar leat?



Figiúr 5-17. An Ghaeilge amach anseo.

Má bhíonn páistí agat amach anseo an mbeadh sé i gceist agat iad a thógáil le Gaeilge?



Figiúr 5-18. Páistí amach anseo, cén teanga?

Céard a dhéanfá féin le go bhfanfadh an t-oileán ar a bhfuil cónaí ort sa Ghaeltacht? Ceist 36		
	Freagróirí	%
Gaeilge a labhairt le gach aon duine a bhfuil Gaeilge acu	25	58
Fanacht sa Ghaeltacht agus obair trí mheán na Gaeilge	10	23
Gaeilge a labhairt le mo thuismitheoirí i gcónaí	3	7
Gaeilge a labhairt le mo dheartháireacha/ dheirfiúracha i gcónaí	1	2.3
Gaeilge a labhairt le mo chairde i gcónaí	1	2.3
Gaeilge a labhairt le mo bhuachaill/chailín i gcónaí	1	2.3

Tábla 5-24. Céard a dhénfa chun labahairt na Gaeilge a láidriú ar an oileán?

### 5.3.2.1. Dearcadh – Tátail.

Léiríonn tromlach an-mhór de na déagóirí (Figiúr 5.13) dearcadh thar a bheith fabhrach (59.09%) nó dearfach (34.09%) i leith na Gaeilge agus gan aon duine diúltach faoin teanga.

Léirítear tacaíocht láidir d'oideachas trí Ghaeilge agus 85% (Figiúr 5.16) á rá nach mbeadh siad sásta dá mba rud é nach mbeadh oideachas trí Ghaeilge ar fáil ar na hoileáin sa todhchaí.

Léirítear dearfacht chomh maith nuair a deir tromlach an-mhór (95% i bhfigiúr 5.18) go bhfuil sé i gceist acu a bpáistí a thógáil le Gaeilge, má bhíonn páistí acu. Tá sé suimiúil a fheiceáil i dtáighde Uí Ghliosáin in Inis Oírr (1990, 25) gur thuirisc 95% de na gasúir go raibh sé i gceist acu a bpáistí a thógáil le Gaeilge.

Léirítear míshástacht nuair a luaitear ceist na hathraithe teanga i dtreo an Bhéarla (Figiúir 5.15 ‘s 5.16).


Ach nuair a chuirtear an cheist faoi thodhchaí Árainn mar phobal Gaeltachta (Figiúr 5.17), feictear dúinn gurb é an t-éadóchas a thagann beagánín chun cinn agus 23% ag rá go mbeadh an Ghaeilge níos láidre, 25% ag rá go mbeadh sé mar atá sé anois agus 36% ag rá go mbeidh sé níos laige nó athraithe go Béarla ar fad. Is dúshlán é sa phróiseas pleánála atá amach romhainn misneach a thabhairt do na daoine óga le go gcreidfidh siad gur féidir an taoide a chasadh agus an Ghaeilge a láidriú mar theanga an phobail.

Cé nach ionann beart agus briathar, mar sin féin is toradh an-dearbach é an dea-thoil a léirítear i leith na teanga agus is fiú é seo a chur san áireamh agus an phleanáil teanga ar bun. Is bunchloch láidir é

gur féidir tógáil air agus gníomhaíochtaí praiticiúla a chur ar siúl a chruthóidh sochaí ina bhfuil úsáid na Gaeilge mar ghnáth nós ag an óige.

### 5.3.3 Cumas na nDéagóirí sa nGaeilge

#### 5.3.3.1. An raibh cónaí ort in áit eile agus más ea, cén áit?




Figiúr 5-19. Cónaí ort in Áit Eile?

Iad siúd go raibh cónaí orthu in áit eile agus iad níos óige.	
Áit	Líon
Gaeltacht eile	0
Contae na Gaillimhe	6
Éire taobh amuigh de Chontae na Gaillimhe	4
Stáit Aontaithe Mheiriceá	3
An Bheilg	1
An Phortaingéil	1
Iomlán	15


Tábla 5-25. Ca raibh cónaí ort?

Léiríonn na figiúirí seo leibhéal ard in-imirce (32%, Figiúr 5.19) agus soghluaisceachta i measc an dream óg seo sa phobal. Níor tháinig aon duine acu isteach ó Ghaeltacht eile. Caithfidh go bhfuil impleachtaí ag an leibhéal ard inimirce do chumas Gaeilge agus do labhairt na Gaeilge i measc na bhFreagróirí. Cothaíonn sé seo dúshlán don Ghaeilge mar theanga teagaisc sna scoileanna agus freisin d'úsáid na teanga go sóisialta i measc an aoisghráupa seo.

### 5.3.3.2. Cé as do thuismitheoirí na nDéagóirí?



Figiúr 5-20. Cén áit arb as do mháthair?




Figiúr 5-21. Cán áit arb as do Athair?


Caithfidh gur dúshlán d'úsáid na Gaeilge mar theanga an phobail é an leibhéal ard inimirce (46%) a léirítear sa taighde. Ní mór síriú sa phlean teanga ar a) cén chaoi leis na daoine seo a mhealladh chun an Ghaeilge a fhoghlaím go dtí leibhéal na líofachta, b) córais oliúna éifeachtacha a chur ar fáil a shásáíonn riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus c) tuismitheoirí óga a spreagadh lena bpáistí a thógáil trí Ghaeilge. Sa chás nach bhfuil fonn ar an duine (gan Ghaeilge) a phósann isteach an

Ghaeilge a fhoghlaim, ní mór cúnamh a thabhairt do na teaghlaigh seo, más toil leo é, straitéisí agus ‘plean teanga baile’ a leagan amach le go labhródh an tuismitheoir a bhfuil Gaeilge aige nó aici (más ann dó/di) an Ghaeilge leis na gasúir.

### 5.3.3.3 Cumas Gaeilge a dTuismitheoirí.



Figiúr 5-22. Cumas Gaeilge do Mháthair?




Figiúr 5-23. Cumas Gaeilge do Athair.

An Áit arb as na Tuismitheoirí	%	Gaeilge líofa nó mhaith (%)
Máthair as Árainn	54%	Máthair – 84%
Athair as Árainn	55%	Athair - 72%

Tábla 5-26. Comparáid idir an áit arb as iad, agus a gcumas sa nGaeilge - Tuismitheoirí.


Tá faisnéis shuimiúil léirithe i bhfigiúirí 5.22 agus 5.23 a léiríonn go bhfuil líon na mban a bhfuil Gaeilge mhaith acu (24%, i.e. nach cainteoirí dúchais iad) i bhfad níos airde ná líon na bhfear a bhfuil Gaeilge mhaith acu (2%, i.e. nach cainteoirí dúchais iad) dar leis na gasúir.

#### 5.3.3.4. Cén Teanga lenár Tógadh na Déagóirí?



Tábla 5-27. Cén teanga lean tógadh thú?


### 5.3.3.5. Cumas na nDéagóirí sa nGaeilge?



*Tábla 5-28. Do chumas sa nGaeilge?*

Ní mór a chur san áireamh gur ar bhonn na féintuarascála a rinneadh an suirbhé. Mar a fheictear is é tuairim na rannpháirtithe féin ná go bhfuil Gaeilge mhaith nó líofa ag 87% acu. Is ábhar spéise é seo nuair nach bhfuil ach 68% acu á dtógáil le Gaeilge nó le Gaeilge den chuid is mó (Figiúr 5.25). Caithfidh sé gurb é tionchar na scoile a ardaíonn a leibhéal cumais. Go bunúsach, tá trí sciar ann (Tábla 5.25) agus tá sé ráite ag múinteoirí go gcruthaíonn na leibhéal difriúla cumais deacrachaí sna scoileanna. Agus é sin ráite tá ag éirí leis na scoileanna leibhéal cumais na ndaltaí (féintuairiscithe) sa nGaeilge a ardú ó 64% (a tógadh le Gaeilge nó Gaeilge den chuid is mó (Figiúr 5.25) go dtí 87% a deir gur cainteoirí líofa nó maithe iad (Figiúr 5.26).

5.3.3.6. Comhrá. Comparáid idir an Ghaeilge agus an Béarla



Figiúr 5-24. Cumas comhrá – Gaeilge vs. Béarla.

5.3.3.7. Cá bhfuair na freagróirí a gcumas sa nGaeilge?

Cá bhfuair tú do Chumas sa nGaeilge, dar leat? (Is féidir níos mó ná freagra amháin a roghnú)		
Cé uaidh?	Líon	%
Ón scoil	28	62
Ó do bheirt thuismitheoirí	25	56
Ó do sheanmháthair	18	40
Ó dhaoine eile sa phobal...	17	38
Ó do sheanathair	15	33
Ó thuismitheoir amháin	13	29
Ó ghaolta eile	13	29

Tábla 5-29. Cá bhfuair tú do chumas sa Gaeilge?

Tábla 5.27. Má tá Gaeilge agat, cá bhfuair tú do chumas sa nGaeilge, dar leat? Ceist 14

Feictear dúinn go dtagann an scoil chun tosaigh ar an teaghlaigh mar fhoinsí seachadadh teanga. Toradh eile atá suimiúil ná an tionchar dearfach (ó thaobh na Gaeilge de) a imríonn gaolta eile sa teach nó comharsana ar iompar teanga na bhfreagróirí. Is acmhainn iad a bhféadfaí leas a bhaint astu chun úsáid na Gaeilge a láidriú sa teaghlaigh.

### 5.3.3.8. Comparáid idir cumas Gaeilge vs. Béarla na bhFreagróirí

	Cumas Tuisceana		Cumas Labhartha		Cumas Léitheoireachta		Cumas Scríbhneoireachta	
	Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
An-mhaith	33 (73%)	34 (77%)	23 (53%)	28 (65%)	19 (43%)	24 (55%)	21 (48%)	23 (52%)
Go Maith	9 (20%)	9 (20%)	16 (36%)	14 (33%)	15 (31%)	15 (31%)	16 (36%)	17 (39%)
Cuibheasach	1 (2.2%)	2	10	6	13	11	16	10
Lag	1 (2.2%)	0	2 (4.5%)	1 (2.2%)	0	0	2 (4.5%)	1 (2.2%)
An-Lag	1 (2.2%)	0	1 (2.2%)	0	3 (7%)	1 (2.2%)	2 (4.5%)	0

Tábla 5-30. Comparáid idir cumas Gaeilge vrs Béarla.

Tá sé suimiúil go bhfuil cumas tuisceana na rannpháirtithe i ngar a bheith cothrom sa dá theanga ach tuairiscíonn siad go bhfuil difríocht shuntasach idir a gcumas labhartha sa dá theanga (Gaeilge an-mhaith 53%, Béarla an-mhaith 65%) agus scríofa (Gaeilge an-mhaith 48%, Béarla an-mhaith, 52%).

### 5.3.3.9. Deacrachartaí ag na Déagóirí – Gaeilge vrs Béarla.

	Ní bhíonn deacracht ar bith agam		Bíonn roinnt deacracharta agam		Bíonn a lán deacracharta agam	
	Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
Fuaimeanna	33 (73%)	40 (89%)	12 (27%)	4 (9%)	0	1 (2.2%)
Litriú	25 (56%)	31 (67%)	16 (36%)	13 (28%)	4 (9%)	2 (4%)
Gramadach	17 (38%)	29 (64%)	23 (51%)	16 (36%)	5 (11%)	0
Comhrá	37 (82%)	42 (91%)	6 (13%)	4 (9%)	2 (4%)	0
Léitheoireacht	30 (66%)	36 (80%)	12 (27%)	8 (18%)	3 (7%)	1 (2%)

Tábla 5-30. Deacrachartaí Gaeilge vs. Béarla 1.

Léirítéar go bhfuil leibhéal cumais níos airde i scriobh agus i léamh an Bhéarla ná mar atá sa nGaeilge. Cuidíonn léamh i dteanga le forbairt foclóra agus le líofacht teanga. Tá a fhios againn go mbaineann an aoisghráupa seo an-úsáid as na meáin leictreonacha (féach ceist 22) agus tuairiscíonn na rannpháirtithe gur i mBéarla den chuid is mó a tharlaíonn an idirghabháil seo. Tá impleachtaí ag na figiúirí seo do shealbhú ionlán na Gaeilge is saibhre a chuimsíonn foclóir nua-aimseartha atá ábhartha don óige.

**5.3.3.10. Déagóirí - Ábhar a phlé i nGaeilge agus i mBéarla.**

	Ní bhíonn deacraacht ar bith agam		Bíonn roinnt deacracharta agam		Bíonn a lán deacracharta		Ní phléim an t-ábhar seo	
	Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
Cúrsaí popcheoil	21 (46%)	35 (76%)	11 (24%)	4 (9%)	1 (2%)	0	13 (28%)	7 (15%)
Cúrsaí Spóirt	37 (82%)	39 (87%)	2 (4%)	3 (7%)	2(4%)	0	4 (9%)	3 (7%)
Cluichí agus cúrsaí ríomhaireachta	19 (31%)	30 (65%)	12 (26%)	8 (17%)	1 (2%)	0	14 (30%)	8 (17%)
Obair Scoile	38 (83%)	41 (89%)	4 (9%)	4 (9%)	3 (6.5%)	1 (2%)	1 (2%)	0
Do shaol sóisialta	34 (74%)	40 (90%)	8 (17%)	5 (11%)	2 (4%)	0	2 (4%)	1 (2%)

Tábla 5-31. Deacrachartaí ag úsáid teanga. Gaeilge vs. Béarla 2.

**5.3.3.11. Cumas Teanga na nDéagóirí – Tátail**

Is é aois na bhfreagróirí na idir 12 bliana agus 18 bliana. Bhí cónaí ar thart ar an tríú chuid de na freagróirí, agus iad níos óige, in áiteanna nach raibh an Ghaeilge mar theanga pobail iontu (Fígiúr 8) agus ní as Árainn ach beagán thar leath dá dtuismitheoirí (Fígiúirí 5.20 agus 5.21). Caithfidh go bhfuil tionchar ar chumas na bhfreagróirí sa nGaeilge ag an ‘inimirce’ seo.

Léiríonn Fígiúr 5.25 go bhfuil taithí an-teangamheascaithe ag na freagróirí, mar ghrúpa, agus gan ach duine as gach cúigear acu á dtógáil le Gaeilge amháin agus dhá thriain acu á dtógáil le meascán de Ghaeilge agus Béarla.

Tuairiscíonn 57% de na freagróirí (Fígiúr 5.26) go bhfuil Gaeilge líofa acu agus 30% eile go bhfuil ‘Gaeilge mhaith’ acu. Is toradh dearfach é seo, ach nuair a cuirtear ceisteanna eile orthu ar nós na scileanna atá acu sa dhá theanga (tagann an Béarla beagáinín chun cinn) agus na deacrachartaí a bhaineann leis an dá theanga (tagann an Ghaeilge beagáinín chun cinn).

Bheadh sé mar aidhm lárnach sa phlean teanga go dtiocfadh ardú ar líon na dtuismitheoirí a bhfuil an cumas agus an toil acu an Ghaeilge a labhairt lena bpáistí chomh maith le hardú ar líon na ndéagóirí a labhraíonn Gaeilge.

### 5.3.4. Déagóirí agus Úsáid na Gaeilge

#### 5.3.4.1. An teanga a labhraítear sa teach

Cén teanga a labhraíonn tusa leis na daoine seo a leanas i do theach (Ceist 20)						
	GAEILGE I GCÓNAÍ	GAEILGE DEN CHUID IS MÓ	BÉARLA DEN CHUID IS MÓ	BÉARLA I GCÓNAÍ	NÍ BHAINNEANN	Iomlán
Le d'athair	17 (38%)	7 (16%)	8 (18%)	10 (23%)	2 (4.5%)	44
Le do mháthair	10 (22%)	13 (29%)	14 (31%)	8 (18%)	0	45
Sibhlí níos sine	9 (22%)	8 (19.4%)	6 (14.6%)	7 (17%)	11 (27%)	41
Sibhlí níos óige	9 (21%)	9 (21%)	9 (21%)	3 (7%)	13 (30%)	43

Tábla 5-32. An teanga a úsáideann tú sa mbaile.

#### 5.3.4.2. Na hÁiteanna ina labhraítear an Ghaeilge

Cén teanga a labhraíonn tú sna háiteanna agus ag na himeachtaí seo a leanas? (Ceist 21)						
	GAEILGE I GCÓNAÍ	GAEILGE DEN CHUID IS MÓ	BÉARLA DEN CHUID IS MÓ	BÉARLA I GCÓNAÍ	NÍ BHAINNEANN	Iomlán
Ag an scoil	18 (40%)	20 (44.4%)	6 (13%)	1 (2%)	0	45
Le do chairde tar éis na scoile	9 (20%)	10 (22%)	19 (42%)	7 (16%)	0	45
Ag imeachtaí spóirt scoile	19 (42%)	15 (33%)	6 (13%)	2 (4.4%)	7 (7%)	45
Ag imeachtaí spóirt eile	11 (24.4%)	16 (33.3%)	9 (20%)	5 (11%)	4 (9%)	45
Ag imeachtaí sóisialta	9 (20%)	15 (33%)	17 (38%)	3 (6.7%)	1 (2%)	45
I dtithe cairde	8 (18%)	13 (29%)	16 (35.5%)	7 (15.5%)	1 (2%)	45
I do theach féin	13 (29%)	11 (24.4%)	15 (33%)	6 (13.3%)	0	45
Ar an tsráid	9 (20%)	14 (31%)	14 (31%)	8 (18%)	0	45

Tábla 5-33. Cén áit a labhraíonn tú Gaeilge?

Léiríonn torthaí na taighde go bhfuil an Béarla chun tosaigh mar theanga sóisialta i measc na bhfreagróirí, go háirithe taobh amuigh de gheataí na scoile agus iad ag plé lena comhaoisigh, bíodh sé sin sa teaghlach nó taobh amuigh de. Feictear dúinn go bhfuil gá leis an nGaeilge a chur chun cinn ar an mBéarla go háirithe i saol sóisialta na n-óg.

5.3.4.3. Déagóirí agus an Ghaeilge Scríofa.

Cé chomh minic agus a dhéanann déagóirí na rudaí seo a leanas?						
	I gCÓNAÍ	BEAGNACH I gCÓNAÍ	ANOIS IS ARÍS	GO hANNAMH	RIAMH	lomlán
An leagan Gaeilge de d'ainm a úsáid	26 (56.5%)	7(15.2%)	5(10.9%)	2(4.3%)	6(13.0%)	46
An leagan Béarla de d'ainm a úsáid	10 (22.2%)	7(15.6%)	9(20.0%)	8(17.8%)	11(24.4%)	45
An leagan Gaeilge de do sheoladh a úsáid	21 (47.7%)	8(18.2%)	10(22.7%)	2(4.5%)	3(6.8%)	44
An leagan Béarla de do sheoladh a úsáid	4(8.9%)	10(22.2%)	10(22.2%)	10(22.2%)	11(24.4%)	45
Téacsanna fón póca i nGaeilge a sheoladh	3(6.7%)	4(8.9%)	11(24.4%)	12(26.7%)	15(33.3%)	45
Téacsanna fón póca i mBéarla a sheoladh	21(46.7%)	21(46.7%)	2(4.4%)	0(0.0%)	1(2.2%)	45
Rphost i nGaeilge a sheoladh	4(8.9%)	4(8.9%)	14(31.1%)	10(22.2%)	13(28.9%)	45
Rphost i mBéarla a sheoladh	14(31.8%)	12(%)	7(15.9%)	4(9.1%)	7(15.9%)	44
Scríobh sna meáin shóisialta i nGaeilge	4(8.9%)	2(4.4%)	15(33.3%)	13(28.9%)	11(24.4%)	45
Scríobh sna meáin shóisialta i mBéarla	21(46.7%)	17(37.8%)	5(11.1%)	0(0.0%)	2(4.4%)	45

Tábla 5-34. Déagóirí agus an Ghaeilge Scríofa.

Déagóirí agus na Meáin Shóisialta			
	I gCónaí + Beagnach i gCónaí		I gCónaí + Beagnach i gCónaí
Téacs i nGaeilge	7	Téacs i mBéarla	42
Rphost i nGaeilge	8	Rphost i mBéarla	26
Meáin Shóis i nGaeilge	4	Meáin Shóis i mBéarla	38
	19 (15.2%)		106 (84.8%)


Tábla 5-35. Rogha teanga – an teicneolaíocht nua. Gaeilge vs. Béarla. Ceist 22.

Feictear dúinn go bhfuil úsáid an Bhéarla (85%) i bhfad chun tosaigh ar an nGaeilge (15%) agus na daoine óga ag úsáid na nuatheicneolaíochta. Cothaíonn sé seo dúshlán d'úsáid na Gaeilge mar a rogha theanga sóisialta nuair a chuirtear san áireamh an méid ama a chaitheann an aoisgrúpa seo ar a gcuid guthán agus ar líne.

Ní chabhraíonn a laghad léitheoireachta a dhéantar i nGaeilge le saibhriú foclóra sa teanga. De réir mar a thuairiscíonn an t-aos óg is cosúil gur fíor bheagán Gaeilge a úsáideann siad agus iad ar líne nó ag téacsáil. De bhrí go bhfuil na meáin shóisialta lárnach ina saol, ní foláir aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo.

#### 5.3.4.5. Cainteoiri óga maithe Gaeilge ag labhairt Béarla le cainteoiri maithe Gaeilge eile.

Má tá Gaeilge líofa/mhaith agat, an labhraíonn tú Béarla go rialta le haon duine eile a bhfuil Gaeilge mhaith/líofa acu?



*Figúr 5-25. Déagóirí ag labhairt Béarla le daoine a bhfuil Gaeilge acu 1.*

#### 5.3.4.6. Déagóirí ag labhairt Béarla le daoine a bhfuil Gaeilge acu

Nóta: Tugadh an deis do na freagróirí níos mó ná rogha amháin a phiocadh. Is ar dhaoine a bhfuil cumas maith sa nGaeilge acu a bhí an cheist seo thíos.

Más “Labhraím” do fhreagra thuas, cé hiad na daoine a labhraíonn tú Béarla leo go rialta in ainneoin Gaeilge mhaith nó Gaeilge líofa a bheith acu? Is féidir níos mó ná freagra amháin a roghnú.	
An chuid is mó de do chuid cairde	62.5%
An dochtír	50%
Daoine a bhíonn ag obair sna siopaí áitiúla	46%
Do dheirfiúracha/dheartháireachá níos sine	46%
Mo mháthair	46%
Mo sheanmháthair	33.3%
M’athair	29%
Thart ar leath de do chuid cairde	25%
Líon beag de na comharsana	21%
Líon beag de do chuid cairde	21%

*Tábla 5-36. Déagóirí ag labhairt Béarla le daoine a bhfuil Gaeilge acu 2.*

Feictear anseo go mbaineann an ráta is airde úsáide Béarla le ‘an chuid is mó dá gcairde’, i.e. daoine óga cosúil leo féin. Is fáinne ceart fí atá anseo a bheadh deacair a bhriseadh mar go dtiocfadh cursaí piarbhrú i gceist freisin. Feictear dúinn freisin go bhfuil cuid de na freagróirí ag labhairt Béarla lena dtuismitheoirí (agus le siblíní) a bhfuil Gaeilge acu. Is fianaise é seo go bhfuil an próiseas, ar a ghlaonn sochtheangeolaithe ‘iompú teanga’, ag tarlú sa phobal.

#### 5.3.4.7. Déagóirí agus Úsáid na Gaeilge – Tátail


Labhraíonn na freagróirí níos mó Gaeilge lena n-aithreacha ná lena máithreacha. Is patrún é seo atá aitheanta i bpobail measctha teanga ar fud an domhain.

Tá úsáid na Gaeilge níos láidre i gcomhthéacs na scoile, bíodh sé sin sa scoil féin nó le linn imeachtaí atá ceangailte leis an scoil, ná mar atá go sóisialta le cairde ar an tsráid nó i dtithe cairde.

Tá úsáid an Bhéarla go mór chun tosaigh ar úsáid na Gaeilge i réimse na nuatheicneolaíochta. Tuairiscítear go bhfuil an Béarla chun tosaigh fiú i measc na gcainteoirí cumasacha Gaeilge sa réimse sóisialta idir iad agus a gcairde, fiú iad sin a bhfuil Gaeilge acu. Is fíor é seo, go háirithe taobh amuigh de shaol na scoile.

### 5.3.5. Déagóirí agus an Córas Oideachais

#### Anois agus tú san iar-bhunscoil, cén teanga ina múintear na hábhair? (gan an t-ábhar Gaeilge san áireamh)



Figiúr 5-26. Múineadh san larbhunscoil – Cén teanga?

*5.3.5.1. Tuairimí na bhfreagróirí faoi chúrsaí scolaíochta.*

<b>Léirigh do thuairim faoi na ráitis seo a leanas.</b> Ceist 30.						
	Aontaím go Mór	Aontaím	Is Cuma Liom	Eas-aontaím	Eas-aontaím go mór	Iomlán
Spreagann an iarbhunscoil mé le níos mó Gaeilge a labhairt	19 (43%)	21 (48%)	3 (7%)	1 (2%)	0	<b>44</b>
Tá éiteas / atmaisféar láidir Gaeltachta sa scoil seo	17 (39%)	16 (36%)	6 (13.6%)	5 (11%)	0	<b>44</b>
Labhraím níos mó Gaeilge ar scoil ná mar a labhraím sa bhaile	15 (34%)	9 (20.4%)	10 (23%)	9 (20.4%)	1	<b>44</b>
Tá dóthain téacsleabhair Ghaeilge ar fáil sa scoil	12(27%)	15 (34%)	3 (7%)	9 (20.4%)	5 (11%)	<b>44</b>
Is fearr liom a bheith ag úsáid téacsleabhair Ghaeilge ná téacsleabhair atá i mbÉarla	10 (23%)	8 (18%)	15 (34%)	7 (16%)	4 (9%)	<b>44</b>
Is fearr liom a bheith ag úsáid téacsleabhair Bhéarla ná téacsleabhair atá i nGaeilge	7 (16%)	8 (18%)	17 (38.6%)	7 (16%)	5 (11%)	<b>44</b>

*Tábla 5-37. Tuairimí faoin nGaeilge sa Scoil.*

### 5.3.5.2. Cén teanga a labhraíonn tú ar na hócáidí seo ar scoil?

	Gaeilge i gcónaí	Gaeilge den chuid is mó	Gaeilge agus Béarla ach níos mó Gaeilge ná Béarla	Béarla agus Gaeilge ach níos mó Béarla ná Gaeilge	Béarla den chuid is mó	Béarla i gcónaí	Iomlán
Ag caint leis na múinteoirí sa seomra ranga	28 63.64%	12 27.27%	4 9.09%	0 0.00%	0 0.00%	0 0.00%	<b>44</b>
Ag caint le múinteoirí amuigh sa chlós	31 70.45%	9 20.45%	4 9.09%	0 0.00%	0 0.00%	0 0.00%	<b>44</b>
Ag caint le mo chuid cairde sa seomra ranga	12 27.27%	14 31.82%	7 15.91%	4 9.09%	1 2.27%	0 0.00%	<b>44</b>
Ag caint le mo chuid cairde amuigh sa chlós agus múinteoir i láthair	18 40.91%	14 31.82%	7 15.91%	4 9.09%	1 2.27%	0 0.00%	<b>44</b>
Ag caint le mo chuid cairde amuigh sa chlós gan múinteoir i láthair	8 18.18%	13 29.55%	7 15.91%	8 18.18%	6 13.64%	2 4.55%	<b>44</b>
Ag caint le mo chuid cairde ag imeachtaí scoile a reáchtáiltear lasmuigh d'am scoile	14 32.56%	10 23.26%	5 11.63%	0 13.95%	4 9.30%	4 9.30%	<b>43</b>

Figiúr 5-27. Úsáid na Gaeilge ar scoil.

### 5.3.5.3. Déagóirí agus an Córas Oideachais – Táitail

Tuairiscítar go mbíonn tionchar dearfach ag na hiarbunscoileanna ar dhearcadh agus ar úsáid na Gaeilge i measc na scoláirí, bíodh sé sin sa scoil féin nó le linn imeachtaí scoile a reáchtáiltear taobh amuigh d'am scoile. Agus an méid sin ráite, tá claonadh ag go leor de na freagróirí iompú ar an mBéarla nuair nach bhfuil múinteoir i láthair.

Tuairiscíonn na déagóirí gur trí Ghaeilge amháin (figiúr 5.26) atá 34% de na h-ábhair á múineadh sna scoileanna iarbunoideachais ar na hoileáin. Bíonn deacrachaí ag na meánscoileanna múinteoirí a fhostú le Gaeilge.

## 5.3.6. Déagóirí – na Príomhtháitail.

### Dearcadh i leith na Gaeilge

Tá dea-thoil le brath i leith na Gaeltachta agus 90%+ ag rá go bhfuil sé i gceist acu a bpáistí (is é sin, má bhíonn páistí acu) a thógáil le Gaeilge agus an líon céanna ag rá go bhfuil siad "i bhfabhar na Gaeilge".

## Cumas sa nGaeilge

Is féidir na rannpháirtithe a bhriseadh síos, go garbh, i dtrí thrian. Aon trian a tógadh le Gaeilge, trian eile a tógadh le meascán de Ghaeilge agus Béarla agus trian a tógadh le Béarla. Tuairiscíonn thart ar 90% díobh gur cainteoirí líofa nó maithe iadanois.

## Úsáid na Gaeilge

Tuairiscítéar go lú Gaeilge a labhraítear le comhaoisí (siblíní san áireamh) agus le tuismitheoirí ná mar a labhraítear i réimse na scoile.) Is minic go labhraíonn cainteoirí líofa Gaeilge, Béarla le cainteoirí eile Gaeilge, go háirithe más cairde iad.

## 5.4. An Taighde ar Lucht Ghnó / Seirbhísí (na príomhphoinntí).

### 5.4.1. Ginearálta

Is é an comhlacht Measmedia<sup>20</sup> a réitigh an tuarascáil seo ar iarratas ón gCoiste Stiúrtha Pleanála Teanga.

Is é aidhm na tuairisce ná anailís a dhéanamh ar an eolas sochtheangeolaíoch/eacnamúil a cuireadh ar fáil sa suirbhé a rinneadh le gnólachtaí ar Oileán Árann. Cuirfidh torthaí an tsuirbhé go mór lenár dtuiscint maidir le dearcadh úinéirí & bainisteoirí na ngnólachtaí i leith na Gaeilge i réimse comhthéacsanna agus tabharfaidh sé léargas do Choiste Pleanála Teanga Árann ar staid reatha na Gaeilge ar na hoileáin le gur féidir pleanáil straitéiseach a dhéanamh don seacht mbliana romhainn. Cuirfidh an t-eolas seo ar fad bunchloch láidir ar fáil, dá réir, i ndearadh scéime a ghríosóidh lucht gnó an cheantair chun seirbhís trí Ghaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal.

Sa suirbhé seo fiosraíodh na ceisteanna seo a leanas:

1. Dearcadh an ghnó i leith na Gaeilge
2. Cumasa an ghnó seirbhís chuimsitheach trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal
3. Toillteanas an ghnó feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge
4. Toillteanas an ghnó páirt a ghlacadh i scéim a chinnteodh go mbeadh seirbhís trí Ghaeilge ar fáil agus feiceáilach ag an bpobal
5. Cumasa na ngnólachtaí a gcuid riarracháin a dhéanamh trí mheán na Gaeilge & an tacaíocht atá ar fáil dóibh
6. Ceisteanna maidir le feabhas a chur ar an gcaighdeán maireachtála do mhuintir na n-oile


### 5.4.2. Lucht Ghnó - Tortaí an Taighde.

Cuireann na tortaí ar chuid mhaith de cheisteanna an tsuirbhé faisnéis ar fáil a bhaineann le dearcadh i leith thábhacht agus úsáid na Gaeilge ina ngnólachtaí. Bhí dearcadh dearfach ag na rannpháirtithe ar fad i leith an tábhacht a bhain le híomhá Ghaelach a bheith ag na hoileáin, áit ar aontaigh 100% leis an ráiteas ‘Tá íomhá Ghaelach tábhachtach d’Oileán Árann’. Más féidir cás a dhéanamh do thábhacht na Gaeilge go heacnamúil, is cinnte go mbeidh meon oscailte agus dearfach ann chun an ghné seo den ghnó (Gaeilge) a bhrú chun cinn. Ar an dul chéanna dhearbháigh 85.71% go mba mhaith an smaoineadh é lipéid nó branda a bheith ann a léireodh an leibhéal ard seirbhise Gaeilge sa ngnó i gceist 10. Seo bunús dearfach d’fheachtas a chuirfeadh brandáil Ghaelach i bhfeidhm i measc na ngnólachtaí ar fad agus d’fhéadfaí úsáid a bhaint as an mbranda Ghaeltacht na hÉireann<sup>21</sup> a d’fhorbair

<sup>20</sup> [www.measmedia.com](http://www.measmedia.com)

<sup>21</sup> <https://www.udaras.ie/an-ghaeilge-an-ghaeltacht/an-ghaeltacht/branda-gaeltacht-na-heireann/>


ÚnaG ‘chun an Ghaeltacht agus gach gné de shaol na Gaeltachta a chur chun cinn ar mhaithle le buanú phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge’ (ÚnaG, 2019).



Figiúr 5-28. Branda Gaelach

Rinneadh tuairimí na ngnólachtaí a mheas i leith Gradam Gnó a thabharfadh aitheantas agus tacáiocht do ghnólachtaí a chuireann seirbhís den scoth ar fáil trí mheán na Gaeilge. Bhí formhór na ngnólachtaí (87.14%) i bhfábhar Gradam dá leithéid agus is léir go bhfeictear é mar mhodh chun aitheantas faoi leith a thabhairt do ghnólachtaí na n-oileán. Nuair a chuirtear an dearcadh dearfach seo i gcomparáid le ceist 12 thíos feictear arís go bhfuil leibhéal ard a shíleann gur fiúntas dá ngnónna í an Ghaeilge.

**Q12 Tá breislúach ag baint leis an nGaeilge i mo ghnó seachas an Béarla amháin**




Figiúr 5-29. Breislúach ag baint leis an nGaeilge?

Léiríonn torthaí na gceisteanna go dtí seo go bhfuil béim á chur ar an nGaeilge ag formhór ghnónna an cheantair agus 77% (figiúr 5.29) á rá go bhfuil breislúach ag baint leis an nGaeilge.

Is ceisteanna praiticiúla iad ceisteanna 13 agus 14 a bhaineann le gníomhaíochtaí an lucht gnó i leith na Gaeilge. Is léir go bhfuil tábhacht ar leith i gcás ghnólachtaí na n-oileán ag baint leis an nGaeilge a bheith le feiceáil ar chomharthaíocht agus ar fhógraíocht thart timpeall an ghnó. Léirigh 87.32% go bhfuil sé tábhachtach a leithéid a bheith le feiceáil mórrhimpeall an ghnó.


### **Q13 Tá sé tábhachtach go mbeadh comharthaíocht agus fógraíocht i nGaeilge mórrhimpeall mo ghnó**



*Figiúr 5-30. Comharthaíocht i nGaeilge*

Ar an gcaoi chéanna, i gceist a 14 shonraigh 91.55% de na freagróirí go raibh sé tábhachtach dóibh go mbeadh an Ghaeilge le cloisteáil i measc na foirne:

### **Q14 Tá sé tábhachtach go mbeadh an Ghaeilge le cloisteáil (labhartha, raidió, & rl.) mórrhimpeall mo ghnó**



*Figiúr 5-31. An Ghaeilge le cloisteáil.*

Níos faide ar aghaidh, léiríonn ceist 17 & 19 go mbeadh úinéirí & bainisteoirí gnó sásta úsáid a bhaint as pé cúnamh a bheadh ar fáil chun caighdeán seirbhíse agus fógraíochta/margaíochta trí

Ghaeilge ar ardú ina gcuid gnónna. Bheadh 82.86% de na gnólachtaí sásta úsáid a bhaint as eagras a chuirfeadh traenáil ar fáil chun go mbeadh siad in ann seirbhís níos fearr trí Ghaeilge a chur ar fáil. Mhaígh 81.69% go mbainfidís leas as seirbhís a chuideodh le dearadh fógraíochta (Gaeilge/dátheangach) maraon le seirbhís aistriúcháin.

Léiríonn torthaí na gceisteanna go dtí seo go bhfuil dearcadh dearfach i leith na teanga i measc lucht gnó na n-oileán. Is léir go dtuigeann na húníréirí nó bainisteoirí gnó an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge a chloisteáil agus a fheiceáil mórrhimpeall an ghnó ach go bhfeictear é mar ‘chúram an duine aonair’ den chuid is mó seachas mar pholasaí an chomhlachta. Níl polasaí Gaeilge maidir le húsáid na Gaeilge sa ngnó a bhfeidhm ach ag 64.29%. Ainneoin gur titim de 27.26% ar an lín a dúirt go raibh an Ghaeilge le cloisteáil i measc na foirne, ní miste a lua go bhfuil an uimhir seo ard go maith go fóill. Thug cuid mhaith gnónna le fios freisin gur polasaí neamhfhoirmeálta atá i gceist go minic, nach raibh gá lena leithéid de pholasaí sna blianta siar mar go raibh sé intuigthe gur Gaeilge a bheadh á labhairt i measc na foirne agus nár smaoinigh siad ar pholasaí den chineál sin a chur i bhfeidhm go dtí anois. Thug 76.06% de na rannpháirtithe le fios, mar sin féin, go síleann siad go bhfuil ról ag an ngnó tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí Gaeilge:

Ta ról ag mo ghnó tacaíocht a thabhairt do fhoghlaimeoirí (Gaeilge).	
Aontaím 54 (76%)	Ní aontaím 17 (24%)


Tábla 5-38. Gnó agus Foghlaimeoirí.

Is ábhar iontais é dá bhrí sin (Ceist 15), nár dhearbháigh ach **57.14%** go bhfuil an Ghaeilge ar cheann de riachtanais an phoist nuair a bhíonn baill foirne á n-earcú, titim de 20% ar an lín a dúirt go mbaineann breislúach leis an nGaeilge dá ngnónna seachas an Béarla amháin.

Ní miste a chur san áireamh agus an cheist seo á fiosrú go mbaineann dúshláin le hearcú go minic i gcás suíomh tíreolaíoch na n-oileán agus i gcás gnónna a dteastaíonn scileanna ar leith ón bhfoireann, m.sh teastaíonn scileanna suathaireachta ó chomhlacht a chuireann seirbhís den chineál sin ar fáil &rl. I gcás shiopaí nó sa gcás go dteastódh duine ag deasc fáiltithe, áfach, d'fhéadfaí riachtanas maidir leis an nGaeilge a chur san áireamh i gcás earcaithe. Léiríonn sé seo an tábhacht a bhaineann le feachtas eolais chun dul i bhfeidhm ar an lucht gnó atá den tuairim go bhfuil tábhacht leis an nGaeilge ach nach bhfeiceann an gá nó an fiúntas le polasaí Gaeilge a bheith ag an ngnó.

D'fhiosraigh na ceisteanna 21-28 cleachtas labhartha na foirne sna gnólachtaí mar aon le cumas praiticiúil na n-úinéirí & na mbainisteoirí gnó a ngnólachtaí a riadar trí mheán na Gaeilge. Mar a bheiffí ag súil, i gcomhthéacs na dtorthaí dearfacha go dtí seo i leith thábhacht agus úsáid na Gaeilge sna gnólachtaí, mhaígh 67.6% de na húníréirí/bainisteoirí gnó gur 71-100% den fhoireann a labhrann Gaeilge i gconaí lena chéile agus leis an úinéir gnó. Ar an dul céanna, mhaígh 60% nach raibh aon duine ina ngnó gan Ghaeilge agus dúirt 18% go raibh níos lú ná triúr gan Ghaeilge. Is léir go dtagann ardú ar lín na ndaoine gan Ghaeilge le linn shéasúr an tsamhraidh go háirithe sna gnólachtaí atá ag díriú go príomha ar thursasóirí. Bhí 14 fostáí ag comhlacht amháin gan Ghaeilge ach dhearbháigh an t-úinéir go raibh siad go léir ag foghlaim na teanga i láthair na huaire. Is dea-shampla é cur chuige an chomhlachta seo do chomhlachtaí eile. Tá bearna ollmhór le sonrú, áfach idir an cleachtas teanga a léirítear sna tortaí seo agus an dearcadh dearfach a léiríodh go dtí seo agus na deiseanna nó an tacaíocht atá ar fáil dóibh chun an gnó a riadar i nGaeilge. As na rannpháirtithe ar fad a ghlac páirt sa suirbhé, mhaígh an mhórchuid, 58%, go ndéanann siad fíorbheagán, idir 0-30%, den obair riarracháin trí mheán na

Gaeilge, agus dhearbhaigh 56.52% go mbaineann deacrachtaí leis an ngnólacht a riadadh i nGaeilge:



*Figíúr 5-32. Ag riadadh gnó trí Ghaeilge.*

Tugann tuairimí na n-úinéirí & bainisteoirí gnó ina leith seo léargas níos cuimsitheach ar an gceist áirithe seo:

- ‘Níl Gaeilge ag na soláthraithe a mbaineann an gnólacht úsáid astu’
- ‘Tá agus níl. Déantar an comhlacht a riadadh go hinmheánach trí Ghaeilge, le fostaithe & ríach teagmháil le cuntasóirí & rí i mBéarla.’
- ‘Alot of the paperwork is technical paperwork’
- ‘Cuireann muide gach oibritheoir ar chúrsa nGaeilge mar chuid dá ndualgaisí oibre. Go leor daoine linn ó thíortha éagsúla - An Pholainn, An Ghearmáin, na hOileáin Philipíneacha - maraon le daoine áitiúla’
- ‘My brochures are in English etc, I hadn't thought about it. Had I had this conversation at the start of the business, it might be different’
- ‘Ní mór don ghnó gach rud a aistriú, ní ghluacann ríomhairí go leor le fada. Ba cheart go mbeadh siombail idirnáisiúnta ann le haghaidh bia, billí & rí ionas nach mbeadh gá le Béarla’

Dhearbhaigh cuid de na rannpháirtithe eile go ndéanann obair riachán i nGaeilge an obair a dhúbailt go minic, go bhfuil sé níos costasaí agus ar an iomlán go bhfuil sé an-deacair teacht ar chuntasóirí & rí le Gaeilge ainneoin go mbeadh roinnt mhaith de na húinéirí/bainisteoirí gnó fábharach dá leithéid a dhéanamh. Thug 80.28% de na rannpháirtithe le fios nach bhfuil cuntasóir ná iniúchóir le Gaeilge acu. Maidir le tacaíocht & comhairle a fháil ó eagraíochtaí stáit & neamh-stáit leis an gnó a riadadh i nGaeilge thug 68.12% de na rannpháirtithe le fios nach bhfuil a léithéid ar fáil dóibh.

#### 5.4.1. Forbairtí atá ag teastáil ar na h-oileáin – Lucht Ghnó.

D'fhiosraigh an chuid eile de na ceisteanna caighdeán saoil na n-oileánach agus na slite praiticiúla a bhféadfáí é sin a fheabhsú. Thug formhór na rannpháirtithe le fios go bhfuil an tseirbhís farantóireachta/aeir sásúil ná sásúil go leor, cé gur thug muintir Inis Oírr le fios go bhfuil caighdeán na seirbhise aeir íslithe go mór le blianta beaga anuas agus go dteastaíonn í a fheabhsú agus níos mó eitiltí & rí a chur ar fáil do na hoileánaigh agus do na turasóirí araon.

An bhfuil an tseirbhís farantóireachta/aeir sásúil?		
Tá: 30 (47.6%)	Sásúil go leor: 26 (41.27%)	Níl: 7 (11.11%)

Tábla 5-39. Seirbhísí taistil sásúil?

Ainneoin fórmhór na rannpháirtithe a bheith sásta leis na seirbhísí taistil, thug 71.83% le fios go bhfuil gá le comhoibriú níos éifeachtúla idir an lucht gnó agus na comhlachtaí farantóireachta.

Maidir le feabhas a chuir ar shaol na n-oileánach i gcoitinne seo a leanas rangú arna moltaí a bhí ag na rannpháirtithe:

- An earnáil turasóireachta a leathnú amach
- Níos mó imeachtaí agus áiseanna do mhuintir an trí oileán Árann
- Cur le cúrsaí fostáiochta
- Feabhas a chur ar infreastrechtúr an trí oileáin Árann .i. na bóithre, na céibheanna, cúrsáí leathanbhandá, áiseanna leighis, fuinnimh għlas, tithe shóisialta, pontúin, costais lastais a laghdú, córas séarachais a fheabhsú srl.
- Tacaíochtaí a chur ar fáil do scoileanna, meánscoileanna an trí oileán Árann chomh maith le seirbhís luathoideachais a chinntíú

Ní miste a lua go raibh fórmhór mhuintir Inis Oírr ag iarraidh go dtóigfaí céibh nua d’Inis Oírr agus iad go láidir den tuairim nach raibh an ceann atá ann i láthair na huaire feiliúnach don tseirbhís farrantóireachta a thuilleadh. Ba mhaith le go leor de mhuintir na nOileán nach mbeadh costas maireachtála níos airde acu ná mar atá ar an mórhír agus go mbeadh na háiseanna céanna ar fáil dóibh agus atá ar fáil do mhuintir na mórhíre. Thug rannpháirtithe eile le fios go dteastaíonn plean forbartha don oileán le seirbhísí a chur ar fáil agus infreastrechtúr an oileán i gcoitinne a fheabhsú.

#### 5.4.3. Lucht Għnó – Conclúidí agus Moltaí

Sa suirbhí léiríonn lucht gnó thrí oileán Árann dearfacht i leith na Gaeilge agus de réir na bhfigiúirí thuasluait teigtear dóibh go bhfuil an Ghaeilge tābhachtach dá gcuid gnónna ó thaobh brandála agus ó thaobh na heacnamaíochta de. Mhaigh 90.14% de na rannpháirtithe go mba mhaith an rud é cumann tráchtála a bheith ar an oileán:

C5. Ba mhaith an rud é Cumann Tráchtala a bheith ar Oileán Árann	
Ba mhaith: 64 (90%)	Níor mhaith: 7 (10%)

Tábla 5-40. Cumann Tráchtála? 10

Léiríodh toil go dtiocfadh an lucht gnó le chéile mar chumann agus plé a dhéanamh ar cheisteanna ábharacha dóibh. Bunchloch fhíorthábhachtach í seo do chur i bhfeidhm polasaithe nó scéimeanna a dhéanfadh an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a láidriú i measc għnolachtaí oileán Árann. Is cinnte, mar sin féin, go bhfuil treoir de dhíth ar na comhlachtaí seo chun feabhas a chur ar a gcuid seirbhíse Gaeilge. Is minic nach mbíonn polasaithe teanga i bhfeidhm sna gnolachtaí, nó gur polasaithe neamhfhoirmeálta iad, agus mar sin titeann an caighdeán seirbhíse ar bhealaí éagsúla. Is cinnte chomh maith go gcuideodh structúr aitheanta/suathanta le gnolachtaí chun caighdeán seirbhíse Gaeilge níos airde a choinnéail.

Is léir ó líon na rannpháirtithe ar labhair muid leo go dteastaíonn ón lucht gnó go mbeadh seirbhís mhaith ar fáil sa gceantar trí Ghaeilge. Moltar, dá réir sin, go mbeadh pointe focais ar nós ‘Gradam’

nó ‘Ócáid Cheiliúrtha Bhliantúil’ ann chun aird na ngnólachtaí a dhíriú ar an ábhar seo go rialta. Síleann muid freisin go gcuideodh sé seo le haird na meán a dhíriú ar an ábhar agus le fócas an phobail féin a dhíriú ar chaighdeán seirbhíse Gaeilge sa nGaeltacht. Ní dóigh linn go bhfuil gá le duaischiste airgid a bhronnadh orthu siúd a fhaigheann Gradam ach go bhfuil gá le duaischiste maith poiblíochta agus margáiochta.

Is fiú breathnú ar Ghradam na Gaeilge a leathnú amach ar chatagóirí éagsúla a thugann san áireamh na gnólachtaí sin atá ar ardchumas agus iadsan atá ag feabhsú de réir a chéile. Is fiú freisin smaoineamh ar chatagóir a bhreathnódh ar chultúr na háite a chur chun cinn (ceol, bia, oidhreacht) ach an Ghaeilge a bheith lárnach anseo i gcónaí.

---

## 6. Bearta Árann

---

### 6.1 Réamhrá

De bharr go bhfuil éagsúlacht idir na riachtainais atá ag Árann, Inis Meáin agus Inis Oírr, beartaíodh na bearta a bhriseadh suas de réir oiléain. Sa gcaibidil seo, leagtar amach bearta Árann. I gcaibidil 7, leagtar amach bearta Inis Meáin agus i gcaibidil 8, leagtar amach bearta Inis Oírr.

Déantar cur síos sa mír seo ar bhearta an phlean teanga. Sonraítear ar dtús roinnt bearta a bheas riachtanach le cinntíú gur féidir an pleán a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach agus comhordaithe. Déantar bearta eile an phlean teanga a rangú de réir na réimsí atá leagtha amach sna *Treoiríle Pleanála Teanga* (RTCEGSM, 2016: 53), is iad sin:

- A. An córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)
- B. Seirbhísí cúram leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga
- C. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile
- D. Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais
- E. An earnáil ghnó
- F. Eagraíochtaí pobail agus comharchumainn
- G. Na meáin chumarsáide
- H. Seirbhísí poiblí
- I. Pleanáil agus forbairt fhisiceach
- J. Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire
- K. Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith

## 6.2 Feidhmiú an Phlean Teanga ar Árainn

### 6.2.1 Struchtúr Feidhmithe

Réimsí:	K	Critéir pleanála teanga:	1, 19		
Aidhm:	Struchtúr a chur i bhfeidhm ar an oileán chun an Plean Teanga a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an gcomharchumann agus pobal an oileáin.				
Cur síos:	<p><b>An Cheanneagraíocht:</b> Feidhmeoidh CCTeo mar cheanneagraíocht d'fheidhmiú Phlean Teanga Oileáin Árann ach is iad CFÁ a bheas freagrach as an bplean teanga a sheachadadh ar Árainn. Beidh freagracht ar an gCeanneagraíocht an riadaradh agus leathdháileadh a dhéanamh ar an mbuiséad Pleanála Teanga do Limistéar Oileáin Árann agus bunófar Coiste Pleanála Teanga Oileán Árann faoi Chathaoirleacht CCTeo. Is ról straitéiseach a bheas ag an gCoiste seo agus fágfar cinntí áitiúla faoi chúram Choistí Áitiúla Pleanála Teanga (CPTÁ) ar na trí oileán.</p> <p><b>CP TOÁ:</b> Beidh an struchtúr seo déanta suas d'ionadaithe ón trí oileán Árann. Moltar 2 nó 3 ó chaon oileán. Is ról compháirtíochta, idirghníomhaíochta a bheidh ann, chun a chinntíú go mbeidh éifeacht ag baint le cur i bhfeidhm agus le dul chun cinn an phlean agus chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an bPlean Teanga. Samhláitear go dtiocfaidh an Coiste seo le chéile uair sa ráithe chun athbhreithniú, monatóireacht, agus moltaí a dhéanamh faoi dhul chun cinn na spriocanna.</p> <p><b>CPTÁ:</b> Beidh coiste áitiúil ag feidhmiú ar chaon oileán, CPTÁ i gcás Árann. Tá Coiste bunaithe agus tá siad mar fochoiste de CFÁ. Baill nua a mhealladh le dhul ar an gcoiste (beidh ionadaí ó CPTÁ ar CP TOÁ chun moltaí agus tuairiscí ar dhul chun cinn a chur ar aghaidh).</p> <p><b>OPTÁ:</b> Beidh Oifigeach Pleanála Teanga le fostú ar gach oileán faoi riadaradh na ceanneagraíochta (CCTeo)<sup>22</sup>. Beidh OPTÁ lonnaithe i gceann d'oifigí CFÁ<sup>23</sup>, agus freagrach don Cheanneagraíocht (CCTeo) ó thaobh riachán ó lá go lá, CPTÁ maidir le cur i bhfeidhm agus sheachadadh an phlean agus CFÁ. Beidh CPTÁ freagrach as riachtanaí áitiúla Árann a chur faoi bhráid CPTÁ. Beidh an plean á chur i bhfeidhm ar Árainn agus i gcomhar leis an gcoiste pleanála teanga, CFÁ &amp; pobal an oileáin. Beidh buiséad pleanála teanga curtha ar fáil do CFÁ gach bliain agus beidh CFÁ á riadaradh ar an oileán. Tá gó le hOifigeach Pleanála Teanga d'Árainn agus sin amháin agus beidh muid ag oibriú ar an mbunús sin. Tá plean Árann bunaithe ar phlé agus taighde atá déanta leis an gcomharchumann, coiste pleanála teanga, coistí áitiúla, &amp; an pobal. Is é an scála pá don phost lánaimseartha ná: €35,000 - €50,000 ag brath ar thaithí &amp; ar cháilíochtaí. Costas iomlán an phoist: €330,225 Costais eile riachán: €65,000 Costais na mbeart a chur i bhfeidhm: € 135,000 (meán €19,285 sa mbliain)</p>				
Páirtithe leasmhara:	CFÁ (príomhúinéir), OPTÁ, Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.				
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Coinníollacha poist a fhorbairt, post OPTÁ a fhógairt agus OPTÁ a fhostú.			
	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt.			
Costas measta iomlán:	€383,725				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€54,818 <sup>24</sup>				
Foinse maoinithe:	RTCEGSM				

<sup>22</sup> Beidh OPTÁ lonnaithe in Árainn, beidh OPTIM lonnaithe ar Inis Meáin agus beidh OPTIO lonnaithe ar Inis Oírr.

<sup>23</sup> Beidh OPTÁ lonnaithe in oifigí CFÁ go dtí go mbeidh Ionad Oideachais Chonamara & Árann tóгtha faoi bheart 6.3.10.

<sup>24</sup> Tá briseadh síos ar na costais ar fáil i mír 6.13

Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<b>Dúshláin:</b> Duine cáilithe a aimsiú do phost an OPT, a bheadh ábalta oibriú as a stuaim féin agus a bheith freagrach/ comhoibriú le CFÁ, grúpaí éagsúla agus an pobal a thabhairt le chéile. <b>Réiteach molta:</b> Go mbreathnófaí ar dhuine le cailíochtaí sa réimse Forbairt Pobail m.sh. ach go mbeadh coinníoll ag baint leis go mbeadh orthu cailíocht sa Phleanáil Teanga a bhaint amach i ndiaidh a c(h)eadachán.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cuirfidh OPTÁ tuairisc mhíosúil ar chur i bhfeidhm an phlean ar fáil do CPTÁ.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa bplean teanga.

## 6.2.2 Suíomh Idirlín

Réimsí:	G, K	Critéir pleanála teanga:	1, 16		
Aidhm:	Aird a tharraingt ar an bpróiseas pleanála teanga agus eolas a chur ar fáil don phobal maidir le teagmháil agus eolas.				
Cur síos:	<p>Forbrófar suíomh idirlín d'Árainn chun go mbeidh eolas faoin bplean teanga agus faoi bhearta an phlean ar fáil, chomh maith le sonraí teagmhála OPTÁ agus nuacht/imeachtaí.</p> <p>Beidh gach a thagann le suíomh idirlín ar fáil: Facebook, Twitter, Snapchat, Instagram – na meáin shóisialta ar fad. Beidh OPTÁ i gceannas air seo.</p> <p>Beidh ionchur ag an gCoiste Pleanála Teanga agus ag an Comharchumann freisin.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), an cheanneagraíocht, CPTÁ				
Saolré an bhirt:	Bliain 1	An suíomh a dhearadh agus a sheoladh			
	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€17,500				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,500				
Foinse maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.1				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.1				

### 6.2.3 Stór Teagmhála

Réimsí:	K	Critéir pleanála teanga:	1, 2		
Aidhm:	Stór teagmhálu a chrúthú chun an pobal a choinneáil ar an eolas faoi chur i bhfeidhm an phlean teanga agus an obair a éascú don OPT.				
Cur síos:	Ag cloí le rialacha GDPR agus sreachtaíocht chuí, beidh stór curtha le chéile d'ainmneacha, seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha guthán de na daoine sa bpobal agus an LPT a bhfuil spéis léirithe acu sa bpróiseas pleanála teanga, agus atá ag iarraidh eolas a fháil agus a bheith coinnithe suas chun dáta faoi eachtraí, cúrsaí, foilsíúcháin srl a bheas ag tarlú. Beidh an pobal, coistí, eagraíochtaí eagsúla, múinteoirí, tuismitheoirí, lucht gnó, turasóirí srl páirteach. Beidh sé seo úsáideach don suíomh idirlín (beart 6.2.2). Bainfear úsáid as bogearraí a bhaineann le pacáistí mar seo a chur le chéile agus a úsáid.				
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúnínéir), Coiste Pleanáil Teanga, Ceanneagraíocht, pobal an oileáin				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1 - 7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€1,995				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€285 (priontáil)				
Foinse maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint leis an mbeart seo				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Ní bhaineann				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann				

## 6.2.4 Monatóireacht

Réimsí:	K	Critéir pleanála teanga:	1, 19
Aidhm:	Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean teanga.		
Cur síos:	<p>Tabharfar faoi roinnt gníomhartha monatóireachta ar bhonn rialta agus leanúnach le cinntíú go mbeidh bearta an phlean teanga á gcur i bhfeidhm go héifeachtach agus go córasach. Is é OPTÁ a bheas freagrach as na cruinnithe agus as na gníomhartha monatóireachta eile a eagrú – ach amháin má shonraítear a mhalaírt – agus as leasuithe a dhéanamh ar an bplean teanga de réir mar is cuí<sup>25</sup>. I measc na ngníomhartha monatóireachta seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Déanfar suirbhé ar na daoine óga in Árainn i mBliain 2, Bliain 4 agus Bliain 6 d'fheidhmiú an phlean teanga. D'fhéadfaí na ceistneoirí céanna a úsáid a úsáideadh d'ullmhú an phlean. Moltar go ndíritear ar aiseolas a fháil maidir le: <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Cleachtas teanga le linn caitheamh aimsire (m.sh. Bearta 6.5.1, 6.5.2, 6.5.4, 6.11.1, 6.11.2)</li> <li>○ Teagmháil leis na meáin chumarsáide Ghaeilge (m.sh. Bearta 6.8.2, 6.8.3)</li> <li>○ Dearcadh, mianta agus cumas i leith na Gaeilge (m.sh. Bearta 6.12.2)</li> </ul> </li> <li>• I mBliain 2, Bliain 4 agus Bliain 6 d'fheidhmiú an phlean teanga, dálí fear foirmeacha gearra aiseolais ar thuismitheoirí/chaomhnóirí le haiseolas a fháil maidir leis an úsáid a bhaineann siad as seirbhísí agus eile a chuirfear ar fáil mar chuid den phlean teanga (m.sh. Bearta 6.3.5, 6.4.1, 6.4.2, 6.4.3, 6.4.4, 6.4.5, 6.6.1).</li> <li>• Tabharfar ceistneoir gairid a dhíreos ar chleachtas teanga do na daoine a fhreastalaíonn ar ranganna Gaeilge (Beart 6.6.1) ag túis agus ag deireadh an chúrsa.</li> <li>• Eagrófar cruinniú bliantúil le príomhoidí scoileanna Árann le plé a dhéanamh ar éifeacht na mbeart a bhaineann leis an gcóras oideachais (m.sh. Beart 6.3.3, 6.3.6). Mura bhfeileann sé don phríomhoide freastal ar chruinniú, iarrfar air/uirthi foirm ghairid aiseolais a líonadh le heolas a thabhairt maidir le héifeacht na mbeart éagsúil.</li> <li>• Déanfar teagmháil le coistí eile in Árainn uair sa mbliain (nó níos minice de réir mar is gá) le plé a dhéanamh ar fheidhmiú na bpleananna trí chéile agus ar fhéidearthachtaí comhoibrithe a chuideodh leis na coistí/ceanneagraíochtaí acmhainní a shábháil agus dúbailt oibre a sheachaint agus le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar éifeacht na mbeart éagsúil.</li> </ul>		
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), CPTÁ, CFÁ, na páirtithe leasmhara uile a luaitear i mbearta an phlean teanga		
Saolré an bhirt:	Bliain 1 - 7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€3,990		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€570 (síntíús bliantúil do phacáiste Survey Monkey srl)		
Foinse maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		

<sup>25</sup> Caithfear gach leasú molta a aontú le CPTÁ, leis an gceanneagraíocht agus le hÚnaG sula gcuirtear i bhfeidhm é.

<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní bhaineann
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Ní bhaineann

## 6.3 An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

### 6.3.1 Scéim na gCúntóirí Teanga

Réimsí:	A	Critéir pleanála teanga:	4, 5, 6, 8		
Aidhm:	Scéim na gCúntóirí Teanga a leathnú amach chun go mbeidh cúntóirí teanga ag feidhmiú sna scoileanna ar an oiléán / LPT ar feadh na scoilbhliana ar fad.				
Cur síos:	Déanfar stocaireacht ar an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar le scoileanna agus naíonraí an LPT / ar na hoileáin. Beidh teagmháil déanta le polaiteoirí áitiúla agus le heagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta oideachais agus Gaeilge le Scéim na gCúntóirí Teanga a leathnú amach ionas go mbeidh cúntóirí teanga sna scoileanna nuair a fhileann na daltaí ar an scoil i Mí Mhéan Fómhair agus sula gcríochnaíonn siad don samhradh.				
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), CPTÁ, an cheanneagraíocht, an comharchumann, foireann na scoileanna ar fad, tuismitheoirí an LPT, polaiteoirí, Muintearas, CNNG, Conradh na Gaeilge, Aontais na Múinteoirí (ASTI, TUI, agus INTO), OPTanna ó cheantair Ghaeltachta eile				
Saolré an bhirt:	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt (cuirfear túis leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe faoi bheart 6.2.1				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costas clúdaithe faoi bheart 6.2.1				
Foinse maoinithe:	Costas clúdaithe faoi bheart 6.2.1				
Dúshláin agus réitigh fhéidearthá:	Ní mheastar go mbeidh aon dúshláin ag baint leis an mbeart seo				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt.				

### 6.3.2 Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Réimsí:	A	Critéir pleanála teanga:	5, 6		
Aidhm:	Tacaíocht a thabhairt d'Fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ar an oiléán.				
Cur síos:	Stocaireacht a dhéanamh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna le cinntíú go gcuirfear na tacaíochtaí cuí ar fáil do na bunscoileanna agus an meánscoil chun aidhmeanna an pholasaí a bhaint amach ó thaobh na pleanála teanga de.				
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), An Roinn Oideachais agus Scileanna, Múintearas Teo, bainistíocht agus foireann na scoileanna.				
Saolré an bhirt:	Bliain 2 - 7	Feidhmiú an bhirt (cuirfear túis leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe faoi bheart 6.2.1				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costas clúdaithe faoi bheart 6.2.1				
Foinse maoinithe:	Costas clúdaithe faoi bheart 6.2.1				
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.1				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón suirbhé a luaitear faoi bheart 6.2.4				

### 6.3.3 Cúrsa Gaeilge Riachtanach do dhaltaí scoláireachtaí

Réimsí:	D	Critéir pleanála teanga:	11, 12		
Aidhm:	Cúrsa Gaeilge Riachtanach a chur ar fáil dóibh siúd a chaitheann bliain ar an oiléán ar scoláireacht.				
Cur síos:	<p>Tagann scoláirí chuile bliain chun freastal ar scoil oiléain ghaeltachta ar feadh tréimhse bliana. Déantar athnuachan ar an scéim seo go bliantúil agus tagann scoláirí eile ar feadh bliana ansin.</p> <p>Tá sé léirithe ag an taighde go bhfuil tionchar ard aige seo ar shaol na scoláirí.</p> <p>Cuirfear cúrsa riachtanach a mhairfidh seachtain ar fáil do scoláirí ón mórhír sula mbeidh siad ag freastal ar an scoil ar an oiléán agus beidh sé seo ag tacú leo agus iad ar an oiléán. Múinfear téarmaíocht agus gramadach bhunúsach dóibh, a bheas siad ag úsáid ó lá go lá ar an oiléán.</p> <p>Déanfar clár cuimsitheach a ullmhú don chúrsa seo agus beifear ag leanúint curriculum TEG.</p> <p>Beidh teagascóir le haimsiú agus beidh OPTÁ lárnoch sa bpróiséas seo.</p> <p>Beidh na ranganna ar siúl sa Seomra Teanga (Beart 6.4.4).</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), An Roinn Oideachais agus Scileanna, Muintearas Teo, bainistíocht agus foireann na scoileanna.				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1	Socrúithe agus ullmhúcháin			
	Bliaín 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€35,160				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€5,860 <sup>26</sup> (Socrúcháin & Barrhostais @ €15,000 do Bhliain 2 + 2 teagascóirí @ €42 san uair do Bhliain 2-7)				
Foinse maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Múinteoir a aimsiú.</p> <p><b>Réiteach:</b> Déanfar poiblíocht ar seo ar fud an oiléain.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le cur i bhfeidhm an bhirt seo ón suirbhé a luaitear i mbeart 6.2.4				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón suirbhé a luaitear i mbeart 6.2.4				

<sup>26</sup> Tá briseadh síos ar na costais ar fáil i mír 6.13

### 6.3.4 Club Iarscoile

Réimsí:	B, C, D	Critéir pleanála teanga:	8, 11		
Aidhm:	Tacaíocht teanga a thabhairt do dhaltaí nach bhfuil Gaeilge ag a gcuid tuismitheoirí / caomhnóirí.				
Cur síos:	<p>Bunófar club iarscoile do dhaltaí na mbunscoileanna &amp; do dhaltaí na meánscoile. Beidh an club seo ag teacht le chéile uair sa tseachtain ar feadh trí uair an chloig. Beidh ionchur ag tuismitheoirí freisin agus iad i láthair ag an gclub le cuidiú leis na daltaí agus iad ag déanamh a gcuid obair bhaile.</p> <p>Beidh áisitheoirí i láthair freisin agus beidh na tuismitheoirí ag fáil tairbhe as seo, chomh maith le tacaíocht leis an nGaeilge mar ábhar scoile. Nuair nach mbeidh áisitheoirí ar fáil, déanfaidh na tuismitheoirí babhtáil ar an gcúram seo trí róta a dhéanamh amach. Beidh an club seo á reáchtáil sa scoil.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúníréir), daltaí na scoile an LPT, tuismitheoirí/caomhnóirí, , foireann na scoile.				
Saoiré an bhirt:	Bliaín 1	Socrúithe agus ullmhúcháin, earcú áisitheoirí			
	Bliaín 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€52,479				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€8,747 (35 seachtain @€33.30 <sup>27</sup> san uair x 3 áisitheoir + ionad ar cíos @ €2,450 + ábhair tacaíochta a phriontáil @ €2,800)				
Foinse maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Áisitheoirí a aimsiú.</p> <p><b>Réiteach:</b> Murar féidir teacht ar dhaoine feiliúnacha a bheadh sásta áisitheoireacht a dhéanamh ar an gclub, d'fhéadfadh na tuismitheoirí cúram a dhéanamh de nó d'fhéadfáí daltaí ó Choláiste Naomh Éinne a mbeadh suim acu an obair a dhéanamh a thabhairt isteach ar róta.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn agus déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheobhfar aiseolas ó thuismitheoirí ar thionchar an bhirt agus déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.1.				

<sup>27</sup> Tá cáin an fhostóra san áireamh anseo.

### 6.3.5 Lá Inseirbhíse

Réimsí:	A	Critéir pleanála teanga:	5		
<b>Aidhm:</b>	Lá inseirbhíse a chur ar fáil ar an oileán.				
<b>Cur síos:</b>	Eagrófar lá inseirbhíse ar an oileán uair sa mbliain do mhúinteoirí bunscoile an oileán. Tabhairfaidh sé seo deis do mhúinteoirí forbairt ghairmiúil leanúnach a dhéanamh sa tumoideachas agus curaclam na Gaeilge in Árainn. Cuirfear téamaí nua leis an gcúrsa chuile bhliain (m.sh. ceardlann a chur ar fáil do mhúinteoirí maidir le drámaócht, spórt, teanga trí spraoi.)				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTÁ (príomhúinéir), An Roinn Oideachais agus Scileanna, Muintearas Teo, bainistíocht agus foireann na scoileanna, An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí.				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1</b>	Socruthe agus ullmhúcháin			
	<b>Bliain 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€12,600				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€2,100 (Sólaistí @ €150 + Cíos @ 150 + ábhar agus poiblíochta @ €300 + 6 x aoichainteoíri @ €250 an aoichainteora ( €150 costas aoichainteora + €100 costas taistil agus cothabhála)				
<b>Foinse maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh OPTÁ taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar an gcúrsa.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar na foirmeacha a luaitear i mbeart 6.2.4.				

### 6.3.6 Scoláireacht i réimse na Pleanála Teanga

Réimse:	A	Critéir pleanála teanga:	2, 3		
Aidhm:	Scoláireacht a chur ar fáil in aghaidh na bliana do chainteoir líofa Gaeilge le tabhairt faoin Máistreacht sa Léann Teanga.				
Cur síos	<p>Bunófar ciste le scoláireachtaí a bhronnadh ar dhuine amháin as Árainn le freastal ar chúrsa i réimse na pleanála teanga<sup>28</sup>.</p> <p>Is scoláireacht amháin a bheas i gceist in aghaidh na bliana agus déanfar athbhreithniú air ina dhiaidh sin.</p> <p>Mar chuid den bheart, beidh sé mar choinníoll go mbeidh ar an scoláire taithí oibre samhraidh a dhéanamh le hOPTÁ agus le bainisteoir an chomharchumainn le linn an chúrsa (Beart 6.12.1).</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (Príomhúinéir), CPTÁ, an cheanneagraíocht, Pobal Árann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1	Ullmhúcháin agus socruithe			
	Bliaín 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€46,200				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€6,600 <sup>29</sup> (táillí @ €3,000 sa mbliain + costais taistil @ €250 + lóistín @ €600 <sup>30</sup> )				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshlán agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh</p> <p><b>Réiteach:</b> D'fhéadfadh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge cur i láthair a dhéanamh do mhuintir an oiléain agus na mic léinn chun buntáistí na scoláireachta a líriú.</p>				
Monatóireacht ar churi bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh OPTÁ taifead ar na daltaí a mbronnfar scoláireachtaí orthu.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneoidh OPTÁ taifead ar líon na ndaltaí a chuirfidh isteach ar an scoláireacht, ag súil go dtiocfaidh ardú air bliain i ndiaidh bliana. Ar bhealach níos leithne, beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i dtorthaí an tsuirbhé a luaitear i mbeart 6.2.4.				

<sup>28</sup> Cuirfear scoláireacht ar fáil don MA (Léann Teanga) le speisialtacht sa bPleanál Teanga nó an Dioplóma sa bPleanál Teanga (murrar féidir tabhairt faoin MA).

<sup>29</sup> Tá briseadh síos ar na costais ar fáil i mír 6.13

<sup>30</sup> Reáchtáiltear ceardlanna 3 huaire in aghaidh an tseimeastair don MA sa Léann Teanga.

6.3.7 Cúrsaí Gaeilge do scoláirí / cúrsaí gramadaí do ghasúir / daoine óga / aosta an oileáin.

Réimse:	A	Critéir pleanála teanga:	2, 3
Aidhm:	Cúrsaí Gaeilge do scoláirí / cúrsaí gramadaí do ghasúir / daoine óga / aosta an oileáin.		
Cur síos	Tacaíocht a thabhairt do scoláirí an oileáin deis a bheith acu scileanna / ceird a fhoghlaim trí Ghaeilge nach bhfuil ar fáil doibh anseo de bharr chúrsaí earcaíochta, taistil, costais srl.		
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (Príomhúinéir), CPTÁ, an cheanneagraíocht, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Muintearas Teo, bainistíocht agus foireann scoileanna Árann.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Socruithe agus ullmhúcháin	
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€46,350		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€7,725 (25 seachtain @€33 san uair x 3 áísitheoir + ionad ar cíos @ €2,450 + ábhar tacaíochta a phriontail @ €2,800)		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshlán agus réitigh:	<b>Dúshlán:</b> Áísitheoirí a aimsiú <b>Réiteach:</b> Déanfar fógraíocht forleathan agus beidh OPTÁ ag cabhrú.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn, agus déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.1		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.1		

### 6.3.8 Malartú Scoileanna

Réimse:	A	Critéir pleanála teanga:	2, 3
Aidhm:	Cuaireanna agus ceangal le scoileanna eile chun caidreamh a chothú idir scoileanna Gaeltachta.		
Cur síos	Deiseanna a thabhairt do scoláirí agus múinteoirí na háite malartú le scoileanna eile ina labhraítear Gaeilge agus cuairt a thabhairt ar cheantair eisearmláireacha eile a bhfuil mionteangacha á labhairt iontu.		
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (Príomhúinéir), CPTÁ, an cheanneagraíocht, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Muintearas Teo, bainistíocht agus foireann scoileanna Árann.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Socrutithe agus ullmhúcháin	
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€7,000		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,000 (in aghaidh malartú le scoileanna eile agus cuaireanna)		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshlán agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh</p> <p><b>Réiteach:</b> Déanfar fógraíocht forleathan agus beidh OPTÁ ag cabhrú.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn, agus déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.1		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.1		

### 6.3.9 Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge

Réimsí:	A	Critéir pleanála teanga:	5, 6
<b>Aidhm:</b>	Buanú agus dúbaitl a dhéanamh ar Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge.		
<b>Cur síos:</b>	Stocaireacht a dhéanamh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna le cinntiú go ndéanfar buanú agus dúbaitl ar Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge le cinntiú go leanfar ar aghaidh leis an scéim.		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTÁ (príomhúinéir) An Roinn Oideachais agus Scileanna, bainistíocht agus foireann na scoileanna.		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt (cuirfear túis leis an mbeart seo i mbliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)	
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 6.2.1		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 6.2.1		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 6.2.1		
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.1		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón suirbhé a luaitear faoi bheart 6.2.4		

### 6.3.10 Ionad Oideachais Chonamara & Árann

Réimsí:	A	Critéir pleanála teanga:	5, 6		
<b>Aidhm:</b>	Ionad Oideachais Chonamara & Árann a bhunú in Árainn.				
<b>Cur síos:</b>	<p>Stocaireacht a dhéanamh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna le go dtógfar ionad Oideachais Chonamara agus Árann ar an oileán. Beidh sé i gceist go reáchtálfar imeachtaí cultúir, teanga agus sóisialta san ionad, m.sh. Beart 6.4.3 agus 6.5.5.</p> <p>Cinnteofar go bhfuil polasaí láidir teanga san ionad agus go reáchtálfar na himeachtaí cultúir, teanga agus sóisialta trí Ghaeilge.</p> <p>Beifear ag suíl go mbeidh oifig OPTÁ lonnaithe san ionad seo nuair a thóngfar é.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTÁ (príomhúinéir) An Roinn Oideachais agus Scileanna, bainistíocht agus foireann na scoileanna, pobal Árann.				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt (cuirfear tús leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 6.2.1				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 6.2.1				
<b>Foinse maoinithe:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 6.2.1				
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>	Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.1				
<b>Monatóireacht ar eifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón suirbhé a luaitear faoi bheart 6.2.4				

## 6.4 Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

### 6.4.1 Scéim Chomhfhareagais do Thuismitheoirí Nua

Réimsí:	K	Critéir pleanála teanga:	7, 8, 9				
Aidhm:	Cur le líon na dteaghlaigh a labhraíonn Gaeilge sa mbaile.						
Cur síos:	<p>Forbrófar scéim chomhfhareagais do thuismitheoirí nua .i. cuirfear litir/pacáiste amach chuig tuismitheoirí nua a chláraíonn leis an scéim gach ráithe nó gach sé mhí ó bhreith an pháiste go ceann trí bliana (nuair a fhreastalaíonn siad ar an naónra) le heolas maidir le forbairt chognaíoch agus teanga an pháiste, rannta, amhráin, tomhaiseanna, cluichí traidisiúnta, rabhlóga agus scéalta traidisiúnta na n-oileán/Chonamara chomh maith le hábhar nuachumtha sa gcanúint áitiúil a bheadh feiliúnach don pháiste ag an bpóinte sin, dlúthdhioscaí le suantrairte i nGaeilge srl. Bheadh an t-ábhar seo ina chuidiú do chruinneas foghraíochta, rithim na teanga agus saibhriú foclóra.</p> <p>Moltar pacáistí éagsúla a ullmhú ag brath ar chumas teanga an tuismitheora/na dtuismitheoirí agus ar chealachtas teanga an teaghlaigh.</p> <p>Moltar pacáiste éagsúil a ullmhú sula bhfreastalaíonn an páiste ar an naónra ina ndéanfar cur síos ar na buntáistí oideachasúla agus sóisialta a bhaineann le Gaeilge a bheith ar a t(h)oil ag an bpáiste agus é/i ag tosnú ar an Naónra.</p>						
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), CPTÁ, An cheanneagraíocht, tuismitheoirí pháistí naónra agus scoile an oiléain, foireann naónra agus scoileanna an oiléain.						
Saolré an bhirt:	<table border="1"> <tr> <td>Bliain 1</td> <td>Socrutithe agus ullmhúcháin</td> </tr> <tr> <td>Bliain 2-7</td> <td>Feidhmiú an bhirt</td> </tr> </table>	Bliain 1	Socrutithe agus ullmhúcháin	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt		
Bliain 1	Socrutithe agus ullmhúcháin						
Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt						
Costas measta iomlán:	€5,400						
Costas measta in aghaidh na bliana:	€900 (ábhar & prioritáil)						
Foinse maoinithe:	RTCEGSM						
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshláin:</b> Tuismitheoirí a spreagadh le clárú leis an scéim.</p> <p><b>Réiteach:</b> Déanfar poiblíocht ar an scéim in oifigí dochúirí teaghlaigh a mbíonn pobal an oiléain ag freastal orthu, sa naónra áitiúil agus ar an idirlion.</p>						
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh OPTÁ taifead ar líon na dtuismitheoirí/caomhnóirí a chláraíonn leis an scéim.						
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar na foirmeacha a luaitear i mBheart 6.2.4.						

#### 6.4.2 Nasc le Tuismitheoirí na Gaeltachta

Réimsí:	K	Critéir pleanála teanga:	7, 8, 9		
Aidhm:	Nasc le Tuismitheoirí na Gaeltachta a láidriú agus tacaíocht a thabhairt dá gcuidimeachtaí.				
Cur síos:	<p>Déanfar teagmháil le Tuismitheoirí na Gaeltachta chun caidreamh maith a chothú leo. Déanfar poiblíocht i dtaobh imeachtaí agus tacaíocht atá ar fáil ó Thuismitheoirí na Gaeltachta i measc tuismitheoirí an oiléain.</p> <p>Gach deis/tacaíocht a thabhairt agus a éascú do na gasúir freastal ar na ceardlanna a bhíonn á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta nó féidearthachtaí eile a phlé.</p> <p>Moltar poiblíocht a dhéanamh ar imeachtaí, ócáidí srl. Tuismitheoirí na Gaeltachta ar shuíomh gréasáin CPTÁ (Beart 6.2.2) agus tríd an Nuachtlitir ‘Nuachtlitir Pleanála Teanga Árann’ (Beart 6.8.1).</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), CPTÁ, An cheanneagraíocht, tuismitheoirí an LPT, múinteoirí agus tuismitheoirí naónra ar an oiléain.				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1 - 7	Cuirfear túis leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt.			
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.2.1.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.2.1.				
Foinse maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.2.1.				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.				

#### 6.4.3 Imeachtaí do Thuismitheoirí/Caomhnóirí

Réimsí:	K	Critéir pleanála teanga:	8, 12		
Aidhm:	Feasacht a ardú i measc tuismitheoirí/caomhnóirí ar roghanna teanga agus iad a spreagadh le Gaeilge a thabhairt isteach i réimse an bhaile.				
Cur síos:	<p>Táthar ag iarraidh líon na ngasúr agus líon na dtuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu a íslú, agus líon na bpáistí a mbeadh Gaeilge acu sula dtosnaíonn siad ar an naónra a ardú.</p> <p>Déanfar é seo trí imeachtaí agus ócaidí a eagrú ina mbeadh tuismitheoirí/caomhnóirí agus a gcuid páistí óga in ann teacht le chéile ar bhealach neamhfhoirmeálta chun an Ghaeilge a úsáid, mar shampla, grúpaí spraoi.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), CFÁ, tuismitheoirí agus tuismitheoirí atá ag súil, Naónra, Scoileanna, Meánscoil, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Comhar Naónraí na Gaeltachta, saineolaithe sna réimsí seo.				
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Socruithe agus ullmhúcháin.			
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€30,600				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€5,100 (Sólaistí @ €150 + Cíos @ 150 + ábhar tacaíochta agus poiblíochta @ €300 + aoichainteoirí @ €250 an t-aoichainteoir ( €150 costas aoichainteora + €100 costas taistil agus cothabhála.) X 6 cuairt / imeacht				
Foinse maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshláin:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réiteach:</b> Feachtas poiblíochta mar atá lúite thus le míniúchán a thabhairt faoi na himeachtaí. Beidh foireann na scoileanna agus an naónra ag plé an bhirt seo le tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar an scoil/naónra.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh OPTÁ taifead ar lion na dtuismitheoirí/caomhnóirí a fhreastalaíonn.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Baileoidh OPTÁ eolas maidir le tionchar ar chleachtas teanga an bhirt seo le linn an teacht le chéile.				

#### 6.4.4 Ionad Tacaíochta Teanga

Réimsí:	B,C	Critéir pleanála teanga:	2,7
Aidhm:	Acmhainní Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí Árann.		
Cur síos:	<p>Roghnofar Seomra Gaeilge i gceann d'oifigí CFÁ agus forbrófar é mar Ionad Tacaíochta Teanga. Beidh bailiúchán de leabhra Gaeilge, cluichí Gaeilge, eolas ar cheol, caitheamh aimsire, gnáth téarmaí srl. sa seomra seo, agus beidh tuismitheoirí/chaomhnóirí in ann iad a thógáil ar iasacht ón ionad. Beidh fáil ar na pacáistí teanga atá luaite i mbeart 6.4.1 chomh maith.</p> <p>Ar mhaithe le teachaigh atá níos líofa sa teanga, beidh ábhar a bhaineann le saibhreas teanga, stair, oidhreacht agus litríocht ar fáil freisin. Beidh seirbhís mhalartaithe i bhfeidhm chun go mbeadh deis ag grúpaí éagsúla na hábhair a roinnt.</p>		
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), CFA, tuismitheoirí agus tuismitheoirí atá ag súil, Naónra, Scoileanna, Meánscoil, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Comhar Naónraí na Gaeltachta, saineolaithe sna réimsí cuí, Glór na nGael.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Socruthe & ullmhúchán	
	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€4,800		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€685.71 <sup>31</sup> Ábhar agus prioritál @ €800 do Bhliain 2-7)		
Foinse maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Tuismitheoirí &amp; caomhnóirí a spreagadh chun na háiseanna a úsáid.</p> <p><b>Réiteach:</b> Déanfar poioblíocht agus tabharfar míniú iomlán faoi céard atá ar fáil san Ionad Tacaíochta Teanga tríd na scoileanna, naónraí, grúpaí tuismitheoirí &amp; leanaí, póstaer, litir chuig tuismitheoirí / caomhnóirí, oifig sláinte.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh OPTÁ taiféad ar líon na dtuismitheoirí a bheas ag glacadh páirt.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt trí aiseolas a fháil ag cruinnithe mar atá luaite i mbeart 6.2.4		

<sup>31</sup> Tá briseadh síos ar na costais chaipítil i mír 6.13.4.

#### 6.4.5 Áiseanna Spraoi

Réimsí:	B, I, J	Critéir pleanála teanga:	2, 7, 9, 11, 12		
Aidhm:	Cur leis na háiseanna Gaeilge agus le húsáid na Gaeilge don óige agus béis curtha ar fhoghlaim na Gaeilge.				
Cur síos:	Cuirfear leis na háiseanna atá sa bpáirc spraoi le go mbainfear tuilleadh úsáide as agus le go mbeidh áit feiliúnach ag daoine óga teacht le chéile chun an Ghaeilge a úsáid. Cuirfear áit suí sa bpáirc spraoi le go mbeidh deis ag tuismitheoirí theacht le chéile go sóisialta agus a bheith ag caint le chéile trí mhéan na Gaeilge.				
Páirtithe leasmhara:	An Ceanneagraíocht (príomhúinéir), OPTÁ, CPTÁ, coiste spóirt, pobal, scoileanna & coiste chlub na n-óg.				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1	Socruite & ullmhúcháin			
	Bliaín 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€35,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€8,571 (€25,000 Airgead Caipítil do Bliaín 1 + €5,833 do Bliaín 2-7)				
Foinse maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Pléifear cur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.1				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh aiseolas dhá fháil go rialta ag cruinnithe i mbeart monatóireachta faoi bheart 6.2.4				

## 6.5 Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile

### 6.5.1 An Ghaeilge mar theanga chumarsáide shóisialta

Réimsí:	C, J, K	Critéir pleanála teanga:	10, 11, 12
Aidhm:	An Ghaeilge a chothú mar theanga chumarsáide shóisialta i measc óige an oiléáin.		
Cur síos:	<p>Cinnteofar go bhfuil Polasaí Teanga i bhfeidhm ag chuile eagraíocht (clubanna spóirt agus sóisialta, campáí samhraidh, seoltóireacht, ceol, damhsa srl) chun an Ghaeilge a láidriú mar theanga shóisialta i measc an aosa óig.</p> <p>Bheadh sé sa pholasaí teanga go mbeadh daoine óga ag obair mar chinnirí teanga agus an traenáil cuí a chur ar fáil dóibh. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí feachtas a réachtáil ar líne chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga shóisialta i measc óige an oiléáin.</p>		
Páirtithe leasmhara:	OOÁ (príomhúinéir), OPTÁ, Club Óige Árann, óige an oiléáin, scoileanna, Óige na Gaeltachta, coláistí samhraidh, ÚnaG, RTCEGSM.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Socruithe agus ullmhúcháin	
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.2.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.2.1.		
Foinse maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.2.1.		
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p>Dúshlán: Nós úsáid an Bhéarla a athrú.</p> <p>Réiteach: Daoine óga a spreagadh agus a aimsiú mar chinnirí le go mbeidh siad ábalta an slua a mhealladh agus a spreagadh chun an Ghaeilge a úsaid.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Pléifear cur i bhfeidhm an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.2.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Pléifear cur i bhfeidhm an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.2.		

## 6.5.2 Clubanna Óige Árann

Réimsí:	C	Critéir pleanála teanga:	6, 10, 11, 12		
Aidhm:	Scileanna na ndaoine óga a láidriú trí na clubanna óige.				
Cur síos:	<p>Tagann go leor daoine chuig an oiléán ón mórrthír chun oibriú sna coláistí, scoileanna agus sna gnóanna. Táthar chun oibriú leis na daoine óga ar an oiléán tríd na clubanna óige chun a gcuid scileanna pearsanta, féiniúlachta agus muiníne a fhorbairt. Déanfar é seo trí chúrsaí a chur ar bun a dhíríonn ar an bhféinmhuiún, scileanna cur i láthair, scileanna cumarsáide, scileanna ríomhaireachta, agus aon scil eile a theastódh chun cabhrú leo poist a fháil. Táthar ag súil go mbeidh na daoine óga ar an oiléán in ann na poist a líonadh, in ionad daoine ón mórrthír.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OOÁ (príomhúinéir), OPTÁ, club óige, na coláistí samhraidh, scoileanna, Pobal, óige an oiléain, ÚnaG, RTCEGSM, CPTÁ, pobal an oiléain, UISCE				
Saolré an bhirt:	<b>Bliaín 1</b>	Socrúcháin agus ullmhúcháin			
	<b>Bliaín 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€28,080				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€4,680 (prioritáil, ábhar tacaíochta mar is gá @ €100 + sólaistí (@ €80 + Cíos @ €100 + beirt aoichainteoirí ar chostas €250 an duine (€150 costas aoichainteora + €100 costas taistil agus cothabhála x6 teacht le chéile)).				
Foinse maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine óga a mhealladh.</p> <p><b>Réiteach:</b> Feachtas poiblíocht a dhéanamh roimh ré chun daoine a mhealladh agus litir a sheoladh abhaile chuig na tuismitheoirí le heolas faoi na cúrsaí.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh OPTÁ taifead ar líon na gcúrsaí / ceardlann a eagraítear faoin mbeart seo agus coinneoidh sé/sí taifead ar an líon daoine a fhreastalóidh orthu.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheobhfar aiseolas faoi éifeacht an bhirt ó na feitheoirí ag na cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.1.				

### 6.5.3 Oifigeach don Óige

Réimsí:	C, K	Critéir pleanála teanga:	12		
Aidhm:	An Ghaeilge a bheith mar phríomhtheanga chaidrimh & shóisialta i measc an óige ar an oiléán agus a bheith mar chuid lárnach den phlean teanga.				
Cur síos:	Beartaíodh go mbeadh Oifigeach don Óige fostaithe go lán-aimseartha ag an gceanneagraíocht agus faoi stiúr Choiste Phleanála Teanga Oileáin Árann. Bheadh an duine seo ag obair ar na bearta a bhaineann leis an aos óg agus freagracht ar an té sin as cur i bhfeidhm na mbeart a bhaineann leis an aos óg agus as monatóireacht a dhéanamh ar na bearta sin.				
Páirtithe leasmhara:	An Ceanneagraíocht (príomhúinéir), OPT, Oifigeach Óige, óige an LPT				
Saolré an bhirt:	Bliain 1 - 7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€274,574				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€39,224 <sup>32</sup>				
Foinse maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine óga a mhealladh chun iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.</p> <p><b>Réiteach:</b> Murar féidir teacht ar iarrthóirí leis na cálíochtaí cuí, d'fhéadfaí duine a fhostú a mbeadh taithí aige/aici ar réimsí ábhartha eile (m.sh. forbairt pobail, obair óige) ar an gcoinníoll go dtabharfad sé/sí faoi cháilíocht sa bpleanáil teanga i ndiaidh a c(h)eapacháin.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Beidh an tOifigeach Óige freagrach don Cheanneagraíocht agus do Choiste Pleanála Teanga Oileáin Árann.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht an bhirt le feiceáil in éifeacht na bearta a bhaineann leis an aos óg sa bplean teanga.				

<sup>32</sup> Tá briseadh síos ar na costais ar fáil i mír 6.13

#### 6.5.4 Coiste Pleanála Teanga na nÓg

Réimsí:	C	Critéir pleanála teanga:	10, 12		
Aidhm:	Feasacht ar chúrsaí teanga a ardú i measc óige an LPT agus iad a chumasú le feidhmiú mar bhainisteoirí teanga ag an micrileibhéal.				
Cur síos:	<p>Bunófar Coiste Phleanála Teanga na nÓg agus beidh daoine óga sa LPT páirteach. Beidh an coiste seo freagrach as imeachtaí a eagrú – peil, díospóireachtaí, cluichí. Beidh sé d'aidhm acu an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na hóige mar theanga shóisialta, ar na meáin shóisialta srl. Feidhmeoidh an coiste seo faoi stiúr OPTÁ agus CPTÁ.</p> <p>Beidh Coiste Pleanála Teanga na nÓg ag teacht le chéile go míosúil agus beidh ionadaithe ag freastal ar na cruinnithe coiste de réir chlár ama a bheas leagtha amach.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An Ceanneagraíocht (príomhúinéir), an OPT, Oifigeach Óige, óige an oileáin				
Saolré an bhirt:	Bliain 1 - 7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€11,200				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,600 (imeachtaí, poiblíocht, ábháir, aoichtainteoir a fháil isteach a bheas ag díriú isteach ar spórt, díospóireachtaí, drámaí agus na meáin shóisialta mar théamaí samplacha).				
Foinse maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine óga a spreagadh le dul ar an gcoiste.</p> <p><b>Réiteach:</b> Cuirfear seisiúin eolais ar siúl sna meáin, sna scoileanna agus sa gclub óige chun aird a tharraingt ar na buntáistí a bhaineann le bheith ar an gcoiste.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Gheobhaidh CPTÁ tuairiscí rialta ó Choiste Phleanála Teanga na nÓg ina sonrófar taifead ar bhallaíochta, imeachtaí agus gníomhaíochtaí.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheobhaidh CPTÁ tuairiscí rialta ó Choiste Phleanála Teanga na nÓg.				

### 6.5.5 Imeachtaí a eagrú d'Aosach Árann (Imeachtaí do mhuintir Árann, idir óg agus aosta).

Réimse:	A	Critéir pleanála teanga:	2, 3
<b>Aidhm:</b>	Tacaíochtaí a chur ar fáil do ghrúpaí deonacha & do scoileanna chun tacú leo freastal ar imeachtaí trí Ghaeilge ar an mórhír agus i LPTanna eile.		
<b>Cur síos</b>	Bíonn bac ar ghrúpaí deonacha agus ar scoileanna tairbhre a bhaint as cúrsáí agus imeachtaí a bhíonn ar bun ar an mórhír a bheadh ag neartú agus ag cothú ceangal i measc daoine. Tarlaíonn sé seo de bharr costais agus bheadh muid ag iarraidh go n-eagrófaí imeachtaí trí Ghaeilge m.sh. ceardlanna, cúrsaí srl. i gcomhar le hOPTanna i nGaeltacht na Gaillimhe. Cruthófar nasc le gach LPT agus d'fhéadfaí na himeachtaí a bhabhtáil idir na LPTanna.		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTÁ (Príomhúinéir), CPTÁ, an cheanneagraíocht, Pobal Árann, grúpaí deonacha Árann, scoileanna Árann.		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 -7</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta ionlán:</b>	€17,500		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€2,500 (50 duine x dhá thuras @ €50.00)		
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM		
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh OPTÁ taifead ar líon na ndaoine a dhéanann freastal ar na himeachtaí.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Tabharfaidh OPTÁ tuairisc ar an scéim ag cruinnithe a luaitear faoi bheart 6.2.1.		

### 6.5.6 Cúrsaí leathan sna hEalaíona

Réimsí:	C, J	Critéir pleanála teanga:	10, 12		
Aidhm:	Cúrsaí leathana sna healaíona a chur ar fáil ar an oiléán gan gá taisteal chuig an mórhír, agus teacht ar úirlisí ceoil go mbeidh siad ar fáil do na gasúir.				
Cur síos:	<p>Go mbeadh fáil ar chúrsaí a mhúinfeadh scileanna scríbhneoireachta, aisteoireachta agus léiriú drámaí le cúnamh a thabhairt chun scoláirí, drámaí, seiteanna, agallamh beirte &amp; srl a chur ar státse – tairbhe don oiléán agus don phobal chun an saibhreas teanga atá ar an oiléán a thaispeáint agus a chur chun cinn.</p> <p>Infheistíocht a dhéanamh in uirlisí ceoil le go mbeidh siad ar fáil do na gasúir. Bheadh córas cíosa i bhfeidhm agus iad ar fáil do dhaoine ar iasacht. Beidh sé mar choinníoll ar an gcóras cíosa go gcaithfear cloí le polasaí láidir teanga chomh maith.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An Roinn Oideachais agus Scileanna, Muintearas Teo, OPTÁ (príomhúinéir) bainistíocht agus foireann na scoileanna.				
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Socrúithe & Ullmhúcháin			
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€29,988				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€4,998 (20 seachtain @ €33.30 <sup>33</sup> san uair x 3 áísitheoirí + ionad ar cíos @ €1,400 + ábhair tacaíochta a phriontáil @ €600 + uirlisí a cheannach @ €1,000)				
Foinse maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Teagascóirí / múinteoirí a aimsiú.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Déanfar fógraíocht forleathan agus beidh OPTÁ ag cabhrú.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na cúrsaí.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón gceistneoir a luaitear i mbheart 6.2.4				

<sup>33</sup> Tá cáin an fhostóra san áireamh anseo.

## 6.6 Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chórás Oideachais

### 6.6.1 Ranganna Gaeilge

Réimsí:	D	Critéir pleanála teanga:	11
Aidhm:		Cumas Gaeilge a ardú ar an oileáin.	
Cur síos:		<p>Cuirfear ranganna neamhfoirmiúla cumarsáid-bhunaithe ar fáil do phobal an LPT. Moltar ranganna a bheith saor in aisce do ranpháirtithe agus a chur ar fáil ag gach leibhéal agus ranganna le fócais éagsúla (comhrá, bunleibhéal, gramadach, dianchúrsa) ag brath ar éileamh. Le cinntíú nach gcuirtear acmhainní amú, moltar athbhreithniú a dhéanamh ar líon agus cineál na ranganna go bliantúil.</p> <p>Moltar go mbunófaí nasc le LPT eile agus go dtóigfaí caidreamh le muintir an LPT sin trí chuaireanna agus malartaithe a eagrú.</p> <p>Chomh maith leis na ranganna a luitear thuas, cuirfear ranganna ar fáil do dhá spriocgchrúpa faoi leith: tuismitheoirí/caomhnóirí agus an lucht gnó/seirbhísí/eagraíochtaí.</p> <p>Cuirfear bileog le chéile le heolas faoi na ranganna agus na hacmhainní uile a bheas ar fáil sa LPT, chomh maith le hachmhainní agus le cúrsaí ar líne.</p> <p>Tuismitheoirí/Caomhnóirí: cuirfear ranganna / ciornal comhrá saor in aisce ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bheas bunaithe ar chumarsáid laethúil idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus páistí.</p> <p>An Lucht Gnó/Seirbhísí/eagraíochtaí: Reáchtálfar sainranganna don lucht gnó/seirbhísí/eagraíochtaí sa LPT a mbeidh sé de sprioc acu daoine a chumasú le seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge. Beidh taighde nó comhairliúchán le déanamh le hoibriú amach cén t-am is fearr a fheilfidh don lucht freastail, agus moltar féidearthachtaí a phlé le gnólachtaí.</p>	
Páirtithe leasmhara:		OPTÁ (príomhúinéir), an cheanneagraíocht, ÚnaG, pobal an oileáin.	
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Socruthe agus ullmhúcháin	
	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€37,800		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€5,400 (6 rang x 20 seachtain @ €45 do gach múinteoir)		
Foinse maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine a spreagadh le freastal ar na ranganna.</p> <p><b>Réiteach:</b> Poiblíocht a dhéanamh agus daoine atá páirteach i mbearta eile a mhealladh.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a bheas ag freastal ar na ranganna éagsúla.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh aiseolas ar fáil maidir leis seo faoi beart 6.2.4		

## 6.6.2 Saibhreas Teanga

Réimsí:	D	Critéir pleanála teanga:	10,11		
Aidhm:	Teacht le chéile chun saibhreas teanga a chothú agus a neartú i measc an LPT le cumas na Gaeilge agus le líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge a ardú – thírithe ar thosnaitheoirí agus ar chainteoirí mheánleibhéil.				
Cur síos:	Teacht le chéile neamhfhoirmeálta chun an Ghaeilge a úsáid i dtimpeallacht chompordach ar nós an caife Gaelach nó seomra in ionad – teacht le chéile 6 uair sa mbliaín agus beidh daoine cláraithe le freastal (agus fáilte roimh daoine nach bhfuil cláraithe freisin go dtí go mbeidh cleachtadh acu ar an gcur chuige). Beidh daoine le Gaeilge líofa i láthair agus iad curtha in éindí le tosnaitheoirí & le cainteoirí meánleibhéil. Beidh deis acu foghlaim óna chéile agus beidh sraith chainteoirí éagraithe gach mí a bheas ag díriú isteach ar théamaí difriúla (cócaireacht, bia, deochanna srí).				
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), Coiste Pleanála Teanga, pobal an LPT, Conradh Gaeilge, gnóanna ar an oiléan.				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1 - 7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€15,960				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,280 (teacht le chéile 6 bhabhta sa mbliaín @€250 an ceann, aoibhainteoirí, sólaistí @ €80 + cíos @ €50)				
Foinse maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<b>Dushlán:</b> Daoine a aimsiú le cur i láthair a dhéanamh nuair is gá. <b>Réiteach:</b> Muna bhfuil daoine cláraithe le bheith mar chainteoirí, beidh baill den Choiste Pleanála Teanga agus OPTÁ sásta é seo a dhéanamh ar bhonn sealadach chun deis a thabhairt daoine a aimsiú.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Beidh OPTÁ ag coinneáil taifead ar dhaoine a bheas cláraithe & ag freastal.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh aiseolas le fáil ó OPTÁ agus ag cloí le beart 6.2.4				

### 6.6.3 Oíche na bhFoghlaimeoirí

Réimsí:	D	Critéir pleanála teanga:	10
Aidhm:	Deis neamhfhoirméálta & sóisialta chun úsaid na Gaeilge a chur ar fáil do phobal an oiléain, idir chainteoirí líofa Gaeilge agus fhoghlaimeoirí.		
Cur síos:	<p>Beidh “oíche na bhfoghlaimeoirí” ar siúl uair sa mí ag brath ar éileamh. Beidh na hócaidí seo ar siúl sa Halla Pobail nó i dteach ósta ar an oiléain (ag dul chuig teach ósta difriúil gach oíche).</p> <p>Tabharfaidh an oíche shóisialta deis do dhaoine teacht le chéile sa tráthnóna/oíche. Beidh béim ar an ngné shóisialta, ar nós ceol tradisiúnta damhsa agus amhránaíocht ar an sean nós.</p> <p>Beifear ag cur seirbhís bhus ar fáil chun daoine a thabhairt chuig an oíche shóisialta agus abhaile arís. Beidh sólaistí bia ar fáil freisin.</p>		
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), CPTÁ, pobal an oiléain		
Saolré an bhirt:	<b>Bliain 1-7</b> Feidhmiú an bhirt		
Costas measta iomlán:	€17,640		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,520 (Costas taistil @ €80 + sólaistí @ €80 + cíos @ €50 x 12 thuras)		
Foinse maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dushlán:</b> Daoine a spreagadh le bheith páirteach.</p> <p><b>Réiteach:</b> Beidh go leor poiblíocht déanta ar an hoícheanta seo roimh ré. Beifear i dteaghmháil leis na daoine atá páirteach sna grúpaí eile freisin chun iad a spreagadh freastal ar an oíche shóisialta seo.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Beidh OPTÁ ag coinneáil taifead ar líon na ndaoine a fhreastalóidh ar na hoícheanta sóisialta.		
Monatóireacht ar eifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.4		

## 6.7 An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

### 6.7.1 Seirbhísí Tacaíochta Ghnó

Réimsí:	E, F, K	Critéir pleanála teanga:	2, 3, 13, 14, 15, 18
Aidhm:	Cur le húsáid na Gaeilge sa réimse poiblí.		
Cur síos:	<p>Beidh seirbhísí tacaíochta á gcur ar fáil chun deis a thabhairt do lucht gnó an oiléán níos mó Gaeilge a úsáid ina ngnó laethúil – idir chumarsáid labhartha agus scríofa.</p> <p>Beidh cruinnithe ar siúl le gnóanna, comhlachtaí, seirbhísí, úinéirí agus bainisteoirí.</p> <p>Beidh pacáiste teanga bunaithe ar ghnóanna agus ar sheirbhísí curtha ar fáil agus comhairle faigte ó Fhoras na Gaeilge agus ó Ghlór na nGael chun an bealach is éifeachtaí a aimsiú chun diriú isteach air seo agus chun an polasaí teanga a chur i bhfeidhm.</p> <p>Dáilfear pacáiste ÚnaG ar an oiléán a chuideoidh leis seo. Pléifear cúrsaí teanga freisin le gnóanna.</p> <p>Cuirfear leis seo de réir ama ag brath ar chleachtadh agus ar éileamh.</p>		
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), CPTÁ, ceanneagraíochta, lucht gnó agus eagraíochtaí, gnóanna ar an oiléán, pobal an oiléán, cuairteoirí chuig an oiléán, ÚnaG, Foras na Gaeilge agus Glór na nGael.		
Saolré an bhirt:	Bliaín 1-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€4,550		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€650 (aistriúchán 5,000 focal @ 0.08 cent an focal + €250 ar prioritál & dearadh)		
Foinse maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán :</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réiteach:</b> Cruinnithe a eagrú agus cuairt a thabhairt ar na gnóanna chun cúrsaí teanga agus pleanáil teanga a phlé agus chun cur síos ar na tacaíochtaí a bheas ar fáil.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh OPTÁ taifead ar an líon comhlachtaí/gnóanna a bheas páirteach.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneoidh OPTÁ taifead ar an líon comhlachtaí/gnóanna a bheas páirteach agus déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag cruinnithe a luaitear i mbeart 6.2.1.		

## 6.7.2 Earnáil Ghnó

<b>Réimsí:</b>	<b>E</b>	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	<b>13, 14, 15, 18</b>		
<b>Aidhm:</b>	An Ghaeilge a bheith in úsáid, le feiceáil, agus le cloisteáil ar an oileán.				
<b>Cur síos:</b>	<p>Cuirfear Pacáiste Tacaíochta ar fáil don Earnáil Ghnó chun go mbeidh an Ghaeilge in úsáid, le cloisteáil &amp; le feiceáil. Déanfar staidéar ar shamplaí agus ar deachleachtais náisiúnta &amp; idirnáisiúnta i bpáirt leis an bpobal a bhfuil suim acu san ábhar d'fhonn teacht aníos le plean Forbartha don turasóireacht chultúrtha. Tá fiontair agus gnólachtaí ag fás agus ag forbairt an t-am ar fad agus níl aon staidéar déanta ar a gcuid riachtanaisí &amp; na tacaíochtaí a theastaíonn chun seirbhísí/fógraíocht a chur ar fáil trí Ghaeilge.</p> <p>Cuirfear seisiúin eolais ar siúl agus an pácaiste a chur ós comhar lucht ghnó &amp; beidh OPTÁ ag casadh le gnóanna chun é seo a phlé.</p> <p>An Pacáiste:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Comhairle gníomhach a thabhairt do lucht bainistíochta.</li> <li>• Polasaithe teanga a bheith ag na comhlachtaí gnó.</li> <li>• Tacalochtaí maidir le cur i bhfeidhm an pholasáí.</li> <li>• Leibhéal na Gaeilge scríofa a mhéadú.</li> <li>• Traenáil phraiticiúil do bhaill foirne.</li> <li>• Rogha teanga an chustaiméara a bheith mar chroílár na seirbhise.</li> <li>• Seiminéar eolais.</li> <li>• Seirbhís bhunúsach aistriúcháin.</li> <li>• Comórtais &amp; Duaiseanna.</li> </ul>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPT, Úinéirí gnó, CFA, Foras na Gaeilge, ÚnaG				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€7,490				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,070 (aistriúchán 8,000 focal @ 0.08 cent + prioritál @ €250 + Seisiún Eolais + cíos @ €80 + sólaistí @ €100)				
<b>Foinse maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshlán agus réitigh fhéideartha:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtaíocht a spreagadh i measc lucht gnó.</p> <p><b>Réiteach:</b> Cruinnithe a eagrú agus casadh le gnóanna agus na buntáistí a mhíniú dóibh.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh OPTÁ taifead ar an líon comhlachtaí / gnóanna a bheas páirteach.				

### 6.7.3 Pacáiste Comharthaí

Réimsí:	E	Critéir pleanála teanga:	15		
Aidhm:	Comharthaí Gaeilge a chur suas ar an oiléan a bheadh lán Ghaelach chun an teanga a thaispeáint go láidir ar an oiléan.				
Cur síos:	<p>Cuirfear tacaíocht practiciúil ar fáil do lucht gnó &amp; turasóireachta chun go mbeidh an Ghaeilge lárnach &amp; fógraí ar fáil trí Ghaeilge. Déanfar comharthaí Gaeilge a bheas in airde ag na gnóanna uile. Beidh na comharthaí uile cosúil lena chéile ó thaobh méid agus dearadh de, ach go mbeidh an t-eolas difriúil orthu uile.</p> <p>Bheifí ag súil go ndéanfadh baill den Ghréasán Gnó na comharthaí seo agus go mbeadh an té atá páirteach ann ag feidhmiú ar an oiléan, lán taobh thiar den phlean teanga agus tiománta do chur chun cinn úsáid na Gaeilge sna gnóanna áitiúla.</p> <p>Beidh seoladh oifigiúil ann chun aird a tharraing ar an togra seo.</p>				
Páirtithe leasmhara:	Ceanneagraíocht (príomhúinéir), Fóram turasóireachta (Gréasán Gnó Oileáin Árann), ÚnaG, gnóanna áitiúla, an OPT, CFÁ, Foras na Gaeilge				
Saolré an bhirt:	<b>Bliain 1</b>	Socruithe agus ullmhúcháin.			
	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€32,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€4,571 <sup>34</sup>				
Foinse maoinithe:	RTCEGSM, ÚnaG, Foras na Gaeilge, Lucht Gnó an oiléain.				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Cead Pleanála</p> <p><b>Réiteach:</b> Cruinnithe a eagrú le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus torthaí an taighde a léiríonn go bhfuil éileamh ar na comharthaí seo.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh OPTÁ taifead ar an líon comhlachtaí/gnóanna a bheas páirteach.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneoidh OPTÁ taifead ar an líon comhlachtaí/gnóanna a bheas páirteach.				

<sup>34</sup> Tá briseadh síos ar na costais ar fáil i mír 6.13

## 6.8 Na Meáin Chumarsáide

### 6.8.1 Nuachtlitir a fhoilsiú

Réimsí:	G	Critéir pleanála teanga:	12
Aidhm:	Eolas a scaipeadh trí nuachtlitir a bheas ag déanamh cur síos ar imeachtaí Gaeilge ar an oiléán agus nasc do chomhlachtaí / grúpaí atá páirteach.		
Cur síos:	<p>Beidh Nuachtlitir á chur i gcló agus á fhoilsiú uair sa mí. Beidh eolas agus pictiúir sna nuachtlitreacha seo faoi na himeachtaí pleanála teanga ar fud Árann agus beidh eolas ann faoi na hábhair agus na gréasáin atá ar fáil i nGaeilge. Beidh sé seo dátheangach ach níos mó béime ar an nGaeilge.</p> <p>Beidh sé foilsithe ar líne, ar ár suíomh idirlín (6.2.2) agus ar pháipéar uair sa mí.</p> <p>Nuir a bheas an plein ceadaithe ag RTCEGSM, ullmhófar dréachtphealán do chaon oiléán agus foilseofar agus scaipfear é ar chuile theach ar Árainn é.</p>		
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), CPTÁ, an cheanneagraíocht, pobal an oiléain.		
Saolré an bhirt:	<b>Bliaín 1-7</b> Feidhmiú an bhirt		
Costas measta iomlán:	€16,800		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,400 (Prioritáil 1,000 cóip @ €200 x 12 mí).		
Foinse maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Beidh na heagráin nuachta coinnithe ar chomhad ag an OPT.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann		

## 6.8.2 Cleachtas & Saibhreas Teanga an Oileáin

Réimsí:	G	Critéir pleanála teanga:	12, 16
Aidhm:	Daoine óga a chur i mbun saibhreas teanga a thaifead trí na meáin shóisialta. Beidh sé ag cothú ceangal le daoine fásta agus an comhrá a oscailt eatartha.		
Cur síos:	<p>Cruthófar ceangal le Raidió na Gaeltachta. Beidh sé mar thogra ag daltaí Idirbhliana podchraoladh, clár raidió nó agallamh a thaifead agus a chraoladh beo. D'fhéadfáí an beart seo a nascadh le Beart 6.12.3 agus an t-ábhar a bhaileofar (scéalta, amhráin, píosaí beaga cainte srl.) ó mhuintir Árann a chraoladh ar an bpodchraoladh.</p> <p>Bheadh sé i gceist saineolaithe ón Raidió a fháil isteach a bheadh ábalta traenáil/comhairle a chur ar na daltaí maidir le céin bealach chun podchraoladh/clár raidió/agallamh a thaifead.</p>		
Páirtithe leasmhara:	OPT (príomhúinéir), CPTÁ, an cheanneagraíocht, pobal an oileáin, scolairí, scoil, RTE Raidió na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, Glór na nGael.		
Saolré an bhirt:	Bliaín 2	Socruthe agus ullmhúcháin	
	Bliaín 2-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€15,500		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,583 <sup>35</sup>		
Foinse maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Oiliúint &amp; traenáil a chur ar na daltaí maidir le clár/podchraoladh/agallamh a thaifead.</p> <p><b>Réiteach:</b> larrfar ar RTE Raidió na Gaeltachta teacht agus cur i láthair a dhéanamh leis na daltaí chun na scileanna cuí a mhúineadh dóibh.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cinneoidh OPTÁ taifead ar líon na ndaltaí a ghlacann páirt sa mbeart seo agus ar líon na gclár a chraoltar.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt so trí bheart 6.2.4.		

<sup>35</sup> Tá briseadh síos ar na costais ar fáil i mír 6.13

### 6.8.3 Nuatheicneolaíocht

Réimsí:	G	Critéir pleanála teanga:	12, 16
Aidhm:	Cur le húsaid na Gaeilge i measc daoine óga agus iad ag plé le cúrsaí teicneolaíochta, go háirithe le guthán chliste agus leis an idirlón. Go mbeadh teacht ar sheirbhísí teicneolaíochta a bheadh ag tacú le scoileanna agus le grúpaí eile ar an oiléán.		
Cur síos:	Beifear ag déanamh stoaireacht le heagraíochtaí cuí agus beartaithe go mbeidh cúnamh ó choistí pleanála teanga eile chun go mbeidh leaganacha Gaeilge d'aipeanna móra cumarasáide (whatsapp, viber, snapchat, srl) á chur ar fáil, chomh maith le scagairí i nGaeilge. Tá muid ag iaraidh go mbeadh duine aimsithe mar chomhordaitheoir ar an oiléán a bheadh ábalta na scileanna seo a roinnt agus tacú le scoileanna agus grúpaí eile.		
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), CPTÁ, an cheanneagraíocht, pobal an oiléáin, scoláirí, scoil, RTÉ Raidio na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, Glór na nGael.		
Saolré an bhirt:	Bliaín 1 - 7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta ionlán:	€3,500		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€500 (costas ar shólaistí agus teacht le chéile dhá uair sa mbliain).		
Foinse maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<b>Dúshlán:</b> Daoine óga a spreagadh chun Gaeilge a úsaid ar ghléasanna teicneolaíochta agus ar líne. <b>Réiteach:</b> Grúpa fócais a eagrú chun teacht le chéile agus an cheist seo a phlé agus theacht ar réiteach chun daoine óga a spreagadh.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Beifear ag plé cur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe faoi bheart 6.2.1		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt so tríd bheart 6.2.4		

## 6.9 Seirbhísí Poiblí

### 6.9.1 Seirbhísí Poiblí a fheabhsú ar an oiléain

Réimsí:	H	Critéir pleanála teanga:	2, 3, 10, 11, 12, 17, 18, 19
Aidhm:	Beidh stocaireacht i gceist leis na spriocanna thíos a bhaint amach agus béim ar an nGaeilge chun an teanga a neartú agus a chothú i measc an phobail.		
Cur síos:	<p>OPTÁ le comhoibriú leis an gcomharchumann maidir leis na tograí seo a leanas i dtaobh an pholasáí teanga.</p> <p>Ciste le tograí a bheadh le bunú – leis an nGaeilge a fhorbairt agus a láidriú.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Ionad Oidhreachta Árann a oscailt.</li> <li>Spás Béaloidis a aimsiú agus a fhorbairt ar an oiléán – le béim ar an Teanga, Cultúr &amp; Oidhreacht i gcomhar le Mná Fiontracha.</li> <li>Ionad a oscailt ag comóradh an file Máirtín ó Direáin, chomh maith le scríbhneoirí agus ealaíontóirí eile ón oiléán.</li> <li>Bus an Phobail</li> <li>Garraí na gCrann</li> <li>Pontúin</li> <li>Muiríne</li> <li>Féarbhealach</li> <li>gTeic</li> <li>Forbairt ar Ionad Liathróid Láimhe</li> <li>Acmhainní Nádúrtha chun Gnó a fhorbairt</li> <li>Cill Mhuirbhígh – spás suí agus caitheamh aimsire</li> <li>Córas i bhfeidhm le béis a thabhart do phobal an oiléain atá aosta, le míchumas nó riachtanais speisialta acu.</li> <li>Halla Rónáin – tacaíocht do halla pobal.</li> <li>Astro turf</li> <li>Ceardlann a chur ar fáil go bliantúil do mhúinteoirí agus daltaí faoi chúrsaí Gaeilge agus Drámaíochta.</li> <li>Ionadaithe a aimsiú agus a mhealladh chuig an oiléán.</li> </ul>		
Páirtithe leasmhara:	An comharchumann (príomhúinéir), an OPT, comhlachtaí Forbartha eile, ÚnaG, Roinn Stáit éagsula ag brath ar an togra.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1 - 7	Ullmhúcháin agus feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€37,926 thar tréimhse 7 mbliana do chur i bhfeidhm tacáiochtaí taobh amuigh de chostais ar airgead caipítil. €1 milliúin ar thograí faoi leith i dtaobh costais chaipítil.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€5,418 (ní costas caipítil anseo)		
Foinse maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshláin agus réitigh fhéidearthá:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint leis an mbeart seo.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Beifear ag plé cur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe faoi bheart 6.2.1		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidr le héifeacht an bhirt so tríd beart 6.2.4		

## 6.10 Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil

### 6.10.1 Polasaithe Pleanála

Réimsí:	I	Critéir pleanála teanga:	17		
Aidhm:	Coinníoll Teanga mar chuid de phleananna forbartha a chinntíú agus a láidriú.				
Cur síos:	<p>Moltar imscrúdú a dhéanamh ar phleananna forbartha<sup>36</sup> a bhféadfaí tionchar a imirt ar chúrsaí teanga ar an oiléán agus stocaireacht a dhéanamh i gcomhar le CCTeo(nuair is gá) chun a chinntíú go bhfuil riachtanais teanga phobal an oiléain á gcomhlíonadh faoin bplean seo.</p> <p>Faoin mbeart seo, breathnófar ar líon na bpleananna a bhfuil/nach bhfuil aird tugtha do chúrsaí teanga iontu, ar bhearta stocaireachta a dtugtar fúthu agus ar aon fhreagra a fhaightear air sin.</p>				
Páirtithe leasmhara:	CFÁ (príomhúinéir), CPTÁ, an OPT, pobal an oiléain, Comhairleoirí Contae, Comhairle Chontae na Gaillimhe, UnaG.				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1 - 7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.2.1				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.2.1				
Foinse maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.2.1				
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Tábhacht ceist na teanga a chur ina luí ar na páirtithe leasmhara/Údaráis.</p> <p><b>Réiteach:</b> Bainfear úsáid as torthaí an taighde a rinneadh don phlean seo le taispeáint go bhfuil gá agus gur fiú freastal áirithe a dhéanamh ar cheantair Ghaeltachta mar gheall ar cheist na teanga.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na bpleananna a chuireann coinníoll teanga san áireamh.				

<sup>36</sup> Plean Forbartha na Gaillimhe 2015 – 2021, Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008 – 2018, Scéimeanna Leathleanbhan Náisiúnta, Plean Straitéiseach ÚnaG, Pleananna Straitéiseach Timpeallachta & Comhshaoil, Forbairt Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Conraíd Soláthar Poiblí.

## 6.11 Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

### 6.11.1 Féile Chultúir & Teanga (stíl Macnas do dhéagóirí)

Réimsí:	J	Critéir pleanála teanga:	12
Aidhm:	Chun caighdeán na seirbhísí sóisialta a fheabhsú bheadh sé i gceist againn féile chultúir agus teanga a fhobairt le béim ar réimse difriúil gach bliain.		
Cur síos:	Cuirfear féile chultúir ar siúl go bliantúil chun teanga agus scil an phobail a chur chun cinn. Díreofar ar réimse faoi leith chuile bhliain, agus déanfar babhtáil air seo chuile bhliain, m.sh. ceol, damhsa, scríbhneoireacht, spórt. Beidh an féile ar siúl i mí an Mhárta.		
Páirtithe leasmhara:	CFA (príomhúineir), OPT, coistí deonacha ar an oileán (Coiste an Phástrúin, Ceol & Damhsa, Peil, Liathróid Láimhe, Bunscoileanna, An Mhéanscoil, Naónra, Tuismitheoirí & Leanaí), pobal an oileáin.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1 - 7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€26,250		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€3,750 (Árachas @ €1,500 + Prioritál clár na féile @ €800 (10,000 @ .08 cent) + Dearadh póstaí @ €250 + Fógraíocht @ €500 + Aoichtainteoír @ €700)		
Foinse maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	<b>Dúshláin:</b> Daoine a mhealladh chun a bheith ar an ngrúpa oibre don fhéile. <b>Réiteach:</b> Feachtas poiblíochta agus teagháil a dhéanamh le coistí eile chun na buntáistí a mhíniú dóibh.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Beifear ag plé cur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe faoi bheart 6.2.1		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón gceistneoir a luaitear faoi bheart 6.2.4		

### 6.11.2 Comhar na nAosach

Réimsí:	D, J	Critéir pleanála teanga:	10, 11, 12		
Aidhm:	Comhar na nAosach a phorbairt a bheadh ag teacht le caitheamh aimsire trí Ghaeilge a chur ar fáil do dhaoine fásta / aosaigh an oileáin.				
Cur síos:	<p>Cuirfear ranganna agus ceardlanna (cócaireacht, cártaí, cniotáil, bióngó) ar fáil trí Ghaeilge. Beifear ag tarraingt ar dhaoine áitiúla leis na scileanna cuí, más féidir, a bheadh sásta rang nó ceardlann a mhúineadh. D'fhéadfáí cuidiú leo foclóir agus abairtí bunúsacha áirithe a fhoghlaim le húsaid mar chuid de na ranganna/ceardlanna.</p> <p>Acláocht trí Ghaeilge – siúlódí / rothaíocht / yoga srl</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), CPTÁ, Pobal an oileáin				
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€25,550				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€3,650 (teagascóirí/áisitheoirí €600, cíos €900, ábhar €1,000, prioritáil/foclóir: 10,000 @.08 cent €800, Árachas €350				
Foinse maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh fhéideartha:	De réir taighde agus aiseolas on gceistneoir tá imeachtaí don aosach ag teastáil ar an oileán.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh OPTÁ taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna/ceardlanna.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofaidh OPTÁ aiseolas ón gceistneoir a luaitear i mbeart 6.2.4.				

## 6.12 Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nónsmhaireacht an phobail ina leith

### 6.12.1 Forbairt na Pleanála Teanga in Árainn

Réimsí:	K	Critéir pleanála teanga:	2, 11, 19
Aidhm:	Feasacht a ardú i measc óige Árann ar cheist na teanga agus iad a spreagadh le feidhmiú mar bhainisteoirí teanga ag an leibhéal áitiúil agus le páirt ghníomhach a ghlacadh sa bpróiseas pleanála teanga.		
Cur síos:	<p>Forbrófar scéim thaithí oibre do dhaltaí Idirbhliana ó Choláiste Naomh Éinne le seachtain nó coicís a chaithreamh i mbun taithí oibre le hOifigeach Pleanála Teanga Árann. Déanfar clár cuimsitheach a ullmhú le haghaidh an taithí oibre le cinntíú go bhfaigheann na daoine óga taithí fhiúntach agus go mbaineann siad tairbhe as.</p> <p>Cuirfear scoláireacht shamhraidh amháin in aghaidh na bliana ar fáil do dhaltaí na sraithe sinsearai í gColáiste Naomh Éinne agus do mhic léinn tríú leibhéal as an oiléán dul ag obair le hOPTÁ mar obair shamhraidh. Cuirfear tuarastáil ar fáil don obair sin a mheallfas daoine óga le cur isteach air.</p> <p>Nascfar an beart seo leis an scoláireacht sa bPleanáil Teanga (Beart 6.3.6) chun go mbeadh suim ag scoláirí cur isteach ar an taithí oibre sula dtabharfaidís faoin MA sa Léann Teanga.</p>		
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (príomhúinéir), CPTÁ, an cheanneagraíocht, óige Árann		
Saolré an bhirt:	Bliain 2-7   Feidhmiú an bhirt		
Costas measta iomlán:	€17,280		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,880 (€12.00 in aghaidh na huaire x 6 seachtaine don scoláireacht samhraidh)		
Foinse maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshlán agus réitigh fhéideartha:	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh</p> <p><b>Réiteach:</b> D'fhéadfaí tabhairt faoi fheachtas feasachta chun buntáistí na Gaeilge a chur chun cinn agus chun bainisteoirí teanga a mhealladh.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.		

6.12.2 Pacáiste curtha ar fáil do ghrúpaí deonacha & scoileanna chun tacú le costais agus iad ag dul ar thurais / ag freastal ar cheardlann srl. ar an mórhír.

Réimse:	K	Critéir pleanála teanga:	11, 19		
Aidhm:	Pacáiste curtha ar fáil do ghrúpaí deonacha & scoileanna chun tacú le costais agus iad ag dul ar thurais / ag freastal ar cheardlann srl. ar an mórhír.				
Cur síos	Bíonn bac ar ghrúpaí deonacha agus ar scoileanna tairbhre a bhaint as cúrsaí nó imeachtaí a bhíonn ar bun ar an mórhír a bheadh ag neartú agus ag cothú ceangal i measc daoine. Tarlaíonn sé seo de bharr costais agus bheadh muid ag iarraidh go mbeadh ciste ar fáil do ghrúpaí mar seo a bheadh ábalta iarratas a dhéanamh maidir le turas a bheadh siad ag pleanáil i leith na mbearta eile chomh maith le taighde.				
Páirtithe leasmhara:	OPTÁ (Príomhúinéir), CPTÁ, an cheanneagraíocht, Pobal Árann, grúpaí deonacha Árann, scoileanna Árann.				
Saolré an bhirt:	Bliain 1 -7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€70,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€10,000 (100 duine x dhá thuras @ €50.00)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshlán agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar churi bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh OPTÁ taifead ar líon na bpacáistí a bhainfear úsáid astu.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tabharfaidh OPTÁ tuairisc ar an scéim ag cruinnithe a luaitear faoi bheart 6.2.1.				

### 6.12.3 Bailiúcháin Oidhreachta Árann

<b>Réimse:</b>	<b>K</b>	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	<b>2, 11, 19</b>		
<b>Aidhm:</b>	Aoisghrápaí éagsúla ag oibriú i dteannta a chéile ag bailiú eolais trí Ghaeilge.				
<b>Cur síos</b>	<p>D'fhéadfadh na gasúir scoile roinnt ábhar – scéalta, amhráin, píosa beag cainte, mar shampla – a bhailiu óna Mhamó / Dhaideo / seanduine ar an mbaile agus pictiúirí a tharraingt nó grianghraif a ghlacadh ar ábhar an scéil / amhráin chomh maith.</p> <p>Beidh ceangal ag an tionscnaimh seo leis an tréimhse taithí oibre a luaitear in 6.12.1, áit a bhféadfadh na déagóirí a bheith ag obair leis an OPT ag trascríobh agus ag déanamh eagarthóireacht ar a bailíodh.</p> <p>Ag deireadh an phróisis, d'fhéadfaí leabhra beaga a phriontáil nó a fhoilsiú a bheadh in úsáid sna scoileanna mar ábhar léitheoireachta nó le díol ag féile bhliantiúil. Bheadh sé i gceist an beart seo a nascadh le Beart 6.8.2 agus an t-ábhar a chraoladh ar an bpodchraoladh.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTÁ (Príomhúinéir), CPTÁ, an cheanneagraiocht, Pobal Árann.				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 -7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta ionlán:</b>	€3,500				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€500 (costas ábhar, cainteoirí, priontáil, riarrachán)				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshláin:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh i measc lucht gnó.</p> <p><b>Réiteach:</b> casadh leis an óige agus na buntáistí a mhíniú.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Tabharfaidh OPTÁ tuairisc ar an scéim ag cruinnithe a luaitear faoi bheart 6.2.1.				

## 6.13 Costais Bhearta Árann

Luaitear costas bliantúil agus costas iomlán le bearta Árann sa mír seo den phlean teanga. Sa mír seo, déantar coimriú ar chostais iomlána Árann de réir bliana. Tugtar eolas chomh maith faoin mbuiséad reatha a bheas ag teastáil leis an bplean teanga ar Árainn a chur i bhfeidhm agus faoin mbuiséad caipítíl a theastós gach bliain.

### 6.13.1 Nóta maidir le Beart 6.2.1

Tugar sa dá thábla thíos mionbhriseadh síos ar na costais a bhainfeas le beart 6.2.1:

An tOifigeach Pleanála Teanga							
	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Tuarastal	€35,000.00	€37,500.00	€40,000.00	€42,500.00	€45,000.00	€47,500.00	€50,000.00
Cáin an Fhostóra (11.0%)	€3,850.00	€4,125.00	€4,400.00	€4,675.00	€4,950.00	€5,225.00	€5,500.00
Iomlán	<b>€38,850.00</b>	<b>€41,625.00</b>	<b>€44,400.00</b>	<b>€47,175.00</b>	<b>€49,950.00</b>	<b>€52,725.00</b>	<b>€55,500.00</b>

Tábla 6.1: Tuarastal an OPT

An tOifigeach Pleanála Teanga							
	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Earcaíocht	€2,500.00						
Taistil	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
Stáiseanóireacht, prioritáil agus fótachóipeáil, poiblíocht agus fógraíocht	€4,000.00	€2,000.00	€2,500.00	€3,000.00	€2,000.00	€3,000.00	€3,000.00
Trealamh	€5,000.00	€1,000.00	€500.00	€2,000.00	€1,000.00	€500.00	€500.00
Fo-ionlán	<b>€14,500.00</b>	<b>€6,000.00</b>	<b>€6,000.00</b>	<b>€8,000.00</b>	<b>€6,000.00</b>	<b>€6,500.00</b>	<b>€6,500.00</b>
Turastal	€38,850.00	€41,625.00	€44,400.00	€47,175.00	€49,950.00	€52,725.00	€55,500.00
Iomlán (le tuarastal)	<b>€53,350.00</b>	<b>€47,625.00</b>	<b>€50,400.00</b>	<b>€55,175.00</b>	<b>€55,950.00</b>	<b>€59,225.00</b>	<b>€62,000.00</b>

Tábla 6.2: Clár Caiteachais Bheart 6.2.1

### 6.13.2 Nóta maidir le Beart 6.5.3

Oifigeach don Óige							
	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
<b>Tuarastal</b>	€27,000.00	€28,500	€31,000	€33,000	€35,000	€37,000	€39,000
<b>Cáin an Fhostóra (10.85%)</b>	€2,929.00	€3,092.00	€3,363.00	€3,580.00	€3,797.00	€4,014.00	€4,231.00
<b>Costais</b>	€3,724.00	€2,724.00	€3,724.00	€2,724.00	€2,724.00	€2,724.00	€2,724.00
<b>Iomlán</b>	<b>€33,653.00</b>	<b>€34,316.00</b>	<b>€36,087.00</b>	<b>€39,304.00</b>	<b>€41,521.00</b>	<b>€43,738.00</b>	<b>€45,955.00</b>

Tábla 6.3: Tuarastal an OO

### 6.13.3 Clár Caiteachais do Phlean Teanga Árann

Réimse	Beart	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Feidhmiú an Phlean Teanga	6.2.1	€53,350.00	€47,625.00	€50,400.00	€55,175.00	€55,950.00	€59,225.00	€62,000.00
	6.2.2	€8,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00
	6.2.3	€285.00	€285.00	€285.00	€285.00	€285.00	€285.00	€285.00
	6.2.4	€570.00	€570.00	€570.00	€570.00	€570.00	€570.00	€570.00
An Córás Oideachais	6.3.1	-	-	-	-	-	-	-
	6.3.2	-	-	-	-	-	-	-
	6.3.3	-	€18,360.00	€3,360.00	€3,360.00	€3,360.00	€3,360.00	€3,360.00
	6.3.4	-	€8,746.50	€8,746.50	€8,746.50	€8,746.50	€8,746.50	€8,746.50
	6.3.5	-	€2,100.00	€2,100.00	€2,100.00	€2,100.00	€2,100.00	€2,100.00
	6.3.6	€3,850.00	€7,700.00	€7,700.00	€7,700.00	€7,700.00	€7,700.00	€3,850.00
	6.3.7	-	€7,725.00	€7,725.00	€7,725.00	€7,725.00	€7,725.00	€7,725.00
	6.3.8	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00
	6.3.9	-	-	-	-	-	-	-
	6.3.10	-	-	-	-	-	-	-
Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh	6.4.1	-	€900.00	€900.00	€900.00	€900.00	€900.00	€900.00
	6.4.2	-	-	-	-	-	-	-
	6.4.3	-	€5,100.00	€5,100.00	€5,100.00	€5,100.00	€5,100.00	€5,100.00
	6.4.4	-	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00
	6.4.5	-	€5,833.00	€5,833.00	€5,833.00	€5,833.00	€5,833.00	€5,833.00
Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile	6.5.1	-	-	-	-	-	-	-
	6.5.2	-	€4,680.00	€4,680.00	€4,680.00	€4,680.00	€4,680.00	€4,680.00
	6.5.3	€33,653.00	€34,316.00	€36,087.00	€39,304.00	€41,521.00	€43,738.00	€45,955.00
	6.5.4	€1,600.00	€1,600.00	€1,600.00	€1,600.00	€1,600.00	€1,600.00	€1,600.00
	6.5.5	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00
	6.5.6	-	€4,998.00	€4,998.00	€4,998.00	€4,998.00	€4,998.00	€4,998.00

<b>Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais</b>	6.6.1	€5,400.00	€5,400.00	€5,400.00	€5,400.00	€5,400.00	€5,400.00	€5,400.00
	6.6.2	€2,280.00	€2,280.00	€2,280.00	€2,280.00	€2,280.00	€2,280.00	€2,280.00
	6.6.3	€2,520.00	€2,520.00	€2,520.00	€2,520.00	€2,520.00	€2,520.00	€2,520.00
<b>An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn</b>	6.7.1	€650.00	€650.00	€650.00	€650.00	€650.00	€650.00	€650.00
	6.7.2	€1,070.00	€1,070.00	€1,070.00	€1,070.00	€1,070.00	€1,070.00	€1,070.00
	6.7.3	€5,000.00	€4,000.00	€5,000.00	€4,000.00	€6,000.00	€4,000.00	€4,000.00
<b>Na Meáin Chumarsáide</b>	6.8.1	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00
	6.8.2	-	€10,000.00	€1,100.00	€1,100.00	€1,100.00	€1,100.00	€1,100.00
	6.8.3	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00
<b>Seirbhísí Poiblí</b>	6.9.1	€5,418.00	€5,418.00	€5,418.00	€5,418.00	€5,418.00	€5,418.00	€5,418.00
<b>Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil</b>	6.10.1	-	-	-	-	-	-	-
<b>Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire</b>	6.11.1	€3,750.00	€3,750.00	€3,750.00	€3,750.00	€3,750.00	€3,750.00	€3,750.00
	6.11.2	€3,650.00	€3,650.00	€3,650.00	€3,650.00	€3,650.00	€3,650.00	€3,650.00
<b>Staid na Gaeilge in Árainn</b>	6.12.1	-	€2,880.00	€2,880.00	€2,880.00	€2,880.00	€2,880.00	€2,880.00
	6.12.2	€10,000.00	€10,000.00	€10,000.00	€10,000.00	€10,000.00	€10,000.00	€10,000.00
	6.12.3	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00
<b>Buiséad reatha</b>		<b>€148,446.00</b>	<b>€211,356.50</b>	<b>€193,002.50</b>	<b>€199,994.50</b>	<b>€204,986.50</b>	<b>€208,478.50</b>	<b>€209,620.50</b>
<b>Buiséad caipítil (féach tábla 7.3.1 thíos)</b>		€176,875.14	€142,875.14	€142,875.14	€145,875.14	€142,875.14	€142,875.14	€142,875.14
<b>lomlán</b>		<b>€325,321.14</b>	<b>€354,231.64</b>	<b>€335,877.64</b>	<b>€345,869.64</b>	<b>€347,861.64</b>	<b>€351,353.64</b>	<b>€352,495.64</b>

Tábla 6.4: Costais lomlána Bhearta Árann

#### 6.13.4 Buiséad Caipítil de réir bliana d'Árainn

Beart	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
6.4.4	€4,000.00	-	-	-	-	-	-
6.4.5	€25,000.00	-	-	-	-	-	-
6.7.3	€5,000.00	-	-	€3,000.00	-	-	-
6.9.1 <sup>37</sup>	€142,875.14	€142,875.14	€142,875.14	€142,875.14	€142,875.14	€142,875.14	€142,875.14
<b>Buiséad caipítil iomlán</b>	<b>€176,875.14</b>	<b>€142,875.14</b>	<b>€142,875.14</b>	<b>€145,875.14</b>	<b>€142,875.14</b>	<b>€142,8875.14</b>	<b>€142,875.14</b>

Tábla 6.5: Costais iomlána Bhearta Árann

---

<sup>37</sup> Is caiteachas caipítil measta é seo de €1 mhilliúin thar tréimhse 7 mbliana. De bharr gur meastachán é seo agus go bhféadfadh na costais in aghaidh na bliana a bheith níos airde nó níos ísle ná mar atá thusa, roinneadh iad thar saolré an phlean.

---

## *7. Bearta Inis Meáin*

---

### 7.1 Réamhrá

De bharr go bhfuil éagsúlacht idir na riachtainais atá ag Árainn, Inis Meáin agus Inis Oírr, beartaíodh na bearta a bhriseadh suas de réir oiléain. Sa gcaibidil seo, leagtar amach bearta Inis Meáin.

## 7.2 Feidhmiú an Phlean Teanga ar Inis Meáin

### 7.2.1 Struchtúr Feidhmithe

Réimse:	K	Critéir Pleanála Teanga	1, 19		
Aidhm:	Struchtúr a chur i bhfeidhm ar Inis Meáin chun an Plean Teanga a chur i bhfeidhm i gcomhar le CFIM agus le pobal an oileáin.				
Cur síos	<p><b>An Cheanneagraíocht:</b> Feidhmeoidh CCTeo mar cheanneagraíocht d'fheidhmiú Phlean Teanga Oileáin Árann ach is iad CFIM a bheas freagrach as an bplean teanga a sheachadadh ar Inis Meáin. Beidh freagracht ar an gCeanneagraíocht an riadar agus leathdháileadh a dhéanamh ar an mbuiséad Pleanála Teanga do Limistéar Oileáin Árann agus bunófar Coiste Pleanála Teanga Oileán Árann faoi Chathaoirleacht CCTeo. Is ról straitéiseach a bheas ag an gCoiste seo agus fágfar cinntí áitiúla faoi chúram Choistí Áitiúla Pleanála Teanga ar na trí oileán.</p> <p><b>CPTOÁ:</b> Beidh an struchtúr seo déanta suas d'ionadaí ó trí oileán Árann. Moltar 2 nó 3 ó chaon oileán. Is ról compháirtíochta, idirghníomhaíochta a bheidh ann, chun a chinntí go mbeidh éifeacht ag baint le cur i bhfeidhm agus le dul chun cinn an phlean agus chun monatóireachta leanúnach a dhéanamh ar an bPlean Teanga. Samhlaítar go dtiocfaidh an Coiste seo le chéile uair sa ráithe chun athbhreithniú, monatóireacht, agus moltaí a dhéanamh faoi dhul chun cinn na spriocanna.</p> <p><b>CPTIM:</b> Beidh coiste áitiúil ag feidhmiú ar chaon oileán darbh ainm CPTIM i gcás Inis Meáin. Tá Coiste bunaithe agus tá siad mar fochoiste de CFIM. Baill nua a mhealladh le dhul ar an gcoiste (Beidh ionadaí ó CPTIM ar CPTOÁ chun moltaí agus tuairisci ar dhul chun cinn a chur ar aghaidh).</p> <p><b>OPTIM:</b> Beidh Oifigeach Pleanála Teanga le fostú ar gach oileáin faoi riadar An Ceanneagraíocht (CCTeo)<sup>38</sup>. Beidh OPTIM ionnaithe in oifigí CFIM, agus freagrach don Cheanneagraíocht (CCTeo) ó thaobh riaracháin ó lá go lá &amp; CPTOÁ maidir le cur i bhfeidhm agus sheachadadh an phlean. Beidh CPTIM freagrach as riachtanais áitiúla Inis Meáin a chur faoi bhráid CPTOÁ. Beidh an pleán á chur i bhfeidhm ar Inis Meáin agus i gcomhar le CPTOÁ, CPTIM, CFIM &amp; pobal an oileáin. Beidh buiséad pleanála teanga curtha ar fáil do CFIM gach bliain agus beidh CFIM á riadar ar an oileáin. Tá gá le hOifigeach Pleanála Teanga d'Inis Meáin agus sin amháin agus beidh muid ag oibriú ar an mbunús sin. Tá pleán Inis Meáin bunaithe ar phlé agus taighde atá déanta leis an gcomharchumann, coiste pleanála teanga, coistí áitiúla, &amp; an pobal.</p> <p>Is é an scála pá don phost lánaimseartha ná: €35,000 - €50,000 ag braith ar thaithí &amp; ar chálíochtaí. Costas iomlán an post: €330,225 Costais eile riaracháin: €102,000</p>				
Páirtithe leasmhara:	An Ceanneagraíocht (Príomhúinéir), CPTIM, an OPTIM				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1	Coinníollacha poist a fhorbairt, post an OPTIM a fhógairt agus OPTIM a fhostú			
	Bliaín 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€430,225.00				
Costas measta in aghaidh na bliana:					

<sup>38</sup> Beidh OPTÁ ionnaithe ar Árann, beidh OPTIM ionnaithe ar Inis Meáin agus beidh OPTIO ionnaithe ar Inis Oírr.

	€61,461 <sup>39</sup>
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	Dúshlán: Teacht ar iarrthóirí feiliúnacha do phost an OPTIM Réiteach: Murar féidir teacht ar iarrthóirí leis na cáilíochtaí cuí, d'fhéadfaí duine a fhostú a mbeadh taithí aige/aici ar réimsí ábhartha eile (m.sh. forbairt pobail) ar an gcoinnioll go dtabharfadh sé/sí faoi cháilíocht sa bpleanáil teanga i ndiaidh a c(h)eapacháin.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Cuirfidh an OPTIM tuairisc mhíosúil ar chur i bhfeidhm an phlean ar fáil do CFIM.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa bplean teanga.

<sup>39</sup> Tá briseadh síos ar na costais ar fáil i mír 7.1.1

## 7.2.2 Láithreacht ar Líne

<b>Réimse:</b>	<b>G, K</b>	<b>Critéir Pleanála Teanga</b>	<b>1, 16</b>		
<b>Aidhm:</b>	Feasacht ar an bpróiseas pleanála teanga a chur chun cinn i measc phobal an Inis Meáin agus pointe teagmhála a chur ar fáil do bhaill an phobail.				
<b>Cur síos</b>	<p>Forbrófar suíomh idirlín do Choiste Pleanála Teanga Inis Meáin agus cuirfear eolas ar fáil faoin bplean agus faoi bhearta an phlean, sonraí teagmhála an OPTIM agus nuacht faoi chur i bhfeidhm an phlean i measc rudaí eile. Beidh an OPTIM freagrach as eolas reatha a chur ar an suíomh agus an suíomh a uasdátú de réir mar is cuí. Cruthaigh an OPTIM cuntas Facebook, Twitter, Instagram, Snapchat, srl. do Choiste Pleanála Teanga Inis Meáin. Déanfaidh an OPTIM na leathnaigh seo a riadarbh agus a choinneáil cothrom le dáta. Cuirfidh CPTIM ábhar ar fáil don suíomh anois is arís más mian leo nó má iarann an OPTIM é.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPTIM (Príomhúinéir), CPTIM, CFIM				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1</b>	An suíomh a dhearadh, ábhar a réiteach agus an suíomh a sheoladh			
	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€5,500				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€786				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1				

### 7.2.3 Bunachar Teagmhalaithe

Réimse:	K	Critéir Pleanála Teanga	1, 19
Aidhm:	Pobal Inis Meáin a choinneáil ar an eolas faoi chur i bhfeidhm an phlean teanga agus obair an OPTIM a dhéanamh níos éasca.		
Cur síos	<p>Le cead na ndaoine a bheas i gceist agus ag teacht leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an reachtaíocht chuí, coinneoidh an OPTIM bunachar teagmhálaithe (ainm, seoladh ríomhphoist) de bhaill phobal Inis Meáin a bhfuil spéis faoi leith acu sa bpróiseas pleanála teanga, idir bhaill coistí agus eagraíochtaí éagsúla, fhoireann na scoileanna, tuismitheoirí, lucht gnó, lucht caitheamh aimsire agus ghnáthbhaill an phobail.</p> <p>Beidh an OPTIM in ann na sonraí teagmhála seo a úsáid leis an nuachtlitir (Beart 7.8.1) chomh maith le nuacht eile faoin bplean teanga a scaipeadh.</p>		
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (Príomhúinéir), CPTIM, CFIM, pobal Inis Meáin		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 7.2.1		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 7.2.1		
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 7.2.1		
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint leis an mbeart seo.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Ní bhaineann		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann		

## 7.2.4 Monatóireacht

Réimse:	K	Critéir Pleanála Teanga	1, 19		
Aidhm:	Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean teanga.				
Cur síos	<p>Tabharfar faoi roinnt gníomhartha monatóireachta ar bhonn rialta le cinntíú go mbeidh bearta an phlean teanga á gcur i bhfeidhm go héifeachtach agus go córasach. Is é an OPTIM a bheas freagrach as na cruinnithe agus as na gníomhartha monatóireachta eile a eagrú – ach amháin má shonraítear a mhalaírt – agus as leasuithe a dhéanamh ar an bplean teanga de réir mar is cuí<sup>40</sup>. I measc na gníomhartha monatóireachta seo:</p> <p>Déanfar suirbhé ar na daoine óga in Inis Meáin i mBliain 2, Bliain 4 agus Bliain 6 d'fheidhmiú an phlean teanga. D'fhéadfáí na ceistneoirí céanna a úsáid a úsáideadh d'ullmhú an phlean. Moltar go ndírítear ar aiseolas a fháil maidir le:</p> <p>Cleachtas teanga le linn caitheamh aimsire (m.sh. Bearta 7.5.1, 7.5.2, 7.5.3, 7.5.4, 7.11.1, 7.11.2, 7.11.3)</p> <p>Teagmháil leis na meáin chumarsáide Ghaeilge (m.sh. Bearta 7.8.2, 6.8.4)</p> <p>Dearcadh agus mianta i leith na Gaeilge (m.sh. Bearta 7.12.1)</p> <p>I mBliain 2, Bliain 4 agus Bliain 6 d'fheidhmiú an phlean teanga, dálílfear foirmeacha gearra aiseolais ar thuismitheoirí/chaomhnóirí le haiseolas a fháil maidir leis an úsáid a bhaineann siad as seirbhísí agus eile a chuirfear ar fáil mar chuid den phlean teanga (m.sh. Bearta 7.3.5, 7.4.1, 7.4.2, 7.4.3, 7.4.4, 7.4.5, 7.6.1).</p> <p>Tabharfar ceistneoir gairid a dhíreos ar chleachtas teanga do na daoine a fhreastalaíonn ar ranganna Gaeilge (Beart 7.6.1) ag túis agus ag deireadh an chúrsa. Ag baint úsáid as na sonraí teagmhála a bhaileofar faoi Bheart 7.4.5, cuirfear ceistneoir gairid chuig na feighlithe páistí faoin úsáid a bhaineann siad as an nGaeilge mar chuid dá gcuid oibre.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (Príomhúinéir), CPTIM, CFIM, na páirtithe leasmhara uile a luaitear i mbearta an phlean teanga				
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€3,192				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€456 (Costas bliantúil do phacáiste Survey Monkey)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Ní bhaineann				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann				

<sup>40</sup> Caithfear gach leasú molta a aontú le CPTIM agus leis an gceanneagraíocht sula gcuirtear i bhfeidhm é.

## 7.3 An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

### 7.3.1 Naónra & Naólann a fhorbairt

<b>Réimse:</b>	A, B	<b>Critéir Pleanála Teanga</b>	2, 3, 4, 7, 9		
<b>Aidhm:</b>	Seirbhísí luathoideachais trí Ghaeilge a sholáthar d'Inis Meáin.				
<b>Cur síos</b>	<p>Le tacaíocht ó ÚnaG agus ó Chomhar Naónra na Gaeltachta, déanfar stocaireacht ar RTCEGSM le go mbunófar naónra agus naólann in Inis Meáin.</p> <p>Faoin mbeart seo, beifear ag súil le Coiste Cúram Leanaí a bhunú ar dtús agus ansin stocaireacht a dhéanamh chun go mbunófar seirbhís naónra agus naólann ar an oileán.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIM, (Príomhúinéir), ÚnaG, CPTIM, CFIM, Comhar Naónraí na Gaeltachta				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2-7</b>	Cuirfear túis leis an mbeart seo i mbliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt).			
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costais clúdaithe faoi bheart 7.2.1. <sup>41</sup>				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costais clúdaithe faoi bheart 7.2.1.				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	Costais clúdaithe faoi bheart 7.2.1.				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt.				

<sup>41</sup> Costais Caipítil luaite i mír 7.1.1.

### 7.3.2 Tacú leis an bPolasaí Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Réimse:	A	Critér Pleanála Teanga	5, 6, 8		
<b>Aidhm:</b>	Tacaíocht a thabhairt do Fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ar an oiléán.				
<b>Cur síos</b>	Tacóidh an OPTIM leis an mbunscoil agus an mheánscoil an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm agus aidhmeanna an pholasaí a bhaint amach ó thaobh na pleanála teanga de.				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIM (Príomhúinéir), Scoileanna Inis Meáin, Bainistíocht na scoileanna, Pobal na scoileanna, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an GRETB.				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Blain 1 – 7</b>	Feidhmiú an bhirt (cuirfear túis leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 7.2.1.				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 7.2.1.				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 7.2.1.				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.2.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.2.				

### 7.3.3 Scéim na gCúntóirí Teanga

Réimse:	A	Critéir Pleanála Teanga	4, 5, 6, 8		
<b>Aidhm:</b>	Scéim na gCúntóirí Teanga a chinntiú ionas go mbeidh cúntóirí teanga ag feidhmiú i scoileanna Inis Meáin i gcaitheamh na scoilbhliana uilig mar a bhí don scoilbhliain seo 2019/2020.				
<b>Cur síos</b>	Déanfar stocaireacht ar an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar le scoileanna Inis Meáin, le polaiteoirí áitiúla agus le heagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta oideachais agus Gaeilge le Scéim na gCúntóirí Teanga a chinntiú ionas go mbeidh cúntóirí teanga sa scoil, mar a bhí don scoilbhliain 2019/2020, nuair a fhilleann na daltaí ar an scoil i mí Mheán Fómhair agus sula gcríochnaíonn siad don samhradh.				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIM (Príomhúinéir), CPTIM, CFIM, foireann scoileanna Inis Meáin, tuismitheoirí/caomhnóirí Inis Meáin, polaiteoirí áitiúla, Muintearas Teo., Gaeloideachas Teo., COGG, Conradh na Gaeilge, Aontais na Múinteoirí (ASTI, TUI agus INTO)				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7</b>	Feidhmiú an bhirt (cuirfear tús leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 7.2.1				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 7.2.1				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 7.2.1				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				

### 7.3.4 Cúrsa Gaeilge Riachtanach do Scoláireachtaí chuit Inis Meáin.

Réimse:	D	Critéir Pleanála Teanga	11, 12		
Aidhm:	Cúrsa Gaeilge Riachtanach a chur ar fáil dóibh siúd a chaitheann bliana ar an oiléán ar scoláireachtaí.				
Cur síos	<p>Cuirfear cúrsa riachtanach a mhairfidh seachtain ar fáil do scoláirí ón mórhír sula bhfreastalóidh siad ar an meánscoil ar an oiléán a bheas ina thacaíocht dóibh agus iad ag maireachtáil ar an oiléán.</p> <p>Faoin mbeart seo, múinfear téarmaíocht agus gramadach bunúsach dóibh, a bheas in úsáid acu ó lá go lá ar an oiléán. Forbrófar clár cuimsitheach a leanfaidh an curriculum TEG.</p> <p>Beidh teagascóir le haimsíú agus beidh an OPTIM lárnoch sa bpróiséas seo. Beidh na ranganna ar siúl sa Seomra Teanga (Beart 7.4.3).</p>				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinéir), An Roinn Oideachais agus Scileanna, bainistíocht agus foireann na scoileanna.				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1	Socruithe agus ullmhúchán			
	Bliaín 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta ionlán:	€14,700				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,450 <sup>42</sup> (Lóistín €2,000 + áisitheoirí x2 @ €50 + ábhar tacaíochta @ €150)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le cur i bhfeidhm an bhirt seo ó suribhé a luaitear i mbeart 7.2.4				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le cur i bhfeidhm an bhirt seo ó suribhé a luaitear i mbeart 7.2.4				

<sup>42</sup> Clúdaíonn an costas seo 10 dalta a fhreastalóidh ar an gcúrsa seachtaine seo. Is 8 n-uaire a chloig in aghaidh an lae a bheas i gceist.

### 7.3.5 Feasacht Teanga i measc Óige Inis Meáin

Réimse:	A, K	Critéir Pleanála Teanga	2, 6, 8, 19		
<b>Aidhm:</b>	Feasacht ar chúrsaí teanga a ardú i measc óige Inis Meáin agus iad a chumasú le feidhmiú mar bhainisteoirí teanga ag an micrileibhéal.				
<b>Cur síos</b>	<p>I gColáiste Naomh Eoin, déanfar mionchúrsaí (don dara agus don tríú bliain) agus ceardlanna (blianta eile) a dhearadh agus a chur ar fáil bunaithe ar chúrsaí feasacha teanga, ar mhionteangacha, ar an bpleanáil teanga, ar athneartú teangacha agus ar an tsochttheangeolaíocht.</p> <p>I gcás Scoil Náisiúnta Inis Meáin, déanfar ábhar agus pointí plé a ullmhú a chuideois le múinteoirí seisiún a eagrú sa seomra ranga ar bhonn rialta (uair sa tseachtaí/sa gcoicí/sa mí) le plé a dhéanamh ar chúrsaí teanga. Cuirfear béis ar thábhacht na Gaeilge do'inis Meáin, ar chleachtas teanga, ar chomparáidí idir samplaí idirnáisiúnta agus an Ghaeilge agus ar an méid is féidir leis an duine aonair a dhéanamh don Ghaeilge in Inis Meáin. D'fhéadfá tionscadail ealaíne, srl. a úsáid mar chuid de na seisiún seo.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPTIM (príomhúinéir), múinteoirí Inis Meáin, óige Inis Meáin, CPTIM, an cheanneagraíocht, COGG				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2</b>	Socruthé agus ullmhúchán			
	<b>Bliain 3-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta ionlán:</b>	€11,000				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€2,200 (togra ealaíne @ €2,000 + prioritál @ €200)				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Daltaí a spreagadh le suim a chur sna seisiún plé.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> I gcás ranganna bunscoile, d'fhéadfá tograí ealaíne bunaithe ar chúrsaí teanga a úsáid le suim na ndaltaí a spreagadh. I gcás na meánscoile, moltar go bhfaighidh an OPTIM comhairle ó na múinteoirí le seisiún agus gníomhaíochtaí a phleanáil a mbeadh spéis ag daltaí meánscoile iontu.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na gcúrsaí/ceardlann a eagraítear faoin mbeart seo.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar eolas faoi éifeacht an bhirt ó phríomhoidí na scoileanna ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.4.				

## 7.4 Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

### 7.4.1 Scéim Chomhfhareagras do Thuismitheoirí Nua

Réimse:	B, D	Critéir Pleanála Teanga	2, 7, 8, 11		
Aidhm:	Cur le líon na dteaghlaach a labhraíonn Gaeilge sa mbaile.				
Cur síos	Forbrófar scéim chomhfhareagras do thuismitheoirí nua, .i. cuirfear litir/pacáiste amach chuig tuismitheoirí nua a chláraíonn leis an scéim gach ráithe nó gach sé mhí ó bhrefh an pháiste go ceann dhá bhliain le heolas maidir le forbairt chognaíoch agus teanga an pháiste, ranna agus cluichí beaga i nGaeilge a bheadh feiliúnach don pháiste ag an bpóinte sin, aip (beart 6.4.6) le suantráithe i nGaeilge srl. Moltar pacáistí éagsúla a ullmhú ag brath ar chumas teanga an tuismitheora/na dtuismitheoirí agus ar chleachtas teanga an teaghlaigh.				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, an cheanneagraíocht, tuismitheoirí an Inis Meáin, múinteoirí agus stiúrthóirí naíonra an Inis Meáin				
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Socruthe agus ullmhúchán			
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€1,800				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€300 (ábhar agus prioritáil)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	<b>Dúshlán:</b> Tuismitheoirí a spreagadh le clárú leis an scéim. <b>Réitigh mholtá:</b> Déanfar poiblíocht ar an scéim in oifigí dochtúirí teaghlaigh a mbíonn pobal Inis Meáin ag freastal orthu agus ar an idirlíon.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na dtuismitheoirí/caomhnóirí a chláraíonn leis an scéim.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar na foirmeacha a luaitear i mBeart 7.2.4.				

## 7.4.2 Grúpa Thuismitheoirí/Chaomhnóirí

Réimse:	A, B, D	Critéir Pleanála Teanga	7, 8, 10, 19		
<b>Aidhm:</b>	Feasacht a ardú i measc tuismitheoirí/chaomhnóirí ar roghanna teanga agus iad a spreagadh le Gaeilge a thabhairt isteach i réimse an bhaile.				
<b>Cur síos</b>	<p>Tabharfar tuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar na scoileanna in Inis Meáin le chéile gach dara mí le plé a dhéanamh ar bhealaí inar féidir leo cuidiú lena bpáistí (m.sh. le hobair bhaile), ar dheacrachartaí a bhíonn ag tuismitheoirí/chaomhnóirí éagsúla (m.sh. teachlaigh le Gaeilge, tuismitheoirí/chaomhnóirí nach bhfuil Gaeilge acu), agus araile. Moltar an OPTIM a bheith i láthair leis an bplé a éascú agus le ceisteanna a fhreagairt, ach leagan neamhfhoirméalta a bheith ar an teacht le chéile. Moltar chomh maith go gcuircfear tae agus caifé ar fáil agus go dtabharfar deis do na tuismitheoirí/chaomhnóirí labhairt ina measc féin agus aithne a chur ar a chéile, ag súil go dtiocfaidh lónraí sóisialta Gaeilge as na grúpaí seo chomh maith.</p> <p>Bunófar dhá ghrúpa. Beidh grúpa amháin ag freastal ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil páistí acu idir 3-9 bliana d'aois. Beidh an dara grúpa ag freastal ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil páistí acu idir 10-16. Bheadh ábhar tacaíochta éagsúil le hullmhú do pháiste bunscoile agus meánscoile.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPTIM (príomhúinéir), CPTGM, foireann naónraí agus scoileanna an Inis Meáin, tuismitheoirí/chaomhnóirí pháistí naónra agus scoile an Inis Meáin				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1</b>	Socruithe agus ullmhúchán			
	<b>Bliain 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€6,480				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,080 (sólaistí @ €30 + ábhar tacaíochta (de réir mar is gá) @ €50 x 6 theacht le chéile + 2 x aoichainteoíri + costais taistil €300)				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> larrfar ar foireann na scoileanna an beart seo a lua le tuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal air agus/nó bileog a chur abhaile leis na páistí le heolas faoin mbeart agus faoi na buntáistí a bhainfeadh leis; gheofar aoichainteoíri suimiúla le labhairt leis na tuismitheoirí/chaomhnóirí cúpla uair sa mbliaín le daoine a mhealladh ann.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na dtuismitheoirí/chaomhnóirí a fhreastalíonn.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Baileoidh an OPTIM eolas maidir le héifeacht an bhirt seo le linn an teacht le chéile.				

### 7.4.3 Acmhainní do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí

Réimse:	B, C	Critéir Pleanála Teanga	2, 7		
Aidhm:	Tuilleadh acmhainní Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí an Inis Meáin				
Cur síos	<p>Roghnofar seomra sa Saotharlann Teanga (Beart 7.7.2) agus forbrófar é mar Ionad Tacaíochta Teanga do Theaghlaigh.</p> <p>Forbrófar an seomra mar Ionad Tacaíochta Teanga do Theaghlaigh. Cuirfear bailiúchán ar fáil sa seomra seo de leabhair Ghaeilge, de chluichí Gaeilge, de cheol Gaeilge, srl. ionas go mbeidh tuismitheoirí/chaomhnóirí in ann iad a thógáil ar iasachta ón seomra. Moltar chomh maith ábhar tacaíochta eile agus litríocht maidir le forbairt agus sealbhú teanga, tógál páistí le Gaeilge, buntáistí an dátheangachais, srl. agus eolas faoin bpacáiste tacaíochta do thuismitheoirí atá ar fáil ó Thuismitheoirí na Gaeltachta (teanga@tuismitheoiri.ie) a chur ar fáil sa seomra seo.</p> <p>D'fhéadfáí féidearthachtaí a phlé le Glór na nGael maidir le hurraíocht a dhéanamh ar an mbeart seo.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, an cheanneagraíocht, Ionad Tacaíochta Teanga Inis Meáin, tuismitheoirí/chaomhnóirí Inis Meáin, Glór na nGael				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1	Socruithe agus ullmhúchán, ceannach ábhar srl.			
	Bliaín 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€6,100				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€871 (€2,500 do Bliaín 1 + €600 in aghaidh na bliana do Bliaín 2-7)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshlán agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Tuismitheoirí/chaomhnóirí a spreagadh leis na háiseanna a úsáid.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Déanfar poiblíocht ar an dá ionad in oifigí dochtúirí teaghlaigh a bhíonn ag freastal ar an Inis Meáin, i naíolanna agus naónraí an Inis Meáin agus i scoileanna an Inis Meáin.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a bhaineann úsáid as na hionaid.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar na foirmeacha a luitear i mBeart 7.2.4.				

#### 7.4.4 Áiseanna Spraoi

Réimse:	B, I, J	Critéir Pleanála Teanga	2, 7, 9, 11, 12		
Aidhm:	Cur leis na háiseanna atá ar fáil in Inis Meáin d'óige an cheantair agus le feiceálacht na Gaeilge iontu.				
Cur síos	<p>Déanfar stocaireacht ar RTCEGSM le go bhforbrófar páirc spraoi nó áis de chineál eile in áit lárnach sa gceantar a thabharfas deis do thuismitheoirí/chaomhnóirí le páistí óga teacht le chéile ar bhonn neamhfhoirmiúil. Moltar polasaí soiléir teanga a chur i bhfeidhm san áit le cinntíú go mbeidh an Ghaeilge in uachtar sa timpeallacht agus go spreagfar daoine leis an oiread Gaeilge agus is féidir leo a úsáid agus iad ann. Mar chuid den fhorbairt seo, d'fhéadfaí áit dheas suí a chur ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí a spreagfadh iad le nascanna a dhéanamh le chéile agus líonraí sóisialta a fhorbairt trí mheán na Gaeilge.</p> <p>Déanfar an páirc spraoi a athchóiriú nó a athfhorbairt agus rud eicint eile a dhéanamh leis an spás le go mbeidh áit le timpeallacht láidir Ghaelach ar fáil d'óige an cheantair teacht le chéile go sóisialta.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht (príomhúinéir), an OPTIM, CPTIM, pobal Inis Meáin, foireann naónraí agus scoileanna Inis Meáin				
Saolré an bhirt:	Bliain 2-3	Socruthe agus ullmhúchán			
	Bliain 4-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta ionlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 7.2.1 <sup>43</sup>				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 7.2.1				
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 7.2.1				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshláin i gceist le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBheart 6.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar na foirmeacha a luaitear i mBheart 7.2.4 .				

<sup>43</sup> Tá briseadh síos ar na costais caipítil ar fáil i mír 7.13.3.

#### 7.4.5 Feighlithe Linbh

Réimse:	B, D	Critéir Pleanála Teanga	2, 3, 7, 8, 9, 11
Aidhm:	An t-ionchur Béarla a fhagheann paistí óga in Inis Meáin a íoslaghdu trí chinntiú go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar fheighlithe páistí le Gaeilge líofa.		
Cur síos		Le cead na ndaoine a bheas i gceist agus ag teacht leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an reachtaíocht chuí, cuirfidh an OPTIM bunachar le chéile le sonraí teagmhála na bhfeighlithe páistí áitiúla a bhfuil Gaeilge líofa acu agus beidh cead ag tuismitheoirí/caomhnóirí teagmháil a dhéanamh leis an OPTIM le sonraí teagmhála a fháil d'fheighlí páistí. Déanfar poiblíocht ar an mbunachar seo i measc thuismitheoirí/chaomhnóirí Inis Meáin agus déanfar tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh le feighlithe páistí le Gaeilge a fháil, beag beann ar a gcumas féin sa nGaeilge.	
Páirtithe leasmhara:		An OPTIM (priomhúinéir), feighlithe páistí Inis Meáin, tuismitheoirí/caomhnóirí Inis Meáin	
Saolré an bhirt:	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:		Costais clúdaithe faoi Bheart 7.2.1.	
Costas measta in aghaidh na bliana:		Costais clúdaithe faoi Bheart 7.2.1.	
Foinsí maoinithe:		Costais clúdaithe faoi Bheart 7.2.1.	
Dúshláin agus réitigh:		<p><b>Dúshlán:</b> Tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh le feighlithe a mbíonn Gaeilge acu a úsáid.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Aird na dtuismitheoirí/caomhnóirí a tharraingt ar an gceist seo agus cúrsaí teanga á bplé agus mar chuid de na ranganna do thuismitheoirí/chaomhnóirí (Beart 6.6.1); poiblíocht chuí a dhéanamh ar an mbeart.</p> <p><b>Dúshlán:</b> Ganntanas feighlithe linbh le Gaeilge ar an oiléán.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Poiblíocht tharraingteach a dhéanamh ar an deis fostáiochta seo tríd na Ranganna Gaeilge agus daoine atá ag foghlaim Gaeilge a spreagadh lena ainm a chur ar an liosta.</p>	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Ní bhaineann.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar an gceistneoir a luaitear i mBeart 7.2.4.	

## 7.5 Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile

### 7.5.1 Coiste Pleanála Teanga na nÓg

Réimse:	C, F, K	Critéir Pleanála Teanga	2, 8, 10, 11, 12, 19		
Aidhm:	Feasacht ar chúrsaí teanga a ardú i measc óige Inis Meáin agus iad a chumasú le feidhmiú mar bhainisteoír teanga ag an micrileibhéal.				
Cur síos	<p>Bunófar Coiste Pleanála Teanga na nÓg, comhdhéanta de dhaoine óga (idir 12 bhliain d'aois agus 19 mbliana d'aois). Beidh an coiste seo freagrach as imeachtaí a eagrú (m.sh. comórtas peile, díospóireachtaí, srl.) agus as an nGaeilge a chur chun cinn i measc na hóige – mar theanga shóisialta, ar na meáin shóisialta, srl. Feidhmeoidh an coiste seo faoi stiúir CPTIM.</p> <p>Tiocfaidh Coiste Pleanála Teanga na nÓg le chéile uair sa mí (nó níos minice de réir mar is gá) agus deanfaidh ionadaí/ionadaithe ón gcoiste freastal ar chruinnithe CPTIM chun tuairiscí a thabhairt ar an obair a bheas ar bun acu.</p>				
Páirtithe leasmhara:	CPTIM (príomhúinéir), an OPTIM, an cheanneagraíocht, óige Inis Meáin				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€46,200				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€6,600 (imeachtaí agus poiblíocht @ €700 + turais @ €5,000 + aoichaoointeoír @ €300 x 3)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine óga a spreagadh le dul ar an gcoiste.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Cuirfear seisiún eolais ar siúl sa meánscoil, ceadófar don choiste imeachtaí spreagúla agus turais a eagrú dóibh féin.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Gheobhaidh CPTIM tuairiscí rialta ó Choiste Pleanála Teanga na nÓg.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheobhaidh CPTIM tuairiscí rialta ó Choiste Pleanála Teanga na nÓg.				

## 7.5.2 Spásanna Sóisialta

Réimse:	C, J	Critéir Pleanála Teanga	2, 8, 10, 11, 12		
Aidhm:	Saotharlann Teanga a fhorbairt do dhéagóirí agus do phobal an oiléain a fheidhmeoidh mar Ionad Tacaíochta Teanga.				
Cur síos	<p>Forbrófar seomra mar Shaotharlann Teanga do dhéagóirí san Ionad Pobail (Beart 7.7.2). Cuirfear ríomhairí, cluaiseáin agus trealamh teicneolaíochta ar fáil ionas go mbeidh déagóirí an oiléain in ann úsáid a bhaint as an spás agus cur lena gcuid scileanna teanga trí úsáid a bhaint as an trealamh le foghlaim faoin mbéaloideas a bailíodh ar an oiléán faoi bheart 7.8.3. Forbrófar an saotharlann teanga mar ionad bualach isteach do dhéagóirí Inis Meáin agus oscláfar é ar feadh cúpla uair an chloig i ndiaidh scoile nó cúpla tráthnóna le linn na seachtaine.</p> <p>Úsáidfear an Saotharlann Teanga chomh maith leis na físeáin a dhéanfar bunaithe ar bhéaloideais Inis Meáin (Beart 7.8.3) a thaispeáint do phobal an oiléain.</p> <p>Cuirfear polasaí láidir teanga i bhfeidhm a chinnteodh go bhfeidhmeodh an t-ionad mar thearmann teanga.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, an cheanneagraíocht, Ionad Tacaíochta Teanga Inis Meáin, óige Inis Meáin				
Saolré an bhirt:	Bliain 2	Socrúithe agus ullmhúchán			
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€30,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€5,000 (€15,000 do Bhliain 2 + €3,000 in aghaidh na bliana do Bhliain 3-7)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshlán agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Déagóirí a spreagadh leis na háiseanna a úsáid.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> Déanfar poiblíocht ar threalamh agus deiseanna úsáide an ionaid tríd an meánscoil.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a bhaineann úsáid as na hionaid.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar na foirmacha a luaitear i mBeart 7.2.4 .				

### 7.5.3 Club Óige & Club Iarscoile

Réimse:	C, J	Critéir Pleanála Teanga	2, 8, 10, 11, 12		
Aidhm:	An Ghaeilge a chothú mar theanga chumarsáide shóisialta i measc óige Inis Meáin.				
Cur síos	<p>Faoin mbeart seo, nascófar an Club Iarscoile agus na Clubanna Óige le chéile chun an buntáiste is fearr a bhaint as na háiseanna atá ar fáil ar an oileán.</p> <p><b>Club Óige:</b> Cinnteofar go bhfuil clubanna óige ar fáil in Inis Meáin do na haoisghrápaí seo a leanas: 5-12 bl. agus 13-19 bl. Bunófar club a reáchtálfar dhá uair sa tseachtain ina n-eagrófar imeachtaí sóisialta agus ina dtabharfar faoi chomhthionscadail.</p> <p>Déanfar daoine óga ón oileán (m.sh. ó Choláiste Naomh Eoin) a thraenáil le feidhmiú mar chinnírí sa gclub agus úsáidfear cur chuige an tumoideachais sna clubanna. Leis na páistí óga, is iad na cinnírí a dhéanfas na himeachtaí a reáchtáil, ach sna clubanna do dhaoine 13+ bl. d'aois feidhmeoidh na cinnírí mar áisitheoirí agus is iad na daoine óga féin a eagrós na himeachtaí ar fad (i. múnla Ógras).</p> <p>I measc na ngníomhaíochtaí a chuirfear ar fáil sna clubanna óga beidh drámaíocht, spórt agus ealaíon. D'fhéadfá turais a eagrú chomh maith go dtí Oireachtas na Samhna, Liú Lúnasa agus a leithéidí.</p> <p><b>Club Iarscoile:</b> Leanófar amach agus cuirfear breis tacaíochtaí ar fáil don Chlub Iarscoile do dhaltaí meánscoile Inis Meáin a bhíonn ag feidhmiú 2 uair sa tseachtain go deonach i láthair na huaire. Beidh áisitheoir(i) (tuismitheoirí/caomhnóirí más féidir) i láthair ag an gclub le cuidí leis na daltaí a gcuid obair bhaile a dhéanamh.</p> <p><b>NB:</b> Moltar an dá chlub a reáchtáil ag an am céanna. D'fhéadfá an Club Iarscoile a reáchtáil don chéad uair a chloig agus an Club Óige a reáchtáil don dara uair a chloig. Bheadh na clubanna á reáchtáil dhá uair sa tseachtain.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinéir), an cheanneagraíocht, óige an Inis Meáin, Óige na Gaeltachta, Ógras				
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Socruthe agus ullmhúchán			
	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€51,550				
Costas measta in aghaidh na bliana:	<p>€7,364<sup>44</sup> (<b>Club Óige:</b> trealamh @ €5,000 + imeachtaí agus turais @ €3,000; <b>Club Iarscoile:</b> (2 chlub x 36 seachtain @ €100 don áisitheoir (€50 in aghaidh na huaire) + €350 le hábhar tacaíochta do thuismitheoirí/chaomhnóirí, srl. a phriontáil)</p>				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Áisitheoirí/cinnírí a earcú do na clubanna.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Mura mbíonn spéis ag dóthain daoine óga ó Choláiste Pobail Ráth Chairn cuidí leis an mbeart seo, d'fhéadfá iarraidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí sealáiocht a dhéanamh leis.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón suirbhé a luaitear i mBeart 7.2.4				

<sup>44</sup> Tá briseadh síos ar na costais i mír 7.1.1.

#### 7.5.4 Féiniúlacht Ghaeltachta agus féin-mhuinín a chothú

Réimse:	C	Critéir Pleanála Teanga	6, 10, 11, 12		
Aidhm:	Féiniúlacht Ghaeltachta agus féin-mhuinín mar chainteoír Gaeilge a chothú i measc pobal Inis Meáin trí fhorbairt a dhéanamh ar na healaíona dúchasacha.				
Cur síos	<p>Eagrófar sraith ranganna agus imeachtaí sóisialta agus deiseanna caidrimh idirghlúine do chuile aoisghrúpa i bpobal Inis Meáin. Cuirfear bém ar chanúint an oiléain a threisiú trí úsáid a bhaint as foclór/leaganacha atá ag imeacht as an gcaint.</p> <p>Faoin mbeart seo, baileofar stór focail, nathanna, scéalta, amhráin ó mhuintir na n-oileán chomh maith le bailiúcháin focail, nathanna agus scéalta a bailíodh cheana féin ar an oiléán.</p> <p>Mar chuid den bheart, eagrófar ranganna go rialta (m.sh. uair sa seachtain/sa gcoicís/sa mí) idir mí Mhéan Fómhair agus Aibreán thírithe ar an gceol traidisiúnta agus an ceol comhaimseartha, amhránaíocht trí Ghaeilge, drámaíocht trí Ghaeilge, damhsa ar an sean-nós agus damhsa comhaimseartha, scéalaíocht agus lúibíní.</p> <p>Moltar go ndéanfadh lucht na ranganna dráma/taispeántas a léiriú ag deireadh an chúrsa, agus go mbunófaí nasc leis an dá oiléán eile agus go dtóigfaí caidreamh le muintir an oiléain sin trí chuaichteanna agus malartuithe a eagrú.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTIM (príomhúinéir), an cheanneagraíocht, CPTIM, pobal Inis Meáin, scoileanna Inis Meáin				
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Socrutithe agus ullmhúcháin			
	Bliain 2- 7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€29,820				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€4,260 (26 rang @ €50 + €960 do Bhád/Eitleán agus Lóistín (in amanna) áiseanna srl. + €2,000 togra ealaíne)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	De bharr gur léiríodh spéis in imeachtaí chaitheamh aimsire (rannóg 4.2.6), ní mheastar go mbeidh aon dúshlán mór ag baint leis an mbeart seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna/ceardlanna.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna/ceardlanna				

## 7.6 Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chórás Oideachais

### 7.6.1 Ranganna Gaeilge

Réimse:	B, D, E, F, K	Critéir Pleanála Teanga	3, 7, 11, 12, 13, 15
Aidhm:	Cumas Gaeilge phobal Inis Meáin a ardú.		
Cur síos	<p>Cuirfear ranganna neamhfhoirmiúla cumarsáid-bhunaithe ar fáil do phobal Inis Meáin. Moltar ranganna a bheith saor in aisce do rannpháirtithe agus a chur ar fáil ag gach leibhéal agus ranganna le fócais éagsúla (m.sh. ranganna comhrá, sainranganna gramadaí, dianchúrsaí srl.) a bheith ann, ag brath ar éileamh. Le cinntíu nach gcuirtear acmhainní amú, moltar athbhreithniú ar líon agus ar chineál na ranganna Gaeilge atá cheana féin á gcur ar fáil ar an oiléán mar réamhullmhúchán agus an beart seo á chur i bhfeidhm.</p> <p>Moltar go ndéanfadh lucht na ranganna dráma a léiriú ag deireadh an chúrsa, agus go mbunófaí nasc le Inis Meáin eile agus go dtógfáí caidreamh le muintir an Inis Meáin sin trí chuairteanna agus malartuithe a eagrú. D'fhéadfaí cuairteanna a thabhairt ar Árann agus Inis Oírr chomh maith.</p> <p>Chomh maith leis na ranganna a luaitear thus, cuirfear ranganna ar fáil do dhá spriocgchrúpa faoi leith: tuismitheoirí/caomhnóirí agus an lucht gnó/seirbhísí/eagraíochtaí (féach thíos).</p> <p>Cuirfear bileog le chéile le heolas faoi na ranganna agus na hacmhainní uilig a bheas ar fáil ar an oiléán, chomh maith le heolas ar chúrsaí TEG (<a href="http://www.teg.ie/">http://www.teg.ie/</a>).</p> <p><b>Tuismitheoirí/caomhnóirí:</b> Cuirfear ranganna/ciorcail comhrá saor in aisce ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bheas bunaithe ar chumarsáid laethúil idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus páistí.</p> <p><b>An lucht gnó/seirbhísí/eagraíochtaí:</b> Reáchtálfar sainranganna don lucht gnó/seirbhísí/eagraíochtaí in Inis Meáin a mbeidh sé de sprioc acu daoine a chumasú le seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge. Beidh taighde nó comhairliúchán le déanamh le hoibriú amach cén t-am is fearr a fheilfeas don lucht freastail, agus moltar féidearthachtaí a phlé leis na gnólachtaí maidir le uair an chloig in lieu a cheadú d'fhostaithe as freastal ar rang Gaeilge.</p> <p>Is féidir na ranganna seo a reáchtáil go fisiciúil nó ar líne ag brath ar éileamh.</p>		
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinéir), an cheanneagraíocht, ÚnaG, pobal Inis Meáin		
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Socruite agus ullmhúchán	
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta ionlán:	€32,000		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€4,571 (4 rang x 20 seachtain @ €50 do gach múinteoir.)		
Foinsí maoinithe:	ÚnaG agus RTCEGSM		
Dúshláin agus réitigh:	<p><b>Dúshláin:</b> Daoine a spreagadh le freastal ar na ranganna.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> Poiblíocht tharraingteach a dhéanamh ar na ranganna; daoine a mbeifear i dteagmháil leo faoi bhearta eile a spreagadh le freastal ar ranganna, srl.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna éagsúla.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón gceistneoir a luaitear i mBéart 7.2.4 .		

## 7.6.2. Ranganna Saibhris Teanga

<b>Réimse:</b>	B, D, E, F, K	<b>Critéir Pleanála Teanga</b>	<b>3, 7, 11, 12, 13, 15</b>		
<b>Aidhm:</b>	Saibhreas teanga óige Inis Meáin a ardú.				
<b>Cur síos</b>	<p>Cuirfear ranganna neamhfhoirmeálta cumarsáid-bhunaithe ar fáil idir chaointeoíri níos sine sa bpobal agus an óige chun cur le saibhreas teanga óige an oiléain. Moltar ranganna saor in aisce do rannpháirtithe a chur ar fáil agus ranganna le fócais éagsúla (ranganna fuála, ranganna céardaíochta, céilithe agus airneáin, comórtaisí filíochta agus díospóireachta, tográí ealaíona idir-aoise, amhránaíocht agus béaloideas chomh maith le grúpaí siúlóide agus timeallachta a bhunú) a bheith ann ag brath ar éileamh. Le cinntíu nach gcuirtear acmhainní amú, moltar athbhreithniú ar líon agus ar chineál na ranganna Gaeilge atá cheana féin á gcur ar fáil in Inis Meáin mar réamhullmhúchán agus an beart seo á chur i bhfeidhm.</p> <p>Chomh maith leis na ranganna a luaitear thusa, cuirfear ranganna idir aoise ar fáil trí sheirbhísí leabharlainne an oiléain (féach thíos).</p> <p>Cuirfear bileog le chéile le heolas faoi na ranganna agus na hacmhainní uilig a bheas ar fáil in Inis Meáin, chomh maith le hacmhainní agus cúrsai ar líne (m.sh. <a href="http://www.nuigalway.ie/courses/adult-and-continuing-education-courses/">http://www.nuigalway.ie/courses/adult-and-continuing-education-courses/</a>).</p> <p><b>Ranganna idir aoise:</b> Cuirfear ranganna léitheoireachta, scéalaíochta ar fáil saor in aisce do dhaoiné óga ina mbeidh daoine níos sine ar an oiléan ag déanamh áisitheoireacht orthu chomh maith le ranganna úsáide Teicneolaíochta na Faisnéise ina mbeidh daoine óga ag cur oiliúint ar dhaoiné níos sine. Moltar go n-eagrófaí comórtais léitheoireachta leabhair Ghaeilge ag deireadh an chúrsa do na daoine óga. Moltar scríbhneoirí leabhar Ghaeilge a fháil isteach chun 4 cheardlann in aghaidh na bliana a reáchtáil.</p> <p>Moltar comhoibriú leis an leabharlann ar an mbeart seo agus úsáid a bhaint as chun ranganna scéalaíochta agus comórtais léitheoireachta a reáchtáil ann.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIM (príomhúinéir), an cheanneagraíocht, CPTIM, ÚnaG, pobal Inis Meáin				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1</b>	Socrúithe agus ullmhúcháin			
	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta ionlán:</b>	€10,500				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,500 (ábhar tacaíochta, prioritál agus srl.)				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	ÚnaG agus RTCEGSM				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine a spreagadh le freastal ar na ranganna.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Poiblíocht tharraingteach a dhéanamh ar na ranganna; daoine a mbeifear i dteagmháil leo faoi bhearta eile a spreagadh le freastal ar ranganna srl.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna éagsúla.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón gceistneoir a luaitear i mBéart 7.2.4 .				

### 7.6.3 Scéim 'Gaelchara'

Réimse:	D, J, K	Critéir Pleanála Teanga	7, 11, 12		
<b>Aidhm:</b>	Cur le líon na ndaoine in Inis Meáin le cumas sa nGaeilge agus le líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge in Inis Meáin; deiseanna a thabhairt d'fhoghlaimeoirí Gaeilge aithne a chur ar chainteoirí líofa agus a mhalaire.				
<b>Cur síos</b>	<p>Cuirfear scéim ar bun darbh ainm Gaelchara atá bunaithe ar scéim atá ar siúl i LPT Chloich Cheann Fhaola. Faoin scéim seo, caitheann foghlaimeoir fásta roinnt uaireanta a chloig le cainteoir líofa ar an oileán thar tréimhse 12 seachtaine. Sealbhaítear an teanga go nádúrtha agus neamhfhoirmeálta trí ghnáthchúraimí an tsaoil.</p> <p>Meastar gur chóir beirt fhoghlaimeoir agus beirt chainteoir dúchais a chlárú don scéim le linn bliain a haon d'fheidhmiú na scéime agus an figiúir seo a leasú ag brath ar éileamh.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, an cheanneagraíocht, pobal Inis Meáin				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1</b>	Socruthe agus ullmhúchán			
	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€9,800				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,400 (Dearbhán €350 don fhoghlaimeoir x2 agus €350 don chainteoir dúchais x2)				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtithe a spreagadh le páirt a ghlacadh sa scéim</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> Poiblíocht tharraingteach a dhéanamh ar an scéim le rannpháirtithe a mhealladh.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a chláraíonn faoin scéim agus déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón gceistneoir a luaitear i mBeart 7.2.4.				

#### 7.6.4 Oíche na bhFoghlaimeoirí

Réimsí:	D, J, K	Critéir pleanála teanga:	10, 11, 12
<b>Aidhm:</b>		Deiseanna neamhfhoirméálta úsáide Gaeilge a chur ar fáil do phobal Inis Meáin, idir chainteoirí líofa Gaeilge agus fhoghlaimeoirí.	
<b>Cur síos:</b>		<p>Eagrófar 'Oíche na bhFoghlaimeoirí' ar bhonn rialta (m.sh. uair sa mí, ag brath ar éileamh) agus déanfar na hoícheanta seo a reáchtáil sa Teach Ósta Inis Meáin. Le daoine a spreagadh le freastal ar na hoícheanta seo, d'fhéadfaí margadh a dhéanamh leis an mbeár le lascaine a chur ar fáil – m.sh. má ordaíonn duine deoch trí Ghaeilge fhaigheann siad lascaine, nó dearbháin dí a úsáid.</p> <p>Dá gceapfaí go mbeadh sé ní b'fheiliúnaí, d'fhéadfaí 'Uair na bhFoghlaimeoirí' a eagrú, seachas oíche iomlán.</p> <p>Cuirfear polasaí soiléir agus láidir teanga i bhfeidhm ag na himeachtaí seo.</p>	
<b>Páirtithe leasmhara:</b>		An OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, an cheanneagraíocht, pobal Inis Meáin	
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bláin 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt	
<b>Costas measta iomlán:</b>		Costas clúdaithe faoi bheart 7.2.1	
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>		Costas clúdaithe faoi bheart 7.2.1	
<b>Foinse maoinithe:</b>		Costas clúdaithe faoi bheart 7.2.1	
<b>Dúshláin agus réitigh fhéideartha:</b>		<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> Déanfar poiblíocht tharraingteach ar na hoícheanta in Inis Meáin a léireos go mbeidh fáilte roimh gach duine a bheas sásta an méid Gaeilge atá acu a úsáid agus a chleachtadh, beag beann ar an gcumas atá acu. Iarrfar ar bhaill CPTIM freastal ar an oiread de na hoícheanta agus is féidir leo. Mura mbíonn dóthain éilimh ar na hoícheanta seo leis an mbeart a fheidhmiú curfear deireadh leis go sealadach agus déanfar iarracht é a chur i bhfeidhm arís tar éis bliana, ag súil go mbeidh spéis ag níos mó daoine ann mar thoradh ar bhearta eile sa bplean teanga.</p>	
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>		Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na n-oícheanta a eagraítear.	
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>		Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBheart 7.2.1.	

## 7.7 An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

### 7.7.1 An Ghaeilge a chur chun cinn sa réimse gnó ar an oiléán

Réimse:	E, F, K	Critéir Pleanála Teanga	2, 3, 13, 14, 15, 18
<b>Aidhm:</b>		Cur le húsáid na Gaeilge sa réimse poiblí.	
<b>Cur síos</b>		<p>Cuirfear seirbhís tacaíochta gnó ar bun a spreagfadh comhlachtaí agus eagraíochtaí áitiúla le níos mó Gaeilge a úsáid ina ngnó laethúil – idir chumarsáid labhartha agus scríofa.</p> <p>Mar chuid den tseirbhís seo, reáchtálfar cruinnithe le húinéirí/bainisteoirí comhlachtaí agus eagraíochtaí, cuirfear seirbhís aistriúcháin ar fáil agus comhairle maidir le bealaí leis an nGaeilge a úsáid agus/nó polasaí teanga a fhorbairt agus cuirfear ábhar tacaíochta ar fáil do na comhlachtaí/eagraíochtaí. Moltar go bhfaighidh an OPTIM an t-ábhar tacaíochta atá cheana féin ar fáil ó ÚnaG, ó Fhoras na Gaeilge, ó Ghór na nGael, srl. ar dtús le dáileadh ar chomhlachtaí/eagraíochta agus go bhfiosróidh sé/sí féidearthachtaí maidir le hábhar nua a fhorbairt má fheictear dó/di go bhfuil bearnaí sa soláthar.</p>	
<b>Páirtithe leasmhara:</b>		An OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, an cheanneagraíocht, lucht gnó agus eagraíochtaí Inis Meáin, ÚnaG, Foras na Gaeilge, Glór na nGael	
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliaín 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt	
<b>Costas measta iomlán:</b>		€5,600	
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>		€800 (aistriúchán 10,000 focal @ €0.08 an focal)	
<b>Foinsí maoinithe:</b>		RTCEGSM	
<b>Dúshlán agus réitigh:</b>		<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Bainfear úsáid as cruinnithe aonair le húinéirí/bainisteoirí le cursaí teanga agus tábhacht an tírdhreaca theangeolaíoch a phlé agus bainfear úsáid as torthaí an taighde a rinneadh don phlean teanga seo le léiriú dóibh go bhfuil éileamh ann ar sheirbhísí trí Ghaeilge.</p>	
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>		Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na gcomhlachtaí/eagraíochtaí a bhaineann úsáid as an tseirbhís.	
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>		Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na gcomhlachtaí/eagraíochtaí a bhaineann úsáid as an tseirbhís.	

## 7.7.2 Halla Pobail Inis Meáin

Réimse:	F, I	Critéir Pleanála Teanga	18, 19		
Aidhm:	Athchóiriú a dhéanamh ar Halla Pobail Inis Meáin le freastal níos fearr a dhéanamh ar phobal Inis Meáin agus le cur i bhfeidhm an phlean teanga a éascú.				
Cur síos	Déanfar stoaireacht ar RTCEGSM le go ndéanfar athchóiriú ar dhíon Halla Pobail Inis Meáin. Cuirfear riachtanais a bhaineann le bearta an phlean teanga san áireamh agus an t-athchóiriú á dhéanamh (Beart 7.4.2 & Beart 7.5.3 srl.).				
Páirtithe leasmhara:	CFIM (príomhúinéir), an OPTIM, CPTIM, pobal Inis Meáin.				
Saolré an bhirt:	Bliain 2-3	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo. <sup>45</sup>				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Foinsí maoinithe:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann.				

<sup>45</sup> Tá briseadh síos ar na costais caipítil ar fáil i mír 7.13.3.

### 7.7.3 Fostaíocht trí Ghaeilge

Réimse:	F, G, K	Critéir Pleanála Teanga	2, 13, 19		
Aidhm:	Postanna a chur ar fáil trí Ghaeilge agus go háitiúil do phobal Inis Meáin.				
Cur síos	<p>Oibreofar i gcomhar le hÚnaG le teacht ar straitéisí le comhlacthaí a mhealladh chuig an oiléán a mheallfas daoine le hoideachas tríú leibhéal agus le sainscileanna le fanacht ar an oiléán, na comhlacthaí atá ar an oiléán faoi láthair ach go háirithe. Chomh maith leis sin, tacófar le straitéis ÚnaG breis comhlacthaí a bhunú ar Inis Meáin.</p> <p>Mar chuid den bheart seo, d'fhéadfaí taighde a dhéanamh ar an bhfórsa saothair in Inis Meáin, go háirithe iad siúd nach bhfuil fostáiocht fhadtréimhseach acu, agus iarracht a dhéanamh ansin deiseanna fostáiochta a chruthú a bheadh feiliúnach dóibh.</p>				
Páirtithe leasmhara:	CPTIM (príomhúinéir), an cheanneagraíocht, an OPTIM, ÚnaG				
Saolré an bhirt:	Blain 1-7	Feidhmiú an bhirt (cuirfear túis leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
Costas measta iomlán:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Foinsí maoinithe:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				

#### 7.7.4 Turasóireacht Chultúrtha Ghaelach a fhorbairt

Réimse:	E	Critéir Pleanála Teanga	11		
Aidhm:	Féiniúlacht Ghaeltachta a neartú, agus deiseanna buntáistiúil eacnamúla san earnáil turasóireachta chultúrtha a chruthú do lucht labhartha na Gaeilge.				
Cur síos	<p>Eagrófar imeachtaí sóisialta i gcomhar le Bainisteoir an Chomharchumainn do phobal an oiléáin agus do thurasóirí (m.sh. ceardlanna, spórt, seónna, drámaí, srl.) mar chuid d'fhéilte áitiúla (m.sh. Éigse Dara Beag, Rásáí Inis Meáin).</p> <p>Faoi mbeart seo, déanfar stocaireacht ar ÚnaG le go bhfostófar Oifigeach Turasóireachta ar Inis Meáin chun an turasóireacht chultúrtha Ghaelach a fhorbairt tuilleadh ar an oiléán chomh maith le nasc a chruthú idir na ceantair Ghaeltachta ar fad trí turais agus imeachtaí a eagrú.</p>				
Páirtithe leasmhara:	CFIM (príomhúinéir), an OPTIM, an cheanneagraíocht, Cósta Gaelach Chonamara agus Árainn, Táirgeora turasóireachta.				
Saolré an bhirt:	Bliaín 2	Socruthe agus ullmhúcháin			
	Bliaín 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€3,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€500 (poiblíocht, imeachtaí agus srl.)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na ndaoine agus ar chineál na n-imeachtaí a eagraítear faoin mbeart seo.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar na foirmeacha a luaitear i mBeart 7.2.4 .				

## 7.8 Na Meáin Chumarsáide

### 7.8.1 Nuachtlitir ‘Plean Teanga Inis Meáin’

Réimse:	G	Critéir Pleanála Teanga	2, 11, 16		
Aidhm:	Eolas a scaipeadh maidir le himeachtaí Gaeilge Inis Meáin.				
Cur síos	<p>Mar chuid den nuachtlitir seo beidh nuacht agus pictiúir ón oiléán, cur síos ar imeachtaí a bheadh le tarlú agus eolas eile agus beidh an t-ábhar ar fad i nGaeilge amháin nó dátheangach de réir mar is cuí. Moltar comórtas a reáchtáil ar an oiléán chun ainm an nuachtlitir a roghnú.</p> <p>Moltar an nuachtlitir a fhoilsiú ar líne ar shuíomh CPTIM (Beart 7.2.2), ar ríomhphost (Beart 6.2.3) agus ar pháipéar uair sa mí.</p> <p>Is é an OPTIM a dhéanfas bainistiú ar an togra, ach moltar daoine áitiúla deonacha a fháil le hábhar a chur ar fáil agus le heagarthóireacht agus dearadh a dhéanamh ar an nuachtlitir. Moltar chomh maith comhoibriú le Coiste Pleanála Teanga na nÓg (Beart 7.5.1) ar an mbeart seo.</p> <p>Nuar a bheas an plean ceadaithe ag RTCEGSM, ullmhófar dréachtphlean do chaon oiléain agus foilseofar agus scaipfear é ar chuile theach ar Árann é (féach mír 10.2 le haghaidh breis eolais).</p>				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinér), CPTIM, an cheanneagraíocht, pobal Inis Meáin, Coiste Pleanála Teanga na nÓg				
Saolré an bhirt:	Bláin 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta ionlán:	€8,400				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,200 (€100 ar 100 cóip x 12 mí)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPTIM na heagráin den nuachtlitir ar chomhad.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann.				

## 7.8.2 Na Meáin Chumarsáide

Réimse:	G	Critéir Pleanála Teanga	16
Aidhm:		Cleachtas teanga atá fabhrach don Ghaeilge a chothú i measc phobal Inis Meáin, próifil an oiléain a ardú, saibhreas Gaeilge an oiléain a thaifead agus daoine óga a chur ag labhairt Gaeilge lena sinsir agus ina measc féin.	
Cur síos		<p>Oibreofar i gcomhar le RTÉ Raidió na Gaeltachta le clár uair sa mbliaín a chraoladh ó stiúideo Raidió na Gaeltachta i gCasla agus podchraoladh uair sa ráithe. Moltar deis a thabhairt do dhaltaí bunscoile, meánscoile agus pobal an oiléain a bheith páirteach i gcomhar lena dtuismitheoirí agus a seantuismitheoirí a chur ag obair ar an gclár seo. Moltar tosú le clár leathuair an chloig a chlúdódh nuacht an oiléain, scéalta áitiúla agus cursáí reatha. D'fhéadfaí tarraingt ar ábhair eile de réir mar ba ghá.</p> <p>Chomh maith leis sin, nó mar mhalairt air, oibreofar i gcomhar le RTÉ Raidió na Gaeltachta agus/nó le TG4 chun cuidiú le daltaí meánscoile Inis Meáin cláir ghearra raidió agus/nó teilifise a chur le chéile. D'fhéadfadh na daltaí agallamh a chur ar sheandaoine an oiléain agus ceisteanna a chur orthu maidir le stair Inis Meáin agus comparáid a dhéanamh idir sin agus féiniúlacht óige Inis Meáin sa lá atá inniu ann. D'fhéadfaí leabhar a chur le chéile agus a fhoilsíú bunaithe ar an ábhar seo.</p> <p>D'fhéadfaí an chuid seo den bheart a chomhlíonadh mar chuid de shraith clár a rachadh timpeall ar an LPTanna uilig sa tir.</p>	
Páirtithe leasmhara:		An OPTIM (priomhúinéir), CPTIM, cheanneagraíocht, RTÉ Raidió na Gaeltachta, daltaí meánscoile an oiléain agus a múinteoirí, pobal Inis Meáin	
Saolré an bhirt:	Bliain 3	Socruthe agus ullmhúchán	
	Bliain 3-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta ionlán:	€10,000		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,000 (trealamh fuaime do phodchraoladh @ €2,500 do Bhliain 3 + 1 x turas do RTÉ Raidió na Gaeltachta @ €1,500 in aghaidh na bliain do Bhliain 3-7)		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshláin agus réitigh:		<p><b>Dúshláin:</b> Oiliúint a chur ar na daltaí maidir le céin chaoi clár a chur le chéile agus a chur i láthair.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Iarrfar ar RTÉ Raidió na Gaeltachta teacht ar cuairt chuig Inis Meáin le ceardlann oiliúna, nó sraith ceardlann, a dhéanamh leis na daltaí.</p> <p><b>Dúshláin:</b> Cead a fháil ó RTÉ Raidió na Gaeltachta an clár a chraoladh/spás a fháil i sceideal RTÉ Raidió na Gaeltachta don chlár.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Murar féidir an clár a chraoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, d'fhéadfaí an beart seo a leasú agus na daltaí a chur ag obair ar phodchraoladh nó ar fhíseáin a d'fhéadfaí a fhoilsíú ar líne.</p>	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na ndaltaí a ghlacann páirt sa mbeart seo agus ar líon na gclár a chraoltar.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo tríd an suirbhé a luaitear i mBeart 7.2.4 .	

### 7.8.3 Béaloideas Inis Meáin

Réimse:	A, D, K	Critéir Pleanála Teanga	8, 10, 11		
<b>Aidhm:</b>	Béaloideas Inis Meáin a bhailiú agus a thaifeadadh.				
<b>Cur síos</b>	<p>Déanfar béaloideas Inis Meáin a bhailiú agus a thaifeadadh le cur suas ar shuíomh idirlín Chomhlucht Forbartha Inis Meáin (Beart 7.2.2) agus le húsáid sa Seomra Taispeántais san Ionad Pobail (Beart 7.10.3) mar áis shaibhris Teanga i bhfoirm físeáin.</p> <p>Faoi mbeart seo, baileofar an béaloideas atá ann cheana féin agus cuirfear leis sin trí tuilleadh scéalta, amhránaíocht, seanachas agus srl. a bhailiú agus a thaifead ó phobal Inis Meáin. Moltar físeán a dhéanamh amach as an mbailiúcháin a bhféadfaí a roinnt ar shuíomh Chomhlucht Forbartha Inis Meáin agus ar na meáin shóisialta.</p> <p>D'fhéadfaí pobal Inis Meáin clár raidió (Beart 7.8.2) a dhéanamh bunaithe ar an mbailiúcháin.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, an cheanneagraíocht, pobal Inis Meáin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Blain 1</b>	Socruthe agus ullmhúchán			
	<b>Blain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€35,000				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€5,000 (taifead agus eagarthóireacht @ €2,000 <sup>46</sup> + tras-scríobh @ €1,000 + fotheidil @ €1,000 + Costais Taistil agus lóistín @ €1,000 <sup>47</sup> )				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshlán agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Taighdeoirí feiliúnacha a fháil le tabhairt faoin obair.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Poiblíocht a dhéanamh ar an tionscadal ar fud ollscoileanna na tíre agus thar lear más gá.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na ndaoine a ghlacann páirt sa mbeart seo agus pléifear na hiarratais ag cruinnithe a luaitear i mbeart 7.2.1.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na ndaoine a bhaineann úsáid as na físeán chomh maith le líon na ndaoine a mbreathnaíonn ar an suíomh idirlín.				

<sup>46</sup> Bunaithe ar ocht n-uaire an chloig d'ábhar sa mbliaín agus cur chuige [www.guthan.wordpress.com](http://www.guthan.wordpress.com).

<sup>47</sup> Is costas é seo do na daoine a bheas ag teacht isteach ag déanamh taifead ar an mbéaloideas a bhaileofar.

#### 7.8.4 An Nuatheicneolaíocht

Réimse:	G	Critéir Pleanála Teanga	2, 8, 11, 12, 16		
Aidhm:	Cur le húsáid na Gaeilge i measc daoine óga agus iad ag plé le cursaí teicneolaíochta, go háirithe le gutháin chliste agus leis an idirlón.				
Cur síos	<p>Le tacaíocht ó choistí pleanála teanga eile agus ó na heagraíochtaí cuí, déanfar stocaireacht le leaganacha Gaeilge d'aipeanna móra cumarsáide – leithéidí Whatsapp, Viber, Snapchat, srl. – a chur ar fáil agus scagairí i nGaeilge a fháil d'Inis Meáin.</p> <p>Mar chuid den bheart seo, d'fhéadfáí féidearthachtaí a fhiosrú maidir le haip nua a phorbairt do dhaoine óga sa nGaeltacht a bheadh i nGaeilge amháin agus a mbeadh gné shóisialta ag baint leis. Bheadh an aip seo ag freastal go huile is go hiomlán ar mhuintir na Gaeltachta agus sin amháin.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, coistí pleanála teanga ó LPTanna eile, eagraíochtaí éagsúla Gaeilge agus óige, tuismitheoirí/caomhnóirí agus óige Inis Meáin				
Saolré an bhirt:	Bláin 3-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe faoi bheart 7.2.1.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costas clúdaithe faoi bheart 7.2.1.				
Foinsí maoinithe:	Costas clúdaithe faoi bheart 7.2.1.				
Dúshláin agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine óga a spreagadh le tuilleadh Gaeilge a úsáid ar ghléasanna teicneolaíochta agus ar líne.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> D'fhéadfáí comórtais a eagrú agus/nó grúpaí fócais a reáchtáil le daoine óga le teacht ar bhealaí nuálaíocha leis an dúshlán seo a shárú.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt.				

## 7.9 Seirbhísí Poiblí

### 7.9.1 Seirbhísí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Réimse:	H, J	Critéir Pleanála Teanga	2, 3, 15, 18		
Aidhm:	Seirbhís Gaeilge ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chinntíú do phobal Inis Meáin.				
Cur síos	Déanfar stoaireacht ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go gcuirfear seirbhís trí Ghaeilge ar fáil (m.sh. dochúir, altra agus srl. ar fáil le Gaeilge) do phobal Inis Meáin. Forrófar plean teanga i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le cinntíú go bhfuiltear ag comhlíonadh an Plean Athbhreithnithe ar Sheirbhísí Cúram Phríomhúil na hOileán (Aibreán 2017).				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinéis), CPTIM, an OPTIM, pobal Inis Meáin, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.				
Saolré an bhirt:	Blain 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta ionlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 7.2.1.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 7.2.1.				
Foinsí maoinithe:	Costas clúdaithe faoi bheart 7.2.1.				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh aon dúshláin ag baint ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				

## 7.9.2 Seirbhísí Reiligiúnacha

Réimse:	H, K	Critéir Pleanála Teanga	2, 3, 15, 18
Aidhm:	An Ghaeilge a chaomhnú sa réimse reiligiúnach.		
Cur síos	Déanfar stocaireacht ar Dheoise Thuama (Caitliceach agus Protastúnach) lena chinntí go leanfar ar aghaidh ag cur seirbhísí reiligiúnacha trí Ghaeilge ar fáil in Inis Meáin lena n-áirítear sacraimintí agus oiliúint do na sacraimintí ar fáil trí Ghaeilge. Forbrófar polasaí teanga i gcomhar leis an deoise d'Inis Meáin.		
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM, (príomhúinéir), CPTIM, An Eaglais Chaitliceach (Easpag Dheoise Thuama agus sagart pharóiste a fhreastalaíonn ar phobal Inis Meáin), Eaglais na hÉireann (Easpag Dheoise Thuama), pobal Inis Meáin.		
Saolré an bhirt:	Bliaín 1-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 7.2.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 7.2.1.		
Foinsí maoinithe:	Costas clúdaithe faoi bheart 7.2.1.		
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán ag baint ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.		

## 7.10 Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil

### 7.10.1 Tacaíocht Pleanála

Réimse:	I, K	Critéir Pleanála Teanga	2, 17		
Aidhm:	Tacaíocht a chur ar fáil do phobal Inis Meáin ar miste leo teach a cheannach nó a thógáil ar an oileán chomh maith le coinníoll Teanga a bheith mar chuid de phleananna forbartha a chinntiú agus a láidriú.				
Cur síos	<p><b>Tacaíocht Pleanála:</b> I gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe, déanfar athmhúnlú ar an gcóras atá ann le tacaíocht agus túis áite a thabhairt do phobal Inis Meáin a rugadh agus a togadh ar an oileán chomh maith le daoine/teaghligh ar miste leo teach a cheannach nó a thógáil ar an oileán.</p> <p><b>Polasaithe Pleanála:</b> Moltar imscrúdú a dhéanamh ar phleananna forbartha<sup>48</sup> a bhféadfaí tionchar a imirt ar chúrsaí teanga ar an oileán agus stocaireacht a dhéanamh i gcomhar le CFIM (nuair is gá) chun a chinntiú go bhfuil riachtanais teanga phobal an oileán á gcomhlíonadh faoin bplean seo.</p> <p>Faoin mbeart seo, breathnófar ar líon na pleananna a bhfuil/nach bhfuil aird tugtha do chúrsaí teanga iontu, ar bhearta stocaireachta a thugtar fúthu agus ar aon fhreagra a fhaigntear air sin.</p>				
Páirtithe leasmhara:	CFIM (príomhúinéir), CPTIM, an OPTIM, Comhairle Chontae na Gaillimhe.				
Saolré an bhirt:	Bláin 1-7	Feidhmiú an bhirt (cuirfear túis leis an mbeart seo i mBláin 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
Costas measta iomlán:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Foinsí maoinithe:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt agus coinneofar taifead ar líon na pleananna a bhfuil agus a chuireann coinníoll teanga san áireamh.				

<sup>48</sup> Plean Forbartha na Gaillimhe 2015 – 2021, Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008 – 2018, Scéimeanna Leatheanbhan Náisiúnta, Plean Straitéiseach ÚnaG, Pleananna Straitéiseach Timpeallachta & Comhshaoil, Forbairt Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Conraidh Soláthar Poiblí.

## 7.10.2 Leathanbhanda

Réimse:	G, I	Critéir Pleanála Teanga	17		
Aidhm:	Leathanbhanda d'ardluas a chur ar fáil in Inis Meáin.				
Cur síos	I gcomhar leis RTCEGSM, le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus le grúpaí ábhartha eile, déanfar stocaireacht ar an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithé ar son na hAeráide agus Comhshaoil le tabhairt faoi thogra le leathanbhanda d'ardluas a sholáthar d'Inis Meáin. Cinnteoidh sé seo go mbeidh fostáocht ar fáil ar an oileán trí daoine a bheith in ann oibriú ón mbaile. Beifear in ann leas a bhaint as seo chun Ranganna Gaeilge agus an scéim Gaelchara a chur ar líne de réir mar is gá.				
Páirtithe leasmhara:	CFIM (príomhúinéir), CPTIM, an OPTIM, RTCEGSM, Comhairle Chontae na Gaillimhe, An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithé ar son na hAeráide agus Comhshaoil, pobal Inis Meáin, coistí pobail Inis Meáin.				
Saolré an bhirt:	Bláin 1-7	Feidhmiú an bhirt (cuirfear túis leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
Costas measta iomlán:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Foinsí maoinithe:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt.				

### 7.10.3 Ionad Pobail

Réimse:	F, I	Critéir Pleanála Teanga	18, 19		
Aidhm:	Cinntiú go dtógfar Ionad Pobail in Inis Meáin le freastal níos fhearr a dhéanamh ar phobal an oileáin agus le cur i bhfeidhm an phlean teanga a éascú.				
Cur síos	Déanfar stoaireacht ar RTCEGSM le cinntiú le leanfar ar aghaidh leis an obair ar Ionad Pobail Inis Meáin a thógáil. Cuirfear riachtanaí a bhaineann le bearta an phlean teanga san áireamh agus an t-athchóiriú á dhéanamh (Beart 7.5.2 & Beart 7.8.3).				
Páirtithe leasmhara:	CFIM (príomhúinéir), an OPTIM, CPTIM, pobal Inis Meáin.				
Saolré an bhirt:	Bliain 2-3	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Foinsí maoinithe:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann.				

#### 7.10.4 Ionad Spóirt faoi dhíon

Réimse:	F, I, J	Critéir Pleanála Teanga	18, 19		
Aidhm:	Ionad Spóirt faoi dhíon a thógáil in Inis Meáin le freastal níos fearr a dhéanamh ar phobail Inis Meáin.				
Cur síos	Déanfar stocaireacht ar RTCEGSM le go dtóigfar Ionad Spóirt faoi dhíon ar Inis Meáin. Feidhmeoidh an Ionad Spóirt faoi dhíon mar áis oscailte chomh maith le háiseanna spóirt a sholáthar don oileán. Reáchtálfar imeacht spóirt lae ann uair sa mbliaín ina dtabharfar cuireadh do na ceantair Ghaeltachta ar fud na tíre.				
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht (príomhúinéir), an OPTIM, CPTIM, pobal Inis Meáin.				
Saolré an bhirt:	Blain 2-3	Socrúcháin agus ullmhúcháin			
	Blain 3-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo. <sup>49</sup>				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Foinsí maoinithe:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann.				

<sup>49</sup> Tá briseadh síos ar na costais caipítil ar fáil i mír 7.13.3.

### 7.10.5 Comharthaíocht

Réimse:	I	Critéir Pleanála Teanga	19		
Aidhm:	Cinntiú go bhfuil comharthaí dátheangacha ar an oileán agus go dátheangach nuair is gá.				
Cur síos	Cinnteofar go bhfuil na comharthaí a chrochtar in Inis Meáin i nGaeilge nó gá dhátheangach nuair is gá. Tacóidh an OPTIM le CFIM stocaireacht ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar mhaoiniú chun comharthaí i nGaeilge nó go dhátheangach a chrochadh ar an oileán.				
Páirtithe leasmhara:	CFIM (príomhúinéir), OPTIM, CPTIM, an cheanneagraíoch, Comhairle Contae na Gaillimhe				
Saolré an bhirt:	Blain 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Foinsí maoinithe:	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo.				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				

## 7.11 Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

### 7.11.1 Imeachtaí Sóisialta do Dhaoine Óga

Réimse:	C, J	Critéir Pleanála Teanga	2, 8, 10, 11, 12
Aidhm:	An Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga shóisialta i measc dhaoine óga.		
Cur síos	Eagrófar tuilleadh imeachtaí sóisialta do pháistí agus do dhaoine óga (m.sh. ceardlanna, spórt, seónna, dioscó, srl.) mar chuid d'fhéilte áitiúla (Éigse Dara Beag). Cinnteofar go bhfuil polasaí láidir teanga i bhfeidhm ag gach féile.		
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinéis), CPTIM, an cheanneagraíocht, coistí na bhféilte áitiúla, óige Inis Meáin, Glór na nGael.		
Saolré an bhirt:	Bláin 1-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€24,500		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€3,500 (ábhar, poiblíocht agus srl.)		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cinneoidh an OPTIM taifead ar líon agus ar chineál na n-imeachtaí a eagraítear faoin mbeart seo.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón suirbhé a luaitear i mBeart 7.2.4.		

### 7.11.2 Imeachtaí Scoil-bhunaithe

Réimse:	C, J, K	Critéir Pleanála Teanga	2, 8, 10, 11, 12		
Aidhm:	An dea-chleachtas teanga a fheictear taobh istigh de chomhthéacs na scoile a leathnú amach i gcomhthéacsanna eile.				
Cur síos	Eagrófar imeachtaí sóisialta (m.sh. drámaí, tráth na gceist, biongó srl.) trí na scoileanna ach cuirfear ar siúl iad taobh amuigh den scoil agus taobh amuigh de na huaireanta scoile – m.sh. i halla pobail – ar bhonn rialta le daoine óga Inis Meáin a thabhairt le chéile. Ó thaobh drámaí de, d'fhéadfaí duine ón gCumann Drámaíochta (Beart 7.11.6) a fháil le drámaí a léiriú leis na daoine óga.				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, an cheanneagraíocht, óige Inis Meáin agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí Inis Meáin.				
Saolré an bhirt:	Bláin 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€5,600				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€800 (ábhar agus trealamh de réir mar a theastaíonn sé)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine óga a spreagadh le páirt a ghlacadh.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Poiblíocht tharraingteach a dhéanamh ar na himeachtaí; spotduaiseanna a thabhairt amach ag na himeachaí le daoine a mhealladh.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na n-imeachtaí a eagraítear faoin mbeart seo.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón suirbhé a luaitear i mBeart 7.2.4 .				

### 7.11.3 Oiliúint agus Tacaíocht do Thraenálaithe/Theagascóirí

<b>Réimse:</b>	<b>C, D, F, J, K</b>	<b>Critéir Pleanála Teanga</b>	<b>2, 8, 10, 11, 12, 15</b>		
<b>Aidhm:</b>	Caitheamh aimsire trí Ghaeilge a chur ar fáil do phobal Inis Meáin.				
<b>Cur síos</b>	<p><b>Oiliúint:</b> Cuirfear oiliúint ar fáil do dhaoine a bhíonn ag reáchtáil imeachtaí in Inis Meáin (m.sh. traenálaithe, bainisteoirí, múinteoirí ceoil/damhsa/amhránaíochta, cinnírí do choláistí samhraidh srl.) maidir le bealaí leis an nGaeilge a chur chun cinn ag na himeachtaí/seisiúin/ranganna sin, bíodh Gaeilge ar a dtoil acu nó ná bíodh. Déanfar é seo trí shraith ceardlann a eagrú agus cuireadh a thabhairt do thraenálaithe, do theagascóirí, srl. Is é an OPTIM a dhéanfas áisitheoireacht ar na ceardlanna, ach féadfar aoibhainteoirí a thabhairt isteach chomh maith de réir mar is cuí. Moltar ábhar saincheaptha (m.sh. liosta focal a bhaineann le spórt, ceol, srl.) a chur ar fáil do rannpháirtithe na gceardlann.</p> <p><b>Tacaíocht:</b> Cuirfear tacaíocht teanga – i. seirbhís aistriúcháin, comhairle agus cúnamh maidir le polasaí teanga, ranganna Gaeilge, ceardlanna oiliúna, srl. – ar fáil do lucht na gcaitheamh aimsire le go mbeidh siad in ann iompú ar an nGaeilge de réir a chéile agus imeachtaí ar siúl acu. Cuirfear polasaí teanga samplach ar fáil dóibh agus cuideofar leo an polasaí a chur in oriúint dá gcumann féin.</p> <p>Mar chuid den bheart seo, beidh bunachar sonraí na traenálaithe/teagascóirí/srl. le forbairt.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, an cheanneagraíocht, an lucht caitheamh aimsire in Inis Meáin				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bláin 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta ionlán:</b>	€5,950				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€850 (ábhar agus poiblíocht @ €250 + 2 x aoibhainteoirí @ €300)				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshláin:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> I gcás clubanna agus cumann, moltar labhairt le bainistíocht na gclubanna/na gcumann leis na buntáistí a bhainfeadh le húsáid na Gaeilge sa gclub/cumann a léiriú dóibh.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ceardlanna.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón suirbhé a luaitear i mBeart 7.2.4 .				

#### 7.11.4 Caitheamh Aimsire trí Ghaeilge

Réimse:	D, J, K	Critéir Pleanála Teanga	2, 10, 11, 12		
Aidhm:	Caitheamh aimsire trí Ghaeilge a chur ar fáil do dhaoine fásta Inis Meáin.				
Cur síos	Cuirfear ranganna agus ceardlanna (m.sh. cócaireacht, cártaí, grianghrafnadóireacht, ióga, cniotáil, srl.) ar fáil trí Ghaeilge. Moltar bunachar a chur le chéile de dhaoine in Inis Meáin agus Inis Oírr <sup>50</sup> a bhfuil scileanna mar sin acu agus a bheadh sásta rang nó ceardlann a mhúineadh. Mura bhfuil Gaeilge ag cuid de na daoine sin, d'fhéadfaí cuidiú leo foclóir agus abairtí bunúsacha áirithe a fhoghlaim le húsáid mar chuid de na ranganna/ceardlanna.				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, an cheanneagraíocht, an lucht caitheamh aimsire in Inis Meáin				
Saolré an bhirt:	Bláin 1	Socruthe agus ullmhúchán			
	Bláin 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta ionlán:	€18,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€3,000 (íocaíocht do theagascóirí/áisitheoirí + costais taistil, ábhar)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna/ceardlanna.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna/ceardlanna.				

<sup>50</sup> De bharr gur féidir taisteal idir an dá oileán.

### 7.11.5 Club Leabhar

Réimse:	J	Critéir Pleanála Teanga	2, 10, 11, 12		
Aidhm:	Pobal Inis Meáin a chur ag léamh na Gaeilge.				
Cur síos	<p>Bunófar club leabhar in Inis Meáin. Moltar club do chaointeoirí líofa Gaeilge a dhíreodh isteach ar leabhair Ghaeilge amháin, agus club leabhar eile a léifeadh idir leabhair Bhéarla agus leabhair Ghaeilge ach a dhéanfadh an plé uilig trí Ghaeilge agus a bheas oscailte do dhaoine nach bhfuil chomh compordach céanna leis an nGaeilge.</p> <p>Is baill CPTIM a dhéanfas na clubanna a reáchtáil ar dtús ach déanfar iarracht an cúram sin a aistriú go dtí baill eile den phobail in imeacht ama ionas gur ndéantar buanú ar na clubanna nó gur féidir leo feidhmiú go neamhspleách ar an struchtúr pleanála teanga a leagtar amach i mBeart 7.2.1.</p> <p>Moltar chomh maith go dtiocfadh baill na gclub le chéile uair sa mí i dtithe a chéile nó in ionad poiblí (m.sh. caifé nó teach tábhairne).</p>				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (priomhúinéir), CPTIM, an cheanneagraíocht, an lucht caitheamh aimsire in Inis Meáin				
Saolré an bhirt:	Bláin 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€4,200				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€600 (ábhar)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshlán agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Déanfar poiblíocht ar an gclub ar na meáin shóisialta agus ag imeachtaí/ranganna a eagraítear mar chuid de bhearta an phlean teanga.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				

### 7.11.6 Cumann Drámaíochta

Réimse:	C, J	Critéir Pleanála Teanga	2, 10, 11, 12		
Aidhm:	Cumann Drámaíochta a bhunú in Inis Meáin.				
Cur síos	<p>Bunófar cumann drámaíochta in Inis Meáin. Moltar club amháin a bhunú agus go scríobhfar dráma a fheileann do bhaill an chlub, bíodh siad ina gcainteoirí líofa Gaeilge nó ar bheagán Gaeilge.</p> <p>Moltar go scríobhfaidh baill an chumainn an dráma i gcomhar leis an OPTIM agus go léireofaí an dráma don phobal ag deireadh an tréimhse.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, an cheanneagraíocht, an lucht caitheamh aimsire in Inis Meáin				
Saolré an bhirt:	Bliaín 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€12,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,000 (ábhar don dráma)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshlán agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Déanfar poiblíocht ar an gclub ar na meáin shóisialta agus ag imeachtaí/ranganna a eagraítear mar chuid de bhearta an phlean teanga.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.				

### 7.11.7 Cumann Scannánaíochta

Réimse:	C, J	Critéir Pleanála Teanga	2, 10, 11, 12
Aidhm:	Cumann Scannánaíochta a bhunú in Inis Meáin.		
Cur síos	Bunófar cumann scannánaíochta in Inis Meáin. Moltar club amháin a bhunú agus go ndéanfar taifead ar thimpeallacht, chultúr agus saol an oiléáin. D'fhéadfáí an beart seo a nascadh le beart 7.8.3 agus go ndéanfar scannán amach as báloideas an oiléáin.		
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, an cheanneagraíocht, pobal Inis Meáin, TechSpace		
Saolré an bhirt:	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€13,300		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,217 (trealamh scánannaíochta @ €250 an ceann <sup>51</sup> do Bhliain 2 + €50 don áisitheoir x 36 seachtain)		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshláin agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Déanfar poiblíocht ar an gclub ar na meáin shóisialta agus ag imeachtaí/ranganna a eagraítear mar chuid de bhearta an phlean teanga.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.		

<sup>51</sup> Is féidir an trealamh seo a cheannach ó TechSpace. Bheifí ag súil le 10 rannpháirtithe.

## 7.12 Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus níosmhaireacht an phobail ina leith

### 7.12.1 Forbairt na Pleanála Teanga sa LPT

Réimse:	K	Critéir Pleanála Teanga	2, 11, 19
Aidhm:		Feasacht a ardú i measc óige Inis Meáin ar cheist na teanga agus iad a spreagadh le feidhmiú mar bhainisteoirí teanga ag an leibhéal áitiúil agus le páirt ghníomhach a ghlacadh sa bpróiseas pleanála teanga.	
Cur síos		<p>Forbrófar scéim taithí oibre do dhaltaí Idirbhliana ó Choláiste Naomh Eoin le seachtain nó coicís a chaitheamh i mbun taithí oibre le hOifigeach Pleanála Teanga Inis Meáin. Déanfar clár cuimsitheach a ullmhú don taithí oibre le cinniú go bhfaigheann na daoine óga taithí fhiúntach agus go mbaineann siad tairbhe as.</p> <p>Cuirfear scoláireacht samhraidh amháin in aghaidh na bliana ar fáil do dhaltaí na sraithe sinsearaí i gColáiste Naomh Eoin agus do mhic léinn tríú leibhéal as an oiléan dul ag obair leis an OPTIM mar obair shamhraidh. Cuirfear tuarastáil ar fáil don obair sin a mheallfas daoine óga le cur isteach air.</p> <p>Nascofar an beart seo leis an scoláireacht sa bPleanáil Teanga (Beart 7.12.3) le go spreagofar scoláireachtaí cur isteach ar an taithí oibre sula dtabharfar faoin MA sa Léann Teanga.</p>	
Páirtithe leasmhara:		An OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, an cheanneagraíocht, óige Inis Meáin	
Saolré an bhirt:	Bliaín 2-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta ionlán:	€17,280		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,880 (€12.00 in aghaidh na huire x 6 seachtaine don scoláireacht samhraidh)		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 7.2.1.		

## 7.12.2 Cainteanna Poiblí

Réimse:	D, J, K	Critéir Pleanála Teanga	2, 11, 19		
Aidhm:	Feasacht a ardú i measc phobal Inis Meáin ar cheisteanna teanga.				
Cur síos	<p>Eagrófar sraith cainteanna faoi chúrsaí teanga in Inis Meáin, ag díriú ar réimse leathan gnéithe a mbeadh spéis ag codanna éagsúla den phobal iontu (m.sh. cainteoirí Gaeilge, cainteoirí Béarla, tuismitheoirí, srl.). Moltar na cainteanna seo a nascadh le himeachtaí eile a mbeadh an pobal ag freastal orthu, m.sh. féilte, imeachtaí sna cumainn CLG, imeachtaí tráthnóna sna scoileanna, srl.</p> <p>Moltar na cainteanna seo a bheith i nGaeilge, go dátheangach agus i mBéarla ag brath ar an ábhar le freastal ar phobal iomlán Inis Meáin, agus iad a chur ar siúl sa dá chuid den LPT. Moltar réimse leathan ábhair a chlúdach m.sh. forbairt an linbh, ealaín, stair, dúlra, sealbhú teanga srl.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIM (príomhúinír), CPTIM, an cheanneagraíocht, lucht eagraithe féilte áitiúla, an cumann CLG, foireann scoileanna Inis Meáin, pobal Inis Meáin.				
Saolré an bhirt:	Bliaín 2	Socruthe agus ullmhúchán			
	Bliaín 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€11,700				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,950 (ábhar agus poiblíocht @ €150 + 6 x aoichainteoirí @ €300)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPTIM/CPTIM taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na cainteanna.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa bplean teanga.				

### 7.12.3 Scoláireachtaí do chúrsa Pleanála Teanga

Réimse:	A	Critéir Pleanála Teanga	2, 3
<b>Aidhm:</b>		Scoláireacht amháin a chur ar fáil in aghaidh na bliana do chainteoir líofa Gaeilge ó Inis Meáin le tabhairt faoin mháistreacht sa léann teanga.	
<b>Cur síos</b>		Bunófar ciste le scoláireachtaí a bhronnadh ar dhuine amháin as Inis Meáin le freastal ar chúrsa i réimse na pleanála teanga <sup>52</sup> . Tosófar amach le scoláireacht amháin agus déanfar iarracht cur leis sin trí urraíocht a fháil nó trí scéimeanna eile maoinithe a aimsiú.  Mar chuid den bheart, beidh sé mar choinníoll go mbeidh ar an scoláireacht tréimhse thaithí oibre a dhéanamh le hOPTIM agus le Bainisteoir CFIM (Beart 7.12.1).	
<b>Páirtithe leasmhara:</b>		OPTIM (príomhúinéir), CPTIM, CFIM, Pobal Inis Inis Meáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.	
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Blain 2</b>	Socruthe agus ullmhúchán	
	<b>Blain 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt	
<b>Costas measta iomlán:</b>	€38,500		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€6,417 (táillí @ €3,000 sa mbliain + costais taistil @ €250 + lóistín @ €600 <sup>53</sup> )		
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM		
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>		<b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh <b>Réiteach:</b> D'fhéadfadh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge cur i láthair a dhéanamh do mhuintir an oiléán agus na mic léinn chun buntáistí na scoláireachta a léiriú.	
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>		Coinneoidh an OPTIM taifead ar na daltaí a mbronnfar scoláireachtaí orthu.	
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>		Coinneoidh an OPTIM taifead ar líon na ndaltaí a chuirfeas isteach ar an scoláireacht, ag súil go dtiocfaidh ardú air bliain i ndiaidh bliana. Ar bhealach níos leithne, beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i dtorthaí an tsuirbhé a luatear i mBeart 7.2.4 .	

<sup>52</sup> Cuirfear scoláireacht ar fáil don MA (Léann Teanga) le speisialtóireacht sa bPleanáil Teanga nó an Dioplóma sa bPleanáil Teanga.

<sup>53</sup> Reáchtáiltear ceardlanna 3 uaire in aghaidh an seimeastar don MA sa Léann Teanga.

## 7.13 Costais agus Maoiniú Bhearta Inis Meáin

Luaitear costas bliantúil agus costas iomlán le bearta Inis Meáin i mír 8 den phlean teanga. Sa mír seo, déantar coimriú ar chostais iomlána Inis Meáin de réir bliana. Tugtar eolas chomh maith faoin mbuiséad reatha a bheas ag teastáil leis an bplean teanga ar Inis Meáin a chur i bhfeidhm agus faoin mbuiséad caipítil a theastós gach bliain.

### 7.13.1 Nóta maidir le Beart 7.2.1

Tugar sa dá thábla thíos mionbhriseadh síos ar na costais a bhainfeas le beart 7.2.1:

An tOifigeach Pleanála Teanga							
	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Tuarastal	€35,000.00	€37,500.00	€40,000.00	€42,500.00	€45,000.00	€47,500.00	€50,000.00
Cáin an Fhostóra (11.0%)	€3,850.00	€4,125.00	€4,400.00	€4,675.00	€4,950.00	€5,225.00	€5,500.00
Iomlán	<b>€38,850.00</b>	<b>€41,625.00</b>	<b>€44,400.00</b>	<b>€47,175.00</b>	<b>€49,950.00</b>	<b>€52,725.00</b>	<b>€55,500.00</b>

Tábla 7.1: Tuarastal an OPTIM

An tOifigeach Pleanála Teanga							
	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Earcaíocht	€1,000.00						
Taistil	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
Stáiseanóireacht, prioritál agus fótachóipeáil, poiblíocht agus fógraíocht	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00
Trealamh	€5,000.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00
Cíos	€8,000.00	€8,000.00	€8,000.00	€8,000.00	€8,000.00	€8,000.00	€8,000.00
Fo-ionlán	<b>€19,000.00</b>	<b>€13,500.00</b>	<b>€13,500.00</b>	<b>€13,500.00</b>	<b>€13,500.00</b>	<b>€13,500.00</b>	<b>€13,500.00</b>
Turastal	€38,850.00	€41,625.00	€44,400.00	€47,175.00	€49,950.00	€52,725.00	€55,500.00
Iomlán (le tuarastal)	<b>€57,850.00</b>	<b>€55,125.00</b>	<b>€57,900.00</b>	<b>€60,675.00</b>	<b>€63,450.00</b>	<b>€66,225.00</b>	<b>€69,000.00</b>

Tábla 7.2: Clár Caiteachais Bheart 7.2.1

### 7.13.2 Clár Caiteachais do Phlean Teanga Inis Meáin

<b>Réimse</b>	<b>Beart</b>	<b>Bliain 1</b>	<b>Bliain 2</b>	<b>Bliain 3</b>	<b>Bliain 4</b>	<b>Bliain 5</b>	<b>Bliain 6</b>	<b>Bliain 7</b>
<b>Feidhmiú an Phlean Teanga</b>	7.2.1	€57,850.00	€55,125.00	€57,900.00	€60,675.00	€63,450.00	€66,225.00	€69,000.00
	7.2.2	€2,500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00
	7.2.3	-	-	-	-	-	-	-
	7.2.4	€456.00	€456.00	€456.00	€456.00	€456.00	€456.00	€456.00
<b>An Córas Oideachais</b>	7.3.1	-	-	-	-	-	-	-
	7.3.2	-	-	-	-	-	-	-
	7.3.3	-	-	-	-	-	-	-
	7.3.4	-	€2,450.00	€2,450.00	€2,450.00	€2,450.00	€2,450.00	€2,450.00
	7.3.5	-	-	€2,200.00	€2,200.00	€2,200.00	€2,200.00	€2,200.00
<b>Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh</b>	7.4.1	-	€300.00	€300.00	€300.00	€300.00	€300.00	€300.00
	7.4.2	-	€1,080.00	€1,080.00	€1,080.00	€1,080.00	€1,080.00	€1,080.00
	7.4.3	€2,500.00	€600.00	€600.00	€600.00	€600.00	€600.00	€600.00
	7.4.4	-	-	-	-	-	-	-
	7.4.5	-	-	-	-	-	-	-
<b>Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghráupaí Eile</b>	7.5.1	€6,600.00	€6,600.00	€6,600.00	€6,600.00	€6,600.00	€6,600.00	€6,600.00
	7.5.2	-	€15,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
	7.5.3	€11,650.00	€6,650.00	€6,650.00	€6,650.00	€6,650.00	€6,650.00	€6,650.00
	7.5.4	€4,260.00	€4,260.00	€4,260.00	€4,260.00	€4,260.00	€4,260.00	€4,260.00
<b>Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chórás Oideachais</b>	7.6.1	€8,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00
	7.6.2	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00
	7.6.3	€1,400.00	€1,400.00	€1,400.00	€1,400.00	€1,400.00	€1,400.00	€1,400.00
	7.6.4	-	-	-	-	-	-	-
<b>An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn</b>	7.7.1	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00
	7.7.2	-	-	-	-	-	-	-
	7.7.3	-	-	-	-	-	-	-
	7.7.4	-	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00

<b>Na Meáin Chumarsáide</b>	7.8.1	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00
	7.8.2	-	-	€4,000.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00
	7.8.3	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00
	7.8.4	-	-	-	-	-	-	-
<b>Seirbhísí Poiblí</b>	7.9.1	-	-	-	-	-	-	-
	7.9.2	-	-	-	-	-	-	-
<b>Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil</b>	7.10.1	-	-	-	-	-	-	-
	7.10.2	-	-	-	-	-	-	-
	7.10.3	-	-	-	-	-	-	-
	7.10.4	-	-	-	-	-	-	-
	7.10.5	-	-	-	-	-	-	-
<b>Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire</b>	7.11.1	€3,500.00	€3,500.00	€3,500.00	€3,500.00	€3,500.00	€3,500.00	€3,500.00
	7.11.2	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00
	7.11.3	€850.00	€850.00	€850.00	€850.00	€850.00	€850.00	€850.00
	7.11.4	-	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
	7.11.5	€600.00	€600.00	€600.00	€600.00	€600.00	€600.00	€600.00
	7.11.6	-	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00
	7.11.7	-	€4,300.00	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00
<b>Staid na Gaeilge in Inis Meáin</b>	7.12.1	-	€2,880.00	€2,880.00	€2,880.00	€2,880.00	€2,880.00	€2,880.00
	7.12.2	-	€1,950.00	€1,950.00	€1,950.00	€1,950.00	€1,950.00	€1,950.00
	7.12.3	-	€3,850.00	€7,700.00	€7,700.00	€7,700.00	€7,700.00	€3,850.00
<b>Buiséad reatha</b>		<b>€109,466.00</b>	<b>€131,151.00</b>	<b>€129,476.00</b>	<b>€129,751.00</b>	<b>€132,526.00</b>	<b>€135,301.00</b>	<b>€134,226.00</b>
<b>Buiséad caipitil (féach mír 7.5 thíos)</b>		€0.00	€900,000.00	€580,000.00	€160,000.00	€160,000.00	€160,000.00	€160,000.00
<b>Iomlán</b>		<b>€109,466.00</b>	<b>€1,031,151.00</b>	<b>€709,476.00</b>	<b>€289,751.00</b>	<b>€292,526.00</b>	<b>€295,301.00</b>	<b>€294,226.00</b>

Tábla 7.4: Costais Iomlána Bhearta Inis Meáin

7.13.3 Buiséad Caipítil de réir bliana Inis Meáin

<b>Beart</b>	<b>Bliain 1</b>	<b>Bliain 2</b>	<b>Bliain 3</b>	<b>Bliain 4</b>	<b>Bliain 5</b>	<b>Bliain 6</b>	<b>Bliain 7</b>
7.3.1	-	€100,000.00	€400,000.00	€120,000.00	€120,000.00	€120,000.00	€120,000.00
7.4.4	-	€150,000.00	€150,000.00	€10,000.00	€10,000.00	€10,000.00	€10,000.00
7.7.2	-	€150,000.00	-	-	-	-	-
6710.4	-	€500,000.00	€30,000.00	€30,000.00	€30,000.00	€30,000.00	€30,000.00
<b>Buiséad caipítil iomlán</b>	<b>€0.00</b>	<b>€900,000.00</b>	<b>€580,000.00</b>	<b>€160,000.00</b>	<b>€160,000.00</b>	<b>€160,000.00</b>	<b>€160,000.00</b>

Tábla 7.5: Costais iomlána Bhearta Inis Meáin

---

## *8. Bearta Inis Oírr*

---

### **8.1 Réamhrá**

De bharr go bhfuil éagsúlacht idir na riachtainais atá ag Árann, Inis Meáin agus Inis Oírr, beartaíodh na bearta a bhriseadh suas de réir oiléain. Sa gcaibidil seo, leagtar amach bearta Inis Oírr.

## 8.2 Feidhmiú an Phlean Teanga ar Inis Oírr

### 8.2.1 Struchtúr Feidhmithe Inis Oírr

Réimse:	K	Critér Pleanála Teanga	1, 19
Aidhm:		Struchtúr a bhunú leis an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach le hionchur leanúnach ó phobail na nOileán	
Cur síos		<p><b>An Cheanneagraíocht:</b> Feidhmeoidh CCTeo mar cheanneagraíocht d'fheidhmiú Phlean Teanga Oileáin Árann ach is iad CCTeo a bheas freagrach as an bplean teanga a sheachadadh ar Inis Oírr. Beidh freagracht ar an gCeanneagraíocht an riadaradh agus leathdháileadh a dhéanamh ar an mbuiséad Pleanála Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Oileáin Árann agus bunófar Coiste Pleanála Teanga Oileáin Árann faoi Chathaoirleacht CCTeo. Is ról straitéiseach a bheas ag an gCoiste seo agus fágfar cinntí áitiúla faoi chúram Choistí Áitiúla Pleanála Teanga ar na trí oileán.</p> <p><b>CPTOÁ:</b> Beidh an struchtúr seo déanta suas d'ionadaí ó trí oileán Árann. Moltar 2 nó 3 ó chaon oileán. Is ról comhpháirtíochta, idirghníomhaíochta a bheidh ann, chun a chinntí go mbeidh éifeacht ag baint le cur i bhfeidhm agus le dul chun cinn an phlean agus chun monatóireachta leanúnach a dhéanamh ar an bPlean Teanga. Samhláitear go dtiocfaidh an Coiste seo le chéile uair sa ráithe chun athbhreithniú, monatóireacht, agus moltaí a dhéanamh faoi dhul chun cinn na spriocanna.</p> <p><b>CPTIO:</b> Beidh coiste áitiúil ag feidhmiú ar chaon oileán. Is fochoiste den Chomharchumann a bheidh ann i ngach cás. Baill nua a mhealladh le dhul ar an gcoiste. (Beidh ionadaí ó CPTIO ar an gCoiste Stiúrtha chun moltaí agus tuairisci ar dhul chun cinn a chur ar aghaidh).</p> <p><b>OPTION:</b> Beidh Oifigeach Pleanála Teanga le fostú ar gach oileán faoi riadaradh An Cheanneagraíocht (CCTeo)<sup>54</sup>. Beidh OPTION ionnaithe in oifigí CCTeo, agus freagrach don Cheanneagraíocht (CCTeo) ó thaobh riaracháin ó lá go lá &amp; CPTIO maidir le cur i bhfeidhm &amp; seachadadh an phlean. Beidh an plean á chur i bhfeidhm ar Inis Oírr agus i gcomhar leis an gcoiste pleanála teanga, CPTIO &amp; pobal an oileán. Beidh buiséad pleanála teanga curtha ar fáil do CCTeo gach bliain agus beidh CCTeo á riadaradh ar an oileán. Tá gó le hOifigeach Pleanála Teanga d'Inis Oírr agus sin amháin agus beidh muid ag oibriú ar an mbunús sin. Tá plean Inis Oírr bunaithe ar phlé agus taighde atá déanta leis an gcomharchumann, coiste pleanála teanga, coistí áitiúla, &amp; an pobal.</p> <p>Is é an scála pá atá molta ná Post Lán-Aimseartha ar €35,000 -€50,000 in aghaidh na bliana ag brath ar chálíochtaí agus taithí.</p> <p>Costais eile riaracháin: 9,000 (meán thar 7 mbliana)</p> <p>Costas na mbearta a chur i bhfeidhm: 18,309 (meán thar 7 mbliana)</p>	
Páirtithe leasmhara:		CCTeo (príomhúinéir), CSPTOÁ, OPTION	

<sup>54</sup> Beidh OPTÁ ionnaithe ar Árann, beidh OPTIM ionnaithe ar Inis Meáin agus beidh OPTION ionnaithe ar Inis Oírr.

<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1</b>	Cóinníollacha poist a fhorbairt, post an OPTIO a fhógairt agus an OPTIO a fhostú
	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	€378,834	
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€54,119 <sup>55</sup>	
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM	
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshláin:</b> Daoine cáilithe a earcú a bheadh in ann freastal ar riachtanais uilechuimsitheach an Phlean agus freastal ar na spriocchrúpaí éagsúla.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Mura féidir theacht ar iarrthóirí leis na cálíochtaí cuí d'fhéadfaí duine a fhostú a mbeadh taithí aige/aici ar réimsí ábhartha eile (m.sh. forbairt pobail) ar an gcoinníoll go dtabharfad sé/sí faoi cháilíocht sa bpleanáil teanga i ndiaidh a c (h)éapacháin.</p>	
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Cuirfidh an OPTIO tuairisc mhíosúil ar chur i bhfeidhm an phlean ar fáil don Choiste Pleanála Teanga.	
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa bplean teanga.	

<sup>55</sup> Briseadh síos ar chostas faoi mhír 7.1 (leathanach leis na costais seo iniata)

## 8.2.2 Láithreacht ar Líne

Réimse:	G, K	Critéir Pleanála Teanga	1, 16		
Aidhm:	Feasacht ar an bpróiseas pleanála teanga a forbairt i measc phobal an oileáin agus pointe teagmhála a chur ar fáil do bhaill an phobail.				
Cur síos	<p>Forbrófar suíomh gréasán do CPTIO agus curfear ar fáil air eolas faoin bplean agus faoi bhearta an phlean, sonraí teagmhála an OPTIO agus nuacht faoi chur i bhfeidhm an phlean i measc rudáil eile (i.e. eolas faoi bheart 6.4.3). Beidh an OPTIO freagrach as eolas reatha a chur ar an suíomh agus an suíomh a uasdátú de réir mar is cuí.</p> <p>Dearadh an OPTIO chomh maith leathanach Facebook do CPTIO agus déanfar é a riadarbh agus a choinneáil cothrom le dáta, agus d'fhéadfadh sé/sí leathanaigh a chruthú do CPTIO ar na meáin shóisialta eile – m.sh. Twitter, Instagram, Snapchat, srl. – de réir mar is cuí.</p> <p>Cuirfidh CSPTOÁ agus CCTeo ábhar ar fáil don suíomh anois is arís más mian leo nó má iarrann an OPTIO é.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIO (príomhúinéir), CSPTOÁ, CCTeo, Pobal Inis Oírr				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€12,500				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,786 (€8,000 do Bhliain 1 agus €750 in aghaidh na bliana do Bhliain 2-7)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.				

### 8.2.3 Bunachar Teagmhálaithe

Réimse:	K	Critéir Pleanála Teanga	1, 19		
Aidhm:	Pobal Inis Oírr a choinneáil ar an eolas faoi chur i bhfeidhm an phlean teanga agus obair an OPTIO a éascú.				
Cur síos	<p>Le cead na ndaoine a bheas i gceist agus ag teacht leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonrai (GDPR) agus an reachtaíocht chuí, coinneoidh an OPTIO bunachar teagmhálaithe (ainm, seoladh ríomhphoist) de bhaill phobal Inis Oírr a bhfuil spéis faoi leith acu sa bpróiseas pleanála teanga, idir bhaill coistí agus eagraíochtaí éagsúla, fhoireann na scoileanna, tuismitheoirí, lucht gnó, lucht caitheamh aimsire agus ghnáthbhaill an phobail.</p> <p>Beidh an OPTIO in ann na sonraí teagmhála seo a úsáid leis an nuachtlitir (Beart 6.8.4) agus nuacht eile faoin bplean teanga a scaipeadh.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An OPTIO (príomhúinéir), CSPTOÁ, CCTeo, Pobal Inis Oírr				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi Bheart 8.2.1				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi Bheart 8.2.1				
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi Bheart 8.2.1				
Dúshláin agus réitigh:	Ní bhaineann				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Ní bhaineann				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt.				

#### 8.2.4 Córás Tacaíochta agus Monatóireachta

Réimse:	K	Critéir Pleanála Teanga	1, 19		
Aidhm:	Córás Tacaíochta a chur ar fáil don OPTIO agus don CSPTOÁ agus Córás Monatóireachta a chur i bhfeidhm ar éifeacht an phlean teanga.				
Cur síos	<p>Beidh córas tacaíochta agus monatóireachta i bhfeidhm ar bhonn rialta le cinntíú go mbeidh bearta an phlean teanga á gcur i bhfeidhm go héifeachtach agus go córasach. Beidh Cruinniú Míosúil idir an OPTIO agus an CSPTOÁ (le dul chun cinn a phlé agus le fadhbanna a aithint agus le réiteach a aimsiú do na fadhbanna)</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Gearrthuairisc ráithiúil le réiteach ag an OPTIO don CSPTOÁ &amp; Coiste Comhar Caomháin</li> <li>• Mórthuairisc bliantúil le réiteach ag an OPTIO don CSPTOÁ &amp; Coiste Comhar Caomháin agus do ÚnaG.</li> <li>• Éifeachtúlacht an Choiste a phlé agus a mheas go rialta. Cinntíú go bhfuil rannpháirtíocht leathan atá ionadaíodh ar an bpobal i láthair chuile mhí agus an córam comhlíonta.</li> <li>• Córás Tacaíochta don fhoireann a bheith ag feidhmiú ó lá go lá (ón gCoiste agus ó CCTeo) agus ag feidhmiú go h-éifeachtach.</li> <li>• Cruinnithe míosúla ina mbeidh tuairisc ar dhul chun cinn na mbearta agus tuairisc ar chaiteachas.</li> <li>• Tuairisci ráithiúla bunaithe ar thomhais atá aontaithe roimh réidh le CSPTOÁ, ar dhul chun cinn. Anailís agus imscrúdú a dhéanamh ar fhadháin chun déileáil le haon deacrachtáil a eascraíonn ó am go chéile agus triail a bhaint as cur chuige nua nuair a theastaíonn sé.</li> <li>• CSPTOÁ leis an mórtuairisc a phlé agus a dtuairim faoi a thabhairt i scribhinn. Is é an OPTIO a bheas freagrach as na cruinnithe agus as na gníomhartha monatóireachta eile a eagrú.</li> </ul> <p><i>Seo a leanas na gníomhartha monatóireachta atá i gceist agus uimhir an bhirt lena mbaineann siad:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tuairisci rialta faoin dul chun cinn: 6.3.4, 6.4.2, 6.4.3, 6.7.1, 6.9.1, 6.10.1.</li> <li>• Taighde &amp; Staidéar Féidearthachta le déanamh ar na bearta seo a leanas: 6.2.1, 6.3.1, 6.3.4, 6.4.1, 6.6.2, 6.7.1, 6.11.1.</li> <li>• Cruinnithe leis na páirtithe leasmhara agus monatóireacht ar dhul chun cinn: 8.2.2, 6.2.3, 6.3.3.</li> <li>• Ceistneoirí &amp; Grúpaí Fócais: 6.3.2, 6.3.4, 6.5.1, 6.6.1, 6.10.1.</li> </ul> <p>Is mionphobail atá ar na hoileáin agus dá bhrí sin beidh sé níos easca tuairisci, ceistneoirí, grúpaí fócais a thabhairt le chéile agus anailís a dhéanamh. Ní gá 'SurveyMonkey' nó a leithéid a úsáid mar tá sé easca theacht ar na spriocghrúpaí agus dá bhrí sin freisin beidh sé níos furasta dul chun cinn a mheas.</p> <p>Déanfar teagmháil le coistí agus le ceanneagraíochtaí pleanála teanga i LPTanna eile ar a laghad uair sa mbliaín le plé a dhéanamh ar fheidhmiú na bpleannanna, ar fhéidearthachtaí comhoibrithe a chuideodh leis an gceanneagraíocht &amp; CSPTOÁ acmhainní a shábháil agus dúbait oibre a sheachaint.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTIO (príomhúinéir), CCTeo				
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€3192				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€456 (Costas bliantúil do phacáiste Survey Monkey)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				

<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní bhaineann
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Ní bhaineann

### 8.2.5 Scileanna sa bPleanáil Teanga a Fhorbairt

Réimse:	A, D, K	Critéir Pleanála Teanga	1		
<b>Aidhm:</b>	Teastas i bPrionsabail & i gCleachtais na Pleanála Teanga				
<b>Cur síos</b>	Le tacaíocht ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus na heagraíochtaí cuí, déanfar stocaireacht le Cúrsa Teastas i bPrionsabail & i gCleachtais na Pleanála Teanga a chur ar fáil nó go ndéanfar stocaireacht ar mhodúl breise i bPrionsabail & i gCleachtais na Pleanála Teanga a chur leis an Máistreacht sa Léann Teanga agus sa Dioplóma sa bPleanáil Teanga. D'fhéadfaí stocaireacht a dhéanamh go gcuirfí mhodúl breise i bPrionsabail & i gCleachtais na Pleanála Teanga i gcúrsa i bhForbairt Pobail <sup>56</sup> .				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An OPTIO (príomhhuinéir), Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, CSPTOÁ, CCTeo, Pobal Inis Oírr				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt (cuirfear túis leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 8.2.1				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 8.2.1				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 8.2.1				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.2.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt.				

<sup>56</sup> Tá cursa sa bhForbairt Pobail in Ollscoil na hÉireann Gaillimh: [https://www.nuigalway.ie/courses/adult-and-continuing-education-courses/community-development-practice.html#course\\_outline](https://www.nuigalway.ie/courses/adult-and-continuing-education-courses/community-development-practice.html#course_outline)

## 8.3 An Córás Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

### 8.3.1 Scoláireacht i réimse na Gaeilge ag leibhéal larchéime de

Réimse:	A	Critéir Pleanála Teanga	2,3		
<b>Aidhm:</b>	Scoláireacht a chur ar fáil in aghaidh na bliana do chainteoir líofa Gaeilge ón trí oileán Árann le tabhairt faoin mháistreacht sa léann teanga.				
<b>Cur síos</b>	<p>Bunófar ciste le scoláireachtaí a bhronnadh ar dhuine amháin as Inis Oírr le freastal ar chúrsa i réimse na pleanála teanga<sup>57</sup>.</p> <p>Tosófar amach le scoláireacht amháin agus déanfar iarracht cur leis sin trí urraíocht a fháil nó trí scéimeanna eile maoinithe a aimsiú. Moltar go roinnfí na scoláireachtaí go cothrom idir trí oileán Inis Oírr, is é sin Árann, Inis Meáin agus Inis Oírr, agus nach mbronnfaí scoláireacht ar dhuine ón oileán céanna dhá bhliain i ndiaidh a chéile.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIO (príomhúinéir), CSPTOÁ, CCTeo, Pobal Inis Oírr, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1</b>	Uillmhúcháin agus socruithe			
	<b>Bliain 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€30,000				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€5,000				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPTIO taifead ar na daltaí a mbronnfar scoláireachtaí orthu.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas ar éifeacht an bhirt seo ón suirbhé a luaitear i mBeart 8.2.4.				

<sup>57</sup> Cuirfear scoláireacht ar fáil don MA (Léann Teanga) le speisialtóireacht sa bPleanáil Teanga nó an Dioplóma sa bPleanáil Teanga.

### 8.3.2 Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Réimse:	A	Critéir Pleanála Teanga	5, 6, 8
<b>Aidhm:</b>	Tacaíocht a thabhairt do Fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ar an oiléán.		
<b>Cur síos</b>	Tacoidh an OPTIO leis an mbunscoil agus an mheánscoil an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm agus aidhmeanna an pholasaí a bhaint amach ó thaobh na pleanála teanga de.		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIO (príomhúinéir), Scoileanna Inis Oírr, Bainistíocht na scoileanna, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an GRETB.		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 –7</b>	Feidhmiú an bhirt	
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 8.2.1		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 8.2.1		
<b>Foinsí maoinithe:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 8.2.1		
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.		

### 8.3.3 Scéim Meantóireachta do Mhúinteoirí gan Gaeilge

Réimse:	A	Critéir Pleanála Teanga	3,5, 6		
<b>Aidhm:</b>	Stocaireacht a dhéanamh ar an mBord Oideachais & Oiliúna chun tacaíochtaí breise a chur ar fáil do mhúinteoirí ar an oileán trí scéim meantóireachta agus tacaíochta a fhorbairt.				
<b>Cur síos</b>	<p>Déanfar stocaireacht ar an mBord Oideachais &amp; Oiliúna i gcomhar le scoileanna Inis Oírr, Comhdháil Oileáin na hÉireann, le polaiteoirí áitiúla agus le heagraíochta áitiúla agus náisiúnta oideachais agus Gaeilge le Scéim Meantóireachta agus Thacaíochta do mhúinteoirí gan Gaeilge nó ar bheagán Gaeilge ar an oileán a fhorbairt.</p> <p>Faoin scéim seo, déanfar stocaireacht le go gcuirfí uaireanta breise, 8 n-uaire (4 huairé muínteoir/4 huairé meantóra) in aghaidh na seachtaine le conarthaí muínteoirí atá fostaithe ar an oileán. Chuirfí meantóir ar fáil do mhúinteoir le cur lena gcuid scileanna teanga a bhaineann lena n-ábhar sainiúil féin. Déanfar stocaireacht chomh maith lena dhéanamh níos éasca do mhúinteoirí freastal ar imeachtaí atá bainteach leis an bpleanáil teanga, agus ar dheiseanna forbartha gairmiúla ar an mórhír. Stocaireacht leis na Bord Oideachais agus Oiliúna chun go mbeadh uaireanta breise curtha le conarthaí a chlúdóidh freastal ar imeachtaí agus cúrsaí gairmiúla.</p> <p>Faoin mbeart seo, breathnófar ar mhúnlaí deá-chleachtas i dtíortha eile agus a theacht suas le bealaí nuálacha d'oileáin. Oibriú le Comhdháil Oileáin na hÉireann ar seo agus le Lónra Oileáin Bheaga na hEorpa (ESIN) chun samplaí a aimsiú agus a imscrídú in éineacht leis an páirtithe leasmhara eile. Tá samplaí maithe agus nuálacha ar fud Oileáin bheaga na hEorpa maidir le soláthar an oideachais in áiteanna atá dúshláinach. Mholfaí 2 cheardlann idir-oileáin a eagrú ar théama 'Oideachas ar Oileán' dírithe ar an mhiontheangachas.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIO (Príomhúinéir), Boird Bainistíochta na Scoileanna, OPTanna i LPTanna eile, eagrais náisiúnta Gaeilge, GRETB agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt (cuirfear túis leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 8.2.1				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 8.2.1				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	Costas clúdaithe faoi bheart 8.2.1				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas faoi éifeacht an bhirt ó phríomhoidí na scoileanna ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.4.				

### 8.3.4 Painéal Múinteoirí

Réimse:	A	Critéir Pleanála Teanga	3, 5, 6		
<b>Aidhm:</b>	Múinteoirí le Gaeilge líofa a sholáthar don oileán.				
<b>Cur síos</b>	Déanfar stocaireacht ar an mBord Oideachais & Oiliúna i gcomhar le scoileanna Inis Oírr, Comhdháil Oileáin na hÉireann, le polaiteoirí áitiúla agus le heagraíochta áitiúla agus náisiúnta oideachais agus Gaeilge le feachtas náisiúnta a fhorbairt chun breis múinteoirí le líofacht sa nGaeilge a sholáthar don oileán trí painéal múinteoirí a chur le chéile a bheas ionadaíodh ar leibhéal na bunscolaíochta agus na meánscolaíochta. Mar chuid den bheart seo, beifear ag déanamh stocaireacht chun liúntas breise a lorg do mhúinteoirí ar oileán le níos mó múinteoirí le Gaeilge a mhealladh go dtí na hoileáin.				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIO (Príomhúinéir), CSPTOÁ, Boird Bainistíochta na Scoileanna, OPTIOi LPTanna eile, eagrais náisiúnta Gaeilge, GRETB agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt (cuirfear túis leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 8.2.1.				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 8.2.1.				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	Costas clúdaithe faoi Bheart 8.2.1.				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas faoi éifeacht an bhirt ó phríomhoidí na scoileanna ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.2.				

## 8.4 Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh (lena n-áirítéar seirbhísí tacaíochta teanga)

### 8.4.1 Naíolann le bunú ar Inis Oírr

Réimse:	B	Critéir Pleanála Teanga	7, 8		
Aidhm:	Seirbhís chuimsitheach Cúram Leanaí a sholáthar d'Inis Oírr				
Cur síos	Le tacaíocht ó ÚnaG agus ó Chomhar Naónraí na Gaeltachta, déanfar stocaireacht le go mbunófar naíolann in Inis Oírr. Faoin mbeart seo, beifear ag súil le Coiste Cúram Leanaí a bhunú ar dtús agus ansin stocaireacht a dhéanamh chun go mbunófar seirbhís naónra agus naíolanna ar an oileán. Aimseofar foirgneamh i gcomhair leis an gCoiste Cúram Leanaí agus déanfar an foirgneamh a fheistiú i mbliain 2 le comhoibriú ó ÚnaG, agus Comhar Naónraí na Gaeltachta.				
Páirtithe leasmhara:	OPTIO (príomhúinéir) Coiste Cúram Leanaí an oileáin <sup>58</sup> , CCTeo, CSPTOÁ, RTCEGSM, Comhar Naónraí na Gaeltachta, ÚnaG				
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7	Cuirfear túis leis an mbeart seo i mbliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt).			
Costas measta ionlán:	Costais clúdaithe faoi Bheart 8.2.1.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi Bheart 8.2.1.				
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi Bheart 8.2.1.				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht ar an mbeart seo má bhaintear amach aidhm an bhirt.				

<sup>58</sup> Caithfear Coiste Cúram Leanaí an oileáin a bhunú mar an chéad chéim.

#### 8.4.2 Saibhreas Teanga Óige an oiléáin

Réimse:	B	Critéir Pleanála Teanga	7, 8, 11, 12		
Aidhm:	Saibhreas teanga óige an oiléáin a ardú.				
Cur síos	<p>Cuirfear ranganna neamhfhoirméálta cumarsáid-bhunaithe ar fáil idir chainteoírí níos sine sa bpobal agus an óige chun cur le saibhreas teanga óige an oiléáin. Moltar ranganna saor in aisce do rannpháirtithe a chur ar fáil agus ranganna le fócais éagsúla (ranganna fuála, ranganna ceardaíochta, céilithe agus airneáin, comórtais filíochta agus díospóireachta, tograí ealaíona idir-aoise, amhránaíocht agus béaloideas chomh maith le grúpaí siúlóide agus timpeallachta a bhunú) a bheith ann ag brath ar éileamh. Le cinntíú nach gcuirtear acmhainní amú, moltar athbhreithniú ar líon agus ar chineál na ranganna Gaeilge atá cheana féin á gcur ar fáil sa LPT mar réamhullmhúchán agus an beart seo á chur i bhfeidhm.</p> <p>Moltar iad seo a eagrú i gcomhar le hÁras Éanna agus iad a nascadh le Beart 8.5.2 Féiniúlacht Ghaeltachta agus féin mhuinín mar chainteoírí Gaeilge a chothú i measc an phobail ar fad.</p> <p>Chomh maith leis na ranganna a luaitear thuas, cuirfear ranganna idir aoise ar fáil trí sheirbhísí leabharlainne an oiléáin (féach thíos).</p> <p>Cuirfear bileog le chéile le heolas faoi na ranganna agus na hacmhainní uilig a bheas ar fáil sa LPT, chomh maith le hacmhainní agus cúrsaí ar líne (m.sh. <a href="http://www.nuigalway.ie/courses/adult-and-continuing-education-courses/">http://www.nuigalway.ie/courses/adult-and-continuing-education-courses/</a>).</p> <p><b>Ranganna idir aoise:</b> Cuirfear ranganna léitheoireachta, scéalaíochta ar fáil saor in aisce do dhaoine óga ina mbeidh daoine níos sine ar an oiléán ag déanamh áisitheoirreacht orthu chomh maith le ranganna úsáide Teicneolaíochta na Faisnéise ina mbeidh daoine óga ag cur oiliúint ar dhaoine níos sine. Moltar go neagrófaí comórtais léitheoireachta leabhair Ghaeilge ag deireadh an chúrsa do na daoine óga. Moltar scríbhneoirí leabhar Ghaeilge a fháil isteach (beidh tús-áite tugtha do scríbhneoirí as na hoileáin nó ón gceantar a bhaineann leis an gcanúint) chun 4 cheardlann in aghaidh na bliana a reáchtáil.</p> <p>Moltar comhoibriú leis an leabharlann ar an mbeart seo agus úsáid a bhaint as chun ranganna scéalaíochta agus comórtais léitheoirreachta a reáchtáil ann.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTIO (príomhúinéir), CCTeo, ÚnaG, pobal Inis Oírr				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1	Socrúithe agus ullmhúcháin			
	Bliaín 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta ionlán:	€38,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€5,429 (6 rang x 20 seachtain @ €40 do gach múinteoir + 2 x ceardlann @ €200 + €8,000 do Bliaín 1 le siollabas a dheardadh, ábhar a fhorbairt, comhairle sheachtrach a fháil, srl.)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine a spreagadh le freastal ar na ranganna.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> Poiblíocht tharraingteach a dhéanamh ar na ranganna; daoine a mbeifear i dteaghmháil leo faoi bhearta eile a spreagadh le freastal ar ranganna srl.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna éagsúla.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón gceistneoir a luaitear i mBeart 8.2.2.				

### 8.4.3 Nasc le Tuismitheoirí na Gaeltachta

Réimse:	K	Critéir Pleanála Teanga	7, 8, 9		
<b>Aidhm:</b>	Nasc le Tuismitheoirí na Gaeltachta a láidriú agus tacaíocht a thabhairt dá gcuid imeachtaí.				
<b>Cur síos</b>	<p>Déanfar teagmháil le Tuismitheoirí na Gaeltachta chun caidreamh mhaith a chothú leo. Déanfar poiblíocht i dtaobh imeachtaí agus tacaíochtaí atá ar fáil ó Thuismitheoirí na Gealtacha i measc tuismitheoirí an oiléain.</p> <p>Iarrfar orthaimeachtaí a h-eagraítear i gceantar Chonamara a chur in oiriúint d'amanna báid farantóireachta as na hoileáin.</p> <p>Go n-eagrófaíimeachtaí do theaghláigh an oiléain ar na hoileáin.</p> <p>Moltar poiblíocht a dhéanamh arimeachtaí, ócáidí srl. Tuismitheoirí na Gaeltachta ar shuíomh gréasáin CPTIO (Beart 8.2.2) agus tríd an Nuachtlitir 'Pleanáil Teanga Inis Oírr' (Beart 8.8.4).</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIO (príomhúinéir), Tuismitheoirí na Gaeltachta, pobal Inis Oírr				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7</b>	Cuirfear túis leis an mbeart seo i mbliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt).			
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costais clúdaithe faoi bheart 8.2.1.				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costais clúdaithe faoi bheart 8.2.1.				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an mbeart seo				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint leis an mbeart seo				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.				

#### 8.4.4 Sealbhú agus saibhriú teanga an Teaghlacha

Réimse:	A, B, D	Critéir Pleanála Teanga	7, 8, 10, 19		
<b>Aidhm:</b>	Eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí faoi shealbhú agus saibhriú teanga.				
<b>Cur síos</b>	<p>Reáchtálfar ócáid uair sa mbliain (sula gcuirfear tús leis an scoil bhliain) ina dtabharfar isteach aoichtainteoirí, comhairleoir sa tsochtheangeolaíocht ina measc, chun labhairt le tuismitheoirí faoi shealbhú agus saibhriú teanga agus an tábhacht a bhaineann leis na blianta tosaigh. Moltar an OPTIO a bheith i láthair leis an bplé a éascú agus le ceisteanna a fhreagairt.</p> <p>Moltar ábhar tacaíochta a chur ar fáil do thuismitheoirí. Más ann dó, moltar acmhainní áitiúla a úsáid chomh fada agus is féidir.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIO (príomhúinéir), Tuismitheoirí, Comhairleoir sa tSochtheangeolaíocht				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliaín 1</b>	Socruthe agus ullmhúchán			
	<b>Bliaín 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta ionlán:</b>	€3,900				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€650 (soláistí @ €50 + 3 x aoichtainteoirí @ €200 (Costais & Cothabháil @ €100 + Costais Taistil @ €100)				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshlán agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> larrfar ar fhoireann na scoileanna agus na naónraí an beart seo a lua le tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar an scoil/naónra nó bileog a chur abhaile leis na páistí le heolas faoin mbeart agus faoi na buntáistí a bhainfeadh leis; gheofar aoichtainteoirí difriúla chuile bhliain le labhairt leis na tuismitheoirí/caomhnóirí.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Scaipfear suírbhé ag deireadh na hócáide chun aiseolas a bhailíú, agus pléifear an t-aiseolas seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.				

#### 8.4.5 Grúpa do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí

Réimse:	C	Critéir Pleanála Teanga	6, 10, 11, 12		
<b>Aidhm:</b>	Feasacht a ardú i measc tuismitheoirí/chaomhnóirí ar roghanna teanga agus iad a spreagadh le Gaeilge a thabhairt isteach i réimse an bhaile.				
<b>Cur síos</b>	<p>Tabharfar tuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar an naíonra agus ar scoileanna an oiléain le chéile gach dara mí le plé a dhéanamh ar bhealaí inar féidir leo cuidiú lena bpáistí (m.sh. le hobair bhaile), ar dheacrachtaí a bhíonn ag tuismitheoirí/chaomhnóirí éagsúla (m.sh. teachlaigh le Gaeilge, tuismitheoirí/chaomhnóirí nach bhfuil Gaeilge acu), agus araile. Moltar an OPTIOa bheith i láthair leis an bplé a éascú agus le ceisteanna a fhreagairt, ach leagan neamhfhoirmeálta a bheith ar an teacht le chéile. Moltar chomh maith go gcuircfear tae agus caífé ar fáil agus go dtabharfar deis do na tuismitheoirí/chaomhnóirí labhairt ina measc féin agus na dúshláin a bhíonn rompu a phlé.</p> <p>Ag brath ar éileamh, d'fhéadfaí dhá ghrúpa a reáchtáil: tuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil a bpáistí ag freastal ar an naíonra nó ar an mbunscoil agus tuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil páistí meánscoile acu.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIO (príomhúinéir), CCTeo, tuismitheoirí/chaomhnóirí pháistí naíonra agus scoile Inis Oírr, foireann naíonraí agus scoileanna Inis Oírr				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliaín 1</b>	Socruthe agus ullmhúchán			
	<b>Bliaín 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€3,600				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€600 (sólaistí @ €50 + ábhar tacaiόchta (de réir mar is gó) @ €50 x 6 theacht le chéile)				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshlán agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Tuismitheoirí/chaomhnóirí a spreagadh le freastal agus na háiseanna a úsáid.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> larrfar ar foireann na scoileanna agus na naíonraí an beart seo a lua le tuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar an scoil/naíonra nó billeog a chur abhaile leis na páistí le heolas faoin mbeart agus faoi na buntáistí a bhainfeadh leis; gheofar aoichainteoirí difriúla chuile bhlíain le labhairt leis na tuismitheoirí/chaomhnóirí.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a bhaineann úsáid as na hionaid.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar na foirmeacha a luaitear i mBeart 8.2.2.				

#### 8.4.6 Acmhainní do Thuismitheoirí/Caomhnóirí

Réimse:	C	Critéir Pleanála Teanga	6, 10, 11, 12		
<b>Aidhm:</b>	Tuilleadh acmhainní Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí an oiléain				
<b>Cur síos</b>	<p>Roghnófar seomra nó ionad agus forbrófar é mar Ionad Tacaíochta Teanga do Theaghlaigh. Cuirfear bailiúchán ar fáil san ionad seo de leabhair Ghaeilge, de chluichí Gaeilge, de cheol Gaeilge, srl. ionas go mbeidh tuismitheoirí/caomhnóirí in ann iad a thógáil ar iasachta ón ionad. Moltar chomh maith ábhar tacaíochta eile agus litríocht maidir le forbairt agus sealbhú teanga, tógáil páistí le Gaeilge, buntáistí an dátheangachais, srl. agus eolas faoin bpacáiste tacaíochta do thuismitheoirí atá ar fáil ó Thuimitheoirí na Gaeltachta (<a href="mailto:teanga@tuismitheoiri.ie">teanga@tuismitheoiri.ie</a>) a chur ar fáil sna hionaid seo.</p> <p>D'fhéadfá féidearthachaí a phlé le Glór na nGael maidir le hurraíocht a dhéanamh ar an mbeart seo.</p> <p>Moltar comhoibriú leis an leabharlann ar an mbeart seo agus cur leis an mbailiúchán atá cheana féin ansin.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIO (príomhúinéir), CPTIO, CCTeo, tuismitheoirí/caomhnóirí pháistí naónra agus scoile Inis Oírr, foireann naónraí agus scoileanna Inis Oírr, Glór na nGael, Tuismitheoirí na Gaeltachta				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliaín 1</b>	Socruthe agus ullmhúchán			
	<b>Bliaín 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€3,774				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€629				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM (agus, más féidir urraíocht a fháil ó Ghlór na nGael)				
<b>Dúshlán agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh le freastal agus na háiseanna a úsáid.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> larrfar ar fhoireann na scoileanna agus na naónraí an beart seo a lua le tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar an scoil/naónra nó bileog a chur abhaile leis na páistí le heolas faoin mbeart agus faoi na buntáistí a bhainfeadh leis; gheofar aoichainteoirí difriúla chuile bhlíain le labhairt leis na tuismitheoirí/caomhnóirí.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a bhaineann úsáid as na hionaid.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar na foirmeacha a luaitear i mBeart 8.2.2.				

#### 8.4.7 Scéim Comhfhereagrais do Thuismitheoirí Nua

Réimse:	B, D	Critéir Pleanála Teanga	2, 7, 8, 11
Aidhm:		Cur le líon na dteaghlach a labhraíonn Gaeilge sa mbaile.	
Cur síos		<p>Forbrófar scéim chomhfhereagrais do thuismitheoirí nua .i. cuirfear litir/pacáiste amach chuig tuismitheoirí nua a chláraíonn leis an scéim gach ráithe nó gach sé mhí ó bhreith an pháiste go ceann trí bliana (nuair a fhreastalaíonn ar an naíonra) le heolas maidir le forbairt chognaíoch agus teanga an pháiste, rannta, amhráin, tomhaiseanna, clúichí traidisiúnta, rabhlóga agus scéalta traidisiúnta na n-oileán/Chonamara chomh maith le hábhar nuachumtha sa gcanúint áitiúil a bheadh feiliúnach don pháiste ag an bpóinte sin, dlúthdhioscaí le suanraithe i nGaeilge srl. Bheadh an t-ábhar seo ina chuidiú do chruinneas foghraíochta, rithim na teanga agus saibhriú foclóra.</p> <p>Moltar pacáistí éagsúla a ullmhú ag brath ar chumas teanga an tuismitheora/na dtuismitheoirí agus ar chleachtas teanga an teachlaigh.</p> <p>Moltar pacáiste éagsúil a ullmhú sula fhreastalaíonn an páiste ar an naíonra ina ndéanfar cur síos ar na buntáistí oideachasúla agus sóisialta a bhaineann le Gaeilge a bheith ar a thoil ag an bpáistí agus é/í ag tosaí sa Naíonra.</p>	
Páirtithe leasmhara:		OPTIO (príomhúinéir), CPTIO, CCTeo, tuismitheoirí/caomhnóirí pháistí naíonra agus scoile Inis Oírr, foireann naíonraí agus scoileanna Inis Oírr	
Saolré an bhirt:	Bliaín 1	Socruthe agus ullmhúchán	
	Bliaín 2-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:		€4,800	
Costas measta in aghaidh na bliana:		€800 (ábhar + priontáil)	
Foinsí maoinithe:		RTCEGSM	
Dúshlán agus réitigh:		<p><b>Dúshlán:</b> Tuismitheoirí a spreagadh le clárú leis an scéim.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Déanfar poiblíocht ar an scéim in oifigí dochtuírí teachlaigh a mbíonn pobal Inis Oírr ag freastal orthu, i naíolanna áitiúla agus ar an idirlíon.</p>	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Coinneoidh an OPTIOtaifead ar líon na dtuismitheoirí/caomhnóirí a chláraíonn leis an scéim.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar na foirmeacha a luaitear i mBeart 8.2.2.	

## 8.5 Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile

### 8.5.1 Coiste Pleanála Teanga na nÓg

Réimse:	C	Critéir Pleanála Teanga	10, 12		
Aidhm:	Feasacht ar chúrsaí teanga a ardú i measc óige Inis Oírr agus iad a chumasú le feidhmiú mar bhainisteoirí teanga ag an micrileibhéal.				
Cur Síos	<p>Bunófar Coiste Pleanála Teanga na nÓg, comhdhéanta de dhaoine óga (idir 12 bhliain d'aois agus 19 mbliana d'aois). Beidh an coiste seo freagrach as imeachtaí a eagrú (m.sh. comórtas peile, díospóireachtaí, srl.) agus as an nGaeilge a chur chun cinn i measc na hóige – mar theanga shóisialta, ar na meáin shóisialta, srl. Feidhmeoidh an coiste seo faoi stiúir CPTIO.</p> <p>Faoin mbeart seo, reáchtálfайдh Foróige cursa in aghaidh na bliana thar cúpla seachtain i Seomra an Óige &amp; An Club Óige ar an oileán ar a mbeidh lucht na hidirbhliana ag freastal ar chun aos óg an oileáin a chumasú i scileanna ceannródaíochta a mbeadh dlúthbhaint acu le féiniúlacht Ghaelach (m.sh. díospóireacht ar luach na teanga, forbairt phearsanta, scileanna aitheanta ceannródaíochta a fhorbairt agus a chleachtadh, anailís ar na buntáistí a bhaineann leis an nGaeilge, scileanna scríbhneoreachta agus urlabhraíochta i nGaeilge a láidriú ar na meáin shóisialta) le go mbeidh na scileanna cuí acu feidhmiú mar bhainisteoirí teanga.</p> <p>Tiocfaidh Coiste Pleanála Teanga na nÓg le chéile uair sa mí (nó níos minice de réir mar is gá) agus deanfaidh ionadaí/ionadaithe ón gcoiste freastal ar chruinnithe CPTIO chun tuairiscí a thabhairt ar an obair a bheas ar bun acu.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTIO (príomhúinéir), Foróige, Club Óige, An Óige iad féin, na hlearbhunscoileanna, Óige na Gaeltachta, Coláistí Gaeilge				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€7,500				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,071 (lóistín agus cothabháil @ €500 + acmhainní don sraith cúrsaí @ €1,000 do Bhliain 1 + €1,000 d'imeachtaí, poiblíocht, srl. do Bhliain 2-7)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine óga a spreagadh le dul ar an gcoiste.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> Cuirfear seisiúin eolais ar siúl sna meánscoileanna a mbíonn óige Inis Oírr ag freastal orthu, céadófar don choiste imeachtaí spreagúla agus turais a eagrú dóibh féin.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Gheobhaidh CPTIO tuairiscí rialta ó Choiste Pleanála Teanga na nÓg.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheobhaidh CPTIO tuairiscí rialta ó Choiste Pleanála Teanga na nÓg.				

8.5.2 Féiniúlacht Ghaeltachta agus féin-mhuinín mar chainteoirí Gaeilge a chothú i measc pobal Inis Oírr.

Réimse:	C	Critéir Pleanála Teanga	6, 10, 11, 12		
Aidhm:	Féiniúlacht Ghaeltachta agus féin-mhuinín mar chainteoirí Gaeilge a chothú i measc an pobail ina ionmláine trí fhorbairt a dhéanamh ar na healaíona dúchasacha.				
Cur síos	<p>Eagrófar sraith ranganna agus imeachtaí sóisialta agus deiseanna caidrimh idirghlúine do chuile aoisghráupa i bpobal Inis Oírr. Cuirfear bém ar chanúint an oiléain a threisiú trí úsáid a bhaint as foclóir/leaganacha atá ag imeacht as an gcaint.</p> <p>Faoin mbeart seo, baileofar stór focail, nathanna, scéalta, amhráin ó mhuintir an oiléain chomh maith le bailiúcháin focail, nathanna agus scéalta a bailíodh cheana féin ar an Oileán mar shampa Cartlann Raidió na Gaeltachta.</p> <p>Mar chuid den bheart, eagrófar ranganna go rialta (m.sh. uair sa seachtain/sa gcoicís/sa mí) idir mí Mheán Fómhair agus Aibreán dirithe ar an gceol traidisiúnta agus an ceol comhaimseartha, amhránaíocht trí Ghaeilge, drámaíocht trí Ghaeilge, damhsa ar an sean-nós agus damhsa comhaimseartha, scéalaíocht agus lúibíní.</p> <p>Moltar go ndéanfadh lucht na ranganna dráma/taispeántas a léiriú ag deireadh an chúrsa, agus go mbunófaí nasc leis an dá oileán eile agus go dtóigfaí caidreamh le muintir an oiléain sin trí chuaichteanna agus malartuithe a eagrú.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTIO (priomhúinéir), Comhrá na nAosach, Mná le Chéile, Cleas Teo, An óige féin, Na scoileanna, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Comhaltas Ceoltóirí Éireann (Craobhacha áitiúla) Áras Éanna, Óige na Gaeltachta, Únag.				
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Socruthe agus ullmhúcháin			
	Bliain 2- 7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta ionlán:	€13,500				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,929 (€1,500 do Bhliain 1 Dearadh an Chúrsa + €2,000 do Bhliain 2- (26 rang @ €40 + €960 do Bhád/Eitleán agus Lóistín (in amanna) áiseanna srl.)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM, Ealaíon na Gaeltachta, ÚnaG.				
Dúshláin agus réitigh:	De bharr gur léiríodh spéis in imeachtaí chaitheamh aimsire (rannóg 4.2.6), ní mheastar go mbeidh aon dúshlán mór ag baint leis an mbeart seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPTIOtaifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna/ceardlanna.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneoidh an OPTIOtaifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna/ceardlanna agus déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag cruinnithe a luaitear i mbeart 8.2.1.				

### 8.5.3 Cinnirí Áitiúla sna Coláistí Samhraidh

<b>Réimse:</b>	<b>C</b>	<b>Critéir Pleanála Teanga</b>	<b>6, 10, 11, 12</b>		
<b>Aidhm:</b>	Scileanna cinnireachta a chur ar fáil d'óige an oiléain.				
<b>Cur síos</b>	<p>Cuirfear oiliúint (m.sh. ceol, amhránaíocht, damhsa céilí, cluichí Gaeilge srl.) ar fáil do d'óige an oiléain a bhíonn ag obair sna coláistí samhraidh. Déanfar é seo trí shraith de 12 cheardlann i rith na scoilbhliana a eagrú agus cuireadh a thabhairt d'óige an oiléain. Is é an OPTIO a dhéanfaidh áisitheoireacht ar na ceardlanna, ach féadfar aoichtainteoirí a thabhairt isteach chomh maith de réir mar is cuí. Moltar ábhar saincheaptha (m.sh. liosta focal a bhaineann le ceol, amhránaíocht, spórt srl.) a chur ar fáil do rannpháirtithe na gceardlann.</p> <p>Chun féachaint le daoine óga na háite a chumasú agus deiseanna eacnamaíochta na Gaeilge a chur os a gcomhair, chomh maith le meas a chothú ar an acmhainn atá acu, moltar oiliúint a chur orthu i rith na bliana sa gceol, amhránaíocht, damhsa céilí agus na cluichí agus 2 phost sna Coláistí Samhraidh a bheith acu mar chinnirí i rith na gcúrsaí. Déanfar é seo trí cheardlann a chur ar siúl dhá dheireadh seachtaire in aghaidh na bliana.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIO (príomhúinéir), Coláiste Laichtín, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, Óige an oiléain				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliaín 1</b>	Socruthe agus ullmhúcháin			
	<b>Bliaín 2 -7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€14,880				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€2,480 (12 rang @ €40 don ábhar + poioblíocht @ €200 + 6 x aoichtainteoirí @ €900 + €900 costais taistil)				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht na ndaoine óga a spreagadh.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> An deis seo a chur i mbealach atá fíor-tharraingteach d'óige an oiléain i.e ag obair le daoine óga eile, scileanna sain-aitheanta á bhfoghlaim acu, buntáistí dóibh siúd a bheadh ag dul i mbun múinteoireachta níos deireannaí ina saol &amp; an saol sóisialta a bhaineann leis na Coláistí Gaeilge.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPTIO taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.2.				

#### 8.5.4 An Club Óige a Láidriú agus a chumasú ar Inis Oírr

Réimse:	C	Critéir Pleanála Teanga	1, 6, 8, 10, 11, 12		
Aidhm:	An Ghaeilge a chothú mar theanga chumarsáide shóisialta i measc óige an oiléain.				
Cur síos	<p>Faoi mbeart seo, déanfar athchóiriú ar an Seomra Óige chun breis acmhainní trí Ghaeilge a chur ar fáil (m.sh. cluichí, ceoil, leabhair, acmhainní nuatheicneolaíochta m.sh. Boscaí Inspioráide don Chruthaitheacht Dhigiteach<sup>59</sup> srl.) Déanfar daoine óga ón oiléán (m.sh. ón meánscoil) a thraenáil le feidhmiú mar chinnírí (Beart 8.4.2 &amp; 8.4.3) sna clubanna sin agus úsáidfear cur chuige an tumoideachais sna clubanna. Beidh úsáideoirí an Chlub Óige spreagtha chun a bheith lán pháirteach i bhfoghlaim na healaíona dúchasacha agus go mbeidh siad ag forbairt scileanna cinnireachta agus féin-mhúiníne ag an am céanna. Déanfaidh an OPTIOagus an Coiste Áitiúil comhordnú ar an obair seo trí plean oibre a leagan amach i gcomhar le Coiste an Chlub Óige. Leis na páistí óga, is iad na cinnírí a dhéanfas na himeachtaí a reáchtáil, ach sna clubanna do dhaoine 13+ bl. d'aois feidhmeoidh na cinnírí mar áisitheoirí agus is iad na daoine óga féin a eagrós na himeachtaí ar fad (i. múnla Ógras).</p> <p>I measc na ngníomhaíochtaí a chuirfear ar fáil sna clubanna óga beidh drámaíocht, spórt agus ealaíon. D'fhéadfá turais a eagrú chomh maith go dtí Oireachtas na Samhna, Liú Lúnasa agus a leithéidí.</p> <p>Cinnteofar go bhfuil polasaí láidir agus soiléir teanga á chur i bhfeidhm sa gclub óige i gcomhar leis an gclub óige ar an oiléán.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTIO (an príomhuinéir), CCTeo, Coiste tuismitheoirí an Chlub Óige, Club Óige Inis Oírr, Coláiste Ghobnait, Óige na Gaeltachta				
Saolré an bhirt:	Bliain 1	Socrutithe agus ullmhúcháin			
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€2,820				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€470 (€1,500 do Bhliain 1 + €220 do Bhliain 2-7)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM, BOOGR agus Óige na Gaeltachta.				
Dúshlán agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Easpa áiseanna sa Seomra Óige.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Cuirfear feabhas ar áiseanna agus acmhainní an ionaid chun breis déagóirí a mhealladh le freastal ar an gclub óige.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastlaíonn ar an gCub Óige.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.2.				

<sup>59</sup> Is féidir na hacmhainní seo a fháil ó TeachSpace ag <https://techspace.ie/bi-i-doiseachasoir-techspace/inspiration-boxes/?lang=ga>.

## 8.6 Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais

### 8.6.1 Ranganna Gaeilge

Réimse:	D	Critéir Pleanála Teanga	11		
<b>Aidhm:</b>	Cumas Gaeilge phobal Inis Oírr a ardú.				
<b>Cur síos</b>	<p>Cuirfear ranganna neamhfhoirmiúla cumarsáid-bhunaithe agus ranganna foirméalta ar fáil do phobal an oileáin. Moltar ranganna a bheith saor in aisce do rannpháirtithe agus a chur ar fáil ag gach leibhéal agus ranganna le fócais éagsúla (m.sh. ranganna comhrá, sainranganna gramadaí, dianchúrsaí, ranganna dírithe ar scriobh &amp; léamh na Gaeilge, ranganna cruthaitheach srl.) a bheith ann, ag brath ar éileamh. Le cinntíú nach gcuirtear acmhainní amú, moltar athbhreithniú ar líon agus ar chineál na ranganna Gaeilge atá cheana féin á gcur ar fáil sa LPT mar réamhullmhúchán agus an beart seo á chur i bhfeidhm.</p> <p>Moltar an dramaíocht a úsáid mar mhodh-mhúinte na Gaeilge agus go ndéanfadh lucht na ranganna dráma a léiriú ag deireadh an chúrsa, agus go mbunófaí nasc le LPT eile agus go dtógaí caidreamh le muintir Inis Oírr sin trí chuairteanna agus malartuithe a eagrú.</p> <p>Chomh maith leis na ranganna a luaitear thus, cuirfear ranganna ar fáil do dhá spriocgrúpa faoi leith: tuismitheoirí/caomhnóirí agus an lucht gnó/seirbhísí/eagraíochtaí (féach thíos).</p> <p>Cuirfear bileog le chéile le heolas faoi na ranganna agus na hacmhainní uilig a bheas ar fáil ar an oileáin.</p> <p><b>Tuismitheoirí/caomhnóirí:</b> Cuirfear ranganna ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bheas bunaithe ar chumarsáid laethúil idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus páistí. Bunaithe ar éileamh, moltar ranganna a chur ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil páistí acu sa naónra agus sa mbunscoil.</p> <p><b>An lucht gnó/seirbhísí/eagraíochtaí:</b> Reáchtálfar sainranganna don lucht gnó/seirbhísí/eagraíochtaí ar an oileáin a mbeidh sé de sprioc acu daoine a chumasú le seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge. Beidh taighde nó comhairliúchán le déanamh le hoibriú amach cén t-am is fearr a fheilfeas don lucht freastail, agus moltar féidearthachtaí a phlé le gnólachtaí an oileáin uair an chloig in lieu a cheadú d'fhostaithe as freastal ar rang Gaeilge.</p> <p>Is féidir na ranganna seo a reáchtáil go fisiciúl nó ar líne ag brath ar éileamh.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIO (príomhúinéir), CPTIO, CCTeo, ÚnaG, pobal an oileáin				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliaín 1</b>	Socrúithe agus ullmhúchán			
	<b>Bliaín 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt (ní gá go gcuirfí túis leis na ranganna uilig ag an am céanna, is féidir codanna éagsúla den bheart a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe)			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€33,600				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€4,800 (3 rang <sup>60</sup> x 20 seachtain @ €40 do gach múinteoir)				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM				

<sup>60</sup> Is trí rang @ dhá uair an chloig a bheas i gceist.

<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	<b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh <b>Réiteach:</b> D'fhéadfaí poiblíocht a dhéanamh ar na ranganna trí na scoileanna agus rannpháirtíochta spreagadh.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneofar taifead ar an méid daoine a fhreastlaíonn ar na ranganna agus ar na himeachtaí. Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.

### 8.6.2 Club Leabhar

Réimse:	D	Critéir Pleanála Teanga	11		
Aidhm:	Pobal Inis Oírr a chur ag léamh na Gaeilge agus líonraí sóisialta Gaeilge a fhorbairt.				
Cur síos	<p>Bunófar club leabhar ar an oiléán. Moltar club do chainteoirí líofa Gaeilge a bheith ann a dhíreoidh isteach ar leabhair Ghaeilge amháin, agus club leabhar eile a léifeadh idir leabhair Bhéarla agus leabhair Ghaeilge ach a dhéanfadh an plé uilig trí Ghaeilge.</p> <p>Beidh an dara club níos feiliúnaí dóibh siúd nach í an Ghaeilge a gcéad teanga. Moltar an club a reáchtáil ar bhonn rialta (m.sh. uair sa mí, ag brath ar éileamh) agus déanfar na hoícheanta seo a reáchtáil i Leabharlann Inis Oírr. Tabharfar isteach údair na leabhair mar aoichainteoirí agus déanfar plé ar ábhair na leabhair. Moltar an beart seo a nascadh le Beart 6.4.5 le go mbeidh ábhair a bhaineann le sealbhú agus saibhriú na teanga léite roimh na hócáide.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTIO (príomhúinéir), CPTIO, CCTeO, ÚnaG, pobal an oiléain				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1	Socruthe agus ullmhúcháin			
	Bliaín 2-7	Feidhmiú an bhirt (ní gá go gcuirfí túis leis na ranganna uilig ag an am céanna, is féidir codanna éagsúla den bheart a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe)			
Costas measta iontlán:	€8,400				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,400 (sólaistí @ €50 + ábhar tacaíochta (de réir mar is gá) @ €50 + 3 x aoichainteoirí @ €200)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	De bharr gur léiríodh spéis i gClub Leabhar a bhunú (rannóg 5.2.11), ní mheastar go mbeidh aon dúshlán mór ag baint leis an mbeart seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar an méid daoine a fhreastlaíonn ar na ranganna agus ar na himeachtaí. Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.				

### 8.6.3 Scéim 'Gaelchara'

Réimse:	D, J, K	Critéir Pleanála Teanga	7, 11, 12		
<b>Aidhm:</b>	Cur le líon na ndaoine in Inis Meáin le cumas sa nGaeilge agus le líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge in Inis Meáin; deiseanna a thabhairt d'fhoghlaimeoirí Gaeilge aithne a chur ar chainteoirí líofa agus a mhalairt.				
<b>Cur síos</b>	<p>Cuirfear scéim ar bun darbh ainm Gaelchara atá bunaithe ar scéim atá ar siúl i LPT Chloich Cheann Fhaola. Faoin scéim seo, caitheann foghlaimeoir fásta roinnt uaireanta a chloig le cainteoir líofa ar an oileán thar tréimhse 12 seachtaíne. Sealbhaítear an teanga go nádúrtha agus neamhfhoirmeálta trí ghnáthchúraimí an tsaoil.</p> <p>Meastar gur chóir beirt fhoghlaimeoir agus beirt chainteoir dúchais a chlárú don scéim le linn bliain a haon d'fheidhmiú na scéime agus an figiúir seo a leasú ag brath ar éileamh.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIO (príomhúinéir), CPTIO, CCTeo, pobal Inis Oírr				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliaín 1-7</b>	Socruthe agus ullmhúcháin			
	<b>Bliaín 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta ionlán:</b>	€9,800				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,400 (Dearbhán €350 don fhoghlaimeoir x2 agus €350 don chainteoir dúchais x2)				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshláin:</b> Rannpháirtithe a spreagadh le páirt a ghlacadh sa scéim</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Poiblíocht tharraingteach a dhéanamh ar an scéim le rannpháirtithe a mhealladh.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a chláráíonn faoin scéim agus déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ón gceistneoir a luaitear i mBeart 8.2.4.				

## 8.7 An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

### 8.7.1 Seirbhís Tacaíochta Gnó

Réimse:	E, F, K	Critéir Pleanála Teanga	2, 3, 13, 14, 15, 18		
Aidhm:	Cur le húsáid na Gaeilge sa réimse poiblí.				
Cur síos	<p>Cuirfear seirbhís tacaíochta gnó ar bun a spreagfadhbh comhlachtaí agus eagraíochtaí an oileáin le níos mó Gaeilge a úsáid ina ngnó laethúil – idir chumarsáid labhartha agus scríofa.</p> <p>Mar chuid den tseirbhís seo, reáchtálfar cruinnithe le húnéirí/bainisteoirí comhlachtaí agus eagraíochtaí, cuirfear seirbhís aistriúcháin ar fáil agus comhairle maidir le bealaí leis an nGaeilge a úsáid agus/nó polasaí teanga a fhorbairt agus cuirfear ábhar tacaíochta ar fáil do na comhlachtaí/eagraíochtaí. Moltar go bhfaighidh an OPTIOan t-ábhar tacaíochta atá cheana féin ar fáil ó ÚnaG, ó Fhoras na Gaeilge, ó Ghlór na nGael, srl. ar dtús le dáileadh ar chomhlachtaí/eagraíochta agus go bhfiosróidh sé/sí féidearthachtaí maidir le hábhar nua a fhorbairt má fheictear dó/di go bhfuil bearnaí sa soláthar. Moltar ag deireadh na bliana go roghnófaí an gnólacht/eagraíocht ina ndearnadh an-dul chun cinn ó thaobh na Gaeilge de.</p> <p>Déanfaidh an OPTIO clár forbartha a dheardadh i bpáirt le lucht gnó, ag úsáid Scéim Tacaíochta Gnó de chuid Fhoras na Gaeilge, agus cabhróidh siad le gnónna polasaí atá bául don Ghaeilge a dhréachtadh agus a chur i bhfeidhm. Tá staidéar déanta ar na riachtanaisí &amp; na tacaíochtaí a theastaíonn uaidh fhiontair agus gnólachtaí chun seirbhísí/fógraíocht a chur ar fáil trí Ghaeilge, mar sin tabharfar cúnamh comharthaí agus fógraí a aistriú go Gaeilge.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTIO (príomhúinéir), CPTIO, CSPTOÁ, CCTeo, Lucht Gnó agus eagraíochtaí an oileáin, Úinéirí Gnólachtaí, CCTeo, Foras na Gaeilge, ÚnaG.				
Saolré an bhirt:	Bláin 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta lomlán	€5,600				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€800 (aistriúchán 10,000 focal @ €0.08 an focal)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Bainfear úsáid as cruinnithe aonair le húnéirí/bainisteoirí le cursaí teanga agus tábhacht an tírdhreacha theangeolaíoch a phlé agus bainfear úsáid as tortaí an taighde a rinneadh don phlean teanga seo le léiriú dóibh go bhfuil éileamh ann ar sheirbhísí trí Ghaeilge.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPTIO taifead ar líon na gcomhlachtaí/eagraíochtaí a bhaineann úsáid as an tseirbhís.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneoidh an OPTIO taifead ar líon na gcomhlachtaí/eagraíochtaí a bhaineann úsáid as an tseirbhís.				

### 8.7.2 An Turasóireacht Chultúrtha & Féiniúlacht Ghaeltachta

Réimse:	E	Critéir Pleanála Teanga	11		
Aidhm:	Féiniúlacht Ghaeltachta a neartú, agus deiseanna buntáistiúil eacnamúla san earnáil turasóireachta chultúrtha a chruthú do lucht labhartha na Gaeilge				
Cur síos	Eagrófar imeachtaí sóisialta i gcomhar leis an Oifigeach Turasóireachta do phobal an oiléain agus do thurasóirí (m.sh. ceardlanna, spórt, seónna, drámaí, srl.) mar chuid d'fhéilte áitiúla (m.sh. Craiceann, Féile na Rásáí, Drop Everything, Clár Samhraidh Áras Éanna, Féile an Phobail).				
Páirtithe leasmhara:	Oifigeach Turasóireachta Inis Oírr, Áras Éanna (príomhúinéir), OPT, CCTeo, Cósta Gaelach Chonamara 's Árainn (fochomhlacht forbartha de chuid ÚnaG), Táirgeora turasóireachta.				
Saolré an bhirt:	Bláin 2	Plean a dhréachtadh le Oifigeach Turasóireachta Inis Oírr			
	Bláin 2-7	An plean a chur i bhfeidhm			
Costas measta ionlán:	€3,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€500				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshlán agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPTIO taifead ar líon na ndaoine agus ar chineál na n-imeachtaí a eagraítear faoin mbeart seo.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo ar na foirmeacha a luaitear i mBeart 8.2.4 .				

## 8.8 Na Meáin Chumarsáide

### 8.8.1. Úsáid na Gaeilge ar na Méain Shóisialta a Láidriú i Measc an Aos óg

Réimse:	G	Critéir Pleanála Teanga	16		
<b>Aidhm:</b>	Úsáid na Gaeilge i measc an aos óg a fhorbairt sna meáin shóisialta leictreonacha.				
<b>Cur síos</b>	Déanfar staidéar proifisiúnta (i bpáirt le LPTanna eile) ar na bealaí is éifeachtaí dul i bhfeidhm ar dhaoine óga, chun an óige a mhealladh i dtreo na Gaeilge ar na meáin shóisialta. Ansin cuirfear sraith ceardlainne ar bun tríd na scoileanna, ina mbeidh an óige lárnach chun iad a bheith lán-pháirteach i dtástálacha éagsúla. Beidh Tuarascáil do dheá-chleachtas ag eascairt ón Staidéar Proifisiúnta a d'fhéadfaí a roinn idir LPT'eanna eile. Déanfar feachtas feasachta a fhorbairt chun na bealaí is éifeachtaí a chur i bhfeidhm agus an cur chuige a bheith leanúnach agus seasmhach. Moltar freisin níos mó úsáid a bhaint as <i>Techspace as Gaeilge</i> agus fáil amach céard atá déanta agus LPT'anna eile agus tarraingt as.				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIO (príomhúinéir), Daoine óga, OPTanna in LPTanna eile, saineolaithe ar an gceist, ÚnaG.				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2</b>	Staidéar Proifisiúnta, Eolas a bhailiú.			
	<b>Bliain 3-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€2,000 do Bhliain 2				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€2,000 do Bhliain 2				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh aon dúshláin ag baint leis an mbeart seo.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht ag an mBeart seo má bhaintear amach an aidhm níos mó Gaeilge a bheith in úsáid ar na meáin sóisialta.				

### 8.8.2 Íomhá Inis Oírr a fhorbairt mar cheantar láidir Gaeltachta sna Meáin

Réimse:	G, J, E	Critéir Pleanála Teanga	1		
Aidhm:	Íomhá Inis Oírr a fhorbairt mar cheantar láidir Gaeltachta sna Meáin				
Cur síos	<p>Déanfar gearr-sheisiún áitiúla a eagrú in úsáid na meáin shóisialta as Gaeilge go bliantúil agus rannpháirtíocht leathan a bheith ag an coistí deonacha ar fad, na gnóanna, na scoileanna agus na grúpaí caitheamh aimsire atá gníomhach ar an oiléán. Is é an aidhm a bheadh leis seo ná íomha comhcheangailte an oiléán a fhorbairt, go mbeidh chuile dhuine ag príomhscaoileadh aon mhór-theachtareacht(íomha) amháin cé go mbéidir go mbeadh na seirbhísí agus na gnóanna difriúil. Thabhairfaidh an seisiún seo na huirlísí do dhaoine chun é seo a dhéanamh mar shampla an teachtaireacht, an teanga, aontú ar íomha nó an USP atá ag an oiléán.</p>				
Páirtithe leasmhara:	An Ceanneagraíocht (príomhúinéir), CCTeo., OPTIO, Raidió na Gaeltachta, na Meáin				
Saolré an bhirt:	Blain 1-7	Feidhmiú an bhirt (cuirfear tús leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
Costas measta iomlán:	Clúdaithe faoi bheart 8.2.1				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Clúdaithe faoi bheart 8.2.1				
Foinsí maoinithe:	Clúdaithe faoi bheart 8.2.1				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh aon dúshán ag baint leis an mbeart seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1				

### 8.8.3 Raidió Pobail Inis Oírr a bhunú

Réimse:	G	Critéir Pleanála Teanga	16		
Aidhm:	Cleachtas teanga atá fabhrach don Ghaeilge a chothú i measc dhaoine óga an oiléain, próifíl an oiléain a ardú, saibhreas Gaeilge Inis Oírr a thaifead agus daoine óga a chur ag labhairt Gaeilge lena sinsir agus ina measc féin.				
Cur síos	<p>Bunófar Raidió Pobail Inis Oírr le cláir sheachtainiúla a chraoladh ó Fhoirgnimh an Chomharchumainn. Moltar tosú le clár leathuair an chloig a chlúdódh nuacht an oiléain, scéalta áitiúla agus cursaí reatha. D'fhéadfai tarraingt ar ábhair eile de réir mar ba ghá. Beidh ról tábhachtach ag an óige sa mBeart seo.</p> <p>Chomh maith leis sin, nó mar mhalaire air, oibreofar i gcomhar le RTÉ Raidió na Gaeltachta agus/nó le TG4 chun cuidiú le daltaí meánscoile an oiléain cláir ghearra raidió agus/nó teilifise a chur le chéile. D'fhéadfadh na daltaí agallamh a chur ar sheandaoine an oiléain agus ceisteanna a chur orthu maidir le stair an oiléain agus comparáid a dhéanamh idir sin agus féiniúlacht óige an oiléain sa lá atá inniu ann. D'fhéadfai leabhar a chur le chéile agus a fhoilsíú bunaithe ar an ábhar seo.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTIO (príomhúinéir), CCTeo, RTÉ Raidió na Gaeltachta, daltaí meánscoile an oiléain agus a múinteoirí, pobal an oiléain				
Saolré an bhirt:	Bliaín 2	Socruithe agus ullmhúchán			
	Bliaín 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta ionlán:	€11,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,833 (trealamh & seomra a réiteach @ €2,500 + ceadúnas @ €1,000 do Bhliain 2-7 + uasghrádú ar an ábhar teicneolaíochta agus srl. @ €500 do Bhliain 3-7)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM & Údarás Craolacháin na hÉireann				
Dúshláin agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Oiliúint a chur ar na daltaí maidir le céan chaoi clár a chur le chéile agus a chur i láthair.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> larrfar ar RTÉ Raidió na Gaeltachta teacht go Inis Oírr le ceardlann oiliúna, nó sraith ceardlann, a dhéanamh leis na daltaí.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPTIO taifead ar líon na ndaltaí a ghlacann páirt sa mbeart seo agus ar líon na gclár a chraoltar.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Gheofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo tríd an suirbhé a luaitear i mBeart 8.2.4.				

#### 8.8.4 Nuachtlitir ‘Pleanáil Teanga Inis Oírr’

Réimse:	G	Critéir Pleanála Teanga	2, 11, 16		
Aidhm:	Eolas a scaipeadh maidir le himeachtaí Gaeilge ar an oiléán agus an nasc idir an trí oiléán Árann a láidriú.				
Cur síos	<p>Tosófar ag cur nuachtlitir ‘Pleanáil Teanga Inis Oírr’<sup>61</sup> i gcló in athuair. Mar chuid den nuachtlitir seo beidh nuacht agus pictiúr ón oiléán, cur síos ar imeachtaí a bheadh le tarlú agus eolas eile agus beidh an t-ábhar ar fad i nGaeilge amháin nó dátheangach de réir mar is cuí.</p> <p>Moltar an nuachtlitir a fhoilsíú ar líne ar shuíomh CPTIO (Beart 8.2.4), ar ríomhphost (Beart 8.2.5) agus ar pháipéar uair sa mí.</p> <p>Is é an OPTIO a dhéanfas bainistiú ar an togra, ach moltar daoine áitiúla deonacha a fháil le hábhar a chur ar fáil agus le heagarthóireacht agus dearadh a dhéanamh ar an nuachtlitir. Moltar chomh maith comhoibriú le Coiste Pleanála Teanga na nÓg (Beart 8.5.1) ar an mbeart seo.</p> <p>Nuair a bheas an pleán ceadaithe ag RTCEGSM, ullmhófar dréachtphealán do chaon oiléán agus foilseofar agus scaipfear é ar chuile theach ar Árann é (féach mír 10.2 le haghaidh breis eolais).</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTIO (príomhúinéir), CSPTOÁ, CCTeo, pobal an oiléán, Coiste Pleanála Teanga na nÓg				
Saolré an bhirt:	Bláin 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta ionmlán:	€16,793				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,399 <sup>62</sup>				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPTIO na heagrán den nuachtlitir ar chomhad.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann				

<sup>61</sup> Is féidir leis an OPTÁ an t-ainm seo a athrú.

<sup>62</sup> Tá na costais seo bunaithe ar cóip amháin a chur i ngach teach ar an oiléán (111) sa mí. 500 cóip sa mí a dháileadh amach ar thurasóirí idir Bealtaine – Lúnasa.

## 8.9 Seirbhísí Poiblí

### 8.9.1 Seirbhísí Stáit

Réimse:	H	Critír Pleanála Teanga	17		
Aidhm:	Cóinníoll Teanga mar chuid de thograí forbartha a chinntíú agus a láidriú.				
Cur síos	<p>Moltar imscrúdú a dhéanamh ar thograí forbartha<sup>63</sup> a bhféadfaí tionchar a imirt ar chúrsaí teanga ar an oiléán agus stocaireacht a dhéanamh i gcomhar le CCTeo (nuair is gá) chun a chinntíú go bhfuil riachtanais teanga phobal an oiléain á gcomhlíonadh faoi na tograí seo. Faoin mbeart seo, breathnófar ar líon na pleananna a bhfuil/nach bhfuil aird tugtha do chúrsaí teanga iontu, ar bhearta stocaireachta a thugtar fúthu agus ar aon fhreagra a fhaightear air sin.</p> <p><b>An OPTIO tacú le Comhar Caomháin stocaireacht leanúnach</b> leis na húdaráis ábhartha maidir le;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Polasaí Sábháilteachta le dréachtadh agus an polasaí a chur i bhfeidhm ar chéibheanna na n-oileán</li> <li>• Uasghrádú ar Chéibh Inis Oírr</li> <li>• Córás séarachais don oiléán</li> <li>• Seirbhís aerí atá in oiriúint don oiléán</li> <li>• Córás uisce a bheith ar fáil</li> <li>• Seirbhís sláinte as Gaeilge a bheith ar fáil</li> <li>• Seirbhís bainc &amp; eile a bheith dhá sheachadadh as Gaeilge in Inis Oírr.</li> <li>• Seirbhís chuimsitheach Leabharlainne a leathnú amach ar Inis Oírr.</li> </ul> <p>An OPTIO le comhoibriú leis an gComharchumann le cinntíú go bhfuil comharthaíocht i nGaeilge curtha suas agus go bhfostófar daoine le Gaeilge in Inis Oírr mar a bhaineann sé leis na tograí seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>Forbairt na Céibhe</b></li> <li>• <b>Forbairt Áiseanna</b></li> <li>• <b>Forbairt Córás Séaracháis</b></li> </ul>				
Páirtithe leasmhara:	CCTeo (príomhúinéir), CSPTOÁ, OPTIO, pobal an oiléain, na Comhlachtaí Forbartha, ÚnaG, Ranna Stáit ábhartha.				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 8.2.1				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 8.2.1				
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 8.2.1				
Dúshláin agus réitigh:	<p><b>Dúshláin:</b> Tábhacht ceist na teanga a chur ina luí ar na páirtithe leasmhara/údaráis.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Bainfear úsáid as tortaí an taighde a rinneadh don phlean seo le taispeáint go bhfuil gá agus gur fiú freastal áirithe a dhéanamh ar cheantair Ghaeltachta mar gheall ar cheist na teanga.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na pleananna a bhfuil agus a chuireann coinníoll teanga san áireamh.				

<sup>63</sup> Polasaí Sábháilteachta le dréachtadh agus an polasaí a chur i bhfeidhm ar chéibheanna na n-oileán: Uasghrádú ar Chéibh Inis Oírr, Córás séarachais don oiléán, Seirbhís aerí atá in oiriúint don oiléán, Córás uisce a bheith ar fáil, Seirbhís sláinte as Gaeilge a bheith ar fáil, Seirbhís bainc & eile a bheith dhá sheachadadh as Gaeilge in Inis Oírr. Seirbhís chuimsitheach Leabharlainne a leathnú amach ar Inis Oírr.

## 8.10 An Phleanáil agus Forbairt Fhisiceach

### 8.10.1 Polasaithe Pleanála a bheith ag freastal ar riachtanais oiléánaigh

Réimse:	I	Critéir Pleanála Teanga	17		
Aidhm:	Coinníoll Teanga mar chuid de phleananna forbartha a chinntíú agus a láidriú.				
Cur síos	<p>Moltar imscrúdú a dhéanamh ar phleananna forbartha<sup>[1]</sup> a bhféadfaí tionchar a imirt ar chúrsaí teanga ar an oiléán agus stocaireacht a dhéanamh i gcomhar le CCTeo(nuair is gá) chun a chinntíú go bhfuil riachtanais teanga phobal an oiléain á gcomhlíonadh faoin bplean seo.</p> <p>Faoin mbeart seo, breathnófar ar líon na pleananna a bhfuil/nach bhfuil aird tugtha do chúrsaí teanga iontu, ar bhearta stocaireachta a thugtar fúthu agus ar aon fhreagra a fhaightear air sin.</p>				
Páirtithe leasmhara:	CCTeo(príomhúinéir), CPTIO, an OPT, pobal an oiléain, Comhairleoirí Contae, Comhairle Chontae na Gaillimhe.				
Saolré an bhirt:	Bláin 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	Ní mheastar go mbeidh aon chostas ag baint leis an mbeart seo.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní mheastar go mbeidh aon chostas ag baint leis an mbeart seo.				
Foinsí maoinithe:	Ní mheastar go mbeidh aon chostas ag baint leis an mbeart seo.				
Dúshláin agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Tábhacht ceist na teanga a chur ina luí ar na páirtithe leasmhara/údaráis.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Bainfear úsáid as tortaí an taighde a rinneadh don phlean seo le taispeáint go bhfuil gá agus gur fiú freastal áirithe a dhéanamh ar cheantair Ghaeltachta mar gheall ar cheist na teanga.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na pleananna a bhfuil agus a chuireann coinníoll teanga san áireamh.				

<sup>[1]</sup> Plean Forbartha na Gaillimhe 2015 – 2021, Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008 – 2018, Scéimeanna Leatheanbhan Náisiúnta, Plean Straitéisearch ÚnaG, Pleananna Straitéisearch Timpeallachta & Comhshaoil, Forbairt Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Conraíd Soláthar Poiblí.

### 8.10.2 Polasaí Tithíochta & Forbartha

<b>Réimse:</b>	I	<b>Critéir Pleanála Teanga</b>	<b>17, 18</b>		
<b>Aidhm:</b>	Tithíocht & Polasaí Tithíochta Oileánda				
<b>Cur síos</b>	<p>Tá cúrsaí pleanála fíor-dheacair ar na hoileáin de bharr srianta éagsúla timpeallachta, méid na suíomhanna atá ar fáil agus srianta atá sa bpróisis pleanála. Tá géar-ghá le tithíocht shóisialta ar scála beag a thugann seans do Ghaeilgeoirí dúchasacha an oiléán cur futhú anseo más mian leo. Sna seacht mbliana amach romhainn, beidh an fhadhb seo ag dul in olcas agus tá réamhphleanáil le déanamh. Moltar oibriú ar phlean chun 3 theach sóisialta a thógáil a bheadh ar fáil ar cíos do Ghaeilgeoirí amháin.</p> <p>Moltar freisin oibriú go dlúth leis an gComhairle Contae chun an Polasaí Teanga a chur i bhfeidhm maidir le scrúdú teanga a chur ar dhaoine atá ag cur isteach ar chead pleanála.</p> <p>Moltar caidrimh a chothú le lucht díolta talúna agus tithe le cur ina luí orthu smaoiniú ar thodhchaí an oiléán mar oiléán Gaeltachta agus iad ag díol le daoine ón taobh amuigh.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	CCTeo (Príomhúinéir), OPTIO, Comhairle Chontae na Gaillimhe.				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliaín 1-7</b>	Feidhmiú an bhirt (cuirfear túis leis an mbeart seo i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)			
<b>Costas measta iomlán:</b>	Ní mheastar go mbeidh aon chostas ag baint leis an mbeart seo.				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Ní mheastar go mbeidh aon chostas ag baint leis an mbeart seo.				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	Ní mheastar go mbeidh aon chostas ag baint leis an mbeart seo.				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshláin:</b> Maoiniú a aimsiú chun tithe nua a thógáil.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Plean cuimsitheach a réiteach agus cás láidir a chur ag eagraíochtaí maoinithe.</p>				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Plean gníomh a aontú agus monatóireacht mhíosúil a bheith oibrithe isteach san bplean sin chun a chinntíú go bhfuil treo aontaithe ó thaobh dhul chun cinn. Amscála a bheith leagtha amach.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Go bhfuil céimeanna an bhirt bainte amach tuairisc iomlán bhliantúil ar dhul chun cinn agus muna bhfuil dul chun cinn go bhfuil eolas chuimsitheach ar na húdair nár oibrigh rudaí éagsúla. Ba cheart go mbeadh toradh suntasach le feiceáil tar éis an 7 mbliana ar pholasaí tithíochta oiléanda agus 3 theach sóisialta ar fáil do Ghaeilgeoirí.				

### 8.10.3. Leathanbhanda.

Réimse:	E	Critéir Pleanála Teanga	13, 16
Aidhm:	Leathanbhanda d'ardluas ar phraghas réasúnta a chur ar fáil chun cuidíú le fostáiocht agus forbairt eacnamúil a chur ar fáil ar na hoileáin.		
Cur síos	I gcomhar leis RTCEGSM, le Comhairle Contae na Gaillimhe agus le grúpaí ábhartha eile, déanfar stoaireacht ar an Roinn Cumarsáide, Gníomhaith ar son na hAeráide agus Comhshaoil le tabhaint faoi thogra le leathanbhanda d'ardluas a sholáthar d'Inis Oírr. Cinnteoidh sé seo go mbeidh fostáiocht ar fáil in Inis Meáin trí daoine a bheith in ann oibriú ón mbaile. Beifear in ann leas a bhaint as seo chun Ranganna Gaeilge agus an scéim Gaelchara a chur ar líne de réir mar is gá.		
Páirtithe leasmhara:	CCTeo, Ceanneagraíocht (príomhúinéir) An OPTIO, RTCEGSM, ÚnaG, Comhairle Contae na Gaillimhe, An Roinn Cumarsáide, Gníomhaith ar son ha hAeráide agus Comhshaoil, Pobal an Oileáin.		
Saolré an bhirt:	Blain 1-7	Feidhmiú an Bhirt (cuirfear túis leis an mbeart i mBliain 1 agus leanfar leis go mbainfear amach aidhm an bhirt)	
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 8.2.1		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 8.2.1		
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi Bheart 8.2.1		
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh aon dúshláin ag baint leis an mbeart seo.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear I mBeart 8.2.1		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht ag an mBeart seo má bhaintear amach an aidhm an bhirt.		

## 8.11 Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire

### 8.11.1. Caitheamh Aimsire trí Ghaeilge

Réimse:	D, J, K	Critéir Pleanála Teanga	2, 10, 11, 12		
Aidhm:	Caitheamh aimsire trí Ghaeilge a chur ar fáil do dhaoine fásta Inis Oírr.				
Cur síos	Cuirfear ranganna agus ceardlanna (m.sh. fuail, íoga, ceol, damhsa, ealaón srl.) ar fáil trí Ghaeilge sa LPT. Moltar bunachar a chur le chéile de dhaoine sa LPT a bhfuil scileanna mar sin acu agus a bheadh sásta rang nó ceardlann a mhúineadh. Mura bhfuil Gaeilge ag cuid de na daoine sin, d'fhéadfaí cuidiú leo foclóir agus abairtí bunúsacha áirithe a fhoghlaim le húsáid mar chuid de na ranganna/ceardlanna. Déanfar chuile iarracht daoine le Gaeilge a aimsiú ar dtús chun freastal ar éilimh an phobail.				
Páirtithe leasmhara:	OPTIO (príomhúinéir), CSPTOÁ, CCTeo., pobal an oileáin				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1	Socruithe agus ullmhúchán			
	Bliaín 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta ionlán:	€3,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€500 (íocaíocht do theagascóirí/áisisitheoirí, ábhar)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	De bharr gur moladh é seo a tháinig ón bpobal, ní mheastar go mbeidh aon dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPTIO taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna/ceardlanna.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneoidh an OPTIO taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna/ceardlanna.				

## 8.12 Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus níosmhaireacht an phobail ina leith

### 8.12.1 Comharthaíocht i nGaeilge

Réimse:	E	Critéir Pleanála Teanga	15		
Aidhm:	Comharthaíocht i nGaeilge a chur ar fáil thart timpeall an oileáin.				
Cur síos	<p>Forbrófar comharthaí agus léarscáil i nGaeilge ag baint úsáid as logainmneacha áitiúla a scaipfear ar fud an oileáin. Bainfear úsáid as an léarscáil chun áiteanna ar ábhar spéise iad ar fud an oileáin a léiriú do thurasóirí. Chomh maith leis sin, beidh lógó an togra pleanála teanga ar an léarsceáil agus ar na comharthaí ar fad chun feasacht a ardú ar an togra pleanála teanga ar an oileáin.</p> <p>Faoi mbeart seo, oibreofar le Cleas CTR chun siúlódí i nGaeilge a fhorbairt do phobal an oileáin agus do thurasóirí an oileáin ach go háirithe.</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1. Comharthaíocht caighdeánach agus é deartha d'ardchaighdeán</li> <li>2. Ainmneacha logánta dúchasacha a chaomhnú. Úsáid a bhaint as léarscáil de log ainmneacha an oileáin</li> <li>3. Mar theoir do chuairteoirí le theacht ar sheirbhísí agus ar na háiteanna spéise (<i>places of interest</i>), siúlódí faoi threoir i nGaeilge le Cleas CTR.</li> </ol>				
Páirtithe leasmhara:	OPTIO (príomhúinéir), CSPTOÁ, CCTeo., turasóirí an oileáin, pobal an oileáin, Comhairle Contae na Gaillimhe				
Saolré an bhirt:	Bliaín 1	Socrutithe agus ullmhúchán			
	Bliaín 2-4	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€3,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,000 do bhliain 2-4.				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Ní bhaineann				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann				

### 8.12.2 Forbairt na Pleanála Teanga ar Inis Oírr

Réimse:	K	Critéir Pleanála Teanga	2, 11, 19		
Aidhm:	Feasacht a ardú i measc óige Inis Oírr ar cheist na teanga agus iad a spreagadh le feidhmiú mar bhainisteoirí teanga ag an leibhéal áitiúil agus le páirt ghníomhach a ghlacadh sa bpróiseas pleanála teanga sa LPT.				
Cur síos	<p>Forbrófar scéim taithí oibre do dhaltaí Idirbhliana ó Choláiste Ghobnait le seachtain nó coicís a chaitheamh i mbun taithí oibre le hOifigeach Pleanála Teanga an oiléain. Déanfar clár cuimsitheach a ullmhú don taithí oibre le cinntiú go bhfaigheann na daoine óga taithí fhiúntach agus go mbaineann siad tairbhe as.</p> <p>Cuirfear scoláireacht samhraidh amháin in aghaidh na bliana ar fáil do dhaltaí na sraithe sinsearái i gColáiste Ghobnait agus do mhic léinn tríú leibhéal as an oiléán dul ag obair leis an OPTIO mar obair shamhraidh. Cuirfear tuarastáil ar fáil don obair sin a mheallfas daoine óga le cur isteach air.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTIO (príomhúinéir), CSPTOÁ, CCTeo., óige Inis Oírr				
Saolré an bhirt:	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€14,400				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,400 (€10.00 in aghaidh na huaire x 6 seachtaine don scoláireacht samhraidh)				
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM				
Dúshláin agus réitigh:	<p><b>Dúshláin:</b> Rannpháirtithe a mhealladh</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Poiblíocht a dhéanamh trí an nuachtlitir (beart 6.7.4) agus ar shuíomh CCTeo, i gnólachtaí an oiléáin.</p>				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 8.2.1.				

### 8.12.3 Cainteanna Poiblí

<b>Réimse:</b>	D, J, K	<b>Critéir Pleanála Teanga</b>	<b>2, 11, 19</b>		
<b>Aidhm:</b>	Feasacht a ardú i measc phobal an oileáin ar cheisteanna teanga.				
<b>Cur síos</b>	Eagrófar sraith cainteanna faoi chúrsaí teanga ar an oileán, ag díriú ar réimse leathan gnéithe a mbeadh spéis ag codanna éagsúla den phobal iontu (m.sh. cainteoirí Gaeilge, cainteoirí Béarla, tuismitheoirí, gnólachtaí srl.). Moltar na cainteanna seo a nascadh le himeachtaí eile a mbeadh an pobal ag freastal orthu, m.sh. féilte, imeachtaí sna cumainn CLG, imeachtaí tráthnóna sna scoileanna, srl. Moltar na cainteanna seo a bheith i nGaeilge, go dátheangach agus i mBéarla ag brath ar an ábhar le freastal ar phobal iomlán an oileáin.				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPTIO (príomhúinéir), CSPTOÁ, CCTeo., lucht eagraithe féilte áitiúla, na cumainn áitiúla CLG, foireann scoileanna an oileáin, pobal an oileáin				
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2</b>	Socruithe agus ullmhúchán			
	<b>Bliain 2-7</b>	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€6,000				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,000 (ábhar agus poiblíocht @ €100 + 6 x aoichainteoirí @ €150)				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	RTCEGSM				
<b>Dúshláin agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Cinneoidh an OPT/CPTIO taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na cainteanna.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa bplean teanga.				

## 8.13 Costais agus Maoiniú Bhearta Inis Oírr

### 8.13.1 Costais

Luitear costas bliantúil agus costas iomlán le bearta Inis Oírr i mír 8 den phlean teanga. Sa mír seo, déantar coimriú ar chostais iomlána Inis Oírr de réir bliana. Tugtar eolas chomh maith faoin mbuiséad reatha a bheas ag teastáil leis an bplean teanga ar Inis Oírr a chur i bhfeidhm agus faoin mbuiséad caipítil a theastós gach bliain.

### 8.13.2 Nótá maidir le Beart 8.2.1

Tugar sa dá thábla thíos mionbhriseadh síos ar na costais a bhainfeas le beart 8.2.1:

An tOifigeach Pleanála Teanga							
	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Tuarastal	€35,000.00	€37,500.00	€40,000.00	€42,500.00	€45,000.00	€47,500.00	€50,000.00
Cáin an Fhostóra (11.0%)	€3,850.00	€4,125.00	€4,400.00	€4,675.00	€4,950.00	€5,225.00	€5,500.00
Iomlán	<b>€38,850.00</b>	<b>€41,625.00</b>	<b>€44,400.00</b>	<b>€47,175.00</b>	<b>€49,950.00</b>	<b>€52,725.00</b>	<b>€55,500.00</b>

Tábla 8.1: Tuarastal an OPT

An tOifigeach Pleanála Teanga							
	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Earcaíocht	€1,000.00						
Taistil	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
Stáiseanóireacht, prioritáil agus fótachóipeáil, poiblíocht agus fógraíocht	€5,000	€2,218.17	€2,218.17	€2,218.17	€2,218.17	€2,218.17	€2,218.17
Trealamh	€5,000.00	€550.00	€550.00	€550.00	€550.00	€550.00	€550.00
Fo-ionlán	<b>€14,000</b>	<b>€5,768.17</b>	<b>€5,768.17</b>	<b>€5,768.17</b>	<b>€5,768.17</b>	<b>€5,768.17</b>	<b>€5,768.17</b>
Turastal	€38,850.00	€41,625.00	€44,400.00	€47,175.00	€49,950.00	€52,725.00	€55,500.00
Iomlán (le tuarastal)	<b>€52,850.00</b>	<b>€47,393.17</b>	<b>€50,168.17</b>	<b>€52,943.17</b>	<b>€55,718.17</b>	<b>€58,493.17</b>	<b>€61,268.17</b>

